

# Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach

An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta

## Analysis of Bilingual Competence

Language acquisition among young people in the Gaeltacht

Tamás Péterváry • Brian Ó Curnáin

Conchúr Ó Giollagáin • Jerome Sheahan



# **Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach**

**An sealbhú teanga i measc ghlúin óg  
na Gaeltachta**

## **Analysis of Bilingual Competence**

**Language acquisition among young people  
in the Gaeltacht**

© Tamás Péterváry, Brian Ó Curnáin, Conchúr Ó Giollagáin agus Jerome Sheahan 2014.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

I Mí na Samhna 2014 a foilsíodh é den chéad uair le haghaidh  
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta  
35 Cearnóg Mhic Liam  
Baile Átha Cliath 2  
[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

ISBN: 978-0-9572986-9-9

Comhairleoir: Pól Ó Cainín  
Dearadh agus leagan amach: Denis M-Baker, [www.tudco.ie](http://www.tudco.ie)

Arna chlóbhualadh in Éirinn ag Partners in Print Ltd.  
Aonad T7 Ascaill na Mailpe,  
Eastát Tionsclaíochta Stigh Lorgan/Áth an Ghainimh,  
Co. Bhaile Átha Cliath.

# **Iniúchadh ar an gCumas Dáttheangach**

**An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta**

## **Analysis of Bilingual Competence**

**Language acquisition among young people in the Gaeltacht**

**Tuarascáil taighde arna réiteach don**

**Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta**

**Tamás Péterváry**

**Brian Ó Curnáin**

**Conchúr Ó Giollagáin**

**Jerome Sheahan**

**Aistriúchán: Áine Uí Ghiollagáin**



An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



# CLÁR

<b>Clár</b>	<b>iv</b>
<b>Focal buíochais</b>	<b>1</b>
<b>1 Réamhrá</b>	<b>2</b>
<b>1.1 Modheolaíocht</b>	<b>3</b>
1.1.1 Dearadh na dtástálacha agus na measúnuithe	3
1.1.2 Na hagallaimh	5
1.1.3 Anailís na dtaifeadtaí agus cruthú an bhunachair shonraí	5
1.1.4 Cumas comparáideach sa dá theanga	5
1.1.5 Torthaí na tuarascála	6
<b>1.2 Cumas agus ceannas sa dátheangachas</b>	<b>7</b>
1.2.1 Cumas, ceannas agus laghdú sa mhionteangachas	8
1.2.2 Foinsí agus litríocht	10
<b>1.3 Cúlra sochtheangeolaíochta an staidéir</b>	<b>11</b>
1.3.1 Athruithe sóisialta agus déimeagrafaíochta	11
1.3.2 Laghdú ar sheachadadh na Gaeilge sa bhaile	11
1.3.3 Creimeadh ar dhlús an phobail Ghaeilge	12
1.3.4 An ghnóthachtáil oideachais i scoileanna sa Ghaeltacht	12
1.3.5 Polasaithe oideachais sa Ghaeltacht	13
1.3.6 Teanga dhúchais, teanga phríomhúil, teanga na forbartha pearsanta	13
<b>1.4 Sainmhínte</b>	<b>14</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>15</b>
<b>1 Introduction</b>	<b>16</b>
<b>1.1 Methodology</b>	<b>17</b>
1.1.1 Development of testing and assessment tools	17
1.1.2 Interviews	19
1.1.3 Analysis of recordings and development of the database	19
1.1.4 Comparative ability in both languages	19
1.1.5 Results of the report	20
<b>1.2 Ability and dominance in bilingualism</b>	<b>21</b>
1.2.1 Ability, dominance and reduction in minority languages	22
1.2.2 Sources and literature	24

<b>1.3 Sociolinguistic background to the study</b>	<b>25</b>
1.3.1 Social and demographic changes	25
1.3.2 Weakening of acquisition of Irish in the home	26
1.3.3 Erosion in the social density of community Irish speakers	26
1.3.4 Educational performance in schools in the Gaeltacht	26
1.3.5 Education policies in the Gaeltacht	27
1.3.6 Native language, primary language, language of personal development	27
<b>1.4 Definitions</b>	<b>28</b>
<b>Additional reading</b>	<b>29</b>
<b>2 Gaeilge</b>	<b>30</b>
<b>2.1 Foclóir (leamaí)</b>	<b>30</b>
2.1.1 Líon na leamaí	30
2.1.2 Leamaí T2 sa Ghaeilge	32
2.1.3 Leamaí míchuí	33
<b>2.2 Deilbhíocht</b>	<b>33</b>
2.2.1 An t-ainmfhocal	34
2.2.2 An briathar	36
2.2.3 An aidiacht	40
2.2.4 An t-ainm briathartha	42
2.2.5 An réamhfhocal	43
2.2.6 Bá an ghuta sna forainmneacha sealbhacha 1ua <i>m'</i> agus 2ua <i>t'/d'</i>	46
2.2.7 Míreanna briathartha	46
2.2.8 Comhfhocail dár críoch <i>-rud</i>	46
<b>2.3 Comhréir</b>	<b>47</b>
2.3.1 Cuspóir ainmfhoclach agus forainmneach an ainm bhriathartha i bhfochlásail	47
2.3.2 Cuspóir forainmneach an ainm bhriathartha sa tríú pearsa	49
2.3.3 An chlaoninsint	49
2.3.4 An fochlásal ceisteach ( <i>má</i> nó <i>go</i> in ionad <i>an</i> )	50
2.3.5 An clásal coibhneasta	50
2.3.6 Struchtúir an ghinidigh	51
2.3.7 An forainm é in ionad <i>iad</i> leis an gcopail; alt uatha míchuí	52
2.3.8 Éagsúlacht ceisteanna	53
2.3.9 Samplaí eile d'athrú comhréire	53

<b>2.4 Séimeantaic</b>	<b>53</b>
2.4.1 An réamhfhocal	54
2.4.2 An briathar	57
2.4.3 Cén dath?	58
2.4.4 Slán a fhágáil	59
2.4.5 An bhfuil cead ag ...?	59
2.4.6 Samplaí eile de thionchar an Bhéarla	59
<b>2.5 Pragmataic</b>	<b>59</b>
2.5.1 Marcóirí dioscúrsa	59
2.5.2 Na focail <i>yeah, yes, yep</i>	61
2.5.3 Freagraí ar cheisteanna dúnta	61
<b>2.6 Líofacht</b>	<b>63</b>
2.6.1 Tréithe líofachta agus mílíofachta	63
2.6.2 Ráitis i leith cumais agus moill táirgthe focal	65
<b>2.7 Foghraíocht: réaladh <i>r</i> leathan agus caol</b>	<b>66</b>
<b>2.8 Inscne ghramadúil</b>	<b>67</b>
<b>2.9 An claochlú tosaigh</b>	<b>68</b>
2.9.1 An t-ainmfhocal	69
2.9.2 An briathar	72
2.9.3 An aidiacht	74
2.9.4 An forainm sealbhach	75
2.9.5 An uimhir	75
2.9.6 An aidiacht éiginnte agus na réimíreanna <i>ró-</i> agus <i>an-</i>	76
2.9.7 Claochlú ar an ainm briathartha i ndiaidh an fhorainm shealbhaigh <i>á</i>	76
2.9.8 Focail Bhéarla sa chomhrá Gaeilge agus an claochlú tosaigh	76
<b>2.10 Achoimre</b>	<b>77</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>78</b>
<b>3 Béarla</b>	<b>79</b>
<b>3.1 Foclóir (leamaí)</b>	<b>79</b>
3.1.1 Líon na leamaí	79
3.1.2 Leamaí T2 sa Bhéarla	80
3.1.3 Leamaí míchuí	80

<b>3.2 Deilbhíocht</b>	<b>80</b>
3.2.1 An t-ainmfhocal: an uimhir iolra mhírialta	80
3.2.2 An briathar: an aimsir chaite mhírialta	81
3.2.3 An aidiacht	83
<b>3.3 Comhréir</b>	<b>85</b>
3.3.1 An chlaoninsint	85
3.3.2 An clásal coibhneasta	86
3.3.3 Struchtúr ginideach — comhfhreagracht uimhreach	86
3.3.4 Éagsúlacht ceisteanna	87
<b>3.4 Séimeantaic</b>	<b>87</b>
3.4.1 An réamhfhocal	87
3.4.2 Inscne fhorainmneach	88
3.4.3 Na forainmneacha éiginnte <i>much</i> agus <i>many</i>	89
<b>3.5 Pragmataic</b>	<b>89</b>
3.5.1 Marcóirí dioscúrsa	89
3.5.2 Na focail <i>yeah</i> , <i>yes</i> , <i>yep</i>	91
<b>3.6 Líofacht</b>	<b>91</b>
3.6.1 Tréithe líofachta agus mílíofachta	91
3.6.2 Ráitis i leith cumais agus moill táirgthe focal	93
<b>3.7 Achoimre</b>	<b>94</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>95</b>
<b>4 An dá theanga taobh le taobh</b>	<b>96</b>
<b>4.1 Foclóir</b>	<b>96</b>
<b>4.2 Deilbhíocht</b>	<b>98</b>
4.2.1 Comparáid dhíreach	98
4.2.2 Comhchlaonadh	102
4.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	103
<b>4.3 Comhréir</b>	<b>103</b>
4.3.1 Comparáid dhíreach	104
4.3.2 Comhchlaonadh	105
4.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	106
<b>4.4 Séimeantaic</b>	<b>106</b>
4.4.1 Comparáid dhíreach	106



4.4.2 Comhchlaonadh	106
<b>4.5 Pragmataic</b>	<b>107</b>
4.5.1 Comparáid dhíreach	107
4.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla	109
<b>4.6 Líofacht</b>	<b>109</b>
4.6.1 Tréithe líofachta agus mílíofachta	110
4.6.2 Ráitis i leith cumais agus moill táirgthe focal	113
<b>4.7 Achoimre</b>	<b>113</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>115</b>
<b>5 Aois</b>	<b>116</b>
<b>5.1 Foclóir</b>	<b>116</b>
<b>5.2 Deilbhíocht</b>	<b>118</b>
5.2.1 Comparáid dhíreach	118
5.2.2 Comhchlaonadh	119
5.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	121
<b>5.3 Comhréir</b>	<b>121</b>
5.3.1 Comparáid dhíreach	121
5.3.2 Comhchlaonadh	122
5.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	124
<b>5.4 Séimeantaic</b>	<b>125</b>
5.4.1 Comparáid dhíreach	125
5.4.2 Comhchlaonadh	126
<b>5.5 Pragmataic</b>	<b>126</b>
5.5.1 Comparáid dhíreach	126
5.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla	128
<b>5.6 Líofacht</b>	<b>128</b>
<b>5.7 Foghraíocht</b>	<b>129</b>
<b>5.8 Inscne</b>	<b>130</b>
<b>5.9 An claoclú tosaigh</b>	<b>130</b>
<b>5.10 Achoimre</b>	<b>131</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>135</b>
<b>6 Gnéas</b>	<b>136</b>
<b>6.1 Foclóir</b>	<b>136</b>
<b>6.2 Deilbhíocht</b>	<b>137</b>

6.2.1 Comparáid dhíreach	137
6.2.2 Comhchlaonadh	138
6.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	140
<b>6.3 Comhréir</b>	<b>140</b>
6.3.1 Comparáid dhíreach	141
6.3.2 Comhchlaonadh	141
6.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	142
<b>6.4 Séimeantaic</b>	<b>143</b>
6.4.1 Comparáid dhíreach	143
6.4.2 Comhchlaonadh	143
<b>6.5 Pragmataic</b>	<b>144</b>
6.5.1 Comparáid dhíreach	144
6.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla	145
<b>6.6 Líofacht</b>	<b>146</b>
<b>6.7 Foghraíocht</b>	<b>147</b>
<b>6.8 Inscne</b>	<b>147</b>
<b>6.9 An claochlú tosaigh</b>	<b>147</b>
<b>6.10 Achoimre</b>	<b>147</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>150</b>
<b>7 Cumas acadúil</b>	<b>151</b>
7.1 Foclóir	151
7.2 Deilbhíocht	153
7.2.1 Comparáid dhíreach	153
7.2.2 Comhchlaonadh	154
7.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	157
7.3 Comhréir	157
7.3.1 Comparáid dhíreach	157
7.3.2 Comhchlaonadh	158
7.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	159
7.4 Séimeantaic	159
7.4.1 Comparáid dhíreach	159
7.4.2 Comhchlaonadh	160
7.5 Pragmataic	161

7.5.1 Comparáid dhíreach	161
7.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla	162
<b>7.6 Líofacht</b>	<b>162</b>
<b>7.7 Foghraíocht</b>	<b>163</b>
<b>7.8 Inscne</b>	<b>164</b>
<b>7.9 An claochlú tosaigh</b>	<b>164</b>
<b>7.10 Achoimre</b>	<b>164</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>167</b>
<b>8 Taithí theilifíse agus theicneolaíocht na faisnéise</b>	<b>168</b>
<b>8.1 Foclóir</b>	<b>168</b>
<b>8.2 Deilbhíocht</b>	<b>169</b>
8.2.1 Comparáid dhíreach	169
8.2.2 Comhchlaonadh	170
8.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	172
<b>8.3 Comhréir</b>	<b>172</b>
8.3.1 Comparáid dhíreach	172
8.3.2 Comhchlaonadh	172
8.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu	174
<b>8.4 Séimeantaic</b>	<b>174</b>
8.4.1 Comparáid dhíreach	174
8.4.2 Comhchlaonadh	175
<b>8.5 Pragmataic</b>	<b>175</b>
8.5.1 Comparáid dhíreach	175
8.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla	177
<b>8.6 Líofacht</b>	<b>177</b>
<b>8.7 Foghraíocht</b>	<b>177</b>
<b>8.8 Inscne</b>	<b>177</b>
<b>8.9 An claochlú tosaigh</b>	<b>178</b>
<b>8.10 Achoimre</b>	<b>178</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>182</b>
<b>9 Staitistic shochtheangeolaíochta: táscairí teanga, scóráil chumais, scórinneacs dátheangach agus cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil</b>	<b>183</b>
9.1 Coibhneas na ngnéithe teangeolaíochta	183

<b>9.2 Scóráil chumais sa dá theanga agus scórinneacs dátheangach</b>	<b>186</b>
9.2.1 Scórinneacs dátheangach	189
<b>9.3 Socheolaíocht an chumais dhátheangaigh</b>	<b>193</b>
9.3.1 Gnéas (agus aois) de réir an chumais dhátheangaigh	195
9.3.2 Aois agus an ghnóthachtáil teangeolaíochta	197
9.3.3 Cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil agus an cumas Gaeilge / dátheangach	199
<b>9.4 Clabhsúr</b>	<b>200</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>201</b>
<b>9 Sociolinguistic statistics: linguistic variables, ability scoring, bilingual score index and ratio of Irish speakers in school</b>	<b>202</b>
9.1 Relation between linguistic variables	202
9.2 Ability scores in each language and bilingual index	205
9.2.1 Bilingual score index	208
9.3 Sociology of bilingual ability	212
9.3.1 Gender (and age) with bilingual ability	214
9.3.2 Age and linguistic achievement	216
9.3.3 Proportion of Irish speakers at school and Irish / bilingual ability	218
9.4 Conclusion	219
Additional reading	220
<b>10 Conclúidí agus moltaí</b>	<b>221</b>
10.1 Buntáiste an Bhéarla ar an nGaeilge	221
10.1.1 Comhthéacs ginearálta náisiúnta agus idirnáisiúnta	222
10.1.2 Práinn maidir le cur i bhfeidhm moltaí sa chomhthéacs casta seo	225
10.2 An córas Stáit, an pobal agus na daltaí	226
10.3 Bonn tuisceana an chórais reatha oideachais	226
10.3.1 Tuiscintí ar fheidhmiú an chórais	227
10.3.2 Tuiscintí ar an dátheangachas: teanga dhúchais, teanga phríomhúil agus teanga na forbartha pearsanta	227
10.4 Córas nua oideachais á thógáil ar bhunsraith athnuachan phobail	228
10.5 Múnlaí oideachais	229
10.5.1 Plé ar chúinsí na roghanna seo	229
10.6 Moltaí don Stát nó do phátrúnacht scolaíochta	230

<b>10.7 Moltaí ginearálta i leith an mhionteangachais</b>	<b>231</b>
10.7.1 Moltaí do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí daltaí Gaeltachta	233
10.7.2 Moltaí do mhúinteoirí	233
<b>10.8 Feidhm á tabhairt don chóras mionteangach breisitheach</b>	<b>234</b>
<b>10.9 Moltaí maidir le taighde breise agus taighde tacaíochta</b>	<b>234</b>
<b>Léitheoireacht bhreise</b>	<b>235</b>
<b>10 Conclusions and recommendations</b>	<b>236</b>
<b>10.1 The advantage of English over Irish</b>	<b>236</b>
10.1.1 General national and international context	237
10.1.2 Urgency of implementing proposals in this complicated context	239
<b>10.2 The State system, the community and the pupils</b>	<b>240</b>
<b>10.3 Conceptual framework of the current education system</b>	<b>241</b>
10.3.1 Governing principals of the system	241
10.3.2 Concepts of bilingualism: native language, primary language and language of personal development	242
<b>10.4 A new system of education grounded in community renewal</b>	<b>243</b>
<b>10.5 Educational models</b>	<b>243</b>
10.5.1 Discussion of choices regarding each model	244
<b>10.6 Proposals for the State or for school patronage</b>	<b>245</b>
<b>10.7 General proposals with regard to minority language issues</b>	<b>245</b>
10.7.1 Proposals for parents and teachers of Gaeltacht pupils	247
10.7.2 Proposals for teachers	248
<b>10.8 Implementing a system of additive minority-language education</b>	<b>248</b>
<b>10.9 Suggestions for further research</b>	<b>249</b>
<b>Additional reading</b>	<b>249</b>
<b>Tagairtí</b>	<b>251</b>
<b>Aguisín A: Struchtúr na n-agallamh (Gaeilge)</b>	<b>257</b>
<b>Aguisín B: Struchtúr na n-agallamh (Béarla)</b>	<b>263</b>
<b>Aguisín C: Samplaí d'agallaimh trí Ghaeilge</b>	<b>269</b>
<b>Aguisín D: Samplaí d'agallaimh trí Bhéarla</b>	<b>285</b>
<b>Aguisín E: Comhghaolta teangeolaíochta agus socheolaíochta</b>	<b>306</b>

## Focal buíochais

Táimid an-bhuíoch de na daltaí a ghlac páirt sa taighde seo agus dá dtuismitheoirí, de na hoidí scoile, de na hagallóirí, de na trascríobhaithe, den teicneoir taifeadán agus den léitheoir profaí. Táimid go mór faoi chomaoin ag Príomhfheidhmeannach, foireann agus Bord na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chuir tacaíocht, comhairle agus maoiniú ar fáil dúinn le haghaidh an staidéir seo. Gabhaimid ár mbuíochas freisin le Príomhfheidhmeannach agus foireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge as tacaíocht a chur ar fáil. Tá súil againn go gcúitíonn an saothar seo an cúnamh ar fad a tugadh dúinn.

# Réamhrá

Is í an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) a rinne maoiniú ar an tuarascáil taighde seo. Sa bhliain 2009 bronnadh an Conradh ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, le tabhairt faoin taighde i gcomhar le hInstitiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Is éard a d'iarr an Chomhairle orainn iniúchadh a dhéanamh ar chineál an tsealbhaithe Gaeilge a bhí á chleachtadh i measc cainteoirí óga dúchais Gaeilge faoi réir na gcúinsí agus na mbrúnna sochtheangeolaíochta a tugadh chun solais sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT). Léiríodh san SCT go raibh bonn an-leochaileach faoin gcomhthéacs sóisialta ina raibh an Ghaeilge á sealbhú i measc teaghlaigh Ghaeltachta. Ba é a theastaigh ó COGG léargas a fháil ar na dálaí inmheánacha teangeolaíochta a bhaineann leis an nGaeilge dhúchais i measc cainteoirí óga (sa bhreis ar an léiriú a tugadh ar na dálaí seachtracha sochtheangeolaíochta a leagadh amach san SCT maidir le treochtaí sóisialta agus cumas dátheangach de réir fhéintuairisc na ndaoine óga). Ach torthaí an SCT agus torthaí an iniúchta seo a thabhairt le chéile, tá léiriú cuibheasach iomlán á thabhairt ar ghnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla araon de na tosca i nGaeltacht na linne seo, idir chúinsí an phobail agus chúinsí a n-urlabhra. Is é sprioc na tuarascála seo craiceann cáilíochta na teangeolaíochta a chur ar chreatlach chainníochta na socheolaíochta de réir an SCT.

I measc na dtreochtaí a léiríodh san SCT, bhí dhá rud shuntasacha: an laghdú atá ag teacht ar shealbhú na Gaeilge mar theanga bhaile agus a lárnaí is atá sóisialú an Bhéarla i measc cainteoirí óga. Sa taighde seo iarradh orainn faisnéis a chur ar fáil a léireodh na himpleachtaí atá ag sealbhú luath an Bhéarla ar shealbhú na Gaeilge sa chomhthéacs dátheangach a tuairiscíodh san SCT. Sa tuarascáil seo cuirimid anailís ar fáil ar thionchar an dátheangachais ar chumas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i measc cainteoirí óga dúchais sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Leagamar romhainn sa taighde seo anailís teangeolaíochta a dhéanamh, mar sin, ar shealbhú teanga gasúr a tógadh le Gaeilge amháin sa bhaile.

Dá dhúshlánaí dá bhfuil príomhthorthaí an taighde seo maidir le laghdú sa sealbhú Gaeilge, agus dá bhrí sin, maidir le hinmharthanacht na Gaeltachta, thugamar faoin taighde d'fhonn léargas níos grinne a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta, do mhuintir na hÉireann agus do lucht labhartha mionteangacha ar fud an domhain, maidir le cúinsí an tsealbhaithe mionteanga a thuiscint agus maidir le modhanna sealbhaithe iomláin a mholadh — ‘coiscéim tosaigh an bheartais dóchais í an tuiscint’ (Lenoach et al. 2012: 17). Is fearrde tuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí pobail agus lucht polasaithe oideachais agus eile stáit an t-eolas seo a bheith ar fáil dóibh le bonn faisnéise a bheith faoi na beartais a d'fhéadfaí a thionscnamh mar mhalairt bhisigh ar na dálaí seo.

Is tuarascáil í seo ar chainteoirí óga a bhfuil Gaeilge amháin acu sa bhaile. Roghnaíomar ceantar Chois Fharraige agus Dheisceart Chonamara i gCo. na Gaillimhe mar cheantar taighde. Roghnaíodh an ceantar seo mar gheall go bhfaightear ann an dlús agus na céatadáin is airde maidir le sealbhú baile na Gaeilge; is é an ceantar is ceannasaí Gaeilge é dá bhfuil ann. Léirítear san SCT go bhfuil cónaí ar thuairim is 60% de chainteoirí dúchais Gaeilge na nGaeltachtaí ar fad sa cheantar seo (sna 14 toghroinn a bhaineann le Catagóir A i gCois Fharraige agus i nDeisceart Chonamara).<sup>1</sup> I dtorthaí an tsuirbhé seo ar an gceantar dúchais is mó atá ann cuirimid ar fáil faisnéis ar an sealbhú Gaeilge

<sup>1</sup> Is éard atá i gceist sna trí Chatagóir Gaeltachta an rangú a rinneadh san SCT ar phróifíl na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht Oifigiúil. Catagóir A: ceantar ina bhfaightear an líon is mó Gaeilgeoirí gníomhacha. Catagóir B: ceantar ina bhfuil an t-aistriú go Béarla faoi lánseol. Catagóir C: ceantar ina bhfuil an t-aistriú go Béarla curtha i gcrích sa phobal trí chéile (cé is moite de sheanfiondúirí eisceachtúla).

is fearr atá le fáil d'aoisghrúpa 7–12 bliain, agus cuirimid an sealbhú Gaeilge sin i gcomparáid le sealbhú an Bhéarla i measc na bpáistí céanna. Maidir le leath eile an aoisghrúpa chomhaimseartha seo sa Ghaeltacht (Catagóir A), na páistí a thógtar le Béarla (nó le Béarla agus Gaeilge), is cinnte gur ísle i bhfad an leibhéal gnóthachtála i sealbhú na Gaeilge a fhaightear ina measc siúd, ná an leibhéal gnóthachtála a thuairiscítear i measc pháistí an tsuirbhé seo, a thógtar le Gaeilge amháin. Tá gach cosúlacht air gurb í an ghnóthachtáil Ghaeilge a thuairiscítear anseo, don leath is fearr den aoisghrúpa seo sa Ghaeilge, gurb í is airde atá ar fáil nó is fearr a bhféadfaí bheith ag súil léi i sampla den líon seo i gcúinsí na Gaeltachta mar atá faoi láthair.

## 1.1 Modheolaíocht

Bhí ocht gcéim sa tionscadal seo:

1. Tástálacha agus measúnuithe a dhearadh ar chumas Gaeilge agus ar chumas Béarla.
2. Na tástálacha agus na measúnuithe a chur i bhfeidhm trí fhuaimthaifeadadh agallamh na bpáistí ina scoil sa bhliain 2010 roimh shos an tsamhraidh.
3. Trascríobh a dhéanamh ar na tástálacha agus na measúnuithe as na hagallaimh thaifeadta do gach páiste.
4. Faisnéis teangeolaíochta a bhaint as ábhar taifeadta agus as trascríbhinní na n-agallamh de réir táscairí roghnaithe a aicmíodh de réir na réimsí éagsúla teangeolaíochta.
5. Faisnéis teangeolaíochta agus staitistiúil na dtáscairí teangeolaíochta agus socheolaíochta a ionchur i mbunachar sonraí ríomhaireachta.
6. Anailís a dhéanamh ar an bhfeidhm agus ar an easpa feidhme teangeolaíochta sna táscairí cainníochtaithe d'fhonn an ghnóthachtáil teanga i gcás na Gaeilge agus an Bhéarla a thomhas; thugamar scóráil achoimreach don ghnóthachtáil Ghaeilge agus scóráil achoimreach don ghnóthachtáil Bhéarla.
7. Comparáid a dhéanamh ar an ngnóthachtáil sa dá theanga d'fhonn an cumas dátheangach a thomhas; bhunaíomar scórinnéacs dátheangach ar scóráil an dá theanga.
8. Tuarascáil a scríobh bunaithe ar an anailís.

### 1.1.1 Dearadh na dtástálacha agus na measúnuithe

Bhunaíomar anailís an tionscadail ar thaifeadtaí ina ndearna na páistí cur síos agus plé ar phictiúr-leabhair. Mar sin de, bhí dhá chéim i ngach agallamh taifeadta:

- (a) I dtosach d'iarr an t-agallóir ar na páistí cur síos a dhéanamh ar an eachtraíocht a bhí á léiriú sa phictiúr-leabhar, agus an scéal a bhain leis a insint.
- (b) Ina dhiaidh sin, thug an t-agallóir treoir don pháiste dul siar ar an bpictiúr-leabhar céanna in éindí léi / leis agus ceisteanna éagsúla a fhreagairt agus tástálacha éagsúla a chomhlíonadh bunaithe ar an scéal céanna agus ar na pictiúir chéanna.

Cuireadh an modh oibre seo i bhfeidhm i gcás an dá theanga in agallaimh a raibh bearna coicíse eatarthu; taifeadadh agallamh Gaeilge nó Béarla ar dtús agus ansin tuairim is coicís ina dhiaidh sin taifeadadh agallamh sa teanga eile. I scoil amháin b'éigean do na hagallóirí an dá theanga a thaifeadadh in aon lá amháin de cheal ama. Bhí ceithre phictiúr-leabhar i gceist as an tsraith chéanna: *The Little Red Train: Runaway Train*; *Race to the Finish*; *Little Red Train to the Rescue*; *Green Light for the Little Red Train* (Blathwayt 1995, 2003, 2006, 2007). Taifeadadh leath na bpáistí don agallamh Gaeilge i dtosach agus a leath don agallamh Béarla i dtosach. Bhí leabhar éagsúil amháin de na ceithre phictiúr-leabhar ag gach páiste do gach teanga ar leith; rud a d'fhág roinnt chothrom idir ord na n-agallamh agus rogha aon leabhair ar leith. Tá, mar shampla, ceathrú cuid na n-agallamh i nGaeilge agus ceathrú cuid i mBéarla ar an leabhar *Runaway Train* nó 'An Traein



gan Coscán' mar a tugadh air sna hagallaimh Ghaeilge. Roghnaíomar an tsraith seo de bharr gur fheil an t-ábhar don aoisghrúpa agus go raibh a oiread sin eachtraí agus gníomhaíochtaí i bpictiúir na leabhar, rud a thabharfadh deis do na páistí cur síos nó reacaireacht a dhéanamh ar ábhar na leabhar. Chlúdaíomar na téacsanna clóite sna leabhair le greamáin bhána ionas nach mbeadh na páistí in ann aon téacs a léamh agus go mbeadh srian ar aon ionchur léite ná ionchur teanga ar leith.

Rinneamar iarracht modh aonteangach a bhaint amach sa dá theanga ar leith chomh mór agus ab fhéidir. Dúradh leis na páistí gur leabhair Francise a bhí sna pictiúr-leabhair (sa chaoi agus nach mbeadh modh na Gaeilge ag cur isteach ar an modh aonteangach sa Bhéarla agus nach mbeadh modh an Bhéarla ag cur isteach ar an modh aonteangach sa Ghaeilge) agus iarradh ar na hagallóirí labhairt leo go haonteangach, i nGaeilge amháin nó i mBéarla amháin. Dhíríomar ar an modh aonteangach sa dá theanga ar leith chun bonn cuí comparáide a sholáthar don mheasúnú agus chun go mbeimis in ann teacht ar bhuaic-leibhéal an chumais atá ag na páistí sa dá theanga ar leith. Thuigeamar agus sinn ag tosú leis an tionscadal gurbh fhusa do na páistí cloí le modh aonteangach sa Bhéarla seachas sa Ghaeilge, mar atá coitianta i gcomhthéacs mionteangacha (mórtheanga sa mhodh aonteangach vs. mionteanga sa mhodh dátheangach), ach go ndearnadh iarracht chomhfhiosach i gcaitheamh chur i bhfeidhm na n-agallamh an dá chumas a idirdhealú. Ní hin le rá gur chuir na páistí féin modh aonteangach i bhfeidhm sna hagallaimh. B'iondúil gur chuireadar modh aonteangach i bhfeidhm sa Bhéarla agus nár chuireadar i bhfeidhm sa Ghaeilge é, ach amháin i gcás páistí eisceachtúla.

Dhearamar ceistneoir gearr a cuireadh ar mhúinteoir amháin (go hiondúil an príomhoide) i gcás gach scoile ar leith maidir le tréithe sochtheangeolaíochta agus cúlra socheolaíochta na bpáistí. Tá liosta i dTábla 1 de na réimsí faisnéise a bailíodh agus réimsí socheolaíochta ábhartha eile.

Ginearálta	Scoil
	Áit chónaithe
	Aois
	Gnéas
Scoil	Sóisialú scoile (teanga an tsóisialaithe, cóimheas Gaeilgeoirí)
	Líon cainteoirí gníomhacha Gaeilge as iomlán na ndaltaí sa rang
	Gnóthachtáil acadúil
Baile	Tuismitheoirí (áit chónaithe, cineál cainteora, slí bheatha)
	Líon deartháireacha/deirfiúracha
	Teicneolaíocht na faisnéise (teilifís, ríomhairí, X-box, Playstation, Wii, srl.)

Tábla 1 Réimsí sochtheangeolaíochta a bailíodh leis an gceistneoir.

Is iad na cúig thréith a fuarthas ón gceistneoir seo agus a bhaineann le torthaí an taighde: aois, gnéas, cumas acadúil, taithí theilifíse (.i. taithí ar theicneolaíocht na faisnéise go ginearálta), cóimheas na nGaeilgeoirí i scoil na bpáistí (líon na gcainteoirí gníomhacha Gaeilge i gcomparáid leis an líon iomlán i ranganna na ndaltaí, .i. Gaeilgeoirí le hais Béarlóirí sa rang (agus sa scoil)).

Bhaineamar leas as an bhfaisnéis a thuairiscigh na múinteoirí ar chúinsí sóisialta, sochtheangeolaíochta agus oideachasúla na bpáistí mar bhonn don chatagóiriú socheolaíochta i gcomhair na hanailíse ar shealbhú na Gaeilge agus an Bhéarla faoi seach a léirigh na páistí sna tástálacha teangeolaíochta a bhain leis an tionscadal. Cainteoirí dúchais Gaeilge ón nGaeltacht iad tuismitheoirí pháistí an tionscadail seo. Roghnaíodh páistí don tionscadal ar shonraigh na múinteoirí dúinn gur Gaeilge amháin a bhí á labhairt ag a muintir leo sa baile. 50 páiste atá i sampla iomlán an tionscadail, as ocht scoil, páistí atá idir 7 agus 12 bliain d'aois. Cailíní 24 duine díobh agus buachaillí an 26 duine eile.

Sa tionscadal seo, cloíodh le gnáthrialacha eitice taighde a bhaineann le suirbhé a reáchtáil i measc páistí, go háirithe i gcás aithne na bpáistí agus na scoileanna a cheilt i léiriú na faisnéise. Plé neamhlochtach atá á chur i láthair sa taighde ar fad agus ní dhéantar ceasacht ar aon duine ná ar dhream ar leith. Cuirtear torthaí socheolaíochta agus sochtheangeolaíochta i láthair sa saothar seo agus níl aon duine aonair inaitheanta ná ní phléitear mionsonraí indibhidiúla.

### 1.1.2 Na hagallaimh

Cuireadh dhá agallamh ar na páistí. Bhí dhá pháirt i ngach agallamh; an chéad pháirt, an t-agallamh aonarach, ina raibh páiste amháin ag caint (i nGaeilge agus i mBéarla faoi seach) agus an dara páirt ina raibh beirt pháistí as an scoil chéanna ag caint le chéile (i nGaeilge agus i mBéarla faoi seach). Thug Colm Ó Méalóid, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, an Cheathrú Rua, comhairle agus cúnamh maidir le gnóthaí teicniúla a bhain le taifeadadh an ábhair agus le stóráil na dtaifeadtaí.

Bhí dhá chuid sna hagallaimh aonaracha. Tar éis na páistí a chur ar a suaimhneas agus comhrá beag ginearálta a bheith idir an t-agallóir agus an páiste, sa chéad chuid den agallamh iarradh ar an bpáiste scéal a insint bunaithe ar na pictiúir sa leabhar a roghnaíodh agus bunaithe ar chúpla ceist a socraíodh i sceideal an agallóra. Insint ní ba struchtúrtha a bhí sa dara cuid den agallamh a bhí fós bunaithe ar an bpictiúr-leabhar, inar iarradh ar an bpáiste ceisteanna a fhreagairt agus, i dtasc amháin, ceisteanna a chur (féach Aguisín A–D).

Is iad an bheirt phríomhagallóirí a rinne na hagallaimh Belinda McHale agus Laoise Ní Thuairisg. Rinne an bheirt phríomhagallóirí leath iomlán a gcuid agallamh i nGaeilge agus an leath eile i mBéarla.<sup>2</sup> De cheal ama, thug Brian Ó Curnáin agus Conchúr Ó Giollagáin cúnamh do na príomhagallóirí sna hagallaimh a rinneadh i scoil amháin. Is é iomlán na dtaifeadtaí a rinne na hagallóirí ná 69 uair agus 20 nóiméad. Caitheadh formhór an ama ar na hagallaimh aonaracha (breis is 29 uair an chloig ar na cinn Ghaeilge agus breis is 20 uair ar na cinn Bhéarla).

De réir na múinteoirí, ní raibh aon fhadhbanna cumarsáide ná éisteachta ná sainriachtanais teanga ag na páistí, cé is moite de pháiste amháin a raibh beagán briotaíola air. Ba scoileanna i gCatagóir A de Ghaeltacht na Gaillimhe a roghnaíodh don suirbhé seo. Seo í an Chatagóir A is mó sa tír agus is ionann sin is a rá gurb ann is airde atá dlús Gaeilge sa tír. Roghnaíodh scoileanna i gcóngarach a chéile, agus nach raibh ar theorainn Chatagóir B ná C, nó go raibh líon 50 dalta sroichte againn.

### 1.1.3 Anailís na dtaifeadtaí agus cruthú an bhunachair shonraí

Chun riachtanais na heitice a chomhlíonadh tugadh cód aitheantais do gach páiste. Rinneadh trascriobh ar na taifeadtaí ar fad mar bhunchéim don anailís. Sholáthair na daoine seo a leanas na trascribhinní: Anne Ní Choirbín, Paula Ní Chionnaith, Mairéad Ní Laocha agus Tamás Péterváry. Cuimsíonn na trascribhinní ina n-iomláine 1,830 leathanach (522,870 focal). Sheiceáil Tamás Péterváry trascribhinn gach agallaimh agus d'athsheiceáil Tamás Péterváry agus Brian Ó Curnáin iad i gcomhairle le chéile. Rinneamar anailís ar na trascribhinní ar na hagallaimh aonaracha (idir agallaimh Ghaeilge agus Bhéarla) a chuimsíonn tuairim is 82% (428,953 focal) den ábhar taifeadta agus trascriofa ar fad.

Rinneamar anailís ar na hagallaimh Ghaeilge de réir na naoi réimse teangeolaíochta seo a leanas: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic, líofacht, inscne ghramadúil, claochlú tosaigh agus foghraíocht. Is i gCaibidil 1 a chuirimid torthaí na hanailíse Gaeilge i láthair. Dírímid i gCaibidil 2 ar scagadh na n-agallamh Béarla. Maidir leis an mBéarla, rinneamar anailís ar na sé réimse seo a leanas: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic agus líofacht.

### 1.1.4 Cumas comparáideach sa dá theanga

I gCaibidil 3 déanaimid comparáid dhíreach idir an cumas sa dá theanga de réir na sé réimse

<sup>2</sup> Maidir le torthaí an taighde, ní bhfuarthas aon tionchar staitistiúil ag ord teanga na n-agallamh (agallamh Gaeilge i dtosach nó agallamh Béarla i dtosach) ar thorthaí teangeolaíochta na bpáistí, ná ag cé acu den bheirt phríomhagallóirí a rinne an t-agallamh.

teangeolaíochta inar féidir sin a dhéanamh: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic agus líofacht. Tugann an chomparáid dhíreach bonn staitistiúil mionsonrach a léiríonn staid an chumais atá ag na páistí sna teangacha i gcomhthéacs an dátheangachais. Shainíomar freisin réimsí inar féidir comparáid indíreach a dhéanamh idir an dá theanga. Dhíríomar ar na réimsí teangeolaíochta ina bhfuil fianaise d'athruithe a léiríonn claonadh i dtreo na teanga eile (bíodh forás inmheánach i gceist nó forás faoi anáil na teanga eile). Rangaíomar athruithe inmheánacha eile atá “míchúí” de réir chóras na Gaeilge traidisiúnta (bíodh sin ina chaighdeán áitiúil traidisiúnta nó ina chaighdeán lárnach). Cé go mbainimid leas as an téarma ‘athruithe inmheánacha’ ag tagairt do na hathruithe seo, tuigimid go bhfuil suntas le tabhairt do líon ard na n-athruithe seo i gcomhthéacs an dátheangachais agus go deimhin, i gcás cuid acu, mar gheall ar an dátheangachas.

Ní mór aitheantas a thabhairt do na pointí seo a leanas i gcás teanga mhionlaigh:

- Tá cumas Gaeilge réasúnta forbartha ag cuid mhaith de mhuintir na bpáistí (i gcomparáid leis na páistí), .i. tá cumas Gaeilge réasúnta traidisiúnta ag cuid mhaith de na tuismitheoirí agus de na glúine fásta.
- Tá códmheascadh suntasach ar siúl ina gcuid Gaeilge ag muintir na bpáistí agus ag daoine eile sa phobal óna sealbhaíonn na páistí a gcuid Gaeilge.
- Tá sé dúshlánach agus achrannach sprioc shealbhaithe a aimsiú sa Ghaeilge, don sealbhóir agus don taighdeoir, de bharr go bhfuil an páiste ag tabhairt faoin sealbhú i gcomhthéacs atá chomh mór faoi anáil an chódmheasctha, an tsealbhaithe laghdaithe nó easnamhaigh, agus faoi anáil shealbhu na mórtheanga.

Dá bhrí sin, nuair a deirimid go bhfuil leagan nó foirm theangeolaíochta ar leith “míchúí” nó gur “seachfhoirm” atá inti (mar a thugaimid uirthi sa saothar seo), is éard atá i gceist nach bhfreagraíonn sí don Ghaeilge Thraidisiúnta (.i. noirm ghlúine sinsir na gcainteoirí dúchais Gaeilge) nó nach bhfreagraíonn sí do (leagan de) Ghaeilge an Chaighdeáin Oifigiúil. Tá foirmeacha “míchúí” nó “seachfhoirmeacha” coitianta i ngnáthchaint an lae inniu, go háirithe acu siúd a rugadh i ndiaidh tuairim is 1980. Admhaítear go bhfuil ‘an sprioc ag síorchorraí’ i gcás na Gaeilge, is é an toradh atá ar an bhforas sin is ábhar don suirbhé seo: go bhfuil teorainn ar an sealbhú idirghlúineach sa Ghaeilge i ngeall ar fheidhmiúlacht shóisialta an Bhéarla (agus ar fheidhmiúlacht an Bhéarla sna meáin). Baineann sé le cúinsí an dátheangachais éagothroim i bpobal mionteanga go coitianta gur féidir norm a aithint i sealbhú na mórtheanga ach go bhfuil sé deacair a leithéid a aithint i sealbhú na mionteanga. Chomh maith leis sin, mar is coitianta arís sa choibhneas idir mórtheanga agus mionteanga, i gcás shealbhu na Gaeilge de, níl na céimeanna normálta ná na rátaí mionsonracha ar eolas. Ina dhiaidh sin féin, tugann an léann idirnáisiúnta le fios go mbíonn formhór an tsealbhaithe curtha i gcrích ag an aois atá ag daltaí an staidéir seo. Ó tharla go bhfuil formhór thorthaí an staidéir seo ag teacht leis an gclaonadh céanna, ní bhraitheann an plé rómhór ar aon tréith theangeolaíochta ar leith agus níl an anailís ná na torthaí i dtuilleamaí corrthréith theangeolaíochta a maireann a cúrsa sealbhaithe níos faide ná an gnáth. Chomh maith leis sin, mar a léirítear sa saothar seo, ní féidir céimeanna agus rátaí i sealbhú iomlán na Gaeilge a cheapadh bunaithe ar an nglúin óg reatha (de bharr chúinsí coiteanna an tsealbhaithe laghdaithe chomhaimseartha mar a thaispeánfar sa tuarascáil seo).

Tá anailís i gCaibidil 5 go dtí Caibidil 8 ar an bhfaisnéis chomparáideach teangeolaíochta de réir ceithre cinn de na cúinsí socheolaíochta a bhailíomar faoi na páistí. Roghnaíomar aois, gnéas, gnóthachtáil acadúil agus taithí theilifíse mar théamaí anailíse. Cé go ndearnamar anailís iomlán ar na téamaí seo, níor chuimsíomar ach na pointí ba shuntasáí agus na pointí a thugann léiriú soiléir ar an gcaidreamh atá idir an dá theanga.

### **1.1.5 Torthaí na tuarascála**

Conclúidí ar thionchar an dátheangachais ar na réimsí teangeolaíochta agus sochtheangeolaíochta atá i gCaibidil 9. Sa chaibidil dheireanach, Caibidil 10, pléimid na himpleachtaí a eascraíonn as staid reatha shealbhu na Gaeilge don phobal ina maireann na cainteoirí dúchais sa Ghaeltacht agus na

himpleachtaí don tír ar fad. Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a léirítear sa taighde seo, cuirimid moltaí ar fáil chun treoir a thabhairt dóibh siúd atá ag iarraidh an Ghaeilge dhúchais a sheachadadh chun na glúine óige. Cuirimid moltaí ar fáil freisin don Roinn Oideachais agus Scileanna. Is é leas phobal na Gaeilge ina gcúinsí réadúla teanga atá faoi thrácht i gCaibidil 9 agus 10 mar sin.

## 1.2 Cumas agus ceannas sa dátheangachas

Sa phlé ar an dátheangachas ní mór na hocht mbunfhíric seo a mheabhú:

- chomh maith leis na **buntáistí praiticiúla, eacnamaíochta, pearsanta, sóisialta** agus **cultúrtha** a thugann scil a bheith ag duine i dteanga bhreise, is minic gur mó na **buntáistí cogneolaíochta** ná na míbhuntáistí cogneolaíochta a bhíonn ag cainteoirí dátheangacha le hais cainteoirí aonteangacha
- bíonn cumas **éagothrom** ag formhór mór cainteoirí dátheangacha idir an dá theanga atá acu: an **teanga cheannasach** a thugtar ar an teanga is cumasaí; is é an **dátheangachas éagothrom** an gnás uilíoch, rud a chiallaíonn, ar an gcuma chéanna, gurb é an **dátheangachas ceannasach** an gnás uilíoch (.i. teanga amháin cheannasach agus teanga eile faoi cheannas)
- an **teanga is laige** nó an **teanga lag** ag cainteoir dátheangach, is iondúil gur lú go mór a chumas inti ná an cumas a bhíonn ag cainteoir aonteangach
- is iondúil gurb é treocht an **tionchair theangeolaíochta** ná ón teanga cheannasach go dtí an teanga lag; is é sin le rá gur mó an **tionchar teangeolaíochta** a imríonn an teanga cheannasach ar an teanga lag ná an bealach eile timpeall
- is sa **teanga is mó cumas is fusa** don duine feidhmiú, agus dá bhrí sin is í is túisce le duine a fheidhmiú go hiondúil, sa chaint nó sa scríobh
- ní hionann dátheangachas an **aonaráin** agus dátheangachas na **sochaí**
- is féidir an **dátheangachas breisitheach** a thabhairt ar an dátheangachas buntáisteach gan míbhuntáiste a bheith in aon teanga, don aonarán nó don tsochaí, agus an **dátheangachas dealaitheach** a thabhairt ar an dátheangachas míbhuntáisteach, don aonarán nó don tsochaí; is minic gnéithe buntáisteacha agus breisitheacha a bheith i gceist, go háirithe i gcás na mórtheanga, agus gnéithe míbhuntáisteacha agus dealaitheacha araon a bheith i gceist, go háirithe i gcás na mionteanga
- is trí mhodh an dátheangachais, san aonarán nó sa tsochaí, is iondúla a **chailtear** teangacha, mar atá siad á gcailleadh go háirithe sna saolta seo.

Sa taighde seo, tugaimid faoin gcumas dátheangach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla a thomhas sa ghlúin óg atá in ardranganna bhunscoileanna ‘Ghaeltacht Chatagóir A’ i gCo. na Gaillimhe. Tá fianaise á carnadh le blianta beaga anuas go bhfuil cumas ard sa Bhéarla ag an nglúin óg seo, agus go bhfuil athruithe substaintiúla ina gcuid Gaeilge le hais na nglúin rompu. San SCT, i gcás Ghaeltacht Chatagóir A (chomh maith leis an nGaeltacht Oifigiúil ar fad), thuairiscigh formhór na ndaltaí meánscoile gur fearr a gcumas Béarla ná Gaeilge. Tá a fhios le fada gur fearr cumas litearthachta sa Bhéarla ná sa Ghaeilge ag formhór mhuintir óg agus mheánaosta na Gaeltachta.

Is é seo an chéad tionscadal ar chumas labhartha dátheangach Gaeilge–Béarla a rinneadh in Éirinn. Tá an taighde seo bunaithe ar shampla de pháistí óga atá á dtógáil le Gaeilge amháin, .i. go haonteangach ó thaobh ionchur na dtuistí (ach códmheascadh san áireamh go hiondúil), agus a bhfuil Gaeilge ó dhúchas ag a muintir. Ba iad na trí bhuncheist taighde a bhí le freagairt againn maidir leis an aoisghrúpa seo:

1. An bhfuil na dátheangóirí Gaeilge–Béarla cothrom nó éagothrom ina gcumas?
2. An bhfuil cumas teanga amháin i gceannas ar chumas teanga eile?

3. An bhfuil rian an tsealbhaithe dhátheangaigh le sonrú ar an ngnóthachtáil sa dá theanga, go háirithe i dtaobh na Gaeilge de, agus cé na réimsí gramadaí agus teangeolaíochta atá i gceist?

Bhí focheist taighde thábhachtach freisin ann, ach nárbh acmhainn dúinn ach beagán sonraí a thiomnú ina taobh:

- An bhfuil rian ag cúinsí sochtheangeolaíochta nó socheolaíochta ar leibhéal éagsúla a bhaintear amach sa ghnóthachtáil dhátheangach?

Is é an modh labhartha an bunmhodh i gcumas teanga. Nuair a labhraíonn daoine léiríonn siad a gcumas ina dteanga nó ina dteangacha. Is í labhairt na teanga an cumas is bunúsaí sa chumarsáid. Agus chun measúnú a dhéanamh ar an dátheangachas is í labhairt na teanga nó na dteangacha an tomhas is tábhachtaí. Is é sin le rá, is é an modh labhartha is tábhachtaí a mheasúnú sa chumas dátheangach. Is féidir tabhairt faoin measúnú sin ar mhodhanna éagsúla. Tá léirithe sa taighde idirnáisiúnta gur slat tomhais shimplí agus iontaofa é tuairisc daoine ar a gcumas i dteangacha, mar shampla, tuairisc tuismitheoirí, agus féintuairisc daoine óga agus daoine fásta. (Ach níl an fhéintuairisc chomh hiontaofa maidir le cumas cainteoirí i dteangacha éagsúla a bheith cothrom le chéile.)

Sa tionscadal seo rinneadh na páistí a thaifeadadh in agallaimh a bhí dírithe ar an gcumas labhartha agus iad ag eachtraíocht faoi phictiúr-leabhar ina raibh pictiúir den saol uirbeach agus de shaol na tuaithe. Chomh maith leis sin, taifeadadh na páistí agus iad ag freagairt ceisteanna tástálacha teangeolaíochta cuí, agus iad ag cumadh ceisteanna, bunaithe ar an bpictiúr-leabhar ionas gur aimsíodh struchtúir agus leaganacha éagsúla gramadaí don taighde. Bunaithe ar thrascríbhinní na n-agallamh anailísíodh an cumas teangeolaíochta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla faoi seach. Is féidir cumas gach páiste i réimse inchomparáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla a chur i gcomórtas le chéile. I measúnú ilréimseach mar seo, léirítear, sa tionscadal seo agus sa taighde idirnáisiúnta, gur féidir le cainteoirí a bheith ceannasach i dTeanga A i réimsí ar leith teangeolaíochta agus na cainteoirí céanna a bheith ceannasach i dTeanga B i réimsí teangeolaíochta eile.

I ndiaidh torthaí na hanailíse sna réimsí éagsúla teangeolaíochta a chuntas don dá theanga faoi seach (m.sh. iolra an ainmfhocail agus infhilleadh an bhriathair), is féidir na réimsí teangeolaíochta sin a shuimiú don dá theanga faoi seach mar léiriú ar an gcumas ginearálta. Is féidir ansin cumas ginearálta an pháiste i dteanga ar leith a thabhairt. Ansin is féidir toradh iomlán teangeolaíochta sa dá theanga a chur i gcomparáid le chéile do gach páiste ar leith agus dá bhrí sin d'fhoghrúpaí, mar shampla, do gach aoisghrúpa agus gach gnéas. Cainteoir ag a bhfuil an tsuim nó an scóráil i bhfoisceacht dá chéile sa dá theanga, is féidir a mhaíomh gur cainteoir measartha cothrom dátheangach é. Cainteoir nach bhfuil an toradh suimithe gar dá chéile sa dá theanga aige maítear gur cainteoir éagothrom é. Cainteoir ag a bhfuil suim nó scóráil Teanga A cuid mhaith níos airde ná scóráil Teanga B, maítear go bhfuil sé ceannasach i dTeanga A (nó go bhfuil Teanga A ceannasach ina chumas nó ina ghnóthachtáil). Bunaithe ar an anailís sin, mheasúnaíomar céim nó scála cothroime / éagothroime an dátheangachais sna cainteoirí, .i. a scórinneacs dátheangach, agus d'impleachtaíomar ceannasaíocht teanga amháin ar an teanga eile.

### 1.2.1 Cumas, ceannas agus laghdú sa mhionteangachas

Ní mór a mheabhrú sa phlé ar an mionteangachas na seacht mbunfhíric seo:

- bíonn an **mhóртеanga** a bheag nó a mhór **uile-láithreach**
- bíonn **códmheascadh** i bhfeidhm go hiondúil sa mhionteanga, ach bíonn modh aonteangach, gan chódmheascadh, go hiondúil sa mhóртеanga
- is féidir le **códmheascadh** cur as do ghnóthachtáil an tsealbhaithe
- is féidir le cód nó **teanga mheasctha** teacht chun cinn mar chaint choiteann sa mhionteanga
- bíonn an dátheangachas **aontreoch comhuaineach** i bhfeidhm le linn an tsealbhaithe



go minic, .i. ‘aontreoch’ (gá don mhionteangóir an mhórtheanga a shealbhú, gan gá don mhórtheangóir an mhionteanga a shealbhú) agus ‘comhuaineach’ (.i. sealbhú fíor-óg na mórtheanga, comhuaineach leis an mionteanga)

- i gcomhthéacs mar seo, is minic nó is iondúil gur cumasaí a shealbhaítear an mhórtheanga ná an mhionteanga, agus is í an mhórtheanga a bhíonn **ceannasach**, agus is minic gur **sealbhú laghdaithe** a bhíonn i gceist sa mhionteanga
- idir dhá theanga i gcomhthéacs dátheangach is iondúil gurb é an **treocht tionchair** agus **códmheasctha** a bhíonn ann ná: an rian is mó a bheith ag an teanga atá ceannasach ar an teanga is lú cumas nó an teanga laghdaithe (.i. teanga cheannasach → teanga laghdaithe).

I gcomhthéacs an dátheangachais is casta agus deacair cumas a mheasúnú. Tá sé tábhachtach ach go háirithe slat tomhais a bhunú a chéadair ar chumas dátheangóirí eile (sa dá theanga chéanna ach go háirithe). I gcomhthéacs an mhionteangachais, go háirithe má tá tionchar suntasach na mórtheanga nó sealbhú laghdaithe ar bun i bpobal ar feadh achar blianta, tá deacrachtaí breise i gceist le measúnú na mionteanga. Is doiléirede ‘spríoc’ shealbhaithe na mionteanga í a bheith ag athrú go mór faoi thionchar na mórtheanga agus faoi anáil an tsealbhaithe laghdaithe. Céard atá ‘ceart’ ó thaobh feidhme agus tuisceana de sa mhionteanga atá go mór faoi thionchar na mórtheanga? Léirítear sna deacrachtaí breise sainmhínte agus measúnaithe seo sa mhionteanga (i gcontrárthacht le caighdeán sprice measartha cinnte sa mhórtheanga), na deacrachtaí atá ag pobal mionteanga agus iad ag iarraidh leanúnachas cumais a ghabháil sa seachadadh idir na glúine cainteoirí.

De réiteach praiticiúil ar na fadhbanna seo sa tionscadal seo, mheasúnaíomar cumas Gaeilge na bpáistí de réir na Gaeilge Traidisiúnta (mar atá cur síos uirthi sa litríocht chuimsitheach chanúineolaíochta) agus/nó na Gaeilge caighdeánaí (mar atá sí sa Chaighdeán Oifigiúil (1957 agus eagrán eile) agus i ngnáth-théacsleabhair) mar ba chúí. Léirítear sa mhodh seo, ar a laghad, an t-athrú mór atá le sonrú sa Ghaeilge Iarthraidisiúnta. Ní mhaítear anseo gur léiriú ar laghdú cumais gach athrú ar leith sa Ghaeilge Iarthraidisiúnta; ach a dtabhairt le chéile, is léiriú ar easpa iad, mar a ghlactar leis sa litríocht ar an sealbhú laghdaithe agus ar bhás teangacha. Is féidir feidhmiúlacht áirithe a bhaint amach i dteanga mheasctha, fhor-chódmheasctha nó laghdaithe, ach is iondúla, i mionphobail ar fud an domhain ach go háirithe, go leanann cumarsáid cumas; mar atá ag tarlú d’aos óg ‘Ghaeltacht Chatagóir A’ agus a bhformhór ag Béarlóireacht le chéile.

Nuair a charntar le chéile líon mór thréithe éagsúla na Gaeilge Iarthraidisiúnta, mar atá liostaithe agus pléite i bhfoilseacháin acadúla le blianta beaga anuas, léirítear bearna cumais agus feidhmiúlachta idir an Ghaeilge Iarthraidisiúnta agus an Ghaeilge Thraidisiúnta. Tá athruithe sa Ghaeilge Iarthraidisiúnta de bharr thionchar na mórtheanga agus an chódmheasctha. Tá athruithe eile sa Ghaeilge Iarthraidisiúnta ag titim amach de bharr an tsealbhaithe laghdaithe go príomha; agus athruithe eile inti de bharr meascán den dá chúinse sin. Braitheann cé acu an athrú trí thionchar an chódmheasctha nó an tsealbhaithe laghdaithe nó an meascán den phéire (nó cúinsí eile) atá i gceist in aon athrú ar leith, braitheann sin ar chleachtas an phobail le scór nó dhá scór bliain anuas. Ar láimh amháin, tá córas pragmataice na Gaeilge á ghalldú le roinnt glún anuas, m.sh. *you know* a bheith ag díláithriú *an bhfuil fhios agad* agus *tá fhios agad*. Dá bhrí sin, cainteoir óg nach bhfuil marcóirí dioscúrsa na Gaeilge, fearacht *tá fhios agad*, sa chaint aige, is féidir a mhaíomh nach bhfuair sé an deis iad a shealbhú óna fhoinsí sealbhaithe, agus nach sealbhú laghdaithe ann féin atá i gceist. Is féidir an rud céanna a áiteamh i dtaobh mhír an chláisail choibhneasta indírigh a bheith á cailleadh agus an mhír dhíreach teacht ina hionad. Ar an láimh eile de, i gcaint fhormhór na gcainteoirí meánaosta tá céim chomparáide na haidiachta fós bisiúil ina gcóras deilbhíochta, m.sh. *beag* → *níos lú*. Cainteoir óg nach bhfuil céim chomparáide na haidiachta bisiúil aige, m.sh. má deir sé *níos beag* in ionad *níos lú*, maímid sa tionscadal seo gur léiriú é sin ar an sealbhú laghdaithe. Is féidir, ar ndóigh, an toradh céanna, nó toradh gaolmhar, a bheith ag an athrú trasghlúineach i dtreo na mórtheanga, m.sh. *tá fhios agad* → *you know* (i nglúin na tuismitheoireachta), agus ag an athrú de bharr an tsealbhaithe laghdaithe nó de bharr dhíothú an tsealbhaithe, m.sh. *níos lú* → *níos beag* (sa ghlúin is óige); agus is minic nach furasta, nó nach gá, nó nach féidir an dá mheicníocht a scaradh ó chéile. Feidhmíonn siad i bpáirt i gcomhthéacs an mhionteangachais.

### 1.2.2 Foinsí agus litríocht

Tá litríocht leathan bhorrúil ar ghnéithe go leor den dátheangachas, den mhionteangachas agus de bhás teangacha, agus ní féidir a lua anseo ach toghadh beag dá bhfuil ar fáil. Tá a bhfuil pléite thuas á bhunú i dtaobh na Gaeilge ach go háirithe ar Dorian (1973, 1977, 1978, 1981), Lenoach, Ó Giollagáin agus Ó Curnáin (2012), Mac Con Raoi (2011), Nance (2013), Ó Curnáin (2007, 2009, 2011, 2015 le teacht), Ó Giollagáin agus Mac Donnacha *et al.* (2007, SCT), Smith-Christmas agus Smakman (2009), agus ar Sture Ureland (1991).

Níos faide ó bhaile, spíon Schmidt (1985) an tsochtheangeolaíocht agus an ghramadach i laghdú agus i mbás Dhearbal san Astráil (agus, níos nua-aoisí, Simpson agus Wigglesworth (2008) maidir le teangacha dúchasacha eile san Astráil); léirigh Trudgill (1977) laghdú agus bás na hAlbáinise sa Ghréig; láithrigh Jones (1998; 2001, 2005) fianaise dhoshéanta, faoi seach, ar laghdú agus ar bhás na Breatnaise sa Bhreatain Bheag agus Gheirsí ar Oileán Gheansa.

Tá fianaise den sórt céanna ar laghdú agus ar bhás na Fraincise i Louisiana ag Dubois agus Noetzel (2006). Tá borradh faoin staidéar ar theangacha oidhreachta i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus san Eoraip agus téis an tsealbhaithe laghdaithe á láithriú go háititheach ag Montrul (2008) i gcomhthéacs na Spáinniseoirí go háirithe. Tá torthaí an taighde fhadtarmaigh mhórthaibhsigh thábhachtaigh a rinneadh i Miami, Florida, ar Spáinniseoirí, tá sin tugtha le chéile ag na heagarthóirí McCardle agus Hoff (2006) agus plé ar chúrsaí ionchuir don sealbhú in Pearson, Fernández, Lewedeg agus Oller (1997). Sampla de chás na nGearmáiniseoirí thall i Stáit Aontaithe Mheiriceá is ea saothar de Leeuw, Schmid agus Mennen (2010) agus na Rúisiseoirí ag Polinsky (2008).

Ní taise do Fhrainciseoirí i gCeanada é, m.sh. King (2008) agus Mougeon agus Beniak (1991); ná do na bundúchasaigh, m.sh. Wright, Taylor agus Macarthur (2000) ar an Ionuit. Tá muintir na hOllainne saothraíoch ar chás a dteangacha oidhreachta féin, m.sh. Boumans (2006) ar an Araibis. Tá áitimh fhianaise-bhunaithe i leith an tsealbhaithe aonteangaigh luaith sa mhionteanga ag Gathercole agus Thomas (2009) i gcomhthéacs na Breatnaise. Tá plé éargnaí ag Matras (2009) ar thorthaí teangeolaíochta an dátheangachais agus an mhionteangachais agus plé ar phróiseas an tsealbhaithe dhátheangaigh (éagothroid) ag Yip agus Matthews (2007).

Tá an fhianaise is cuimsithí ag Byers-Heinlein (2013) maidir le tionchar diúltach a bheith ag an gcódmheascadh ar ghnóthachtáil a bhfoclóra i measc páistí dátheangacha, chomh maith le plé ar an údar nach bhfuarthas fianaise ar an tionchar diúltach seo i dtionscadail taighde eile. Pléann Calvet (2006) an claonadh ginearálta atá ann, gurb í teanga an phobail nó an tsóisialaithe a bhíonn ceannasach i ngnóthachtáil an tsealbhaithe, agus dá bhrí sin nach í teanga an teaghlaigh a bhíonn ceannasach sa chomhthéacs sin. Tá plé ginearálta ag Crystal (2000) ar fheiniméan an bháis i gcás teangacha. Tá gainne an dátheangachais chothroim léirithe ag, m.sh., Flecken (2010), Gearmáinis-Ollainnis, agus Sheng, Lu agus Gollan (2013), Mandairínis-Béarla. Tá staid mhísheasmhach agus tréithe forbháis an dátheangachais socheolaíochta samhaltaithe ag, m.sh. Abrams agus Strogatz (2003), ag Castelló, Eguíluz agus Miguel (2006) agus ag Minett agus Wang (2008) agus an córas teangeolaíochta domhanda nó an éiceolaíocht teanga is cás le de Swaan (2001).

Ar mhaithe le soléiteacht don léitheoir, seachnaímid an iomad tagairtí acadúla a chur sa saothar seo tríd síos ó tharla go bhfuil go leor dá mbaineann le hábhar ar fáil i Lenoach *et al.* (2012) agus i bhfoilseacháin údar eile, fearacht Dressler (1996), Dubois agus Melançon (1997), Dubois agus Noetzel (2006), Fishman (1989, 1991, 2001), Francis (2005), Gathercole agus Thomas (2009), Hagège (2009), Hill agus May (2013), Jones (1998), Koven (2007), Krauss (1992, 2006), agus Montrul (2008). Maidir leis an anailís teangeolaíochta, arís seachnaímid liostú tagairtí agus bunaímid an plé ar shaothair chanúineolaíochta agus theangeolaíochta, mar shampla, de Bhaldráithe (1945, 1953), Ó Curnáin (2007), Ó hAnluain (1960) agus An Caihdeán Oifigiúil (1957).

## 1.3 Cúlra sochtheangeolaíochta an staidéir

Sa litríocht sochtheangeolaíochta is féidir teacht ar léargas atá ábhartha do théama an staidéir seo. I measc na dtuiscintí a saothraíodh sa tsochtheangeolaíocht agus a thugann léaspairt dúinn ar chineál an dátheangachais a chleachtann na daoine óga atá faoi chaibidil sa taighde seo tá:

- Athruithe sóisialta agus déimeagrafaíochta a théann i gcion ar chomhdhéanamh an phobail sa Ghaeltacht
- Anailís ar an laghdú ar sheachadadh na Gaeilge ó ghlúin go glúin taobh istigh den teaghlach agus na himpleachtaí atá aige seo do bhonn sóisialta na Gaeilge taobh amuigh den teaghlach, .i. an saol sóisialta ina gcleachtann an t-aos óg an Ghaeilge le chéile
- Anailís ar an bpointe gaolmhar a fhéachann le scagadh a dhéanamh ar impleachtaí an chreimidh atá ag teacht ar dhlús an phobail Ghaeilge sa Ghaeltacht
- Léiriú ar ghnóthachtáil oideachais daltaí i scoileanna sa Ghaeltacht le hais gnóthachtáil daltaí i scoileanna eile
- Anailís ar éifeacht na bpolasaithe agus an chuir chuige oideachais a chuirtear i bhfearas d'fhonn tacú le forás pearsanta agus acadúil aos óg na Gaeltachta.

Thugamar faoin staidéar seo d'fhonn léiriú ní ba chuimsithe a fháil ar impleachtaí an luath-dhátheangachais (Gaeilge agus Béarla) do shealbhú na Gaeilge dúchais i measc cainteoirí óga Gaeltachta.

### 1.3.1 Athruithe sóisialta agus déimeagrafaíochta

I saothair Uí Riagáin (1997), Hindley (1990) agus san SCT (2007) pléitear impleachtaí na n-athruithe sóisialta a thit amach ó na 1970í i leith ach go háirithe ar chomhdhéanamh an phobail sa Ghaeltacht. Tháinig na hathruithe seo i dtreis ón tréimhse sin ar aghaidh, i measc cúinsí eile, de bharr na bpolasaithe a bhí ag an státchóras chun nua-aoisiú a dhéanamh ar an mbonn socheacnamaíochta a bhí faoin bpobal traidisiúnta sna ceantair oifigiúla Ghaeltachta. Bhí an Stát ag iarraidh an sprioc seo a bhaint amach trí pholasaithe tionsclaíochta Ghaeltarra Éireann/Údarás na Gaeltachta a d'fhéach le fostaíocht i réimse na déantúsaíochta go háirithe a chothú. Níor féachadh chuige, áfach, ar aon bhealach cuimsitheach, le polasaithe ná le straitéisí a chumadh agus a chur i bhfeidhm a rachadh i ngleic le himpleachtaí na n-athruithe sóisialta a d'eascródh as na hathruithe socheacnamaíochta seo, d'fhonn iad a bhainistiú chun leas na Gaeltachta mar réigiún Gaeilge sa tréimhse úd ná, go deimhin, ón am sin i leith.

Tugann Ó Riagáin (1997: 141) léiriú ar an mbealach inar nascadh pobail bheaga Ghaeltachta le gréasáin shóisialta, eacnamaíochta, oideachais agus imirce a mhéadaigh teagmháil na bpobal áitiúil le domhan an Bhéarla sa réigiún, sa tír agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta ina bhfeidhmíonn siad. Ba é a rannpháirtíocht sna gréasáin nua Bhéarla seo, dar le Ó Riagáin, a chuir treise le próiseas an aistrithe teanga sa Ghaeltacht. Maíonn Hindley (1990) freisin gurbh iad na fórsaí nua socheacnamaíochta a chothaigh teacht chun cinn an Bhéarla i ngréasáin shóisialta na Gaeltachta agus go raibh na hathruithe sóisialta a tháinig as na fórsaí seo ag cur le himeallú na Gaeilge mar theanga shóisialta sna pobail seo.

San SCT (2007) tá anailís ar dháileadh sochthíreolaíochta na gCatagóirí A, B agus C sna contaetha éagsúla Gaeltachta agus scagadh ar thorthaí 'Shuirbhé na nDaoine Óga' i gCuid 4 den SCT mar a léirítear go bhfuil gréasáin láidre Bhéarla ag feidhmiú i ngach cuid den Ghaeltacht, fiú sna ceantair ina bhfaightear an léiriú ar na gréasáin is mó Gaeilge, is é sin Catagóir A (féach Caibidil 3–6 san SCT).

### 1.3.2 Laghdú ar sheachadadh na Gaeilge sa bhaile

I saothair éagsúla taighde a scag seachadadh baile na Gaeilge sa Ghaeltacht (Mac Donnacha *et al.* 2005, Ó Giollagáin, 2002, 2005, 2011 agus an SCT 2007) léirítear gur deacair teacht ar cheantar



sa Ghaeltacht ina dtógtar breis is duine as beirt le Gaeilge sa bhaile. Is é sin le rá, fiú sna ceantair is mó Gaeilge, go mbíonn cainteoirí óga baile Gaeilge rannpháirteach i ngréasáin shóisialta chomhaoiseacha ina mbíonn ar a laghad leath na bpáistí ina gcainteoirí aontangacha Béarla go dtí go bhfoghlaiméidh siad Gaeilge ar scoil ach go háirithe.

### 1.3.3 Creimeadh ar dhlús an phobail Ghaeilge

Sna saothair chéanna (Mac Donnacha *et al.* 2005, Ó Giollagáin 2005, 2011 agus an SCT 2007) léirítear go bhfuil creimeadh suntasach á dhéanamh ar dhlús na bpobal Gaeilge sna ceantair ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt mar ghnás sóisialta i measc cuid shuntasach den phobal. Tá cónaí ar pháistí an staidéir seo i gceantar a bhaineann le Catagóir A, i gCois Fharraige agus i nDeisceart Chonamara. I gcás ceantair Chatagóir A, is í an phróifíl sochtheangeolaíochta atá á léiriú gur nós le mórchuid ghlúin na seantuismitheoirí an Ghaeilge a labhairt go príomha ina gcuid gréasán sóisialta agus teaghlaigh; gur nós measctha é Gaeilge nó Béarla a labhairt i gcás na glúine tuismitheoireachta / meánaosta; agus gur nós mionlaigh é i gcás an aosa óig an Ghaeilge a labhairt go sóisialta. Is é sin le rá gur lú agus gur laige an deis shóisialta a chuireann an pobal áitiúil ar fáil do labhairt na Gaeilge mar ghnás pobail anois ná an deis a bhí ann do na glúine roimhe seo. Dá bharr sin, níl an tacaíocht chéanna le fáil ón bpobal do shealbhú agus do shaothrú na Gaeilge ó ghlúin go glúin le hais mar a cuireadh ar fáil do na glúine roimhe sin. Ciallaíonn sé seo gur lú na deiseanna, na réimsí agus na comhthéacsanna a bhíonn ar fáil do na gasúir an Ghaeilge a chleachtadh agus a labhairt go sóisialta agus na scileanna teanga atá acu sa Ghaeilge a thabhairt chun forbartha dá bharr. Cloiseann siad agus labhraíonn siad níos lú Gaeilge ná na glúine a tháinig rompu; mar sin ní thagann an forás agus an fhorbairt chéanna ar na scileanna teanga agus a tháinig ar na glúine roimhe sin. Tuigtear ó thaobh léann na sochtheangeolaíochta de, maidir leis an laghdú ar líon na gcainteoirí baile Gaeilge agus le creimeadh dhlús na gcainteoirí Gaeilge sa phobal, go mbíonn impleacht dhiúltach ag na laig sóisialta seo d'acmhainn an phobail cainteoirí cumasacha Gaeilge a chothú.

### 1.3.4 An ghnóthachtáil oideachais i scoileanna sa Ghaeltacht

Sa chur síos atá ag Harris *et al.* (2006) ar chuid de thástálacha cumais Gaeilge, léiríonn sé gur fearr a d'éirigh le scoláirí i scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghalltacht ná le scoláirí Gaeltachta, cé nach bhfreastalaíonn ach céatadán an-bheag páistí ar Ghaelscoileanna agus an Ghaeilge sealbhaithe acu sa bhaile (Ó Riagáin 1997). Tharraing Mac Donnacha *et al.* (2005) agus an SCT (Fochaibidil 19.3) aird ar imní na dtuismitheoirí Gaeltachta i ngeall nach bhfuil ag éirí le cainteoirí óga dúchais leibhéal ardchumais a bhaint amach ina dteanga dhúchais agus nach bhfuil an 'saibhreas' teanga acu a mbeifí ag súil leis ó chainteoirí dúchais. I mbreithiúnas na ndaoine óga atá san SCT (Fochaibidil 14.6) léirigh siad gur fearr an Béarla atá acu ná an Ghaeilge agus ní bhréagnaíonn siad an léargas atá ag tuismitheoirí ar na ceisteanna seo. Tá plé san SCT (2007: 500) mar gheall ar an ábhar seo:

“Tá ag éirí leis na scoileanna Gaeltachta ina gcuid iarrachtaí dul i ngleic le gné amháin den dúshlán seo, .i. an cumas Gaeilge go ginearálta i measc na ndaltaí a threisiú sa chaoi is go mbíonn Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag formhór na ndaltaí ar chríochnú a gcuid blianta scolaíochta dóibh. ... Tugann sé seo (agus impleachtaí thaighde Harris 2006) le fios go mb'fhéidir go mbíonn an iarracht a chuirtear isteach i múineadh na Gaeilge do dhaltaí ó chúlra neamh-Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta, agus an meascán teanga a bhíonn i gceist sna scoileanna sin, ag baint de chumas na ndaltaí atá á dtógáil le Gaeilge ardchumas acadúil a bhaint amach ina dteanga dhúchais. ... Nuair a chuirtear faisnéis thaighde Harris (2006), Ó Curnáin (2007) agus breithiúnas na ndaoine óga féin gur fearr an Béarla ná an Ghaeilge atá acu (féach Fochaibidil 14.6) taobh le breithiúnas na dtuismitheoirí Gaeltachta ar acmhainn Ghaeilge na glúine óige feictear go bhfuil ceisteanna cinniúnacha teangeolaíochta á múscailt faoi na cuspóirí agus na cleachtais atá á bhfeidhmiú i gcás an oideachais Ghaeltachta.

Is léir, freisin, nach bhfuil ag éirí leis an gcóras oideachais sa Ghaeltacht ar chor ar bith cainteoirí gníomhacha Gaeilge a dhéanamh de na daltaí a thagann chun na scoile gan aon Ghaeilge. Go deimhin, tá fianaise ann ó Mhac Donnacha *et al.* (2005) agus ón suirbhé ar na daoine óga (Caibidil 15) gurb é a mhalairt atá ag tarlú, .i. go dtreisíonn a rannpháirtíocht sa

chóras oideachais i gceantair Ghaeltachta úsáid an Bhéarla i measc daoine óga Gaeltachta atá á dtógáil le Gaeilge.'

### 1.3.5 Polasaithe oideachais sa Ghaeltacht

Díríonn na saothair sin thuas uile aird ar ghnéithe éagsúla den easnamh a bhaineann leis an soláthar a dhéanann an córas oideachais ar an gcainteoir dúchais sa Ghaeltacht (Ó Cinnéide *et al.* 2001; Mac Donnacha *et al.* 2005; Mac Donnacha 2005; Ó Flatharta 2007; agus SCT 2007). Ní léir polasaí oideachais Gaeltachta a bheith ann. Ní léir idirdhealú a bheith á dhéanamh idir riachtanais na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimoirí Gaeilge. Ní léir cén struchtúr ná cén bainistiú oideachais atá á ndéanamh ar an scoláíocht do chainteoirí dúchais Gaeilge. Ní ann do churaclam a dhíríonn ar riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge. I dtaighde a cuireadh i gcrích glúin ó shin (Sture Ureland 1991) léiríodh nach raibh ag éirí leis an gcur chuige i scoileanna sa Ghaeltacht scileanna litearthachta sa Ghaeilge a fhorbairt i measc na ndaltaí a bhí inchurtha leis na scileanna litearthachta a bhí á bhforbairt acu i gcás an Bhéarla. Ní léir cén straitéis a cuireadh i bhfearas ón am sin i leith chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an réimse seo den ghnóthachtáil oideachais. Is cosúil go deimhin nach ceist reatha oideachais é míbhuntáiste seo na litearthachta sa mhionteanga ó thaobh lucht polasaí de.

### 1.3.6 Teanga dhúchais, teanga phríomhúil, teanga na forbartha pearsanta

Tá doiléire i bpolasaithe an chórais oideachais sa Ghaeltacht i láthair na huairé toisc gur deacair é a shainmhíniú i gcomhthéacs an chainteora dúchais (Mac Donnacha 2005; Ó Flatharta 2007), rud a chuireann leis na castachtaí a bhaineann leis an taithí atá ag an aos óg sa Ghaeltacht air. Cé acu múnla díobh seo a leanas a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm a d'fheilfeadh aos óg na Gaeltachta agus a d'fhreastalódh ar na spriocanna oideachais atá ag an gcóras oideachais sa Ghaeltacht maidir leis an nGaeilge?

- a) An tumoideachas dátheangach do mhórtheangóirí;
- b) An t-oideachas oidhreachtá fréamhaithe sa mhórtheanga;
- c) An t-oideachas dátheangach mionteanga agus mórtheanga;
- d) An t-oideachas mionteanga mar chéad teanga;
- e) An tumoideachas mionteanga;
- f) Meascán díobh sin.

Sa taighde seo leagamar romhainn anailís a dhéanamh ar an toradh teangeolaíochta dátheangach san aos óg (.i. an cumas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla) a eascraíonn as an taithí atá ag cainteoirí óga dúchais ar chúrsaí teaghláigh, pobail agus oideachais, chomh maith le réimsí cumarsáide nach iad. Ó thaobh an oideachais de, bainimid leas as torthaí an taighde seo le múnla imlíneach cuí oideachais a roghnú agus a dhearadh d'aos óg na Gaeltachta mar is mithid teacht ar shainiú cruinn ar chumas comparáideach na gcainteoirí óga dúchais d'fhonn cur chuige oideachais a mholadh ina leith. Chumamar tástálacha a d'fhéach leis an inniúlacht i leith táscairí éagsúla teangeolaíochta a scagadh sa chaoi is go mbeimis in ann tomhas a dhéanamh ar an acmhainn dhátheangach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Salitríocht ar léann na teangeolaíochta glactar leis go mbaineann an fhorbairt léacsach agus próiseáil na gcoincheap agus na gcastachtaí gramadaí sa chaint le céimeanna san fhorás cogneolaíochta. Is é aidhm an staidéir seo mar sin torthaí agus bonn anailíse a sholáthar a chuirfeadh ar ár gcumas tomhas a dhéanamh arb ionann a gcéad teanga agus an bonn don teanga phríomhúil atá ag cainteoirí baile Gaeilge, is é sin, cé acu teanga phríomhúil (is oiriúnaí) ag an aos óg: Gaeilge nó Béarla (nó meascán díobh). Ní gá gurb ionann an teanga dhúchais agus an teanga phríomhúil i gcás an dátheangachais mhionteanga. Is éard atá sa teanga phríomhúil an teanga is feidhmiúla atá ag páiste le tabhairt faoin bhforbairt phearsanta agus faoin bhforás cogneolaíochta. Is annamh an

chothromaíocht chumais sa dátheangachas. Is é an tátal a d'eascair as taighde Sheng *et al.* (2013: 14) ar dhátheangachas na Mandairínise agus an Bhéarla: 'The current result underscores the notion that perfectly balanced bilinguals may be more of a fantasy than reality ...'.

## 1.4 Sainmhínte

Anseo síos tá liosta sainmhínte de théarmaí tábhachtacha atá sa saothar seo.

- **T1** agus **T2**: Sa saothar seo, is é an chiall a thugaimid do T1 ná bunteanga na cumarsáide nó mairís na cumarsáide. Agus is é an chiall a thugaimid do T2 ná an teanga bhreise sa chumarsáid sin. Dá bhrí sin, mar shampla, i gcomhrá Gaeilge is í an Ghaeilge an T1 agus tugtar T2 ar fhocail Bhéarla i gcomhrá Gaeilge. Ar an gcuma chéanna, i gcomhrá Béarla, is é an Béarla an T1 agus tugtar T2 ar fhocail Ghaeilge sa chomhrá Béarla.<sup>3</sup>
- **Focal T1 Gaeilge**: focal Gaeilge a mbaintear leas as i gcomhrá Gaeilge.
- **Focal T2 Gaeilge**: focal Gaeilge a mbaintear leas as i gcomhrá Béarla.
- **Focal T1 Béarla**: focal Béarla a mbaintear leas as i gcomhrá Béarla.
- **Focal T2 Béarla**: focal Béarla a mbaintear leas as i gcomhrá Gaeilge.
- **Teanga phríomhúil**: an teanga is feidhmiúla atá ag duine ó thaobh na forbartha pearsanta agus cogneolaíochtúla agus na hidirghníomhaíochta sóisialta de.
- **Teanga thánaisteach**: teanga eile a bhfuil feidhm nó acmhainn ag an duine uirthi nach gcomhlíonann na riachtanais a bhaineann leis an bhforás peasanta, cogneolaíochtúil agus sóisialaithe chomh hiomlán leis an teanga phríomhúil.
- **Seachfhoirm** an téarma nua a thugaimid sa saothar seo ar fhoirm iarthraidisiúnta sa Ghaeilge chomhaimseartha nach dtagann le gnás na Gaeilge Traidisiúnta nó na Gaeilge Caighdeánaí; nó, sa Bhéarla, foirm nach dtagann le gnáthnoirm an Bhéarla (nó Bhéarla na hÉireann).
- Tugtar leagan **míchuí** ar leagan earráideach agus ar leagan iarthraidisiúnta araon. Cé nach furasta i gcónaí sa Ghaeilge leagan earráideach agus leagan iarthraidisiúnta a idirdhealú ó chéile, is leagan **earráideach** atá i gceist le leagan ar cosúil nach gclóíonn sé le haon chóras gramadaí (.i. ní chloíonn sé le córas traidisiúnta, ná caighdeánach, ná iarthraidisiúnta ná laghdaithe).
- Ar an gcuma chéanna tugtar **seach-leagan** ar chomhréir nó ar bhrí atá míchuí de réir na Gaeilge Traidisiúnta.
- Ar an gcuma chéanna tugtar **seachshéimeantaic** ar shéimeantaic nó ar bhrí atá míchuí de réir na Gaeilge Traidisiúnta; féach Fochaibidil 5.4.1.
- **Comhchlaonadh**: simpliú nó athrú i dtreo na teanga eile i réimsí éagsúla teangeolaíochta; féach, mar shampla, an t-aicmiú i bhFochaibidil 4.3.2.
- **Comhartha** (*token*): is é an bhrí a bhaintear as 'comhartha' ná eiseamláir (amháin) i gcomhthéacs (amháin), mar is gnás sa teangeolaíocht.
- **Leama** (*lemma*): féach an míniú i bhFochaibidil 2.1.
- Leagan **imscríofa** (*circumlocutory*): féach an plé i bhFochaibidil 3.2.3.

<sup>3</sup> Lipéad áisiúil don saothar seo atá i gceist sa bhrí seo. Ní hionann an chiall seo agus an bhrí a bhaintear go hiondúil as an téarma 'T1' (Teanga 1), .i. an chéad teanga a labhraíonn páiste. Is ionann sin agus an mháthairtheanga. Is é an bhrí a bhaintear go hiondúil as an téarma 'T2' (Teanga 2) ná an teanga a d'fhoghlaim duine i gcomhthéacs eile seachas sealbhú príomhúil na máthairtheanga.

- **Buntuiséal:** foirm an ainmfhocail ar ionann é agus an tuiséal ainmneach (agus a fheidhmítear go minic sa suíomh ginideach); féach, mar shampla, Fochaibidil 2.9.1.
- **Páiste meánach** nó **dalta meánach:** tagraíonn luach meánach don toradh atá ar an meán i sraith faisnéise uimhriúla. Is féidir a rá gurb é luach an pháiste mheánaigh nó an dalta mheánaigh an toradh atá ar an meán i measc thorthaí dhaltaí an taighde seo.
- **Z-scór** (Z-score): líon na ndiall caighdeánach atá toradh ar leith ó mheán thorthaí an ghrúpa, féach an plé i bhFochaibidil 6.10.
- **P-luach** (*p*-value): an dóchúlacht go bhfaighfí toradh i sampla a bheadh ar a laghad chomh foircneach leis an toradh a fhaightear, nuair atá an tsainhipitéis ( $H_0$ ) fíor, féach an plé i bhFochaibidil 5.10.
- **An tsamhail líneach ghinearálta** (*general linear model*): féach an plé i bhFochaibidil 9.3.2.
- **Cainteoir dúchais** Gaeilge: duine a thógtar le Gaeilge i bpobal Gaeilge agus gurb í an Ghaeilge an teanga a labhraíonn a thuismitheoir(í) leis mar phríomhtheanga bhaile. Sa saothar seo seachnaímid ceisteanna sainmhíthe faoin rud is ‘cainteoir dúchais’ nó ‘leathchainteoir’ nó ‘fochainteoir’ ann mar gur féidir leis na ceisteanna seo a bheith straeúil i gcomhthéacs chastachtaí an dátheangachais.
- **Cainteoir laghdaithe:** duine a bhfuil sealbhú laghdaithe déanta aige ar theanga.
- **Infheidhmiú, próiseas an infheidhmithe:** an próiseas trína mbaineann páiste (nó aon duine) feidhmiúlacht amach i dteanga, is é sin, próiseas i dtreo acmhainne iomlánaíche feidhmí sochtheangeolaíochta.

## Léitheoireacht bhreise

Adesope, O. O., Lavin, T., Thompson, T. agus Ungerleider, C. (2010) ‘A systematic review and meta-analysis of the cognitive correlates of bilingualism’, *Review of Educational Research* 80, 2: 207–45.

Fishman, J. A. (1989) *Language and Ethnicity in Minority Sociolinguistic Perspective*. Clevedon: Multilingual Matters.

Fishman, J. A. (1991) *Reversing Language Shift*. Clevedon: Multilingual Matters.

Fishman, J. A. (eag.) (2001) *Can Threatened Languages be Saved? Reversing Language Shift Revisited: A 21st century perspective*. Clevedon: Multilingual Matters.

Hickey, T.M. (2012) ‘ILARSP: A Grammatical Profile of Irish’ In Ball, M. agus Fletcher, P. (eag.í). *The Languages of LARSP*. Clevedon, Avon: Multilingual Matters. 149–66.

Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. agus Ó Curnáin, B. (eag.í) (2012) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac.

Nic Eoin, M. (2013) ‘Saothrú na sochtheangeolaíochta; An tSochtheangeolaíocht: feidhm agus tuairisc (Ó hIfeárnáin, Ní Neachtain); An Chonair Chaoch: An mionteangachas sa dátheangachas (Lenoach, Ó Giollagáin, Ó Curnáin)’. *Éigse* 38: 306–24.

Ó Curnáin, B. (2009) ‘Mionteangú na Gaeilge’ in Ó Catháin, B. (eag.) *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge: Léachtaí Cholm Cille* 39. Maigh Nuad: An Sagart. 90–153.

SCT - Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. agus O’Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. BÁC: Oifig an tSoláthair.

# Introduction

This research report was commissioned by An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) and awarded in 2009 to the National University of Ireland Galway in collaboration with the Dublin Institute for Advanced Studies. COGG requested that the research should examine the nature of the acquisition of Irish among young native speakers in their current circumstances, in the context of the sociolinguistic pressures brought to light in the results of the *Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht* (CLS 2007; *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*). The CLS demonstrated that language acquisition in the current social context is highly fragile among Gaeltacht families. COGG requested a detailed analysis of the internal linguistic features of native Irish as spoken by young speakers (an analysis that supplements the external sociolinguistic analysis of social trends and self-reported bilingual ability highlighted in the CLS). In combination, the CLS and this report provide a reasonably complete description of quantitative and qualitative aspects of contemporary Gaeltacht circumstances, from both a community and linguistic perspective. Therefore, the purpose of this research report is, as it were, to put qualitative flesh on the quantitative bones of the CLS — an up-to-date linguistic description complementing the sociological analysis.

Among the trends noted in the CLS, two were of particular importance: the decrease in the acquisition of Irish as a home language and the centrality of English-language socialisation among young speakers. In this research, we were asked to provide data on the implications of early English acquisition on the acquisition of Irish in the bilingual context evidenced in the CLS. This report provides an analysis of the effect of bilingualism on both the Irish- and English-language ability of young Irish native speakers in the contemporary Gaeltacht, focusing on the linguistic acquisition of children whose home language was exclusively Irish.

As challenging as the main conclusions of this research are regarding the reduction in the acquisition of Irish, and consequently their impact on the sustainability of the Gaeltacht, this research was undertaken in order to provide clear analysis for Gaeltacht communities, for the Irish people and for speakers of minority languages internationally, in order to understand the condition of minority language acquisition with a view to recommending approaches aimed at full acquisition — ‘understanding is the initial step on the road to a more hopeful outcome’ (‘coiscéim tosaigh an bheartais dóchais í an tuiscint’, Lenoach *et al.* 2012: 17). Parents, teachers, community leaders as well as policy makers in education and other state sectors can enhance the likely outcomes of their actions based on the information presented in this research report, thus informing approaches aimed at improving the current situation.

This research report’s findings are based on the analysis of the speech of children whose home language is exclusively Irish. The region of Cois Fharrage and South Conamara in Co. Galway were chosen for this research. This area was chosen because it exhibits the highest density and percentage of home acquisition of Irish: this is the strongest Irish-speaking area left. The CLS shows that approximately 60% of all native speakers of Irish in the entire Gaeltacht live in this area (in the 14 Electoral Divisions which encompass Category A in Cois Fharrage and South Conamara).<sup>1</sup> The results of this survey present analysis of the best contemporary achievement in the acquisition of

<sup>1</sup> The three Gaeltacht Categories refer to the classification set out in the CLS of the Irish-speaker profiles found in the Official Gaeltacht. Category A: area containing the highest levels of active Irish speakers. Category B: area where shift to English is well established. Category C: area where shift to English has been completed in the community in general (except for some older Irish speakers).



Irish in the 7–12 year-old age group, in this, the area with the highest number of native speakers of Irish, and we compare this Irish acquisition to the acquisition of English among the same children. There is no doubt that the quality of attainment in Irish acquisition in the Gaeltacht (Category A in this instance) among children whose home-language is English (or both Irish and English), and who represent half the relative age cohort, is significantly lower than the attainment of Irish found in the results of the exclusive Irish age cohort in this survey. The attainment reported here, for the best half of the age cohort (for Irish), ‘is as good as it gets’ or the best that one can reasonably expect to find in a sample this size in the current circumstances of Irish.

## 1.1 Methodology

There were eight main procedures involved in this study:

1. Developing tests and assessment procedures of Irish and English ability.
2. Sound recording of interviews with the children containing the tests and assessment data.
3. Production of transcripts of the sound recordings of tests and assessments from each child’s interview.
4. Extraction of linguistic data from the recorded and transcribed interview material according to variables chosen to reflect relevant linguistic categories.
5. Production of a computerised database of statistical and linguistic data according to linguistic and social variables.
6. Analysis of the presence and absence of linguistic functionality according to variables chosen to quantify linguistic achievement in Irish and English; a summary score was given for achievement in Irish and another for achievement in English.
7. Comparison of the achievement in both languages in order to estimate bilingual ability; a bilingual score index was developed for both languages based on the language scores.
8. Writing up our report based on the analysis.

### 1.1.1 Development of testing and assessment tools

We based the analysis in this study on recordings of children as they described and discussed picture books. There were two steps to each recorded interview:

- (a) First, the interviewer asked the children to describe the action shown in a picture book and to narrate the story illustrated by the pictures.
- (b) Then, the interviewer asked the child to go back over the picture book, to answer specific questions and to complete certain tests based on the story and on the same pictures.

The same process was used for both languages, with a gap of two weeks between interviews; either the Irish or English interview took place first, with the interview in the other language approximately two weeks later. In one school interviewers had to undertake both interviews on the same day due to time constraints. Four picture books from the same series were used: *The Little Red Train: Runaway Train*; *Race to the Finish*; *Little Red Train to the Rescue*; *Green Light for the Little Red Train* (Blathwayt 1995, 2003, 2006, 2007). Half of the children were initially interviewed in Irish, and the other half in English. A different book of the four was used by each child for each language; this meant a balance between the order of interviews and the choice of book. A fourth of the interviews in Irish and a fourth of those in English, for example, made use of the book *Runaway Train*. This series was chosen because the material was appropriate for the pupil’s age group and because of the number of events and activities represented in the pictures, all of which would give the children the opportunity to describe or narrate the story in the books. The printed text

accompanying the pictures was covered with white stickers in order to completely hide the text, so that the children would not be able to read any text and so that any textual or other linguistic input would be restricted.

An effort was made to undertake the interviews in as monolingual a mode as possible for each of the two languages. The children were told that the picture books were written in French (so that an Irish language mode would not impact on the English language mode, or, *mutatis mutandis*, an English mode on the Irish mode), and the interviewers were instructed to speak monolingually, either exclusively in Irish or exclusively in English. A monolingual approach to each language was chosen to provide a suitable basis for the comparative analysis and to enable an assessment of the highest attainment levels and abilities of the children in each of the two languages separately. At the beginning of the study it was clear to us that it was easier for the children to use an exclusive monolingual mode in English rather than in Irish, as is common in the case of minority languages (majority language in monolingual mode vs. minority language in bilingual mode), although a conscious effort was made throughout the interviews to access ability in each language separately. This is not to say that the children themselves employed an exclusive monolingual mode in the interviews. Most often the children employed a monolingual mode in English. In contrast, they generally employed a bilingual language mode in Irish except for a few pupils.

We prepared a questionnaire on the sociolinguistic traits and sociological background of the children. This questionnaire was completed with one of the teachers (usually the school principal) in each school. Table 1 contains the categories from the questionnaire results as well as other relevant sociological information.

General	School
	Place of Residence
	Age
	Gender
School	School socialisation (language of socialisation, proportion of Irish speakers)
	Academic attainment
Home	Parents (place of residence, type of speaker, occupation)
	Number of siblings
	Information technology (television, computers, X-box, Playstation, Wii, etc.)

Table 1 Sociolinguistic information collected through questionnaire.

The five characteristics drawn from this questionnaire and relevant to the results of this research are: age, gender, academic ability, exposure to television (i.e. exposure to information technology generally), and the ratio of Irish speakers in the school classroom of the child (number of active speakers of Irish in comparison with the number of children in the students' class (and school)).

The data reported by teachers on the social, sociolinguistic and educational backgrounds of the children were used for the sociological categorisation of the analysis of the level of acquisition of Irish and English respectively as demonstrated by the children in the linguistic assessments undertaken for this study. The parents (of all the children who were assessed in this study) are all native speakers of Irish from the Gaeltacht. The children were chosen to participate in the study on the basis of the teacher's report that the children were spoken to exclusively in Irish by their parents at home. The study contains a total sample of 50 children, aged between 7 and 12 years of age, from eight schools. There are 24 girls and 26 boys in the sample.

Normal ethical guidelines for undertaking research with children were followed in this study, especially with regard to the anonymity of the children and the schools in the presentation of the results. This research does not find fault with or lay blame on any particular individual or group. Sociological and sociolinguistic insights are the focus of this work and no individual or his or her personal details are discussed.

### **1.1.2 Interviews**

The children were interviewed twice. Each interview was in two parts; first, an individual interview with a child on his or her own (in Irish and English separately), and second, two children from the same school speaking together (in Irish and English separately). Colm Ó Méalóid, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, in An Cheathrú Rua, provided advice and assistance with technical aspects of the recordings and their storage.

Each individual interview contained two sections. After putting the children at ease and following a short general conversation between the interviewer and child, each child was asked in the first part of the interview to tell a story based on the pictures in the chosen book, using questions prepared in advance for the interviewer. A more structured discussion, still based on the picture book, was sought in the second part of the interview, where the child was required to respond to specific questions, and in one task, the child was requested to formulate questions (See Aguisín A–D).

Interviews were carried out by the main interviewers Belinda McHale and Laoise Ní Thuairisg. Both main interviewers completed half their interviews in English and half in Irish.<sup>2</sup> Due to time pressures, Brian Ó Curnáin and Conchúr Ó Giollagáin assisted the main interviewers in one school. In total the recordings of interviews consist of 69 hours and 20 minutes of speech. Most of the time was spent on the individual interviews (more than 29 hours of interviews in Irish and more than 20 hours in English).

The teachers confirm that the children assessed in this report had no communicative or aural difficulties or specific language impairment, apart from one child whose pronunciation in both languages was slightly non-optimal. Schools in the Category A Gaeltacht in Co. Galway were selected for this survey. This survey area represents the largest Category A area in the country and thus contains the greatest density of Irish speakers in the country. Schools in proximity to each other, but not coterminous with Category B or C boundaries, were selected until the quota of 50 pupils was reached.

### **1.1.3 Analysis of recordings and development of the database**

Consistent with ethical requirements, a unique identifier was assigned to each child. All the interviews were initially transcribed and these transcripts formed the basis for analysis. The following people assisted in transcribing the recordings: Anne Ní Choirbín, Paula Ní Chionnaith, Mairéad Ní Laocha and Tamás Péterváry. The transcripts contain a total of 1,830 pages (522,870 words). Tamás Péterváry checked the transcripts of each interview, which were then reviewed by Tamás Péterváry and Brian Ó Curnáin together. An analysis was carried out on the transcripts of individual interviews (both Irish and English interviews) which represent approximately 82% (428,953 words) of the recorded and transcribed material.

Analysis was carried out on the Irish-language interviews according to the following nine linguistic features: vocabulary, morphology, syntax, semantics, pragmatics, fluency, grammatical gender, initial mutations and phonology. Chapter 1 presents the results of the analysis of the data from the Irish-language interviews, and Chapter 2 covers the analysis of material from the interviews in English. As concerns the English-language interviews, analysis was undertaken on the following six linguistic features: vocabulary, morphology, syntax, semantics, pragmatics and fluency.

### **1.1.4 Comparative ability in both languages**

Chapter 3 presents the direct comparison of the ability in the two languages for those linguistic features where direct comparison is possible: vocabulary, morphology, syntax, semantics, pragmatics and fluency. Direct comparison provides a detailed statistical basis for establishing

<sup>2</sup> With regard to the research results, no statistically significant effect on the children's linguistic attainment results was found for the language order of the interviews (Irish interview first or English interview first); neither was any statistically significant difference found between the children's linguistic attainment according to which of the two main interviewers carried out the interview.



children's relative ability in each language, in the context of bilingualism. Categories where an indirect comparison can be made between the two languages are also defined. We focused on those linguistic categories where there is evidence indicative of change towards the other language (either through internal development or through contact-induced influence of the other language). Other internal changes were categorised as "inappropriate" based on the accepted norms of Irish (whether traditional local standard or national standard). Although we use the term 'internal changes' to refer to these changes, it is important to highlight the significance of high incidences of such changes in the context of bilingualism, and indeed, for some of these changes, arising from bilingualism. For a minority language, it is important to note the following:

- Many of the parents of the children in the study have a relatively well-developed ability in Irish (in comparison with that of the children), i.e. many of the parents and other adults have a competence in Irish at a level that can be considered traditional.
- The parents and the community employ a significant level of codeswitching in Irish; these represent the speakers from whom the children acquire their Irish.
- It is both challenging and complicated to identify the target of acquisition, for both the child and researcher alike, because the child is acquiring language in a context of such a high level of codeswitching, of reduced or incomplete acquisition and of majority-language acquisition.

For these reasons, when a specific linguistic form or variant is referred to in this study as "inappropriate" or that it is a "divergent" form, this implies that the form does not concur with Traditional Irish (i.e. the norms of previous generations of native speakers of Irish) or with a version of Standard Irish. Both "inappropriate" forms and "divergent" forms are common in the vernacular, especially among those born after approximately 1980. For Irish there is a 'constantly moving target'. The consequences of this reality are the focus of this survey: that there is a constraint on the intergenerational transmission of Irish related to interference from the social functionality of English (and the prevalence of English in the media). In the context of unbalanced bilingualism in a minority-language community, one finds that norms can be identified with regard to acquisition of the majority language, but it is much more difficult to identify a norm in the acquisition of the minority language. Additionally, as is often the case in majority and minority language contact, the normal milestones in the acquisition of Irish and detailed phases of acquisition of Irish have not been thoroughly established. International scholarship, however, shows that most acquisition has been completed by the age of the subjects of this study (at the time the data were collected from them). Since most of the results of this study point to the same underlying trends, the discussion is not overly dependent on any particular linguistic feature, and neither is the analysis dependent on the attainment in a few linguistic features whose acquisition requires a longer timescale. Also, as is demonstrated in this study, it is not possible to define such milestones and phases in full acquisition of Irish based on the current generation of young native speakers (because of the prevalence of contemporary reduced acquisition as shall be demonstrated in this report).

Chapters 5 to 8 of this report analyse comparative linguistic data according to four of the sociological variables pertaining to the children. Age, gender, academic ability and exposure to television were selected as variables for analysis. Although a full analysis was carried out on each of these variables, only the most significant points and those which clearly demonstrate the relation between the two languages are included in this report.

### **1.1.5 Results of the report**

Chapter 9 covers conclusions relating to the impact of bilingualism on linguistic and sociolinguistic attainment. In the final chapter, Chapter 10, we discuss the implications of the current state of Irish acquisition for the Gaeltacht communities, where native speakers still remain, and for the whole country. In order to address these challenges we put forward a series of recommendations

to guide those who wish to transmit Irish to the next generation. Recommendations are also made for the benefit of the Department of Education and Skills. Chapters 9 and 10, therefore, focus on how best to support the Irish-speaking community based on a realistic assessment of its current circumstances.

## 1.2 Ability and dominance in bilingualism

When discussing bilingualism, it is necessary to emphasise the following eight basic facts:

- as well as the **practical, economic, personal, social and cultural advantages** associated with an ability in an additional language, bilinguals are often found to have certain **cognitive advantages** over monolinguals
- there is usually an **imbalance** in linguistic ability for most bilinguals between their two languages: the more competent language is referred to as the **dominant language**; **unbalanced bilingualism** is the universal norm as is, therefore, **dominant bilingualism** (i.e. one dominant language and one dominated language)
- a bilingual's competence in his or her **weaker language** or **weak language** is generally far less developed than a monolingual speaker's competence
- **linguistic influence** or **language interference** generally proceeds from the dominant language to the weaker language; that is to say that the dominant language influences the weaker language more than the other way around
- the **language of greater ability is easier** for a person to use; the person therefore uses it more often, both in speech and writing
- **individual** bilingualism and **societal** bilingualism are distinct entities
- **additive bilingualism** refers to advantageous bilingualism without disadvantage to either language, with regard to the individual or society, and **subtractive bilingualism** refers to disadvantageous bilingualism, with regard to the individual or society; from a majority language perspective, bilingualism can often be additive and advantageous, but from the perspective of minority languages, bilingualism can often be both subtractive and disadvantageous
- it is bilingualism, either individual or societal, which most often leads to language **death**, as can be seen in many cases today.

In this research we propose to assess the bilingual ability in Irish and English among pupils in the senior classes of primary schools in the 'Category A Gaeltacht' of Co. Galway. Evidence has been gathered over recent years which indicates that this young generation has a high level of ability in English, and that their Irish is substantially different to that of older generations. In the CLS, a majority of secondary school pupils in Gaeltacht Category A (as well as in all other official Gaeltacht areas) reported that their ability in English was better than their ability in Irish. It has been known for quite some time that literacy levels in English are higher than those in Irish for the majority of young and middle-aged people in the Gaeltacht.

This is the first study undertaken in Ireland of spoken bilinguals' Irish-English competence. This research is based on a sample of children who are being raised through Irish exclusively, i.e. parent input is monolingual (but generally with code-switching), and the parents are native speakers of Irish. We sought to answer three research questions relating to this age group:

1. Are Irish-English bilinguals balanced or unbalanced in their linguistic ability?
2. Is ability in one language dominant over the ability in the other?

3. Is there evidence of bilingual acquisition on the linguistic achievement in both languages, especially with regard to Irish, and if so, in which grammatical and linguistic domains?

There was also an important additional research question, for which only a small amount of evidence was available:

- Is there evidence for sociolinguistic or sociological conditioning on the various levels of bilingual attainment?

Speech is the primary mode in general language competence. When people speak, they demonstrate their ability in their language or languages, and this ability is the most basic of communicative abilities. Therefore, in order to assess bilingualism, it is most important to focus on analysing spoken language or languages, the most important linguistic skill in bilingual competence. Such assessment can be accomplished using a variety of methods. International research has demonstrated that self-assessment in language ability is a simple and reliable measure, including parental reports or the self-reports of young people and adults on their own abilities (with the exception of self-report of balanced ability in more than one language).

In this study, the children were recorded in interviews focusing on their spoken ability while narrating and discussing stories about pictures in picture books depicting aspects of urban and rural life. In addition, the children were recorded answering questions for relevant linguistic assessment, and they were required to produce questions, based on the picture books. These procedures were designed to elicit evidence of their linguistic ability in particular grammatical structures and language forms of research interest. Based on the transcripts of these interviews, the children's ability in English and Irish was analysed. The linguistic ability of each child in comparable domains in Irish and English can thus be compared. This type of multifaceted analysis, in this study and in similar international research, demonstrates that it is possible for speakers to be dominant in Language A in certain linguistic domains and for the same speakers to be dominant in Language B in other linguistic domains.

Following the assessment of each language for various linguistic categories (e.g. nominal plural and verb inflection), the achievement in these linguistic categories can be collated and summed up for each language and scored to indicate general competence. The general competence of each child in each language can then be established. The total linguistic outcomes of the analysis in each language can be compared for each child, and it is therefore possible to group children, for example, by age and gender. A speaker who attains a similar result or score in each language can be said to be a relatively balanced bilingual, while a speaker whose scores are not similar in both languages can be said to be an unbalanced bilingual. A speaker whose result or score in Language A is considerably higher than that of Language B can be said to be dominant in Language A (in other words, Language A is dominant in terms of the speaker's competence or attainment). Based on this analysis, a level or scale of balanced / unbalanced bilingualism in speakers, i.e. a bilingual score index, was produced, and we established the dominance of one language over the other.

### **1.2.1 Ability, dominance and reduction in minority languages**

It is important to remind ourselves of the following seven basic realities of the minority language condition:

- the **majority language** is more or less **ubiquitous**
- **codeswitching** is especially common in the minority language, while the majority language is generally used in a monolingual mode, normally without codeswitching
- **codeswitching** can impede language attainment in acquisition
- a **mixed language** or code can arise as the vernacular in the minority language speech community

- **simultaneous, unidirectional** bilingualism often arises during the process of acquisition: ‘simultaneous’ (acquisition of majority language at a very young age, simultaneously with the minority language); ‘unidirectional’ (the minority language speaker must acquire the majority language, although the majority language speaker does not have to learn the minority language)
- in this type of context, the acquisition of the majority language is often or typically more effective, the majority language is typically **dominant**, and the minority language is typically characterised by **incomplete acquisition**
- in relation to the two languages in a bilingual situation the typical **direction of influence** and **codeswitching** is that the dominant language has the greatest influence on the language of least competence or the language of incomplete acquisition (i.e. dominant language → reduced language).

In the context of bilingualism linguistic ability is complex and difficult to assess. It is especially important, therefore, to initially establish a method of comparison with other bilinguals’ competence (in the same two languages). In the case of minority languages, especially where the majority language has had a substantial influence or where incomplete acquisition has been a feature in the community over the years, there are further difficulties as to the assessment of the minority language. It is unclear what the ‘target’ of acquisition is for a minority language which is undergoing considerable change under the influence of a majority language and where acquisition is often incomplete. What is ‘correct’, both functionally and in comprehension, in a minority language which is significantly influenced by a majority language? These additional challenges regarding definition and assessment for minority languages highlight (in contrast to the relatively certain, standard targets in ultimate attainment established for the majority language) the difficulties faced by minority language communities who desire to foster an ongoing competence through language transmission between the generations.

As a practical solution for the problems addressed in this study, the ability in Irish of the children was assessed with reference to either Traditional Irish (as described in the comprehensive dialect literature) or standard Irish (as defined by the Official Standard (An Caighdeán Oifigiúil 1957 and other editions) and found in standard textbooks) as was appropriate. By virtue of this method, at least, the significant change which is evident in Post-traditional Irish becomes clear. It is not claimed here that reduced ability is implicated in every change in Post-traditional Irish; but taken together, these changes provide clear evidence of deficiency, as set out in the literature on incomplete acquisition and on language death. Speakers of mixed or weakened languages, or heavily codeswitched languages, can still acquire a certain level of functionality, but it is most likely, especially in minority language communities around the world, that competence determines communication. This is the case with young speakers in the ‘Category A Gaeltacht’, most of whom speak English to each other.

When the many various features of Post-traditional Irish are collated, as have been identified and discussed in recent years in different academic publications, a gap has been demonstrated in ability and functionality between Post-traditional Irish and Traditional Irish. Some developments in Post-traditional Irish have arisen from the influence of the majority language and codeswitching; other changes are due primarily to incomplete acquisition; still others, through a combination of these two factors. Which of the above influences, due to codeswitching, incomplete acquisition, or a combination of both (or other causes), is responsible for any particular change depends on speech practices in the community for the past twenty or forty years. On the one hand, the anglicisation of the pragmatic system of Irish has been taking place for several generations, e.g. *you know* replacing *an bhfuil fhios agad* (‘do you know’) and *tá fhios agad* (‘you know’). Therefore, in the case of a young speaker lacking Irish discourse markers, such as *tá fhios agad*, it is possible to determine that these were lacking from his or her sources of acquisition, rather than their absence being an instance of incomplete acquisition. A similar analysis can be applied to the loss of the indirect relative particle, which is being replaced by the direct relative particle. In morphology, on the other hand, most middle-aged speakers still produce the comparative forms of the adjective, e.g.

*beag* → *níos lú* ('small → smaller'). A young speaker who does not produce comparative forms as part of his or her repertoire, e.g. using *níos beag* instead of *níos lú*, is considered in this study to be demonstrating incomplete acquisition. It is possible, of course, to reach the same or a similar outcome due to a transgenerational change towards the majority language, e.g. *tá fhios agad* → *you know* (in the parental generation), and change due to incomplete acquisition or language attrition, e.g. *níos lú* → *níos beag* (in the younger generation); and it is often difficult or unnecessary to distinguish between the two processes. They operate in tandem in the minority language context.

### 1.2.2 Sources and literature

There is a wide, abundant literature covering various aspects of bilingualism, the minority language condition and language death; for reasons of space it is possible to mention here only a small selection of references. Much of what has been discussed above with regard to Irish has been based on Dorian (1973, 1977, 1978, 1981), Lenoach, Ó Giollagáin and Ó Curnáin (2012), Mac Con Raoi (2011), Nance (2013), Ó Curnáin (2007, 2009, 2011), Ó Giollagáin and Mac Donnacha *et al.* (2007, CLS), Smith-Christmas and Smakman (2009), and on Sture Ureland (1991).

Further afield, Schmidt (1985) examined the sociolinguistics and grammar of the reduction and loss of Dyrirbal in Australia (and more recently Simpson and Wigglesworth (2008) on other native Australian languages); Trudgill (1977) described the reduction and death of Albanian in Greece; Jones (1998; 2001, 2005) presented incontrovertible evidence for the reduction and death of, respectively, Welsh in Wales and Jersey Norman French on the island of Jersey.

There is similar evidence on the reduction and death of French in Louisiana in Dubois and Noetzel (2006). Heritage languages in the United States and Europe are increasingly the focus of research, with the thesis of incomplete acquisition investigated especially persuasively by Montrul (2008) in the context of Spanish speakers. The results of the important groundbreaking long-term research of Spanish speakers in Miami, Florida, are reported by editors McCardle and Hoff (2006) and the discussion of the role of input in acquisition is presented in Pearson, Fernández, Lewedeg and Oller (1997). De Leeuw, Schmid and Mennen (2010) consider German speakers in the United States, while Polinsky (2008) examines Russian speakers.

Similar outcomes are reported for French speakers in Canada, e.g. King (2008) and Mougeon and Beniak (1991); and for the autochthonous peoples of North America, e.g. Wright, Taylor and Macarthur (2000) on Inuit. Dutch researchers are particularly productive with regard to their own heritage languages, e.g. Boumans (2006) on Arabic. Gathercole and Thomas (2009), in the context of Welsh, present a persuasive evidence-based argument in favour of early monolingual acquisition in the minority language. There is an astute discussion in Matras (2009) on the linguistic outcomes of bilingualism and minority languages, and on the process of (unbalanced) bilingual acquisition in Yip and Matthews (2007).

The most comprehensive evidence to date on the negative impact of codeswitching on attainment in vocabulary for bilingual children is presented in Byers-Heinlein (2013), along with discussion of the absence of such positive evidence of this negative association in previous studies. Calvet (2006) explores the general tendency that the general language of the community or of socialisation usually becomes dominant in acquisition, and that therefore the language spoken in the child's particular family does not determine language dominance. Crystal (2000) presents a general outline of the phenomenon of language death. The rarity of balanced bilingualism is evidenced in, e.g. Flecken (2010) for German–Dutch, and Sheng, Lu and Gollan (2013), for Mandarin–English. The instability and tipping-point characteristics of societal bilingualism are considered in, e.g. Abrams and Strogatz (2003), Castelló, Eguíluz and Miguel (2006) and Minett and Wang (2008), while de Swaan (2001) looks at the world linguistic system, or the ecology of languages.

For the convenience of the reader we avoid copious use of academic references throughout this report, since much relevant material is already available in Lenoach *et al.* (2012) and in the publications of other authors, such as Dressler (1996), Dubois and Melançon (1997), Dubois and



Noetzel (2006), Fishman (1989, 1991, 2001), Francis (2005), Gathercole and Thomas (2009), Hagège (2009), Hill and May (2013), Jones (1998), Koven (2007), Krauss (1992, 2006), and Montrul (2008). As for the linguistic analysis, we also avoid citing references and base our analysis on dialect and linguistic studies, for example, de Bhaldraithe (1945, 1953), Ó Curnáin (2007), Ó hAnluain (1960) and the Official Standard (An Caighdeán Oifigiúil 1957).

### 1.3 Sociolinguistic background to the study

The sociolinguistic literature provides a relevant background to the theme of this research. Among the insights which have emerged from sociolinguistics with relevance to analysing the nature of the bilingualism practiced by the young people in this study are:

- Social and demographic changes to the composition of Gaeltacht communities
- Analysis of the reduction in family transmission of Irish and the implications of this for the social basis of Irish outside the family, i.e. the social use of Irish by young people within their own peer groups
- Analysis of the corresponding implications of the erosion of the percentage of the community who are active Irish speakers in the Gaeltacht
- Comparison of educational attainment in Gaeltacht schools with attainment in other schools
- Analysis of the effectiveness of policies and educational approaches which are implemented in order to promote the personal and academic development of young people in the Gaeltacht.

This study was undertaken to provide a more comprehensive understanding of the implications of early bilingualism (in Irish and English) for the acquisition of native Irish by young speakers in the Gaeltacht.

#### 1.3.1 Social and demographic changes

Ó Riagáin (1997), Hindley (1990) and the CLS (2007) all consider the implications of social changes which have occurred since the 1970's especially, as they impact on the composition of Gaeltacht communities. These trends have strengthened and accelerated since then, due, among other things, to the State policy of modernisation of the socioeconomic basis to official Gaeltacht areas and their traditional communities. The State sought to achieve this goal through the industrial policies of Gaeltarra Éireann/Údarás na Gaeltachta, by supporting employment in manufacturing. No comprehensive consideration, however, was given at that time, or indeed, has been instigated since, to developing or implementing policies or strategies to manage the implications of social change arising from these socioeconomic developments and to help sustain the Gaeltacht as an Irish-speaking region.

Ó Riagáin (1997: 141) describes how small Gaeltacht communities became connected to social, economic and educational networks and how patterns of migration increased local communities' contacts and interactions with the English-speaking world at regional, national and international levels. Participation in these new English-speaking networks, according to Ó Riagáin, strengthened the process of language shift in the Gaeltacht. Hindley (1990) also states that new socioeconomic forces promoted an increase in the use of English in Gaeltacht social networks, concomitantly undermining and marginalising the use of Irish.

The analysis in the CLS (2007), which defines Category A, B and C areas in the several Gaeltacht counties, and the review of outcomes from the 'Survey of Young People' in Part 4 of the CLS, demonstrate that all Gaeltacht areas include substantial English-speaking networks, even in the areas which contain the most significant Irish-speaking networks (see Chapters 3–6 in the CLS).

### **1.3.2 Weakening of acquisition of Irish in the home**

Various research studies focusing on the acquisition of Irish in the Gaeltacht (Mac Donnacha *et al.* 2005, Ó Giollagáin, 2002, 2005, 2011 and the CLS 2007) have shown that it is now difficult to find a Gaeltacht area where more than one child in two are being raised speaking Irish. This means that even in the areas where Irish is most prevalent, young native home-speakers of Irish are participating in social networks where at least half of their peers are monolingual English speakers who remain practically monolingual prior to the opportunity of learning Irish at school.

### **1.3.3 Erosion in the social density of community Irish speakers**

The same research (Mac Donnacha *et al.* 2005, Ó Giollagáin 2005, 2011 and the CLS 2007) shows that there is an ongoing, marked erosion in the social density of Irish speakers in those communities where Irish is a normal medium of communication among a significant section of the population. The children assessed in this research live in the Category A Gaeltacht region of Cois Fharráige and South Conamara. The sociolinguistic profile as defined for Category A is that a majority of the generation of grandparents speak Irish primarily in their social and family networks; that the practice is more mixed for parental and the middle-aged group; and that the social use of Irish is confined to a minority in the younger age group. In other words, the social foundations that the community provides to this generation of Irish speakers via general linguistic input is more limited and weaker than that of previous generations. The implication of this progressive erosion from one generation to the next in the social foundation of Irish is that there is less support from the community for the acquisition and development of Irish than there had been for previous generations. This means that there are fewer opportunities, domains and contexts for young people to practice and speak Irish communally, in comparison to such contexts for older generations, and therefore to develop the linguistic skills they have in Irish. They hear and speak less Irish than previous generations: their linguistic attainment and development therefore does not reach levels comparable to those of earlier generations. Sociolinguistic research has shown that both a decrease in the number of home speakers of Irish and the erosion in the density of Irish speakers in the community have negative implications for the ability of the community to produce competent Irish speakers, due to these social fragilities and weaknesses.

### **1.3.4 Educational performance in schools in the Gaeltacht**

Harris *et al.* (2006) reported that Irish-medium school pupils in the Gaeltacht outperformed their Gaeltacht school peers on some measures of ability in Irish, despite the fact that only a very small percentage of Gaelscoileanna students acquire Irish at home (Ó Riagáin 1997). Mac Donnacha *et al.* (2005) and the CLS (Section 19.3) drew attention to Gaeltacht parent concerns that young native speakers are not reaching a high level of ability in their native language and that they lack a 'wealth' or 'richness' (*saibhreas*) in Irish, i.e. the breadth, depth and facility of linguistic competence normally expected of native speakers. The self-assessment carried out by the young people who were surveyed in the CLS (Section 14.6) reported that their English is better than their Irish, which also tallies with the perception of parents. The CLS (2007: 500) addresses this issue (translated from Irish):

'Gaeltacht schools are succeeding in their efforts to come to grips with one aspect of this challenge: to strengthen the general competence in Irish among the pupils so that the vast majority of students have fluent Irish or good Irish by the time they leave school. ... This (and the implications of Harris 2006) leads to the conclusion that the teaching of Irish to students as a second language in the Gaeltacht and the linguistic complexity present in such schools may have negative implications for the ultimate academic outcomes relating to native linguistic attainment for children raised through Irish. ... When the evidence from Harris (2006), Ó Curnáin (2007) and young peoples' own opinion that their English is better than their Irish (see Section 14.6) is considered in the light of Gaeltacht parents' assessment of the Irish ability of the young generation, critical linguistic issues are raised concerning the aims and the practices of Gaeltacht education.

It is also obvious that the Gaeltacht education system is in no way succeeding in transforming into active Irish speakers, those who begin school without ability in Irish. Indeed, data from Mac Donnacha *et al.* (2005) and from the survey of young people (Chapter 15) show that the opposite is happening: the participation of English speakers in the education system in Gaeltacht areas is reinforcing the use of English among young people who are being reared speaking Irish.'

### **1.3.5 Education policies in the Gaeltacht**

All of these studies, cited above, highlight different systemic aspects of the deficiency in educational provision for Gaeltacht native speakers (Ó Cinnéide *et al.* 2001; Mac Donnacha *et al.* 2005; Mac Donnacha 2005; Ó Flatharta 2007; CLS 2007). There appears to be no specific Gaeltacht education policy: no difference appears to be recognised between the requirements of native speakers and of learners of Irish. There appears to be no clear structure to, or educational management of, the teaching of home speakers of Irish. There is no curriculum which seeks to address the requirements of native speakers of Irish. Research carried out a generation ago (Sture Ureland 1991) showed that Gaeltacht schools were not succeeding in developing student literacy in Irish to the same level as English. Since then, there has been no recognisable strategy in place to address these challenges in educational attainment. It seems, indeed, that this minority-language literacy disadvantage is not currently an issue for educational policy makers.

### **1.3.6 Native language, primary language, language of personal development**

There is a lack of clarity in the policies of the education system in the Gaeltacht at present since it is so difficult to define from the perspective of the native speaker (Mac Donnacha 2005; Ó Flatharta 2007). Which of the following models could be applied to meet young people's requirements in the Gaeltacht and to meet the aims of the education system in the Gaeltacht relating to Irish?

- a) Bilingual immersion education for majority language speakers;
- b) Heritage language education embedded in the majority language;
- c) Bilingual education in minority and majority language;
- d) Minority language education with the minority language as first language;
- e) Minority language immersion;
- f) Some combination of the above.

This study seeks to analyse the linguistic outcome, in Irish and English competencies, of young bilinguals' acquisition, the acquisition which results from the interactions young native speakers have with their families, communities and schooling, as well as with domains of wider communication. The outcomes of this research underpin our outline recommendations for the development of appropriate educational structures for young Irish speakers in the Gaeltacht, insofar as it is necessary to initially define relative levels of ability in native speakers in advance of proposing any particular educational approach. We thus devised various assessment tools to assess bilingual competence in specific linguistic variables for both Irish and English.

Language science research attests that lexical development and conceptual and grammatical processing in speech are associated with milestones in cognitive development. The aim of this study is to provide data and a basis for analysis so that it can be determined whether Irish is likely to form the basis for the primary language of home-speakers of Irish, or which language might correspond to the primary (and most fit-for-purpose) language of young speakers: Irish or English (or a mixture of both). In the case of minority bilingualism, the native language and the primary language are not necessarily one and the same. The primary language is the one which is most functional in personal and cognitive development and growth. Research by Sheng *et al.* (2013: 14)



on Mandarin and English bilingualism concludes that: ‘The current result underscores the notion that perfectly balanced bilinguals may be more of a fantasy than reality ...’.

### 1.4 Definitions

Below is a list of definitions of basic terms used in this study.

- **L1 and L2:** In this study, L1 refers to the basic or matrix language of communication. L2 refers to an additional language additional to the main language (L1) of communication. Therefore, in a conversation in Irish, for example, Irish is the L1 and L2 describes English words used in Irish conversation. Similarly, in a conversation in English, English is the L1 and L2 refers to Irish words in English conversation.<sup>3</sup>
- **Irish L1 word:** an Irish word used in Irish conversation.
- **Irish L2 word:** an Irish word used in English conversation.
- **English L1 word:** an English word used in English conversation.
- **English L2 word:** an English word used in Irish conversation.
- **Primary language:** a person’s most functional language in terms of personal and cognitive development and social interactions.
- **Secondary language:** a separate language in which a person has some ability or functionality but which does not serve the requirements for personal and cognitive development, and for socialisation.
- **Divergent form:** a new Irish term (‘seachfhoirm’) proposed in this study to refer to post-traditional forms in contemporary Irish which do not conform with norms or rules in Traditional or Standard Irish; or, in English, to refer to forms which are not typical of English usage (in Ireland).
- **Inappropriate structure or usage:** refers to either an erroneous linguistic form or a divergent form. Although it is not always a straightforward matter to distinguish erroneous forms from post-traditional forms in Irish, a form is considered **erroneous** when it does not obviously correspond to any grammatical system (i.e. it does not correspond to either a traditional, standard, post-traditional or reduced grammatical system).
- Similarly, **sub-usage** refers to a syntactic structure or semantic usage which is inappropriate according to Traditional Irish.
- Similarly, **subsemantic usage** refers to semantic usage which is inappropriate according to Traditional Irish; see Section 5.4.1.
- **Convergence:** simplification or change towards the structure of the other language in various linguistic features; see, for example, the classification in Section 4.3.2.
- **Token:** an instance (in context) of a specific type, as normally defined in linguistics.
- **Lemma:** see the explanation in Section 2.1.
- **Circumlocutory usage:** see the discussion in Section 3.2.3.
- **Basic case:** the form of the noun identical to the nominal case (and often functioning in the genitive position); see, for example, Section 2.9.1.

<sup>3</sup> We employ this definition as a convenient term in this study. Normally the term ‘L1’ (Language 1) refers to a child’s first language, i.e. mother tongue, and ‘L2’ (Language 2) to a language learnt outside the context of initial mother-tongue acquisition.

- **Average child** or **average pupil**: the average value refers to the result that is average for the relevant numerical data series. It can be said that the value for the average child or the average pupil corresponds to the average result in the pupils' scores in this research.
- **Z-score**: The z-score associated with a given result is the number of standard deviations that the result is from the group mean.
- **P-value**: the probability that a sample result will be at least as extreme as the result found, when the null hypothesis ( $H_0$ ) is true; see the discussion in Section 5.10.
- The **general linear model**: see the discussion in Section 9.3.2.
- **Native speaker** of Irish: a person who was raised through the medium of Irish in an Irish-speaking community and whose parent(s) speak(s) Irish as the main home language. This study does not seek to assign or discuss more specifically definitions such as 'native speaker', 'semi-speaker', 'sub-speaker', which can be rather unproductive in the context of bilingual complexities.
- **Reduced speaker**: a person who has acquired a language through reduced acquisition.
- **Functionalisation**: the process through which a child (or any person) attains functionality in a language, that is, the process towards acquiring a full or completely functional competence in a language as a sociolinguistic resource.

### Additional reading

- Adesope, O. O., Lavin, T., Thompson, T. and Ungerleider, C. (2010) 'A systematic review and meta-analysis of the cognitive correlates of bilingualism', *Review of Educational Research* 80, 2: 207–45.
- Fishman, J. A. (1989) *Language and Ethnicity in Minority Sociolinguistic Perspective*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Fishman, J. A. (1991) *Reversing Language Shift*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Fishman, J. A. (ed.) (2001) *Can Threatened Languages be Saved? Reversing Language Shift Revisited: A 21st century perspective*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Hickey, T.M. (2012) 'ILARSP: A Grammatical Profile of Irish' In Ball, M. and Fletcher, P. (ed.s). *The Languages of LARSP*. Clevedon, Avon: Multilingual Matters. 149–66.
- Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. and Ó Curnáin, B. (ed.s) (2012) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac.
- Nic Eoin, M. (2013) 'Saothrú na sochtheangeolaíochta; *An tSochtheangeolaíocht: feidhm agus tuairisc* (Ó hIfeárnáin, Ní Neachtain); *An Chonair Chaoch: An mionteangachas sa dátheangachas* (Lenoach, Ó Giollagáin, Ó Curnáin)'. *Éigse* 38: 306–24.
- Ó Curnáin, B. (2009) 'Mionteangú na Gaeilge' in Ó Catháin, B. (ed.) *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge: Léachtaí Cholm Cille* 39. Maynooth: An Sagart. 90–153.
- CLS – Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. and O'Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Dublin: The Stationery Office.

# Gaeilge

Léiriú agus anailís teangeolaíochta atá sa chaibidil seo ar staid na Gaeilge mar atá sí i measc na bpáistí a tógadh le Gaeilge amháin sa Ghaeltacht agus a bhfuil Gaeilge ó dhúchas ag a muintir. Ní hacmhainn i dtuairisc mar seo, áfach, anailís chuimsitheach a thabhairt ar gach gné ar leith. Sa saothar seo trí chéile, ní féidir plé domhain a dhéanamh ar gach gné ab inspéise ach is mian linn torthaí ginearálta ionadaíoch a thabhairt mar is cuí i suirbhé dá leithéid seo. Déanfaimid anailís i ndiaidh a chéile sa chaibidil seo ar ghnéithe áirithe de na naoi réimse teangeolaíochta seo a leanas: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic, líofacht, foghraíocht, inscne agus claochlú tosaigh. Cuimsíonn an réimse leathan seo gnéithe lárnacha de struchtúr na teanga a léiríonn go háirithe inniúlacht na bpáistí i mbun réimsí cumarsáide agus réimsí ar leith castachta. Ar lámh amháin, léiríonn inniúlacht ard sna struchtúir éagsúla seo cumas ard ginearálta an chainteora sa teanga agus, ar an lámh eile de, má bhíonn easpa inniúlachta sna struchtúir chéanna i gceist, léiríonn sin cumas teoranta ginearálta an chainteora sa teanga. I ndeireadh na caibidle tugaimid achoimre ar an anailís ar na réimsí teangeolaíochta Gaeilge. Is í seo an chaibidil is mionsonraí agus is faide sa tuairisc seo. Ní fhágann sin nach bhfuil gnéithe inspéise go leor i nGaeilge na ndaltaí nach scrúdaítear anseo.

## 2.1 Foclóir (leamaí)

Ar dtús dírimid ar fhoclóir Gaeilge na gcainteoirí le linn an agallaimh trí Ghaeilge. Tá dhá chur chuige coitianta in anailís ar líon foclóra: cur chuige na gnáthleicséime agus cur chuige an leama. Tá buntáiste i gcur chuige an leama mar go gcuimsítear ilghnéitheacht moirfeolaíochta ann. Is é cur chuige an leama a roghnaíodh anseo leis an bhfoclóir a chainníochtú. Tugadh faoin bhfoclóir a thomhas trí mhodh na leamaí a labhair gach páiste ina agallamh a chomhaireamh. Is é seo an sainmhíniú atá againn ar an téarma 'leama': foirm pharaidíme éagsúil de leicséim; is é sin go simplí, leaganacha éagsúla gramadaí den bhunfhocal céanna. Is sainmhíniú é seo a chuimsíonn méid foclóra agus leithead deilbhíochta. Mar shampla, i gcorpas ina bhfuil:

*capall* (uimhir uatha) x2, *capall* (suíomh gin. uatha) x1, *capaill* (gin. uatha) x1, *caiple* (iolra) x2, *capaill* (iolra) x2, *capall* (gin. iolra) x1

tá 9 gcomhartha nó 9 bhfocal ann, agus 1 leicséim amháin (gach leagan den fhocal céanna atá sa leicséim) agus tá 5 leama ann. Is iad na cúig leama: *capall* (uatha); *capaill* (gin. uatha); *caiple* (iolra); *capaill* (iolra); *capall* (gin. iolra).


### 2.1.1 Líon na leamaí

Sna hagallaimh ar fad i nGaeilge, is é 3027 leama líon iomlán na leamaí ar fad a chuir na daltaí ar fad le chéile i bhfeidhm. Tá na leamaí T2 (Béarla) agus na leamaí míchuí (féach 2.1.3) san áireamh san fhigiúr seo. Ar an meán bhí 415 leama ag na páistí. Nó lena rá ar bhealach eile, is é líon na leamaí a léirigh an páiste meánach ná 415 leama. Tar éis na figiúirí seo a chalabhrú, is é sin na leamaí T2 (21.5% den chorpas) agus na leamaí míchuí (c. 8% den chorpas) a bhaint astu, tagann laghdú ar iomlán na leamaí go dtí 2133. Sin laghdú suntasach de 29.5%. Déanann an calabhrú céanna laghdú de 11% (ar leamaí T2 8.6% díobh agus ar leamaí míchuí 2.4% díobh) ar líon meánach na leamaí i measc na bpáistí, is é sin ó 415 leama síos go 367 leama.

Bhunaíomar Cairt 1 ar na leamaí calabraithe. Léirítear i gCairt 1, ón taobh clé go dtí an taobh deas, dáileadh na bpáistí de réir líon ardaitheach na leamaí calabraithe: ón bpáiste is lú líon leamaí calabraithe ar chlé go dtí an páiste is airde líon leamaí calabraithe ar thaobh na lámhe deise. Tá na páistí rangaithe ina dtrí fhoghrúpa:

- Foghrúpa A (ar thaobh na lámhe clé den chéad líne bhriste ingearach): tá líon íseal comparáideach leamaí calabraithe acu
- Foghrúpa B (i lár na léaráide): tá líon meánach leamaí calabraithe acu
- Foghrúpa C (ar thaobh na lámhe deise den dara líne bhriste ingearach): tá líon comparáideach ard leamaí calabraithe acu.


Tá 22% de na daltaí i gcuid tosaigh (íseal) an chuair, mar atá, i bhFoghrúpa A (meán 284). Tá 70% de na daltaí i gcuid lárnaigh (meánach) an chuair, mar atá, i bhFoghrúpa B (meán 381); agus tá 8% i gcuid deiridh (ard) an chuair, mar atá, i bhFoghrúpa C (meán 516).



Cairt 1 Ord ardaitheach na bpáistí de réir leamaí calabraithe sa Ghaeilge (.i. Leamaí T1 Cui).

Maidir leis an difríocht idir líon na leamaí ar fad agus líon na leamaí calabraithe, tá laghdú nó cúngú ó 15% i bhFoghrúpa A go dtí 10.7% i bhFoghrúpa B, agus go dtí 7.7% i bhFoghrúpa C.

Tugann an léiriú i gCairt 2 faoin anailís maidir leis an gcúngú i bhFoghrúpa C a mhionsonrú. Mar a léirítear i gCairt 2, is cosúil gurb é an phríomhchúis atá le cúngú na difríochta idir líon na leamaí ar fad agus líon na leamaí calabraithe i bhFoghrúpa C, le hais an dá fhoghrúpa eile, ná go bhfuil líon leamaí Gaeilge níos airde i bhFoghrúpa C agus go bhfuil an líon coibhneasta leamaí Béarla agus leamaí míchuí réasúnta cobhsaí ag na trí fhoghrúpa.



Cairt 2 Líon na gcineálacha leamaí T2 agus na leamaí míchuí sa Ghaeilge.

Bunaithe ar an litríocht chanúineolaíochta agus ar ár dtaithí féin, rinneamar scagadh tréimhsiúil ar na focail Bhéarla sna hagallaimh Ghaeilge. Sa scagadh sin d'idirthealaíomar trí chineál iasachta de réir na tréimhse ar tugadh isteach sa teanga labhartha iad:


## 2. Gaeilge

- Leamaí T2 (Béarla) roimh na 1990í, .i. nua-iasachtaí seanbhunaithe, m.sh. *bicycle*, *watcháil*, *liftáil*
- Leamaí T2 (Béarla) le linn na 1990í, m.sh. *treasure*, *depends*, *looseáileann*
- Leamaí T2 (Béarla) le linn na 2000te, m.sh. *quackáil*, *sweatáil*, *badgers*

Is ar an idirdhealú seo a bhunaíomar an fhaisnéis agus an anailís atá i gCairt 2.

### 2.1.2 Leamaí T2 sa Ghaeilge


21.5% de na leamaí sna hagallaimh Ghaeilge is leamaí T2 (Béarla) iad. Is ainmfhocail 63% díobh (Cairt 3).



Cairt 3 Rangú gramadúil na leamaí T2 sa Ghaeilge.

Ó thaobh gaelú sa deilbhíocht de, chuir na páistí 19.6% de na leamaí T2 i bhfeidhm de réir chóras gramadaí na Gaeilge, m.sh. *backáil* ← *back*. Is é is mó a ghaelaíodar, na hainmfhocail bhriathartha (84%), na briathra (73%) agus na haidiachtaí bhriathartha (59%). Ar an taobh eile den scéal níor ghaelaíodar ach 5% de na hainmfhocail ó thaobh na deilbhíochta de, m.sh. *tyreannaí* ← *tyre(s)*, cé gurb iad siúd an rang is líonmhaire i measc na leamaí T2.

Rangaíomar na leamaí T2 de réir na dtrí thréimhse: roimh na 1990í, le linn na 1990í, agus le linn na 2000te. Baineann 35.9% de na focail seo (24.2% ar an meán) le nua-iasachtaí seanbhunaithe a tháinig isteach sa chaint sa thréimhse roimh na 1990í. Baineann 7.4% díobh (8.2% ar an meán) leis na 1990í. Baineann an chuid is mó acu, 56.7% (67.6% ar an meán) leis na 2000te. I gCairt 4, i ndáileadh na bpáistí in ord, ón taobh clé go dtí an taobh deas, de réir líon na leamaí T2 sa Ghaeilge, tá ardú sách céimnitheach i gceist, ach amháin ag deireadh an chuir (ar thaobh na lámhe deise).




Cairt 4 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na leamaí T2 (Béarla) sa Ghaeilge.

Is ábhar spéise í an difríocht mhór (12.9%) atá idir céatadán na leamaí T2 i measc na leamaí ar fad le chéile (21.5%), agus céatadán na leamaí T2 i measc na leamaí ar fad a bhí ag an bpáiste meánach (8.6%). Is é an chúis atá leis an difríocht seo ná líon ard na leamaí T2 a chuir grúpa beag cainteoirí


i bhfeidhm. Is é sin, tá breis focal Béarla ag líon beag de na páistí atá á léiriú sna barraí faisnéise ar thaobh na láimhe deise i gCairt 4.

Rinneamar anailís ar na leamaí ar fad maidir le cé mhéad cainteoir a dúirt gach leama. Léirítear i gCairt 5 líon comparáideach na leamaí T1 agus T2 agus líon na bpáistí a chuir na leamaí i bhfeidhm. Is léir, mar a bheifí ag súil leis, gur ag páistí indibhidiúla atá formhór na leamaí T1 agus T2 (uimhir 1 ar ais X i gCairt 5). Is ag páistí indibhidiúla mar sin a bhí 51% de na leamaí Gaeilge agus 43.5% de na leamaí Béarla. Is léir, ar an taobh eile, nach mórán leamaí a bhí ag deichniúr páistí (uimhir 10 ar dheis ar ais X i gCairt 5).



Cairt 5 Líon leamaí T1 agus T2 de réir líon na bpáistí a chuir i bhfeidhm sa Ghaeilge iad.

I gCairt 6 déanaimid scagadh comparáideach ar líon na gcineálacha leamaí T2. Scagaimid na focail Bhéarla a tháinig isteach sa Ghaeilge de réir trí thréimhse éagsúla agus de réir líon na bpáistí a raibh na cineálacha sin acu. Tá athléiriú anseo gur ag páistí indibhidiúla atá formhór na leamaí T2.



Cairt 6 Cineálacha leamaí T2 de réir thréimhse iasachta agus líon na bpáistí a chuir i bhfeidhm sa Ghaeilge iad.

### 2.1.3 Leamaí míchuí

Baineann leaganacha míchuí deilbhíochta le c. 10% de na leamaí ar leamaí T1 (Gaeilge) iad. Níl teacht ach ar chúpla leagan míchuí (<0.5%) i measc leamaí T2 (Béarla) sa Ghaeilge (m.sh. *wheelbairle* < *wheelbarrow*). Tá leaganacha míchuí deilbhíochta ag leibhéal an tamhain agus an fhoircinn i gcás na n-ainmfhocal (38% de na leamaí míchuí), na mbriathra (35% de na leamaí míchuí), na n-aidiachtaí (17% de na leamaí míchuí), na n-ainmneacha briathartha (8% de na leamaí míchuí) agus i gcás na réamhfhocal (3% de na leamaí míchuí) freisin.

## 2.2 Deilbhíocht

Anseo dírimid ar dheilbhíocht na leamaí Gaeilge de réir na gcatagóirí gramadúla lena mbaineann siad: an t-ainmfhocal, an briathar, an aidiacht, an t-ainm briathartha agus an réamhfhocal.



Is ainmfhocail iad beagnach leath (47.6%) na leamaí ar fad. Léirítear i dTábla 2 gur i gcatagóir an bhriathair agus i gcatagóir na haidiachta atá an chuid is mó de na seachfhoirmeacha, leamaí atá míchuí ó thaobh na deilbhíochta de, agus léirítear freisin gur i gcatagóirí an ainmfhocail agus an ainm bhriathartha atá an ráta is airde de na leamaí T2 (Béarla).

Catagóir ghramadúil	% Leamaí	% Míchuí (iomlán)	% Míchuí (meánach)	Difríocht	% T2 (iomlán)	% T2 (meánach)	Difríocht
Ainmfhocal	47.6	9.9	1.7	8.2	28	12.7	15.3
Briathar	17.2	16.5	6.9	9.6	8.6	2.5	6.1
Aidiacht	8	14.3	4	10.3	19.4	6.7	12.7
Ainm Briathartha	12	7.2	3	4.2	27.2	10.3	16.9
Réamhfhocal	12	-	-	-	8.9	1.1	7.8

Tábla 2 Céatadán na leamaí iomlána, na leamaí míchuí agus na leamaí T2.

Is ábhar spéise í an difríocht atá idir céatadán iomlána agus céatadán mheánacha na leamaí; féach na colúin uaine (an difríocht idir céatadán iomlána agus céatadán mheánacha) sa tábla thuas. Is slat tomhais é an figiúr seo d'athrú sa deilbhíocht agus d'úsáid focal T2 (Béarla) sa Ghaeilge.

### 2.2.1 An t-ainmfhocal

Is ainmfhocail 47.6% de na leamaí ar fad. Léirítear i dTábla 3 go bhfuil an chuid is mó (72%) díobh san uimhir uatha agus go bhfuil an chuid eile (28%) díobh san uimhir iolra. Is leamaí T2 28% (12.7% ar an meán) de na hainmfhocail. Bhí seachfhoirmeacha i gcás 9.9% (1.7% ar an meán) de na hainmfhocail T1 agus T2 araon nó i gcás 13.8% de na hainmfhocail T1. Is coitianta seachfhoirmeacha san uimhir iolra seachas san uimhir uatha.

	% Leamaí	% Seachfhoirm (iomlán)	% Seachfhoirm (meánach)	% T2 (iomlán)	% T2 (meánach)
Uimhir uatha	72	2.4	0.5	30.7	13.3
Uimhir iolra	28	24	11.4	22.7	10.8

Tábla 3 Céatadán na leamaí míchuí agus na leamaí T2 i measc na n-ainmfhocail de réir uimhreach.

### Ainmneach uimhir uatha

I gcaint Ghaeilge na ndaltaí, is leamaí T2 atá in 30.7% (13.3% ar an meán) de na leamaí san ainmneach uimhir uatha. Is é a bhí míchuí: 2.4% (0.5% ar an meán) de na leamaí ar fad, nó 3.3% (0.6% ar an meán) de na leamaí T1 amháin. I gcás 19 (38%) dalta a taifeadadh, bhí seachfhoirmeacha d'ainmfhocail san ainmneach uatha.

As measc na seachfhoirmeacha, taifeadadh botúin foghraíochta agus deilbhíochta i dtamhain na leamaí ó ochtar páistí:

*ainmhe < ainmhí; báigín < vaigín; beithe < bó; ciorca < ciorcal;*

*deachras < deacracht; eanga < eangach;*

*feirmeire < feirmeoir (feilméara na canúna); foirge < foirgneamh;*

*páistéar < paisinéar (peaisinéara na canúna); tos < tosach.*

Ag páiste amháin atá na seach-leaganacha:

*tiomáin ~ tiomáint ~ tiomaíeo ~ tiomándaí < tiománaí.*



Tá fianaise ar fhoirm an ghinidigh nó caolú na fréimhe i suíomh an ainmnigh uatha ag 13 dalta:

*báid < bád; blais < blas; cathrach < cathair; cnoic < cnoc; droichid < droichead;*  
*féir < féar; feirme < feirm; fir < fear; scoile < scoil.*

### **Ainmneach uimhir iolra**

Tá líon ard leamaí T2, 22.7% (10.8% ar an meán), san ainmneach uimhir iolra. Tá 24% díobh ar fad (11.4% ar an meán), nó 31% (13.4% ar an meán) de na hainmfhocail iolra T1, míchuí ó thaobh na deilbhíochta de. Níl teacht ar bhotúin deilbhíochta i measc na leamaí T2 ach i sampla amháin:

*passangerses < passengers.*

I measc na samplaí míchuí tá leamaí ina bhfuil an uimhir uatha i suíomh an iolra:

*bó < beithígh; garraí < garrantaí; slabhra < slabhraí.*

I gcás dhá fhocal, *bó* agus *iasc*, tarlaíonn go bhfágann daltaí tamhan an uatha gan athrú agus go gcuireann siad foirceann an iolra leis:

*bóanna ~ bóachaí < beithígh; iasca ~ iascanna ~ iascannaí ~ iascachaí < éisc.*

In dhá chás eile tá tamhan an fhocail féin míchuí:

*éadain < éadain; rotharthóirí ~ rothaíor < rothaíthe.*

Is ábhar spéise iad na leaganacha iolra míchuí a bhaineann le heaspa foghraíochta i ndeilbhíocht na Gaeilge (féach 2.7). Easpa caolú consan atá i gceist i bhformhór na seachfhoirmeacha easpacha seo:

*buicéadaí < buicéid; buidéalaí ~ buidéalacha(f) < buidéil;*  
*caoraí ~ caoracha < caoire/í; capla < caiple; cnoca ~ cnocaí < cnoic;*  
*faochanna < faochain; faoileána < faoileáin; fearannaí < fir;*  
*féaranna ‘cornáin féir’ < béileannaí féir (uimhir uatha ginideach na canúna);*  
*gadhraí < gadhair; gasraí < gasúir; pollannaí < poill;*  
*rotharaí ~ rotharannaí < rothair; éananna(f) ~ éanaí < éin (éanachaí na canúna).*

Ar cheann de na torthaí is suntasaí i gcomhthéacs an iolra tá foirceann iolra an Bhéarla s a bheith ar ainmfhocail Ghaeilge (6 chomhartha); an foirceann á chur leis an tamhan uatha:

*dorasaz < doirse; garraíoz < garrantaí; géaz < géabha; simléarz < simléir;*  
*stáblaz < stáblaí;*

nó i gcás an fhocail *duine* á chur leis an tamhan iolra mírialta:

*daoiníoz < daoine/í.*

Tá samplaí den -s iolra seo ag cúigear buachaillí, ag a raibh cumas íseal acadúil, i dtrí cinn de na hocht scoil a bhí rannpháirteach.

I gcás 5.8% (4.5% ar an meán) de leaganacha iolra na leamaí ainmfhoclacha T1, is foirmeacha dí-chanúnaithe iad, is é sin is foirmeacha iad nach mbaineann le canúint thraidisiúnta cheantar na ndaltaí. Baineann leis an gcatagóir seo, foircinn iolra de réir na Gaeilge caighdeánaithe nó de réir canúna eile:

-anna < -annaí<sup>4</sup>; -eoga ~ -óga < -eogaí ~ -ógaí; éin < éanachaí.

Chatagóiríomar na samplaí caighdeánaithe seo i measc na samplaí cuí don anailís.

### Ginideach uatha

Tá laghdú suntasach ar úsáid na foirme ginidí sa Ghaeilge trí chéile agus is í foirm an ainmnigh a sheasann i suíomh an ghinidigh go coitianta. Tá an t-athrú seo ceangailte le hathruithe comhréire (féach 2.3.6) agus le hathruithe foghraíochta (féach 2.7).

As na 671 leama atá san uimhir uatha (sa suíomh ainmneach agus ginideach) níl ach 32 leama i bhfoirm an tuisil ghinidigh. Seo a leanas na leaganacha ginideacha uatha ba mhinice ar bhain na daltaí feidhm astu:

*bóthair* (16 páiste), *róin* (8), *tosaigh* (8), *adhmaid* (5), *traenach* (5).

Mar gheall ar éiginnteacht de bharr saor-rogha i gcomhthéacsanna áirithe idir an fhoirm ainmneach agus an fhoirm ghinideach i gcanúint thraidisiúnta cheantar na bpáistí, baintear torthaí staitistiúla anseo as na leamaí ginideacha a sheasann i struchtúr ginideach dhá ainmfhocal, m.sh. *cosa an fhir*; *cosa fir*.<sup>5</sup> As na leamaí ar fad sa suíomh ginideach seo agus a bhfuil foirm ar leith ginidigh acu, tá 33.2% díobh (20.8% ar an meán) i bhfoirm an ghinidigh. Is i bhfoirm an tuisil ainmnigh a fhágtar an chuid eile de na leamaí seo.

### Ginideach iolra

Ní bhfuarthas ach dhá leama i bhfoirm an ghinidigh iolra. Tá an fhoirm ghinideach iolra *lathan* (< *lacha*) ag seachtar agus *beithíoch* (< *bó* nó *beithíoch*) ag seachtar eile. Ní féidir an fhoirm *beithíoch* a chur san anailís staitistiúil, áfach, mar ba athrá ar chaint an agallóra ba mhinice a bhí i gceist sna comharthaí sin.

### Ainmfhocail i gcomhthéacsanna eile

Tá 89.2% (83.4% ar an meán) de na hainmfhocail san fhoirm uatha tar éis bunuimhreacha (cuí, m.sh. *trí chaora*) agus tá an chuid eile san fhoirm iolra (míchuí, m.sh. *trí caiple*). Fuarthas toradh cuí ní b'ísle i gcás ainmfhocal tar éis an fhorainm cheistigh *cé mhéad*. Tá 72% (76.9% ar an meán) díobh san fhoirm uatha (cuí, m.sh. *cé mhéad caora*) agus an chuid eile san fhoirm iolra (míchuí, m.sh. *cé mhéad caiple*). Níl ach sampla amháin (c. 1%) d'ainmfhocal san uimhir iolra tar éis na haidiachta éiginnte *chuile*.

### 2.2.2 An briathar

Is briathra 17.2% de na leamaí ar fad. Baineann 31.4% acu leis an aimsir láithreach, 25.4% leis an modh coinníollach, 24.3% leis an aimsir chaite, 15.6% leis an aimsir fháistineach, 3.3% leis an modh ordaitheach. Níl ach 8.6% d'iomlán (2.5% ar an meán) na mbriathra finideacha ina leamaí T2. Ó thaobh na deilbhíochta de, tá 16.5% míchuí sna briathra ar fad (6.9% ar an meán), nó 18.1% míchuí de leamaí T1 na mbriathra.

### Réimniú míchuí

Léirigh na páistí malartaíocht idir an dá réimniú i gcomparáid le réimniú na canúna traidisiúnta. 38 leama bhriathartha, nó 8% de na leamaí briathartha ar fad, atá réimnithe go míchuí. Maidir leis na briathra seo atá míchuí ó thaobh an réimnithe de, baineann 68.4% díobh leis an dara réimniú ach go réimníonn na páistí iad de réir rialacha a bhaineann leis an gcéad réimniú; baineann 31.6% díobh leis an gcéad réimniú ach go réimníonn na páistí iad de réir rialacha a bhaineann leis an dara réimniú. Ciallaíonn sé seo go réimníonn na páistí níos mó foirmeacha míchuí i gcás na mbriathra atá sa dara réimniú ná sa chéad réimniú; tá claonadh soiléir i dtreo foirmeacha an chéad réimnithe a ghinearálú. Samplaí míchuí de bhriathra an chéad réimnithe is ea:

<sup>4</sup> Ach tá samplaí den fhoirceann -anna sa chanúint thraidisiúnta in Iarthar Chonamara freisin.

<sup>5</sup> Ní bhactar san anailís ghinideach staitistiúil le dálaí eile, m.sh. *timpeall an fhir*; *ag feiceál an fhir*, *ag feiceál fir*.

*déanaíonn, gheobhóidh, tógaíonn;*

agus samplaí míchuí de bhriathra an dara réimníú is ea:

*tosann, oibreann, imfidh.*

Is de réir an chéad réimnithe a réimníonn na páistí formhór (73.8%) na leamaí briathartha T2 agus feidhmíonn siad an chuid eile (26.2%) de réir chóras gramadúil an Bhéarla.

### **An fhoirm tháite agus an fhoirm scartha**

I gcás na leamaí briathartha, is é atá san fhoirm tháite: 72 leama, 13.7% (7.1% ar an meán). Baineann a leath seo (52%) leis an modh coinníollach, baineann an tríú cuid díobh (31%) leis an aimsir chaite, 16% leis an aimsir láithreach, agus an chuid eile (c. 1%) leis an aimsir ghnáthláithreach. Maidir leis an modh coinníollach sa chéad agus sa dara pearsa, léirigh 14 dalta (28%) foirmeacha táite amháin, 23 dalta (46%) foirmeacha scartha amháin, agus 13 dalta (26%) idir fhoirmeacha táite agus fhoirmeacha scartha (Tábla 4).

	Líon daltaí		
	An chéad agus an dara pearsa	An chéad phearsa	An dara pearsa
Táite amháin	14	11	11
Scartha amháin	23	22	9
Táite agus scartha	13	17	3

Tábla 4 Foirmeacha scartha agus táite sa mhodh coinníollach.

I measc na samplaí míchuí tá leagan spéisiúil den bhriathar substainteach:

*bheadhfainn (< bheinn).*

Is ag dalta amháin a bhí sampla den fhoirm seo. As na naoi leama tháite san aimsir chaite tá ocht gcinn sa tríú pearsa iolra (-*adar*) agus ceann sa chéad phearsa iolra (-*amar*; leagan caighdeánach seachas canúnach).

### **An briathar mírialta — foirmeacha neamhspleácha**

Is sna briathra mírialta seo a leanas a fhaightear foirmeacha míchuí sa suíomh neamhspleách: *beir, abair, faigh, feic, tar* (*teara* na canúna), agus *téigh* (*téirigh* sa chanúint). Is san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach a fhaightear na seachfhoirmeacha deilbhíochta seo.

Tá 8.8% de na foirmeacha neamhspleácha míchuí ag an bpáiste meánach. Tugaimid céatadán na samplaí cuí, na foirmeacha míchuí agus na foirmeacha canúna i dTábla 5. Maidir le *bheir* agus *bhfaighfeadh*, chuireamar i gcatagóir ar leith iad mar gur foirmeacha canúna iad atá réasúnta imeallach agus níor comhaireadh iad i gcás an lín iomláin.

	Leagan	Cuí	Míchuí	Iomlán	% Cuí	Foirm mhíchuí	Foirm eile chanúna
Caite	<i>chonaic</i>	31	1	32	96.9	<i>bhfaca</i>	
	<i>chuaigh</i> <sup>6</sup>	43	1	44	97.7	<i>ndeachaigh</i>	
Coinníollach	<i>gheobhfadh</i>	13	1	14	92.9	<i>fáfadh</i>	<i>[bh]faighfeadh</i>
Caite	<i>rug</i>	6	2	8	75	<i>bhreith</i>	<i>bheir</i>
Coinníollach	<i>thiocfadh</i>	8	3	11	73	<i>thagfadh, tagfadh</i>	
	<i>déarfadh</i>	10	1	11	90.9	<i>ráfadh</i>	
	<i>ghabhfhadh</i>	3	1	4	75	<i>théinn</i>	<i>ghabhfainn</i>
	<i>go dtabharfadh</i>	5	2	7	71.4	<i>tugfadh</i>	
	<i>go mbéarfadh</i>	0	1	1	0	<i>breithfinn</i>	
Fáistineach	<i>béarfaidh</i>	2	5	7	29	<i>beirfidh, breithfidh</i>	

Tábla 5 An briathar mírialta; neamhspleách (thuas), briathra mírialta eile (thíos).

Tá samplaí annamha d'fhoirmeacha spleácha i suíomh na leaganacha neamhspleácha i gcás *bhfaca* < *chonaic* agus *ndeachaigh* < *chuaigh*:

n[D]eachaigh an duine a bhí ar bord [...]

[B]hfaca daoine Dónall ag rith [...]

Tá sampla de thamhan an ainm bhriathartha in ionad thamhan na haimsire caite san fhocal *bhreith* (< *rug* nó < *bheir* sa chanúint):

E-, bhreith, bhreith e-, Dónall ar an ... ar na ráillí ar an traein.

Tá tamhan an ainm bhriathartha in ionad thamhan an fháistinigh san fhoirm choinníollach *ráfadh* (< *déarfadh*):

Ráfadh mé leob goil isteach [...]

Tá tamhan an láithrigh in ionad thamhan an fháistinigh i gcás *beirfidh* (< *béarfaidh*), *théinn* (< *ghabhfainn*) agus *thagfadh* (< *thiocfadh*):

[A]gus beirfidh mé greim ar an *ladder*.

Théinn isteach le taobh an balla [...] (.i. I would go...)

So nuair a thagfadh Seán go sciorrfadh sé [...]

Tá tamhan an ainm bhriathartha in ionad thamhan an fháistinigh i gcás

*go mbreithfidh* (< *go mbéarfaidh*).

Tá tamhan an láithrigh i suíomh thamhan an fháistinigh i gcás

*go tugfadh* (< *go dtabharfadh*); *go dteagfadh* ~ *go tagfadh* (< *go dtiocfadh*);

*go mbeirfidh* (< *go mbéarfaidh*).

Léirítear i dTábla 5 líon na gcomharthaí éagsúla maidir leis na briathra seo.

Tá leaganacha freisin nach bhfuil cuí de réir Chaighdeán na Gaeilge ach atá fréamhaithe i gcanúint thraidisiúnta cheantar na bpáistí. Tá *faighfeadh* ~ *[bh]faighfeadh* (< *gheobhadh*) ag triúr agus *bheir* (< *rug*) ag ceathrar daltaí.<sup>7</sup>

<sup>6</sup> Tá an leagan *ghabh* (atá rialta ó thaobh an tamhain *gabh* de) coitianta i measc na bpáistí.

<sup>7</sup> Mar a dúradh thuas san fhochaibidil seo, níor comhaireadh na samplaí seo i líon iomlán Thábla 5.

**An briathar mírialta — foirmeacha spleácha**

Tá seachfhoirmeacha sa suíomh spleách diúltach (i ndiaidh *ní* agus *níor*), ceisteach (i ndiaidh *an* agus *ar*) agus fo-ordaitheach (i ndiaidh *go*) sna briathra *feic* agus *téigh*. Is san aimsir chaite atá na seachfhoirmeacha.

Ar an meán, i suíomh spleách an bhriathair, tá 40.2% míchuí de na foirmeacha briathartha mírialta. Tá leaganacha freisin nach bhfuil cuí de réir Chaighdeán na Gaeilge ach atá fréamhaithe i gcanúint thraidisiúnta cheantar na bpáistí:

*ní rinne* (< *ní dhearna*); *go rinne* (< *go ndearna*);

*go ngeobhfadh* ~ *go gheobhfadh* (< *go bhfaighfeadh*);

*go gheobhaidh* ~ *go ngeobhaidh* (< *go bhfaighfidh*);

*níor bheir* (< *níor rug*).

D'aicmiomar iad seo mar fhoirmeacha cuí. Cuirimid céatadán na samplaí cuí, na seachfhoirmeacha (gan na míreanna briathartha a thabhairt) agus leaganacha na canúna ar fáil i dTábla 6.

	Leagan	Cuí	Míchuí	Tátal	% Cuí	Foirm mhíchuí	Foirm eile chanúna
Caite	<i>ní/go (n)d(h)earna</i>	12	0	12	100		<i>rinne</i>
	<i>ní fhaca</i>	23	16	39	59	<i>chonaic</i>	
	<i>ní/an/go (n)d(h)eachaigh</i>	15	27	42	36	<i>chuaigh</i>	
Coinníollach	<i>go bhfaighfeadh</i>	8	0	8	100		<i>gheobhfadh</i>
Fáistineach	<i>go bhfaighfidh</i>	6	0	6	100		

Tábla 6 Foirmeacha spleácha an bhriathair mhírialta.

Tá samplaí d'fhoirmeacha neamhspleácha i suíomh na leaganacha spleácha:

*ní chonaic* ~ *níor chonaic* (< *ní fhaca*);

*ní chuaigh* ~ *níor chuaigh* (< *ní dheachaigh*); *go chuaigh* (< *go ndeachaigh*).

Mar sin is féidir an tamhan traidisiúnta neamhspleách a fháil sa suíomh spleách i gcás gach briathar den aicme mhírialta seo: *déan*, *feic*, *téigh* agus *faigh*.

**Saorbhriathar**

Níl ach 12 sampla (11 leicséim) d'úsáid an tsaorbhriathair i measc 12 páiste (24%). Sin líon íseal (2.3%) i measc na leamaí briathartha ar fad. Tá sé cinn díobh san aimsir láithreach, trí cinn san aimsir fháistineach agus péire san aimsir chaite. Tá dhá leama eile, ag páiste amháin, i bhfoirm an tsaorbhriathair (*caillfear* (< *caillfidh*), *deirfear* (< *deir siad*)) agus ciall ghníomhach leo:

[C]aillfear sé an traein.

Bíonn lacha ... deirfear *quack quack you know*.


Tá an chuma ar an gcéatadán íseal seo d'fheidhmiú an tsaorbhriathair, ach go háirithe, gur claonadh chun meatha atá i gceist sa chatagóir seo de chóras an bhriathair.

### 2.2.3 An aidiacht

Is aidiachtaí iad 8% de na leamaí ar fad. Is leamaí T2 iad 19.4% d'iomlán na n-aidiachtaí (6.7% ar an meán) agus ní bhaineann aon seachfhoirm leis na leamaí T2 seo. I measc na leamaí T1, tá seachfhoirmeacha deilbhíochta i gcás 14.3% de na haidiachtaí ar fad (4% ar an meán). Is ar an mbreischéim agus ar uimhir iolra na haidiachta a dhíreoimid sna sleachta thíos.

#### An bhreischéim

Is iad na haidiachtaí a chuireamar i mbunachar bhreischéim na haidiachta ná na haidiachtaí ag a raibh ar a laghad cúig chomhartha in iomlán na leamaí ar fáil dóibh; tá 13 aidiacht léacsacha i gceist sa bhunachar seo. Nuair a anailísítear gnás an pháiste mheánaigh, feictear gurb éard a bhí cuí aige: 60.6% de chomharthaí na n-aidiachtaí breischéime seo. Léirítear i gCairt 7 gur i gcás 11 ceann de na haidiachtaí seo a bhí seachfhoirmeacha, ina measc siúd bunleagan na haidiachta (m.sh. *níos íseal*) in áit fhoirm na breischéime. Ní raibh seachfhoirmeacha i gcás na n-aidiachtaí *gar* agus *maith*.



Cairt 7 Líon na bhfoirmeacha míchuí i suíomh na breischéime agus bunleagan na haidiachta.

Is iad na foirmeacha breischéime is minice atá míchuí ná foirmeacha a fhreagraíonn do:

*salaí* (92.7% míchuí),

*deirge* (80.6% míchuí),

*báine* (75.6% míchuí),

*dathúla* (72.1% míchuí).

Is gnáthaidiachtaí rialta iad *bán*, *salach* agus *dathúil* agus baineann *dearg* le fo-aicme réasúnta coitianta. Baineann *bán* leis an aicme rialta is simplí agus baineann *salach* agus *dearg* go háirithe le fo-aicmí níos casta ná sin. Mar sin tá céatadán ardaitheacha na bhfoirmeacha míchuí ag freagairt don chastacht ghramadúil: ardú ar sheachfhoirmeacha de réir castacht ghramadaí. Is é an nós míchuí is coitianta bunleagan na haidiachta a fheidhmiú i ndiaidh na míre aidiachtúla *níos*, m.sh. *níos bán*, *níos salach*. Sin nós atá ag an bpáiste meánach i gcás 42.8% de chomharthaí na n-aidiachtaí seo. Is ábhar spéise é freisin nach bhfuil na haidiachtaí *mór* agus *beag* cuí ag gach páiste. Aidiachtaí *mór* agus *beag* atá bunúsach agus coitianta sa chaint ach atá mírialta ó thaobh na gramadaí de. I measc na n-athruithe is suimiúla tá foirceann comparáideach *-er* an Bhéarla (*salachaíer* agus *salacher*) a taifeadh ag beirt bhuachaillí. Cuirtear sonraí na bhfoirmeacha seo i láthair i dTábla 7, ach gan an bunleagan sa bhreischéim (m.sh. *níos mór*) a thabhairt arís.



	Líon daltaí, cuí	Líon daltaí, míchuí	Iomlán	% Cuí	Seachfhoirmeacha eile
salach	3	38	41	7	salacha, salachaí, salachach, salacher, salachaíer, saileach
dearg	7	31	38	19	dearga
bán	11	34	45	24	bánaí, bánaithe, báin, bána
dathúil	12	31	43	28	dathúile
mall	29	19	48	60	malla
láidir	29	16	45	64	
íseal	4	2	6	67	
deas	7	3	10	70	deasa
beag	29	11	40	73	beaga
buí	37	7	44	84	
mór	37	7	44	84	móire
fada	14	2	16	88	
gar	14	0	14	100	
maith	37	0	37	100	

Tábla 7 Foirmeacha breischéime na n-aidiachtaí.

Tá claonadh i measc na bpáistí an bhreischéim a chur in iúl trí chlaonlú tosaigh seachas trí athrú deilbhíochta, m.sh. *níos mhór*, *níos bheag*, *níos bhán* (le taobh *níos mór*, *níos beag*, *níos bán*). Féach an plé ar an bhforás suntasach seo i bhFochaibidil 2.9.3. (Cé go bhfuil *geal* agus *níos gile* nó *is gile* coitianta sa chanúint, ní raibh an céimniú *níos gile* ná *is gile* in aon chomhthéacs ag aon pháiste.)

Tá leagan *bige* ag na páistí de bhreischéim ar an aidiacht *beag*. Níor chuireamar san áireamh é i líon na leaganacha míchuí. Is cosúil go mbaineann an leagan seo *bige* leis an leama *beige*, leagan traidisiúnta breischéime i gceantar na bpáistí. Ábhar spéise eile is ea easpa na leaganacha traidisiúnta breischéime *buíocha* agus *buíchte* (na bunchéime *buí*), an t-aon dá leagan atá cuí de réir na canúna. Is é an leagan caighdeánach, bunfhoirm na haidiachta, atá i bhfeidhm ag 37 dalta agus an leagan *buíthe* atá ag seachtar. D'aicmíomar an dá leagan seo i measc na bhfoirmeacha cuí ach léiríonn an fheidhm a bhaintear as an mbunfhoirm *buí* i ndiaidh na míre *níos* an bhuntreocht is coitianta i gcás na breischéime.


Tá an chosúlacht ar an sliocht seo a leanas go bhfuil an páiste 'éiginnte' maidir le feidhmiú chóras bhreischéim na haidiachta; agus, chomh maith le bunchéim na haidiachta a chur i bhfearas don bhreischéim, is cosúil go bhfuil an réimír *an-* ag obair in ionad na breischéime.

Tá an cat sin sásta agus tá an... tá an cailín... an cailín sin an-sásta. Níos... nío-, sásta. Níos... níos sásta. Agus tá an gairdín eile níos em... mór... níos fada. Tá... tá an teach sin em... níl sé... tá sé níos airde. Agus tá an fear sin an-, an-láidir. Agus tá an traein sin níos, níos malla, níos em... mall. Tá an gairdín sin an-, an-salach. Tá an fear sin an-, an-dathúil. Tá an traein sin an-, an-dearg. Agus tá an ghrian an-, an-bán. Tá sé níos mó ná... níos mó. Agus tá an solas eile dubh. Agus tá an fear sin an-, an-sásta.

Níl ach aidiacht T2 amháin, *exciting*, i suíomh na breischéime. Sa chás sin is struchtúr comparáideach bunaithe ar an mBéarla a chuir an páiste ag obair:

*níos mó exciting* (< *more exciting*).

Léirítear i gCairt 8 go bhfuil an réimse iomlán infheidhme, idir 0% agus 100%, de (sheach-) fhoirmeacha na haidiachta breischéime ag na páistí. Tá gach foirm cuí ag duine amháin acu (2%), an chéad dalta ar chlé ar an ais chothrománach sa chairt (dalta B10c), agus is foirmeacha míchuí amháin atá ag beirt (4%), an bheirt deiridh ar dheis ar an ais chothrománach sa chairt (daltaí B07b, B10e) ag a bhfuil 100% míchuí.




Cairt 8 Ord ardaitheach na bpáistí de réir chéatadáin na n-aidiachtaí breischéime míchuí.

De réir an dáilidh seo, is cosúil gurb iad na páistí is mó a chuireann feidhmiú míchuí ag obair go ginearálta an dream is mó a chuireann an bunleagan (m.sh. *níos mór*) ag obair (an pháirt uaine de na barraí faisnéise, atá suntasach ar thaobh na láimhe deise i gCairt 8). Ar an láimh eile de, tá seachfhoirmeacha eile (an chuid bhúí de na barraí faisnéise atá go háirithe i lár an dáilidh, agus ar thaobh na láimhe clé den dáileadh), tá sin níos minice i measc na bpáistí a bhfuil níos mó foirmeacha cuí acu.

### Uimhir iolra na haidiachta

Cuireann na páistí leaganacha iolra de réir Chaighdeán na Gaeilge in úsáid i gcás thart ar leath (44.2% ar an meán) de chomharthaí na n-aidiachtaí atá i suíomh an iolra; aidiachtaí aonsiollacha ar an mórgóir iad seo a infhilleann na páistí san iolra go roghnach. Is iad bunleaganacha na n-aidiachtaí a mbaineann na páistí feidhm astu i gcás na leaganacha eile. Cé go dtagann na bunleaganacha seo salach ar an gcaighdeán, m.sh. *na beithígh mór* (< *na beithígh mhóra*), *na crainnte mór* (< *na crainnte móra*), tá siad le fáil i gcanúint thraidisiúnta cheantar na bpáistí (Cairt 9).



Cairt 9 Ord ardaitheach na bpáistí de réir uimhir iolra na haidiachta.

### 2.2.4 An t-ainm briathartha

Is ainmneacha briathartha iad 12% de na leamaí ar fad. Is leamaí T2 iad 27.2% d'iomlán na n-ainmneacha briathartha ag na páistí ar fad (10.3% ar an meán ag an bpáiste aonair). Fuarthas seachfhoirmeacha deilbhíochta i measc na leamaí T1 amháin, ag 33 páiste as an 50 san iomlán: i 9.4% (3.4% ar an meán) de na hainmneacha briathartha.

#### Ainm briathartha T1

Fuair muid idir 2 agus 48 sampla d'ainm briathartha ó gach páiste (50 dalta). Léirigh 33 dalta (66%) idir 1 agus 3 seachfhoirm. Is seachfhoirmeacha iad 9.4% (meán ar chéatadáin na seachfhoirmeacha ag leibhéal aonair) nó 3.4% (meán ar chéatadáin na seachfhoirmeacha le chéile) de na leamaí T1 ar ainmneacha briathartha iad.

1. Aimsir láithreach (*beireann*) nó *-an* (m.s.h. *leagan*), fiú Béarla *-in'* (m.s.h. *catchin'*):
  - a. Ní raibh sé fós in ann beireann suas [...]

2. Aimsir chaite (*dúirt, tharla, thug* (ordaitheach freisin)):
  - a. tá siad ag dúirt *hip-hip-hurray*.
  - b. d'fhéadfadh rud eicínt a tharla.
  - c. bhí daoíní ' tug amach tuí dho na ainmhí [...]
3. Ordaitheach, dara pearsa (*abair, bain, beir, coinnigh, fan, tiomáin, tóig*):
  - a. tá sé ' abair e-... "seachain, tá na caoire ... tíocht ..."
  - b. nuair a bíonn sé a' beir ar an... ar an e-, an... gual.
4. Eile (*beireacht, beireachtáil, beirint, beiriúint*):
  - a. tá an bád ag iarraidh beireachtáil ar an carr...

(Tá tuairisc go bhfuil na foirmeacha ainm bhriathartha *beireacht* agus *beireachtáil* sa chanúint thraidisiúnta in Oileáin Árann.)

### Ainm briathartha T2

I gcás 65 as 76 de na leamaí is é an foirceann *-áil* a chuireann na gasúir leis an bhfréamh T2 chun foirm ainm bhriathartha iasachta a dhéanamh. Is é foirceann *-ing* an Bhéarla atá ag na páistí le seacht leama acu agus ní chuireann siad foirceann ar bith le ceithre leama:

1. *-áil*
  - a. agus tá madadh ag e-... *barkáil*.
  - b. Bhí siad ' *beepáil* air.
2. *-ing*
  - a. bíonn mé em... *playing* leis an [sic] clochaí [...]
3.  $\emptyset$ 
  - a. bhí sé ' *relax* ar an *beach* [...]
  - b. [i bhfochlásal] An bhfuil mé in ann *use* mo...

### 2.2.5 An réamhfhocal

Áirítear 12% de na leamaí ar fad ina réamhfhocail. Tá 8.9% d'iomlán na réamhfhocail (1.1% ar an meán) ina leamaí T2. Mar gheall ar an éagsúlacht agus ar an éiginnteacht anailíseach a bhaineann leis na cineálacha seachfhoirmeacha deilbhíochta seo ní chuirimid figiúr staitistiúil ar fáil anseo ar chéatadain na seachfhoirmeacha.

#### Réamhfhocal simplí

Catagóir sheachfhoirme atá i gcaint na ngasúir is ea an tríú pearsa uatha firinsneach den fhorainm réamhfhoclach a chur ag obair mar réamhfhocal simplí. Mar shampla, *dhó* a chur ag obair mar réamhfhocal simplí in ionad *dho*:

Thug mé cúnamh dhó mo dheaide tíúirt an ola.

Sa chorpas ar fad tá trí shampla ó bheirt pháistí sa scoil chéanna den *dhó* seo mar réamhfhocal

simplí. Maidir le *uaidh* (< *ó*), tá *uaidh* mar réamhfhocail simplí i gcanúint thraidisiúnta cheantar na bpáistí. Ach mar réamhfhocail simplí tá *uaidh* níos coitianta ag cuid de na páistí ná níos na canúna.

I gcás an réamhfhocail *thrí*, tarlaíonn go gcuirtear leagan an réamhfhocail a fhaightear roimh an alt sa Ghaeilge thraidisiúnta ag obair mar réamhfhocail simplí: *tríd* (< *thrí* sa chanúint), m.sh.

Ghabh an traein ansin tríd... tríd an... tríd áit bhí neart tithe.

Cuireann cuid de na daltaí do bhriathar i suíomh an réamhfhocail shimplí i gcás *istigh* (< *i* / *isteach* *i*), nó *istigh i* gan urú<sup>8</sup> sna samplaí seo:

Chonaic sé... a chara... eile istigh bád [nó *istigh i bád*]

Caithfidh tú cur gual istigh sin [nó *istigh i sin*] agus tá tine ann.

Is forchaighdeánú atá le sonrú i gcás *ós cionn* (< *os cionn* sa Chaighdeán, *as cionn* sa chanúint):

Agus bhí sé ós... goil ós cionn droichead ...

Maidir le foirmeacha traidisiúnta na bhforainmneacha réamhfhoclaigh, is cuid spéise í an fhoirm mheititéisithe *apug* sa tríú pearsa iolra den réamhfhocail *ag*. Taifeadh an fhoirm *apug* ag beirt bhuaichillí san iomlán, as dhá scoil éagsúla. Is í an fhoirm *apuc* is gaire dó sa chanúint thraidisiúnta.

### Réamhfhocail leis an alt

I nGaeilge na bpáistí is seachfhoirm shuimiúil shuntasach é scaradh an réamhfhocail chomhtháite, m.sh. *le an* (scartha) in ionad *leis an* (comhtháite); nó *faoi an* (dhá shiolla) in ionad *faoin*; nó *uaidh an* (dhá shiolla) mar dhá fhocal in ionad *uaidh'n* (aon siolla amháin) nó *ón*. Cé nach bhfuil ach 12.7% ar an meán de na samplaí a bhaineann leis an rannóg seo scartha, is ag 32% de na páistí (16 duine) atá na samplaí scartha seo. Tá samplaí de chúig réamhfhocail san uimhir uatha i gceist agus réamhfhocail amháin san uimhir iolra (Tábla 8).

	Comhtháite			Seachfhoirm scartha			
	Leamaí	Líon daltaí	% Daltaí	Leamaí	Líon daltaí	Líon daltaí (iomlán)	% Daltaí
Uatha	d(h)on	43	86	dhó an	1	6	12
				dho an	4		
				[d]on an	1		
	faoin	18	36	faoi an	4	4	8
	sa	48	96	in an	1	1	2
	ón	18	36	uaidh an	8	11	22
			ó an	3			
	leis an	46	92	le an	2	2	4.3
Iolra				i na	1	2	4
	sna	11	22	sa na	1		

Tábla 8 Réamhfhocail scartha agus comhtháite leis an alt.

I dTábla 8 léirítear céatadán na ndaltaí a bhfuil foirmeacha comhtháite agus seachfhoirmeacha scartha acu leis an alt. Níor áiríomar *le na* (agus *leis na*) i meastachán na gcéatadán seachfhoirmeacha toisc gach aon leagan a bheith coitianta sa chanúint thraidisiúnta. Cé go bhfuil na foirmeacha comhtháite i bhfad níos coitianta ná na foirmeacha scartha ina measc, is minic na foirmeacha scartha de na réamhfhocail *ó* agus *d(h)o* ag na daltaí. Tá an leagan comhtháite chomh maith leis an leagan scartha den réamhfhocail céanna in úsáid ag 15 dalta agus tá an leagan scartha amháin

<sup>8</sup> Féach an plé ar Shéimeantaic na Gaeilge mar a bhfuil samplaí de *istigh* mar réamhfhocail simplí (2.4.1).

de réamhfhocal ar leith in úsáid ag 11 dalta. Tá an t-athrú seo feiceálach i gcás *ón*. As na 18 dalta a bhfuil leagan den réamhfhocal seo aige/aici leis an alt, tá an leagan scartha ag 11 duine acu (.i. 61% *uaidh an, ó an (~ ón)* vs. 39% *ón* amháin). As an 11 duine seo tá idir leaganacha comhtháite agus leaganacha scartha ag ceathrar acu agus tá na leaganacha scartha amháin ag seachtar acu.

### An forainm réamhfhoclach

I seachfhoirm eile deilbhíochta scarann na páistí an phearsa ón réamhfhocal i gcás an fhorainm réamhfhoclaigh (thraidisiúnta). Mar a léirítear i dTábla 9, i gcás 13 (26%) páiste, tá samplaí de sheacht leama réamhfhocail san uimhir uatha, i ngach pearsa, agus dhá leama réamhfhocail sa tríú pearsa uimhir iolra.

	Táite			Seachfhoirm scartha		
	Leama	Líon daltaí	% Daltaí	Leama	Líon daltaí	% Daltaí
Uatha	leis	48	96	le é	2	4
	chuige/aige	40	80	ag é	1	2
	liom	27	54	le mise	1	2
	tríd	26	52	tríd é	1	2
	uirthi	19	38	ar í	1	2
	romhat	4	8	roimh thú	1	2
Iolra	romham	0	0	roimh mé	1	2
	uathu	13	26	ó iad	3	6
	tríothu	0	0	tríd iad	2	4
Iomlán		-	-		13	26

Tábla 9 Forainmneacha réamhfhoclacha táite agus seachfhoirmeacha scartha.

Is annamh a bhíonn seachfhoirm scartha na bhforainmneacha réamhfhoclacha i gcomhrá na ndaltaí. Níl ach aon sampla amháin ó na trí pháiste dhéag a raibh sampla acu. Tá sé spésiúil, áfach, nach bhfuil ach an leagan scartha ar fáil sa bhunachar ina iomláine de *romham* agus de *tríothu*. Sa chomhthéacs seo is fiú a lua go bhfuil sampla amháin den leama *le roimh féin: le féin (< leis féin)*.

### Réamhfhocal T2

Is leamaí T2 7.2% de na leamaí réamhfhocail. Fuarthas ocht leagan réamhfhoclacha Béarla sa Ghaeilge:

*after, apart from, as, behind, of, past, to agus (on) top of.*

Tá sampla den fhrása Béarla *as in* i bhfeidhm dhobhriathartha agus den réamhfhocal comhshuite *instead of* freisin i bhfeidhm cónaisc neamhfhinidigh. Seo a leanas roinnt samplaí réamhfhoclacha Béarla ina gcomhthéacs:

goil *after* an thraein [sic].

ach *apart from* sin, níl a fhios a'm mórán faoi.

agus tá cut i... i *behind* ansin.

cóta *of* Dónall

*like* uair a' chloig tar éis é sin *like... half past four* nó rud éicint

bhí sé... ag cur go *side to side*

Chuaigh Dónall ar an *top* e-... *of* an mbád

garraí beag *on top* cno- *kinda... yeah*, sléibhte.

*As in* cé méid duine atá ar na capaill?

*Instead of* é a chrochadh.

Cuid suntais gur réamhfhocail ag a bhfuil séimeantaic réasúnta casta a bhformhór seo, réamhfhocail a shealbhaítear níos déanaí ná réamhfhocail bhunúsacha fearacht *ag, ar*.

### 2.2.6 *Bá an ghuta sna forainmneacha sealbhacha 1ua m' agus 2ua t'/d'*

Sa chanúint thraidisiúnta báitear an guta sa chéad agus sa dara pearsa uatha den fhorainm sealbhach roimh ghuta. I gcás an dara pearsa uatha, is é *t'* a fhreagraíonn do *do* go traidisiúnta ach is é *d'* atá fairsing sa chaint anois. As an iomlán, tá foirmeacha cuí (*m'athair, d'uncail*) ag triúr agus seachfhoirmeacha (*mo athair, mo uncail*) ag 12 duine de na páistí i gcás an athraithe fóineolaíochta seo. Duine amháin a bhain leas as an dá leagan, sé shampla chuí agus aon seachfhoirm amháin. Is beag malartaíocht atá i measc na ndaltaí sa chás seo. Dá bhrí sin, 69% (11 dalta as 16 dalta) de na páistí a chuir seachfhoirm i bhfeidhm sa sampla seo.

### 2.2.7 *Míreanna briathartha*

Anseo pléimid athruithe atá ag teacht i dtreis i gcás na míreanna briathartha. Tá seachfhoirmeacha suntasacha le sonrú i measc na míreanna briathartha *má, dá, mara/mura, d'*. Tá an mhír *dá* roimh bhriathar sa mhodh coinníollach ag 17 páiste, mar is cuí sa Ghaeilge, m.sh. *dá mbeadh*, ach an mhír *má* atá ag seachtar (14%) sa suíomh céanna, m.sh. *má bheadh*, rud nach bhfuil le fáil ach go heisceachtúil sa chanúint áitiúil thraidisiúnta. Chomh maith leis sin, tá an dá leagan, *má* nó *dá*, ag dalta amháin sa suíomh coinníollach seo.

Forás eile atá ag titim amach i gcaint na bpáistí i gcás na míreanna briathartha is ea *má ní* a chur in áit *mura* (Caighdeán) nó *mara* (canúint) roimh bhriathar. Tá *mara* nó *mura* ag naonúr agus tá *má ní* ag ceathrar (31%):

*má ní* thabharfadh siad cúnamh dhom.

*Má ní* bhíonn sé ' báisteach.

Níl an dá leagan ag an dalta céanna. Forás eile atá ag teacht leis an seachphatrún céanna is ea an mhír dhiúltach *ní* a úsáid in éineacht leis an mír *d'* san fhoirm *ní d'* roimh bhriathar a thosaíonn ar ghuta san aimsir chaite, m.sh. *ní d'ól* in áit *níor ól*. Sa suíomh seo, aimsir chaite roimh ghuta, taifeadh *níor* i gcás 44 dalta agus *ní d'* i gcás 16 dalta (34%). Tá an dá leagan ag 13 dalta agus tá *ní d'* amháin, gan aon *níor*, ag triúr.

### 2.2.8 *Comhfhocail dár críoch -rud*

Ceann de na nuálacha is suimiúla sa chorpas is ea *-rud* a chur mar dhara cuid de chomhfhocail. Taifeadh 15 leama ag seisear daltaí — cúigear buachaillí agus cailín amháin — agus is leamaí T2 an chéad pháirt i 10 gcinn de na 15 leama sin (Tábla 10).

Daltaí	Samplaí
B09a	tine-rud
B09b	caoire-rud
B10d	iron-rud
B10e	tine-rud
B11c	tarracóir-rud, traffic-rud
C11f	beep-rud, boot-rud, chain-rud, horn-rud, móin-rud, passanger-rud, rotha-rud, rusty-rud, spray-rud, stick-rud, tine-rud

Tábla 10 Leamaí ina bhfuil an iarmhír *-rud* mar dhara cuid i gcomhfhocail.



Mar is léir ó Thábla 10, tá comhfhocail amháin an duine ag ceathrar buachaillí agus dhá chomhfhocail eile ag buachaill eile ach tá 11 comhfhocail ag an gcailín, m.sh.:

*Just* cuireann siad e-, *kinda* móin-rud isteach sa(n)... *kinda* tine-rud a bíonns anseo... is téifidh sé suas an traein... agus ansin... bíonn... *like*... na rudaí se/i-, *kinda* beep-rud ann ach *kinda* horn-rud atá ann... agus an... *wheel*... agus... t(á) *kinda*... is *kinda* stick-rud é agus bíonn bíonn sibh a'(?)... bíonn sé a' *moveáil* mar sin cosúil le... em... rud a bíonns ar carr, an *gearstick*. [C11f]

Baineann na trí chomhartha de *tine-rud* le comhthéacs na ceiste a cuireadh ar na daltaí maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an tseantraein guail agus a hinneall. Leagan iarmhíreach é an *-rud* seo atá bunaithe ar an bhfrása ainmfhoclach Béarla {Ainm + *thing*}, m.sh. 'stick thing, traffic thing'. Is é sin le rá, tá ord na mball sa chomhfhocail seachfhoirme Gaeilge ag leanúint ord fhrása ainmfhoclach an Bhéarla. I gcuid shuntasach de na samplaí seo tá ardú tuine le sonrú ar *-rud*. Is cosúil an t-ardú tuine seo leis an ardú tuine a chloistear ar {Ainm + *stuff*} atá le sonrú sa Bhéarla faoi anáil athruithe comhaimseartha i mBéarla Mheiriceá. Feidhmíonn an struchtúr seo sa Bhéarla comhaimseartha ar dhá bhealach go príomha, .i. i gcúrsaí stíle a bhaineann le réchúis agus mar mheicníocht chúitimh léacsach.

## 2.3 Comhréir

Dírímid anseo ar chomhréir na Gaeilge sna réimsí seo a leanas: cuspóir ainmfhoclach an ainm bhriathartha i bhfocchlásail, cuspóir forainmneach an ainm bhriathartha sa tríú pearsa (i bhfocchlásail, agus sa timchaint leanúnach), an chlaoninsint, an fochlásal ceisteach, an clásal coibhneasta díreach agus indéreach, stuchtúir an ghinidigh, an forainm é in ionad *iad* leis an gcopail, éagsúlacht ceisteanna, agus samplaí eile d'athrú comhréire. I dTábla 11, tugaimid na céatadáin as iomlán na samplaí a bhaineann le cur i bhfeidhm cuí i gcás na sé cinn de na mhúnlaí comhréire seo arbh ionú dúinn cuntas catagóireach a dhéanamh ina leith.

Réimsí comhréire	% Cuí
Cuspóir ainmfhoclach an ainm bhriathartha i bhfocchlásail	69.3
Cuspóir forainmneach an ainm bhriathartha leanúnaigh sa tríú pearsa	40.6
Claoninsint	63.9
Fochlásal ceisteach	86.5
Clásal coibhneasta indéreach	7.3
Clásal coibhneasta díreach	-
Struchtúir ghinidigh	87.6
An forainm é in ionad <i>iad</i> leis an gcopail	-
Éagsúlacht ceisteanna	-
Samplaí eile d'athrú comhréire	-

Tábla 11 Cuntas céatadánach ar shé cinn as deich gcinn de mhúnlaí comhréire Gaeilge.

### 2.3.1 Cuspóir ainmfhoclach agus forainmneach an ainm bhriathartha i bhfocchlásal

Aicmíodh fochlásail an chuspóra ainmfhoclaigh leis an ainm bhriathartha a bhí ag na páistí de réir chomhréir thraidisiúnta na Gaeilge, m.sh.:

Cuí: Bhí orm... em... tairne a chur ann.

Seachfhoirm: chaith sé... goil go dtí an carr agus tóigeál an carr.

Chuir an páiste meánach an struchtúr i bhfeidhm go cuí i gcás 77.2% den mhúnla seo. Léiríonn na daltaí difríocht i gcéatadáin na samplaí cuí ag brath ar cé acu an cuspóir ainmfhoclach nó forainmneach atá i gcuspóir an ainm bhriathartha, m.sh.:

## 2. Gaeilge

Cuspóir ainmfhoclach (cuí): Rinne sé dearmad... an brake... a chur air.

Cuspóir forainmneach (cuí): Triálfaidh siad é a stopadh

### Ainm briathartha le hainmfhocal

Ó thaobh chomhréir chuí na Gaeilge de, tá thart ar dhá thrian (69.3%) de na samplaí cuí ina bhfuil ainmfhocal i bhfeidhm an chuspóra. Foirmeacha cuí amháin atá ag 21 páiste agus seachfhoirmeacha amháin atá ag naonúr as na 50 páiste ar fad agus tá úsáid mheasctha ag 20 dalta acu (Cairt 10). I gcás an struchtúir chomhréire seo, mar sin, is mó dalta (29) a chuireann múnlaí míchuí ag obair (ar a laghad cuid den am) ná na daltaí (21) a chuireann an múnla cuí i bhfeidhm go catagóireach.



Cairt 10 Ord ardaítheach na bpáistí de réir chur i bhfeidhm cuí chomhréir an ainm bhriathartha le cuspóir ainmfhoclach i bhfochlásal.

I gcás an fhrása a chiallaíonn “fix”, chomh maith le *caoi a chur ar X*, glactar le feidhmiú *cur caoi ar X* mar fhrása in iomlán na samplaí cuí sa chuntas i dTábla 11 agus i gCairt 10 ó tharla go bhfuil a leithéid réasúnta coitianta sa chaint. Dá bhrí sin aicmíodh an sampla seo a leanas mar leagan cuí:

bhí muid ag iarraidh rudaí le haghaidh cur caoi ar rudaí sa mbaile.

Fuarthas sampla den dá mhúnla comhréire in úsáid, fiú san abairt chéanna:

caithfidh tú na boltaí a bhaint dhon *tyre* agus ansin tarraingt amach an tyre.

Sa sampla seo thíos feictear an dá mhúnla comhréire seo in aon abairt amháin, an múnla ainmfhoclach míchuí (mar aon le braiteoireacht, .i. stadanna agus athrá sa chaint) i dtosach agus an múnla forainmneach cuí ina dhiaidh:

Le haghaidh glanadh an... an traein... é a ghlanadh.

### Ainm briathartha le forainm pearsanta sa tríú pearsa

Is mó na samplaí cuí atá sa mhúnla forainmneach ná mar atá sa mhúnla ainmfhoclach. Is é sin, tá an múnla *é a dhéanamh* i bhfeidhm i gcás 90% de na samplaí ag an bpáiste meánach agus tá an múnla *rud a dhéanamh* i gcás 69.3% ag an bpáiste meánach, bearna de 20.7% i gcás fheidhm chuí an mhúnla seo idir an struchtúr forainmneach agus an struchtúr ainmfhoclach. Tá seachfhoirmeacha ag ochtar (15%) as 49 dalta a léirigh samplaí den struchtúr forainmneach seo. I gcás triúir acu, is samplaí míchuí amháin a d'fheidhmigh siad, is é sin forainm ina chuspóir tar éis an ainm bhriathartha. Seo a leanas cúpla sampla den chomhréir mhíchuí:

bhí sé ' triail em... bain ón bóthar iad.

bhí siad ag iarraidh ithe é.

Is fiú a lua gur i gcomhthéacs ainm bhriathartha T2 a fhaightear thart ar thrian de na seachfhoirmeacha seo:

bíonn daoine in ann useáil iad.

bheadh tú in ann ringeáil é.

caithfidh tú watcháil iad.

Tá an cóimheas seo ag teacht leis an gcéatadán 27.2% d'iomlán na n-ainmneacha briathartha (10.3% ar an meán) atá ina leamaí T2. Tá sampla amháin ag páiste amháin den fhorainm *siad* (ainmní) in ionad an fhorainm *iad* (cuspóir) sa chomhréir mhíchuí:

Bheadh mé in ann stopadh agus cur siad isteach.

(is é sin sa bhrí '... agus iad a chur isteach').

### 2.3.2 Cuspóir forainmneach an ainm bhriathartha leanúnaigh sa tríú pearsa

Rinneamar anailís ar chomhréir an ainm bhriathartha sa timchaint leanúnach agus an forainm sa tríú pearsa ina chuspóir aige, m.sh. *tá Dónall á leanacht* áit a bhfuil *á* ag feidhmiú ina chuspóir forainmneach ag an ainm briathartha *leanacht* de réir na Gaeilge traidisiúnta, in ionad *tá Dónall ag leanacht é* sa Ghaeilge iarthraidisiúnta (agus sa 3ú pearsa iolra *tá Dónall ag leanacht iad* chomh maith go hannamh le *tá Dónall ' iad a leanacht*). Fuarthas samplaí de leaganacha cuí (m.sh. *bhí mé (dh)á dhéanamh*) agus seachfhoirmeacha (m.sh. *bhí mé ag déanamh é*) ó 27 páiste. Leaganacha cuí a bhí in 40.6% de na samplaí ar fad ag an bpáiste meánach (59.4% seachfhoirmeacha ag an bpáiste meánach). Fágann sin cóimheas níos airde de sheachfhoirmeacha ná foirmeacha cuí. As na páistí ar taifeadadh samplaí acu bhí leaganacha cuí amháin ag cúigear, seachfhoirmeacha amháin ag 12 agus idir leaganacha cuí agus sheachfhoirmeacha ag deichniúr acu. Fágann seo cóimheas de tuairim is 1 : 4 maidir le leagan cuí ar láimh amháin le hais seachfhoirmeacha nó meascán ar an láimh eile. Is é sin le rá go bhfuil thart ar an gcúigiú cuid de na daltaí a dhéanann idirdhealú catagóireach de réir na Gaeilge traidisiúnta idir comhréir an fhorainm agus an ainmfhocail i múnla chuspóir an ainm bhriathartha leanúnaigh seo.

I measc na seachfhoirmeacha seo, chomh maith le múnla mar *tá Dónall ag leanacht iad*, i gcás an fhorainm sa 3ú pearsa iolra, tá múnla annamh mar *tá Dónall ' iad a leanacht* sa bhrí chéanna, m.sh.:

bhí na éanachaí agus na caoire agus na beithígh uilig iad a leanacht. (.i. 'bhí na héanachaí agus na caoire agus na beithígh uilig á leanacht')

tá madaí iad a leanacht. (madaí = madraí)

tá na daoine dhe iad a tharraingt [...] (sa bhrí 'tá na daoine a tháinig dhen traein á dtarraingt')

Is dócha go mbaineann bunús na seachfhoirme seo le hanalach ar an struchtúr cuspóireach fochlásail, cumasc idir comhréir fochlásail agus comhréir leanúnach príomhchlásail:

ba mhaith liom iad a leanacht : tá mé dhá leanacht → tá mé ' iad a leanacht.

### 2.3.3 An chlaoninsint

Pléimid anseo toradh na hanailíse ar ráitis na bpáistí nuair a lorg na hagallóirí abairt uathu sa chlaoninsint. D'iarr na hagallóirí ar na páistí le linn an agallaimh tús a chur le habairt mar seo: *Dúirt (duine) go ...* agus an abairt a chríochnú bunaithe ar rud a cheapadh an páiste a déarfadh carachtar sa phictiúr sa scéal sa phictiúrleabhar. As na 36 dalta ar iarradh orthu seo a dhéanamh bhí freagra sa chlaoninsint chuí ag 23 dalta (63.9%). Is leagan den insint dhíreach a chuir 11 páiste i bhfeidhm in ionad na claoninsinte, m.sh.:

Dúirt Dónall go 'cuir isteach na caoire!'

I measc na seachfhoirmeacha is ábhar spéise iad na samplaí a léirigh easpa comhfhreagrachta claoninsinte idir uimhir an chlásail tosaigh agus an fhochlásail:

Dúirt Dónall go raibh caoire *in front uainn*. (i. *Dúirt D. go raibh caoire os a gcomhair* (← ‘tá caoire os ár gcomhair’))

Dúirt Dónall go dtabharfaidh **muid linn** na caiple seo.

Dúirt Dónall gur bhfaighidh **muid** ceann de na caiple sin mar tá siad an-sciobthaí.

Bhí aimsir nó modh an bhriathair míchuí ag páistí, m.sh.:

Dúirt sé e- go **mbeidh** [sé] in ann [iad a choinneáil] anseo ag na caiple mar go bhfaca sé na caiple.

Níor éirigh le páiste amháin an tasc seo a chur i gcrích:

Dúirt Diarmad go e-... dúirt Diarmad go... dúirt Diarmad e-... go... go se-... go seachain an... go seachain an... Níl a fhios a’ m.

### 2.3.4 An fochlásal ceisteach (má nó go in ionad an)

San fhochlásal ceisteach in áit na míre ceistí *an* faightear na míreanna briathartha *má nó go* sa Ghaeilge iarthraidisiúnta (i 13.5% de shamplaí an pháiste mheánaigh). As na 20 páiste a bhfuarthas sampla d’fhochlásal ceisteach acu, fuarthas seachfhoirmeacha ag ceathrar acu (20%) — beirt ag a raibh an mhír bhriathartha *má* agus beirt eile ag a raibh *go*, m.sh.:

iarrfadh mé dho **má** bheadh an fuinneog oscailte. (i. ‘d’fhiafróinn dhó an raibh an fhuinneog oscailte’)

ag breathnú **má** tá sé in ann cur caoi air.

bhreachnaigh sé air, breathnú **go** raibh an *brake* fós ann. (i. ‘... féachaint an raibh an coscán fós air’)

Níl a fhios a’ m **go** ndéanfadh sé ag an traein. (i. ‘níl fhios a’ m an sroichfidh sé an traein in am’)

I gcás na míre *má* (in ionad *an*), is cosúil gurb é tionchar fheidhm fho-ordaitheach mhír *if* an Bhéarla is bonn léi. Agus is cosúil, i gcás na míre *go* in ionad *an* roimh fhochlásal ceisteach, gurb éard atá i gceist ná ginearálú ar an bhfeidhm ghinearálta fho-ordaitheach atá ag an mír *go*.

### 2.3.5 An clásal coibhneasta

Rinneadh anailís ar leith ar na samplaí míchuí a bhaineann leis an gclásal coibhneasta díreach agus ar na samplaí cuí agus na seachfhoirmeacha a bhaineann leis an gclásal coibhneasta indéreach.

#### Clásal coibhneasta díreach

I gcás na gclásal coibhneasta díreach, tá formhór díobh de réir an chórais chuí ó thaobh na comhréire de. Is athrú spésiúil é na forainmneacha ceisteacha *cé* nó *céard* a chur i bhfeidhm in ionad na míre coibhneasta *a* ag tús clásail choibhneasta dhírigh. Tá 14 sampla ag an triúr páistí ar taifeadadh samplaí den fhorás seo acu, m.sh.:

na daoine **cé** a bhí ag tiúbhair cúnaimh dhó [...] (i. *na daoine a bhí ag tabhairt ...*)

san geata **céard** a bhí oscailte. (i. *sa ngeata a bhí oscailte*)

fuair mé *used* dó sin **céard** a bhí sé ag iarraidh. (i. *chuaigh mé i gcleachtadh ar a raibh uaidh*)

I gcás roinnt mhaith de na samplaí seo, seasann *cé* do ‘who’ agus *céard* do ‘what’ ina macasamhlacha d’abairtí Béarla. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil tionchar an Bhéarla i gceist san fhorás seo.

### Clásal coibhneasta indíreach (briathar mírialta spleách)

Tá díothú an chlásail choibhneasta indíreach ar cheann de na tréithe is forleithne i gcaint na bpáistí agus ar cheann de na tréithe is soiléire ar shimplíú teangeolaíochta sa Ghaeilge iarthraidisiúnta. De na 42 dalta a bhfuarthas sampla de chlásal coibhneasta leis an mbriathar mírialta spleách san fheidhm indíreach acu bhí samplaí cuí ag triúr, m.sh. *an t-am deireanach a raibh an jack air*. Seachfhoirmeacha atá i 92.7% de shamplaí an pháiste mheánaigh. Is é an gnáthphatrún i measc na bpáistí ná leagan díreach a chur i suíomh an leagain indíreach thraidisiúnta. Aon leagan coibhneasta amháin mar sin a bhfuil feidhm leis ag formhór mór na bpáistí. I measc cúinsí eile, baineann cur i bhfeidhm an leagain dhíreach sa suíomh indíreach le heaspa an uraithe go ginearálta sa chaint iarthraidisiúnta. (D’aicmiomar easpa uraithe, bíodh séimhiú ann nó as, ina leagan den choibhneasta díreach don anailís seo.) Chomh maith leis sin, is forás spésiúil é an mhír bhriathartha *go* a theacht in ionad *a*. Fuarthas dhá shampla den fhorás seo ag beirt, san fheidhm indíreach:

an ceann... **go** bhfuil na drioball thuas air.

*lad* amháin e-... **go** bhfuil carr aige.

Agus sampla de *go* i bhfeidhm sa choibhneasta díreach:


an fear **go** raibh ag *driveáil*.

### 2.3.6 Struchtúir an ghinidigh

Déanaimid anailís ar dhá fhorás i struchtúir an ghinidigh san fhochaibidil seo: feidhmiú an ailt dhúbailte sa suíomh ginideach agus feidhm réamhfocal sa struchtúr sealbhach.

#### An t-alt dúbailte


I gcás an struchtúir chinnte {Ainmfhocal + *an* + Ainmfhocal}, cuireann an páiste meánach an t-alt roimh an gcéad ainmfhocal, mar aon leis an alt a chur roimh an dara hainmfhocal, i gcás 16.1% de na samplaí ar fad, .i. {*an* + Ainmfhocal + *an* + Ainmfhocal}, m.sh. *an simléar an teach, an cloigeann an muc*. Léirítear i gCairt 11 go bhfuarthas samplaí den alt dúbailte seo sa struchtúr ginideach ó 26 dalta, nó 52% de na páistí ar fad.



Cairt 11 Ord ardaiteach céatadánach na bpáistí de réir an ailt dhúbailte sa struchtúr ginideach.

#### Struchtúr sealbhach réamhfoclach

Sa chaint iarthraidisiúnta, in ionad struchtúr na Gaeilge traidisiúnta, fearacht *cloigeann na gcaorach*, cuirtear réamhfocal i bhfeidhm sa bhrí shealbhach i bhfrása ainmfhoclach, m.sh. *an cloigeann dhe na caoire*. Baineann an forás seo le hathruithe deilbhíochta (cailleadh foirmeacha ginideacha na n-ainmfhocal; féach 2.2.1). Léirítear i gCairt 12 cé nach bhfuil réamhfocal ach i 8.3% de na samplaí ar fad ag an bpáiste meánach, is i measc 20 dalta, nó 40% de na páistí, a fuarthas sampla den fhorás seo. Is iad na réamhfocail a fhaightear sa struchtúr ginideach réamhfoclach: *ag* (dalta amháin), *ar* (dalta amháin), *le* (cúigear daltaí) agus *dho* is coitianta (18 dalta).



Cairt 12 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon an struchtúir shealbhach réamhfhoclaigh.

Is é an réamhfhoclaigh *dho* is coitianta sa struchtúr seo (fuaimniú *go*; is ionann é agus *de* sa Chaighdeán, chomh maith le *do*). Tá 48 sampla de ag 18 páiste:

na cloigeann **dho** na caoire [...]; na lámha **dho** na daoíní [...];  
na *tail* **dho** na bóanna [...].

18 sampla ó chúigear páistí a taifeadadh den réamhfhoclaigh *le* san fheidhm shealbhach:

cosaí **le** caoirí [...]; lámhaí **le** daoíní [...]; cleití **leis** na éin [...].

Bhí sampla amháin den réamhfhoclaigh *ar* ag dalta amháin agus sampla amháin den réamhfhoclaigh *ag* ag dalta eile:

na cosa **ar** na beithí [...]; an *wings* **ag** na lachanaí [...].

D'fhéadfaí tabhairt faoin tréith seo, struchtúr sealbhach réamhfhoclaigh, a mhíniú ar bhonn thionchar chóras an Bhéarla.

### 2.3.7 An forainm é in ionad iad leis an gcopail; alt uatha míchuí

I roinnt clásal copail sa chorpas is ábhar suntais é an easpa comhfhreagrachta uimhrí idir an forainm agus an t-ainmfhoclaigh a dtagraíonn an forainm dó. Tá sampla ag seachtar, 14% de na páistí ar fad, d'uimhir uatha an fhorainm a bheith ag tagairt d'ainmfhoclaigh san uimhir iolra. I gcás roinnt de na samplaí seo, lean na páistí múnla cainte *sin é / í ... nó siod é / í ...* a bhí ag an agallóir roimh ainmfhoclaigh san uatha. Bhí 46.2% de na 26 sampla míchuí ó thaobh comhfhreagrachta uimhrí de ag duine amháin de na páistí:

Sin é lámha an fear.; Siod é na éanachaí.; Siod é na cearca.

Forás eile is fiú a lua anseo is ea an easpa comhfhreagrachta uimhrí atá idir an t-alt agus an t-ainmfhoclaigh a dtéann sé leis. Tá samplaí annamha de leagan uatha an ailt roimh ainmfhocail san uimhir iolra ag seisear, is é sin 12% de na páistí:

Sin é an daoine.; Sin é an duilleogaí glasa.

D'fhéadfaí tabhairt faoin tréith seo a mhíniú ar bhonn thionchar chóras an Bhéarla, mar a bhfuil aon fhoirm amháin ag an alt cinnte 'the', m.sh. 'the table', 'the tables'.


### 2.3.8 Éagsúlacht ceisteanna

D'iarr na hagallóirí ar na páistí ceisteanna a chur orthu faoi phictiúir sa leabhar le linn an agallaimh struchtúrtha. Sa rannóg seo cuirimid i láthair toradh na hanailíse a rinneadh ar éagsúlacht na gceisteanna a bhí ag na páistí sa chuid seo den agallamh struchtúrtha.



Ar an meán chuir na páistí cúig cheist ar na hagallóirí. Rinneadh anailís ar éagsúlacht cheisteanna na ndaltaí trí chineálacha na bhforainmneacha ceisteacha a chuntas. Cuimsíodh san fhiigiúr éagsúlachta seo na ceisteanna dar tús briathar substainteach (m.sh. *an bhfuil*), copail (m.sh. *ar*) nó gnáthbhriathar (m.sh. *an ritheann*). Is é an chaoi ar tugadh faoin éagsúlacht a chainníochtú, líon na gceisteanna a chomhaireamh do gach páiste ar leith agus sin a roinnt ar na cineálacha éagsúla struchtúir sna ceisteanna sin. I gcás pháiste C08c, mar shampla, bhí seacht gceist aici agus trí chineál ceisteanna agus b'ionann seo agus céatadán 42.8 don éagsúlacht.

Is 53.4% ráta éagsúlachta na gceisteanna a léirigh an páiste meánach. Is cuar foisteanach atá i ndáileadh na ndaltaí agus iad in ord ardaitheach an ráta éagsúlachta (Cairt 13).



Cairt 13 Ord ardaitheach na bpáistí de réir ráta éagsúlachta na gceisteanna sa Ghaeilge.

### 2.3.9 Samplaí eile d'athrú comhréire

San fhochaibidil seo pléimid díolaim éagsúil de na hathruithe foráis seo a leanas:

- dobhriathar idir an mhír agus an briathar, m.sh. *go just íosann*
- an aidiacht *sean* tar éis an ainmfhocail, m.sh. *an traein sean* (in ionad *an tseantraein*)
- cnuasach samplaí eile.

Tá samplaí ag ceathrar páistí inar cuireadh dobhriathar idir an mhír bhriathartha agus an briathar. Is iad *beagnach*, *'just'* agus *b'fhéidir* na dobhriathra atá i gceist sna samplaí seo:

Go **beagnach** bhfuair [...]; go **b'fhéidir** mbualfadh [...]; go **just** íosann siad [...].

I gcás na 17 páiste a raibh samplaí den aidiacht *sean* i bhfeidhm aitreabúideach acu, chuir triúr an aidiacht *sean* i ndiaidh an ainmfhocail:

an traein sean [...]; Sin í an bean sean.

Seo a leanas cnuasach de shamplaí eile comhréire míchuí:

déanfaidh rud eile Dónall [...] (.i. 'déanfaidh Dónall rud eile')

thug sé go baile na daoine slán. (.i. 'thug sé na daoine abhaile slán')

níl sé i gcónaí an rud céanna ag tarlú [...] (.i. 'níl an rud céanna ag tarlú i gcónaí')

## 2.4 Séimeantaic


Dírímid san fhochaibidil seo ar shéimeantaic na Gaeilge de réir na dtéamaí seo a leanas: an réamhfocal, an briathar agus nathanna cainte.

### 2.4.1 An réamhfocal

Fuarthas 60 sampla ó 32 (64%) páiste d'úsáid mhíchuí réamhfocail ar leith. Bhí 1.2% de na réamhfocail i bhfeidhm mhíchuí ag an bpáiste meánach. Cé go bhfuil ráta na samplaí míchuí



íseal, tá samplaí forleathan i measc na bpáistí. Mar a léirítear i gCairt 14, fuarthas na samplaí is mó d'fheidhm mhíchuí i measc na mbriathra a dtéann réamhfhocail leo (féach an plé thíos san fhochaibidil seo).



Cairt 14 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon samplaí d'fheidhmiú míchuí na réamhfhocail.

### An réamhfhocail le briathar

Is iad seo a leanas na briathra a bhfuil samplaí d'fheidhmiú míchuí na réamhfhocail leo: *abair le, beir ar, iarr ar, tabhair do, breathnaigh ar* agus *cuimhnigh ar*. Is dócha gurb é tionchar an réamhfhocail Bhéarla *to* (.i. *say goodbye to*) in áit an réamhfhocail *le*, atá le sonrú i bhfeidhmiú an réamhfhocail *do*, i ndiaidh an bhriathair *abair*:

déarfaidh sé slán **dho** daoine [...]

Chuir páiste amháin *ag* i bhfeidhm in áit *ar* i ndiaidh *beir*:

Agus tá seisear atá ag beireacht **ag** an...

D'fhéadfaí tionchar an Bhéarla ('ask help from' → *as*; 'ask from' → *ó*) a thabhairt faoi deara sa bhriathar *iarr ar*. Is iad na réamhfhocail *as* agus *ó* in áit *ar* a chuir beirt i bhfeidhm agus níor chuir duine de na páistí réamhfhocail ar bith i bhfeidhm:

agus bhí sé ag iarraidh cúnaimh **as** an fear.

d'iarr sé **ó** fear [...]

d'iarr sé ceann **dho** na fir ar na caiple [...] (.i. 'd'iarr sé ar dhuine de na fir a bhí ar na caiple [...].')

Féach:

*D'iarr sé ar an duine a bhí 'tomaí an helicopter le haghaidh lift [...]* (.i. 'd'iarr sé marcaíocht ar an duine a bhí ag tiomáint an *helicopter*');

agus féach an plé ar *le haghaidh* thíos san fhochaibidil seo.

Bhí an réamhfhocail *ag* in áit *do* leis an mbriathar *tabhair* ag páiste amháin i bhforainm réamhfhoclach (*a'm* in ionad *dhom* nó an leagan giortaithe '*om*):

cúnaimh a thiúirt **a'm** goil isteach [...]

Tá samplaí d'easpa réamhfhocail i gcás an bhriathair *breathnaigh ar*, m.sh.:

Bhí go leor daoine ag breathnú an traein.

Is cás annamh nó imeallach seachas feidhm mhíchuí a léirítear in easpa an réamhfhocail maidir leis an mbriathar *cuimhnigh ar*:

Níl mé in ann **cuimhniú an t-ainm** atá air.

Tá samplaí freisin de réamhfhocail a fheidhmiú i ndiaidh briathair nach ngabhann réamhfhocail leis sa Ghaeilge thraidisiúnta:

Seachain **ar** na caoire [...] (féach ‘watch out for’; nó leagan mar ‘seachain thú féin ar na caoire’);

ag cuartú **le haghaidh** iasc [...] (féach ‘searching / looking for’).

### Frásaí réamhfhocla

Chuir duine de na páistí *ag* in áit *ar* i bhfeidhm mar chuid d’fhorainm réamhfhocla:

tá deifir **aige**. (< tá deifir air)

Taifeadh easpa réamhfhocail i bhfrása eile:

bí’ muid **cuairt** [...] (< bí’ muid ar cuairt; bí’ = bíonn)

An réamhfhocail *ar* in ionad *i* i bhfrása dobhriathartha ama atá sa sampla anseo thíos:

**ar** samhradh [...] (< sa samhradh)

### Réamhfhocail le haidiacht

Taifeadh dhá shampla ó bheirt pháistí d’fheidhmiú réamhfhocail imeallaigh (i gcás *go dtí*) nó réamhfhocail mhíchuí (i gcás *uaidh*) leis an aidiacht *gar*:

**gar uaidh** cloch.

go mbeadh siad in ann goil **gar go dtí** é.

### Athrú i bhfeidhm an réamhfhocail

Taifeadh samplaí a léirigh athrú i bhfeidhm an réamhfhocail nach mbaineann le briathar ar leith, le frása ar leith ná le haidiacht ar leith ó 22 páiste. Tá teacht ar an réamhfhocail *go dtí* sa chiall ‘ag’ i gcás triúr páistí:

agus stop sé anseo **go dtí** stáisiún eile.

tá Dónall **go dtí** an traein.

stop an *helicopter* **go dtí** an... **go dtí** an... an féar.

Tá an dobhriathar *istigh* sa chiall ‘i’ nó ‘isteach i’ ag páiste amháin:<sup>9</sup>

**istigh** an *helicopter* [...]

fuair sé **istigh** an traein ar an deireadh.

Léirigh triúr páistí samplaí den réamhfhocail comhshuite *as cionn* (< ‘os cionn’ sa Chaighdeán) sa chiall ‘ar’, ‘ar bharr’, nó ‘thar’ (féach *on top of* an Bhéarla):

Tá an bó ar... **as cionn** an cnoc.

gabhfaidh sé **as cionn** an traein.

gabh sé **as cionn** an tarracóir [...]

<sup>9</sup> Maidir le *istigh*, féach an plé ar na réamhfhocail ó thaobh na deilbhíochta (2.2.5).

Chuir siad **as cionn** na clocha iad. (.i. chuir siad ar na clocha iad (.i. chuir siad na bróga ar na clocha))

Agus bhí sé as ... goil **as cionn** droichead.

Bhí na réamhfhocail chomhshuite *in aghaidh* nó *ar aghaidh* ag beirt sa chiall ‘roimh’ nó ‘chun tosaigh ar’:

tá caoire **i do aghaidh**. (.i. tá caoire romhat)

go bhfuair siad i bhfad **ar aghaidh iad**. (.i. go ndeachaigh siad i bhfad ‘un tosaigh orthu’) <sup>10</sup>

Tá teacht ar an réamhfhocail comhshuite *le haghaidh* i gciall an réamhfhocail ‘le’ ag triúr daltaí:

tá sé ‘teacht suas **le haghaidh** plean.

go dtiocfaidh an duine nua suas **le haghaidh** plean.

deireann sé sin **le haghaidh** duine.

Taifeadadh an réamhfhocail *mar* i bhfeidhm ‘mar gheall ar’ ó pháiste amháin:

níl siad in ann a goil thar **mar** caoire. (.i. níl siad in ann a ghoil thart mar gheall ar chaoire [a bheith ar an mbóthar])

Chuir beirt an réamhfhocail *ar* in áit *i* sa fhrása ‘i lár’ (féach Béarla ‘on the middle of...’):

**ar lár** an bhóthair; **ar lár** dhon bhóthar.

Tá sampla den fhorainm réamhfhocail *ag* sa chiall ‘ar’ ag páiste amháin:

Tá mé ag déanamh dearmad ar na cuide focla Gaeilge atá **acub**. (.i. ... Gaeilge atá orthu)

Tá an réamhfhocail *le* ag cúigeat sa chiall ‘le haghaidh’ nó ‘do’ nó ‘ar son’. Is giorrú é an forás seo ar an réamhfhocail comhshuite *le haghaidh* (*le-hí* agus *le’aghaidh* sa chaint; féach síos san fhochaibidil seo):

ag déanamh áit **leis** an *crab*. (.i. ‘... le haghaidh an phortáin’, nó ‘don phortán’)

ag iarraidh fáil áit **le** Dónall. (.i. ag iarraidh áit a fháil dho Dhónall)

déanaíonn siad rudaí **le** teachannaí scaití leob. (.i. déanann siad rudaí le haghaidh tithe astu [nó leo] scaití [.i. ‘as crainn’ nó ‘le crainn’])

Is tionchar an Bhéarla atá le sonrú sa réamhfhocail *le* a fheidhmiú sa chiall ‘ar feadh’ chun tréimhse ama san am atá le teacht a chur in iúl. I gcás beirte a taifeadadh samplaí de seo, m.sh.:

cheap siad go mbeadh siad ann **le** píosa. (.i. ... ar feadh píosa)

Taifeadadh *le haghaidh* sa chiall ‘chuig’, ‘ag’, ‘go dtí’ nó ‘chomh fada le’ ó bheirt pháistí:

thosaigh siad ag ritheacht **le haghaidh** Dónall [...]

an bhfuil cead aige *lift le haghaidh* an *helicopter*.

<sup>10</sup> Tabhair faoi deara an tréith choitianta sa chorpas seo, an forainm simplí ina chuspóir ag an réamhfhocail comhshuite, .i. *ar aghaidh iad* in áit *ar a n-aghaidh* (cé gur *ar aghaidh orthu* an bhrí atá leis an ráiteas anseo). Samplaí coitianta is ea *le haghaidh é / iad* cé go bhfuil siad seo le fáil sa chaint thraidisiúnta chomh maith. Tá an múnla neamhthraidisiúnta seo leis an bhforainm ag teacht le comhréir sheachfhoirmeach chuspóir forainmneach an ainm bhriathartha (2.3.2) agus le tionchar an Bhéarla.

Tá *le haghaidh* sa chiall ‘ar’ ag triúr, i bhfeidhm ‘for’ mar atá sa Bhéarla:

níl fhios a’m an Gaeilge **le haghaidh**...

níl *really* aon ainm a’inn **le haghaidh** é fós.

### **An réamhfhocal comhshuite le haghaidh i bhfeidhm imeallach thraidisiúnta**

Scagaimid anseo samplaí d’fheidhmiú an réamhfhocail chomhshuite *le haghaidh* sa chiall ‘do’ nó ‘ar son’ atá imeallach sa chanúint thraidisiúnta i gceantar na bpáistí. Tá sé an-choitianta i measc na bpáistí *le haghaidh* a úsáid in áit ‘do’ nó ‘ar son’:

Cuid **le haghaidh** gasúr beaga.

cairpéad **le haghaidh** na Gaeilgeoirí.

tá dhá *seat* ann **le haghaidh** dhá duine.

ag iarraidh cúnamh **le haghaidh** an traein.

I gcás 27 páiste, tá samplaí ann a léiríonn feidhmiú an réamhfhocail chomhshuite *le haghaidh* sa bhrí aidhme, fearacht *for* an Bhéarla:

tá siad em... ag goil **le haghaidh** an uachtar reoite. (.i. they are going for ice cream)

Ag eitilt timpeall **le haghaidh** bia. (.i. flying around for food)

D’iarr sé ar an duine a bhí’ tomai an *helicopter* **le haghaidh** *lift* [...] (.i. d’iarr sé marcaíocht ar an duine a bhí ag tiomáint an *helicopter*, féach ‘ask for’)

Agus féach:

Gearrann daoine crainnte **le haghaidh** an tine. (.i. People cut trees for the fire)

Sa chanúint thraidisiúnta, is úsáid imeallach freisin é *le haghaidh* a chur i bhfeidhm in áit ‘ar feadh’ nó ‘do’ chun tréimhse ama a chur in iúl ach tá sé an-choitianta sa chorpas, m.sh.:

fanacht **le haghaidh** píosa.

Bhí air suí síos **le haghaidh** cupla nóiméad.

bíonn siad a’inn **le haghaidh** an gheimhreadh.

### **2.4.2 An briathar**

#### **Breathnaigh agus faigh mar bhriathra cúnata**

Glactar le *breathnaigh* agus *faigh* ina mbriathra cúnata sa chanúint thraidisiúnta i gceantar na bpáistí. Tá samplaí ag 11 páiste d’fheidhmiú *breathnaigh* sa bhrí seo, m.sh.:

**breathnaíonn** sé [ar] nós an leoraí.

Tá sampla den fhocal seo sa ghnáthfheidhm agus mar bhriathar cúnata san abairt chéanna freisin:

Tá sé ag **breathnú** ar na feirmeoirí agus níl sé ag **breathnú** go bhfuil sé [ag] goil ar chor ar bith.

Taifeadadh *faigh* mar bhriathar cúnata ó 17 páiste (34% díobh le hais 2% le *éirigh*), m.sh.:

**fuair** siad... písín beag suas leis an traein.

Ní bhfuarthas sampla d'fheidhmiú an bhriathair chúnta *éirigh* ach ó dhuine amháin, dalta deich mbliana d'aois. Tuairiscíodh go raibh an-chumas acadúil ag an dalta seo agus nach raibh ach rochtain theoranta ar an teilifís sa teach. Seo a leanas an sampla:

...bhí mé ag **éirí** níos airde agus níos airde.

### **An briathar substainteach agus an chopail**

Fuarthas sé shampla d'úsáid an bhriathair shubstaintigh i bhfeidhm na copaile san aimsir láithreach ó chúigear páistí as an scoil chéanna. Cé go bhfuil feidhm ar leith leis an gcopail, tagraíonn sí do cháilíocht sheasmhach de ghnáth. Tá samplaí d'fheidhmiú an bhriathair shubstaintigh in áit na copaile i dtagairt áite, rud atá le fáil i gcanúint thraidisiúnta cheantar na bpáistí. Eiseamláir den fheidhm seo is ea:

**Tá** mo athair as an áit seo ach **tá** mo mháthair as [...]

Tá samplaí eile ag beirt d'fheidhm na copaile i suíomh an bhriathair shubstaintigh:

**ní** shin rud rómhaith [...]

**ba** feirm beagnach gach áit anseo [...]

Agus féach:

**ní** chead a'inn [...]

### **Aimsir mhíchuí**

In ionad *tá* an láithrigh, bhain beirt pháistí leas as aimsir ghnáthláithreach an bhriathair shubstaintigh *bíonn*, m.sh.:

**bíonn** sé istigh sa traein agus **bíonn** sé [ag]... cur smacht air anois.

### **Timchaint fháistineach le goil**

I gcás *goil* roimh ainm briathartha, tá 52 sampla den timchaint fháistineach. Tá an timchaint seo le sonrú i gcaint leath (50%) de na páistí. Tá an leagan neamhthraidisiúnta *goil ag goil / goil a ghoil* (fearacht 'going to go' an Bhéarla) in úsáid ag cúigear (10%; ceann an duine ag B10a, B10h, C08d, C09d, C10c). Is iad seo a leanas samplaí d'úsáid na timchainte seo:

Tá sé **ag goil a ghoil** ar an traein.

Tá na caiple **ag dul goil** craiceáilte.

#### **2.4.3 Cén dath?**

Fuarthas dhá sheachfhoirm faoi thionchar leagan an Bhéarla ag páiste amháin, cailín atá naoi mbliana d'aois. Tabhair faoi deara go bhfuil an réamhfhocal *ar* ar lár sa dá shampla agus go bhfuil an chosúlacht air gur fochlásal ceisteach atá sa struchtúr dar tús *an bhfuil*:

**Cén dath an bhfuil** gruaig an duine (.i. What colour is the person's hair?)

**Cén dath an bhfuil** an... veain? (.i. What colour is the van?)

Ó tharla nach bhfuil aon samplaí eile sa chorpas d'fheidhmiú an choibhneasta indíriú i suíomh an choibhneasta dhíriú, is é is dóiche gur fochlásal ceisteach seachas clásal coibhneasta indíreach atá sna fochlásail dar tús *an bhfuil* anseo, cé gurb ionann fuaimniú do *a bhfuil* sa chaint agus go bhféadfadh neodrú éigin a bheith i gceist.

#### 2.4.4 Slán a fhágáil

Rinneadh anailís ar an leas a bhain na páistí as an mbeannacht ina n-aithris ar an gcuid sin den scéal ina raibh daoine sna pictiúir ag fágáil slán lena chéile. Fuarthas samplaí ó 21 páiste. Ní raibh leagan traidisiúnta den bheannacht ach ag duine amháin. Bhí leaganacha de ‘slán a rá’ ag 18 agus leaganacha de ‘*waveáil slán*’ ag duine de na páistí. Bhí an leagan *tá sé abair bye* ag buachaill a bhí 11 bliain d’aois.

#### 2.4.5 An bhfuil cead ag ...?

Is athrú i dtreo fheidhm an Bhéarla atá le sonrú sa fhrása *an bhfuil cead ag ... ?* Tionchar fheidhm an Bhéarla ‘can (subject) have’ (‘can’ = ‘permission’) atá le sonrú i samplaí ag naonúr:

An bhfuil **cead** a’inn cúnaimh? (.i. An féidir cúnaimh a thabhairt dúinn?)

An bhfuil **cead** aige síob? (.i. An féidir síob a thabhairt dó?)

An bhfuil **cead** a’m *up close*? An bhfuil cead a’m breathnú gar dó?

An bhfuil **cead** aige *lift* le haghaidh an *helicopter*? (.i. An féidir leis bealach a fháil chomh fada leis an *helicopter*?)

Is dóigh gur bunaithe ar an athrú seo thuas is féidir leagan leis an mbriathar *féad* a thuiscint sa sampla seo:

an **bhféadfaidh** mé *lift*... go dtí an traein... beag dearg? (.i. an féidir liom marcaíocht a fháil chomh fada leis an traein bheag dhearg?)

#### 2.4.6 Samplaí eile de thionchar an Bhéarla

Sonraímid san fhochaibidil seo cnuasach beag samplaí séimeantaice inar féidir tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge a aithint:

ar **ball ó shin** [...] (< a while ago)

*just is maith liom níos fhearr* é. (< I like it better)

go **ndéanfadh sé ag** an traein [...] (< that he would make it to the train)

ag déanamh caisleáin **amach as** gainneamh [...] (< out of sand)

Féach:

*ní bhím ag caint faoi éanachaí **chomh mór sin***. (féach *that much*).

## 2.5 Pragmataic


Gnéithe de phragmataic na Gaeilge is ábhar don fhochaibidil seo: na focail phragmataice a dtugtar marcóirí dioscúrsa orthu. Dírímid freisin ar mhinicíocht úsáid na bhfocal Béarla *yeah, yes, yep*, agus ar chód na bhfreagraí a thugann na páistí ar cheisteanna dúnta.

### 2.5.1 Marcóirí dioscúrsa

Rinneadh anailís ar mhinicíocht 16 marcóir dioscúrsa, seacht gcinn acu as Béarla agus naoi gcinn as Gaeilge, a bhí sa chomhrá Gaeilge ag na páistí. Ba iad na marcóirí ba choitianta, in ord minicíochta (Cairt 15):

*well, cineál, just, like, kinda, (ar) nós, really, an bhfuil a fhios a’ d.*


## 2. Gaeilge



Cairt 15 Minicíocht na marcóirí dioscúrsa sa chomhrá Gaeilge.

Tá ord éagsúil le sonrú ach díriú ar líon na ndaltaí a bhfuil na marcóirí seo acu. Is iad na focail atá ag an líon is mó daltaí, in ord minicíochta (Cairt 16):

*just, well, cineál, (ar) nós, really, like, an bhfuil a fhios a'd.*




Cairt 16 Marcóirí dioscúrsa de réir líon na bpáistí.

Is i ngeall ar ardmhinicíocht na marcóirí *kinda* agus *like* a bheith ag líon réasúnta beag daltaí nach bhfuil *kinda* agus *like* chomh hard ar liosta na minicíochta de réir an lín is mó daltaí mar a léirítear i gCairt 16.

Bhí 17.1 marcóir dioscúrsa in úsáid ag an bpáiste meánach. Níor bhain beirt (C11a, C08b) feidhm as focail den chineál seo agus ba 98 marcóir dioscúrsa an líon is mó samplaí (.i. comharthaí) a bhí ag an bpáiste (C11f) ba mhó marcóirí dioscúrsa (Cairt 17).






Cairt 17 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na marcóirí dioscúrsa sa chomhrá Gaeilge.

Cé gur focail Ghaeilge atá sa mharcóir dioscúrsa ‘agus stuf’, d’aicmíomar ina mharcóir dioscúrsa Béarla é i ngeall ar gur aistriúchán díreach atá ann ar ‘and stuff (like that)’. Is minic a fheidhmíonn ‘(ar) nós’ mar aistriúchán ar ‘like’.

**2.5.2 Na focail yeah, yes, yep**

Faightear na focail *yeah, yes, yep* sa chomhrá Gaeilge i bhfreagraí dearfacha ar cheisteanna agus mar dheimhniúchán ar ráitis. Is é an leagan *yeah* is coitianta i measc na ndaltaí agus bhí sé ag 46 páiste (92%). Bhí teacht ar *yep* i gcás deichniúir (20%) agus bhain beirt (4%) leas as an bhfocal *yes* (cailín agus buachaill). Bhí 10.3 leagan de na trí fhocal seo in úsáid ag an bpáiste meánach. Níor taifeadh aon sampla ag triúr buachaillí san aoisghrúpa is óige (Cairt 18). Buachaillí is coitianta i measc an scór dalta is ísle líon na bhfocal *yeah, yes, yep* (ar chlé i gCairt 18): 15 buachaill : 5 cailín. Tá dáileadh gnéis mós cothrom sa scór dalta is airde líon na bhfocal *yeah, yes, yep* (ar dheis i gCairt 18): 8 buachaill : 12 cailín.




Cairt 18 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na gcomharthaí de *yeah, yes* agus *yep* sa Ghaeilge.

**2.5.3 Freagraí ar cheisteanna dúnta**

Rinneadh anailís ar cé acu i mBéarla (*yeah, yes, yep*) nó i nGaeilge (athrá ar bhriathar na ceiste (nó *sea*, féach thíos)) a thug na páistí freagraí ar cheisteanna dúnta sa chomhrá Gaeilge. Is 9.6 freagra as Béarla agus 16.9 freagra as Gaeilge a léirigh an páiste meánach. Tá réimse leathan le tabhairt faoi deara maidir le dáileadh na bpáistí sa chomhthéacs seo (Cairt 19). Buachaillí is coitianta i measc an scór dalta is airde céatadán freagraí i nGaeilge (ar dheis i gCairt 19): 15 buachaill : 5 cailín.

## 2. Gaeilge




Cairt 19 Ord ardaitheach na bpáistí de réir chéatadán na bhfreagraí i nGaeilge ar cheist dhúnta.

I measc na bhfreagraí a tugadh i nGaeilge tá samplaí den fhocal *sea* i suíomhanna gramadúla nach bhfuil copail sa cheist, áit nach mbeadh *sea* cuí sa Ghaeilge thraidisiúnta. Fuarthas 19 sampla den úsáid seo ó ochtar páistí, m.sh.:

- An aithníonn tú é? (agallóir)
- Sea.

Is leathnú é seo ar fheidhm *sea* atá faoi thionchar *yeah* agus *yes* an Bhéarla. Thugamar suntas do thréith eile atá coitianta sa chaint chomhaimseartha agus i nGaeilge na bpáistí: freagra dátheangach a thabhairt ar cheist dhúnta. Fuarthas 62 sampla den tréith seo ó 25 páiste (50%) (Cairt 20).



Cairt 20 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na bhfreagraí dátheangacha ar cheist dhúnta sa chomhrá Gaeilge.

D'aicmiomar freagraí dátheangacha mar seo faoi dhó, .i. mar fhreagra Gaeilge agus mar fhreagra Béarla. Freagra Gaeilge roimh an bhfocal Béarla an t-ord focal atá le sonrú i gcás 71% de na samplaí seo (Gaeilge+Béarla i gCairt 20), m.sh.:

Tá, *yeah*.

Féach:

Tá mé a cheapadh go bhfuil, *yeah*.

Tá an nós seo cothrom go maith ó thaobh gnéis de: 11 cailín : 9 buachaill. Is é an focal Béarla a thagann ar dtús sa chuid eile de na samplaí (Béarla+Gaeilge i gCairt 20), m.sh.:

*Yeah*. Taitníonn.

Cailíní is coitianta a bhfuil an t-ord seo acu: 9 cailín : 4 buachaill. Is féidir an claonadh gnéis atá á léiriú san fhianaise a leagan amach go hachomair mar seo:

Tá, *yeah*.      Cailíní ≈ Buachaillí  
*Yeah*, tá.      Cailíní >> Buachaillí

Tá, mar sin, trí mhúnla dhearbhaithe i gcóras comhrá Gaeilge na ndaltaí atá faoi chaibidil anseo. Mar shampla, de dhearbhu ar *an raibh ... tá* (a) *bhí*, (b) *yeah, yes, yep*, (c) *sea*, nó meascán de ghnéithe den chóras seo, mar a léiríodh sna samplaí thuas.

## 2.6 Líofacht

Cuirimid torthaí na hanailíse a rinneadh ar líofacht na bpáistí sa Ghaeilge ar fáil san fhochaibidil seo. Pléimid anseo an líofacht agus an mhílíofacht sa chomhrá Gaeilge de réir na ngnéithe seo: (1) tréithe líofachta agus mílíofachta i nóiméad samplach reacaireachta, a phléimid i bhFochaibidil 2.6.1.; (2) ráitis maidir le heaspa foclóra agus ráitis eile mheititheangeolaíochta maidir leis an stór focal Gaeilge, a phléimid i bhFochaibidil 2.6.2.


### 2.6.1 Tréithe líofachta agus mílíofachta

Tógadh nóiméad samplach d'insint scéil as na taifeadtaí ar an gcomhrá Gaeilge chun anailís a dhéanamh ar líofacht na bpáistí. Roghnaíodh an nóiméad reacaireachta seo as sliocht reacaireachta a iarradh ar an dalta a dhéanamh bunaithe ar phictiúir sa leabhar. Níor baineadh an sliocht seo as tús na reacaireachta a bhí ag na daltaí sa chaoi is nach mbeadh dóbartaíl tús scéil i gceist san anailís. Mar sin is as gar do lár na haithrise a baineadh an sliocht. I gcúpla cás níorbh fhéidir sliocht nóiméid as a chéile de reacaireacht an dalta a fháil sa chorpas. Sna cásanna seo baineadh caint an agallóra as sliocht leanúnach an dalta chun nóiméad iomlán reacaireachta a sholáthar don pháiste sin. Rinneadh anailís ar na ngnéithe seo a leanas sa nóiméad reacaireachta a bhí ag gach dalta ar leith chun teacht ar léiriú ar chúrsaí líofachta agus mílíofachta:

- (a) líon na bhfocal;
- (b) stad gearr agus stad fada in abairt;
- (c) bearna i dtáirgeadh focail, bíodh an focal críochnaithe nó ná bíodh (m.sh. *tháinig an tr-, traein*) .i. focal bearnaithe;
- (d) fad á bhaint as an bhfuaimniú de bharr dóbartaíola (m.sh. feic**imm** anseo**oo**);
- (e) intriachtaí dóbartaíola (*e-* agus *em-*).

#### Líon na bhfocal

Dúirt an páiste meánach 112.2 focal sa nóiméad a anailísíodh. Bhí difríocht 115 focal idir an líon ab ísle agus an líon ab airde focal (Cairt 21).




Cairt 21 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na bhfocal i nóiméad reacaireachta sa Ghaeilge.

#### Stad gearr agus stad fada in abairt

Comhairleadh líon na stadanna a bhí idir focail in abairt sa nóiméad reacaireachta ag gach dalta. Rinneadh idirdhealú idir stad gearr (fad níos lú ná trí shoicind) agus stad fada (fad trí shoicind nó níos mó). Rinne an páiste meánach 6.46 stad gearr agus 0.98 stad fada sa nóiméad samplach (Cairt 22).


## 2. Gaeilge



Cairt 22 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na stadanna gearra agus fada sa reaccraicht Ghaeilge.

### Focail bhearnaithe


Fuarthas suas le sé fhocal bhearnaithe sa nóiméad samplach i measc na bpáistí. 1.5 focal bhearnaithe a bhí ag an dalta meánach. Níor taifeadh sampla den tréith seo ó 17 páiste (34%) (Cairt 23).



Cairt 23 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na bhfocal bhearnaithe sa Ghaeilge.

### Fuaimniú fadaithe


Fuarthas suas le naoi gcomhartha d'fhuaimniú fadaithe i measc na bpáistí. Níor taifeadh sampla ar bith den tréith seo ó 20 dalta (40%). Léirigh an páiste meánach 1.46 fuaimniú fadaithe sa sampla (Cairt 24). Cailíní an seisear is airde líon na gcomharthaí fadaithe seo (ar dheis i gCairt 24).



Cairt 24 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na gcomharthaí den fhuaimniú fadaithe sa Ghaeilge.

### Intriachtaí dóbartaíola

Fuarthas suas le deich n-intriacht dóbartaíola (*e-* agus *em*) i measc na bpáistí. Níor taifeadh sampla den tréith seo ó chúigear (10%). Léirigh an páiste meánach 3.3 intriacht dóbartaíola (Cairt 25).



Cairt 25 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na n-intriachtaí dóbartaiola sa Ghaeilge.

### 2.6.2 Ráitis i leith cumais agus moill táirgthe focal

Dírímid anseo ar ráitis na ndaltaí maidir lena n-easpa foclóra agus ar a gcuid ráiteas meitheangeolaíochta maidir leis an stór focal Gaeilge atá acu. Is as an gcorpas iomlán dá gcuid agallamh sa Ghaeilge a tógadh an t-ábhar seo (agus ní as an nóiméad samplach reacaireachta amháin, ní hionann agus an fhianaise don phlé i 2.6.1). Is dearmad ar fhocail Ghaeilge atá i gceist anseo nó easpa táirgthe an fhocail Ghaeilge. Is iad seo a leanas samplaí de na ráitis atá i gceist san fho-rangú seo:

(a) Féintuarascáil ar easpa cumais (sa Ghaeilge):

an... coinín... em... *kinda squeak* freisin *kinda like... like I don't know really*. (maidir leis an torann a dhéanfadh coinín)

Níl a fhios agam céard é an Gaeilge air.

Níl mé go maith ag... aige i nGaeilge.

Tá mé ag déanamh dearmad ar na cuide focla Gaeilge atá acub.

Níl a fhios a'm ariamh i Gaeilge.

Níl a fhios a'm céard é *hedghehog* ar bith i nGaeilge.

(b) Féintuarascáil ar dhíríocht idir a gcumas sa Ghaeilge agus a gcumas a bheith níos fearr sa Béarla:

Tá a fhios a'm i Béarla. Ach níl a fhios a'm i Gaeilge é.

(c) Moill nó braiteoireacht i dtáirgeadh an téarma chuí Gaeilge:


Ní cnocáin iad ach cén t-ainm atá orthub ar chor ar bith? Ní cnocáin iad ach tá siad cineál suas díreach. [i. 'alltrachaí']

Em... sin, em... síoch-, em... síochá-, em... em... em... suí-, tá a fhios a'm é *just* ní... Síochán em... suíocháin... sciatháin, sciatháin!

Comhaireadh líon mhacasamhlacha na ráiteas seo ((a)–(c)) i measc na bpáistí aonaracha. Léirigh an páiste meánach dhá shampla (Cairt 26).



## 2. Gaeilge




Cairt 26 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na samplaí de ráitis i leith a gcuid cumas foclóra sa Ghaeilge.

Ní raibh aon ráiteas den sórt seo le fáil sa chorpas i gcás 12 dalta (24%).


### 2.7 Foghraíocht: réaladh *r* leathan agus caol

Pléimid anseo thíos anailís foghraíochta ar na fuaimeanna a dtagraíonn an litir ‘r’ dóibh mar a réaltar iad i gcomhrá Gaeilge na bpáistí. Is fuaimeanna so-aitheanta iad seo ag a bhfuil impleachtaí soch-chultúrtha agus impleachtaí i dtaobh teagmháil idir teangacha in go leor teangacha sa domhan. Rinneadh an anailís ar shamplaí nóiméad reacaireachta i gcás gach páiste. An nóiméad samplach céanna a bhí i gceist san anailís ar an líofacht (2.6). Níor comhairleadh líon na gcomharthaí ach anailísíodh an fhuaim ar leith a bheith ann nó gan a bheith ann. Bailíodh comharthaí den fhuaimniú traidisiúnta, an cnagach leathan [r] agus caol [r'] sa Ghaeilge, agus comharthaí ina raibh fuaimniú neamhthraidisiúnta, foghar a dtabharfaimid *r* aisfhille [ɹ] an Bhéarla mar lipéad comair anseo air, in áit na bhfoghar traidisiúnta. Fuarthas *r* chaol agus *r* leathan na Gaeilge ag 70% agus 20% de na páistí, faoi seach, agus *r* aisfhille an Bhéarla ag 90% de na daltaí (Cairt 27).



Cairt 27 Céatadán na bpáistí ag a raibh foghair *r* na Gaeilge agus an Bhéarla.

I gcás 14 páiste (28%), ní bhfuarthas comhartha ar bith de *r* na Gaeilge, caol ná leathan, sa nóiméad reacaireachta. Ar an taobh eile den scéal, is í *r* na Gaeilge amháin a bhí ag cúigear (10%), agus is buachaill gach duine den chúigear sin. Meascán na gcóras fuaimeanna Béarla agus Gaeilge a taifeadh i gcás an chuid is mó (62%) de na páistí (Cairt 28).




Cairt 28 Dáileadh na bpáistí de réir réaladh na bhfoghar *r* i nóiméad samplach.

Tá dhá chéim fhorbartha le sonrú san fhianaise seo i gCairt 28. Is léir go bhfuil *r* leathan na Gaeilge imithe as caint fhormhór na bpáistí agus *r* an Bhéarla tagtha ina háit. Tá sciar suntasach de na páistí atá forbartha níos faide i dtreo an Bhéarla mar go bhfuil *r* an Bhéarla acu in áit *r* chaol na Gaeilge. Fágann sin an scála impleachtúil seo i dtreis: má tá *r* leathan na Gaeilge ag dalta, beidh *r* chaol aige/aici (ach amháin B10g).

## 2.8 Inscne ghramadúil

Dírímid anseo thíos ar inscne na bhforainmneacha pearsanta in abairtí copaileacha a thosaíonn ar leagan éigin den fhorainm taispeántach seo nó *sin*. *siod/seo/sin é an ... nó siod/seo/sin í an ...* Bailíodh 400 sampla ag 48 páiste. Léirigh an páiste meánach 8.3 comhartha. Níor cuireadh san áireamh san anailís seo na naoi bhfrása a bhí ag ochtar páistí ina raibh tagairt fhorainmneach d'ainmfhocal Béarla sa fhrása céanna. Thagair an forainm firinscneach *é* do na focail Bhéarla seo ach amháin i gcás an fhocail *speedboat*, ar thagair an forainm baininscneach *í* dó mar atá coitianta sa Ghaeilge i gcás soithigh mar *bhád*.

Bhí tagairt de réir inscne na Gaeilge cruinn i 71.2% de na samplaí ag an bpáiste meánach. Tá difríocht shuntasach 50% idir na páistí is faide ó ghnás tagartha na Gaeilge agus na páistí is gaire do ghnás na Gaeilge. Bhí beirt a bhí go hiomlán cruinn sa réimse seo (Cairt 29).



Cairt 29 Ord ardaitheach na bpáistí de réir chéatadán na samplaí cruinne inscne sa Ghaeilge.

I gcás Ghaeilge na bpáistí, tá claonadh láidir forainm firinscneach a chur roimh ainmfhocal baininscneach. Is forainm firinscneach a thagair d'ainmfhocal baininscneach a bhí i 83% de na seachfhoirmeacha ar fad. I measc na bhfocal a ndearnadh anailís orthu, agus atá suimithe i gCairt 29, tá focal amháin, *bád*, atá firinscneach ó thaobh na deilbhíochta de ach a dtagraíonn forainm baininscneach dó sa chanúint thraidisiúnta i gceantar na bpáistí (m.sh. *siod í an bád*). As na 33 páiste a raibh sampla de thagairt fhorainmneach don fhocal seo acu sa fhrása copaileach seo bhí forainm firinscneach ag 26 dalta (78.8%) agus bhí an forainm baininscneach ag an gcuid eile.

Cé gurb é an claonadh is mó atá ann *é* a chur in áit *í*, tá samplaí dá mhalairt de chlaonadh *í* a chur in áit *é*. Bhí tagairt fhirinscneach do 19 focal bhaininscneacha agus bhí tagairt bhaininscneach do sheacht bhfocal fhirinscneacha. Tá na focail a bhfuil ar a laghad cúig shampla díobh ann liostaithe i dTábla 12.

Tagairt	Focal	Líon cuí	Líon samplaí	% Cuí	Tagairt	Focal	Líon cuí	Líon samplaí	% Cuí
Siod é an	spéir	1	6	16.7	Siod í an	crann	23	31	74.2
	traein	3	13	23.1		iasc	16	21	76.2
	bó	10	36	28.6					
	c(h)earc	12	33	36.4					
	lacha	8	14	57.1					

Tábla 12 Ainmfhocail choitianta sa chorpas agus céatadán a dtagartha cuí.




Tá an dá fhocal *bó* agus *cearc* spéisiúil sa liosta seo. Is ainmfhocail iad a thagraíonn do ghnéas ainmhithe atá cuibheasach coitianta faoin tuath in Éirinn. Tá 36 sampla den fhocal *bó* i gceist agus níl tagairt bhaininsneach ach ag deich gcomhartha (28.6%) díobh. Tá 33 sampla den fhocal *cearc* i gceist agus níl tagairt bhaininsneach ach le 12 comhartha (36.4%) díobh, is é sin tá tagairt bhaininsneach don fhocal *cearc* ag 12 páiste as 33. An céatadán íseal den tagairt nádúrtha insneach atá leis an dá fhocal seo, is léiriú é ar athrú tábhachtach i nGaeilge na bpáistí le hais na Gaeilge traidisiúnta.

## 2.9 An claochlú tosaigh


Dírímid anseo thíos ar na claochluithe tosaigh sa Ghaeilge sna réimsí gramadúla seo a leanas: an t-ainmfhocal, an briathar, an aidiacht, an forainm sealbhach, an aidiacht uimhreach, réimíreanna ainmfhoclacha agus an t-ainm briathartha. Pléimid freisin seachfhoirmeacha agus foirmeacha nuálacha agus tionchar an chlaochaithe tosaigh ar fhocail Bhéarla sa chomhrá Gaeilge. I gcur i láthair na gcairteacha a bhaineann leis na claochluithe tosaigh, baintear leas as lipéad achoimrithe a léiríonn réimsí éagsúla na gclaochluithe, m.sh. seasann *carr Dhóna(i)ll* do gach comhartha sa chorpas d'ainmfhocal cinnte sa suíomh ginideach, níl sé i gceist leis na lipéid go bhfuarthas an frása féin, m.sh. *carr Dhóna(i)ll*, ag aon duine ar leith.

As 5011 comhartha ina raibh claochlú tosaigh i bhfeidhm, nó ina mbeifí ag súil le claochlú tosaigh de réir na Gaeilge traidisiúnta, bhí 57.3% cuí ag an bpáiste meánach. Fuarthas an toradh meánach ab ísle (30.7%) i réimse na haidiachta i ndiaidh an ainmfhocail agus fuarthas an toradh meánach ab airde (88.1%) i réimse na bhforainmneacha sealbhacha (Cairt 30).



Cairt 30 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí de réir réimse gramadaí.

I gcuair Chairt 31 a thagraíonn do na réimsí gramadaí seo, is léir go bhfuil polarú chumas na bpáistí ó thaobh cruinnis de le tabhairt faoi deara. Tá líon na samplaí luaite sna lúbíní do gach réimse.



Cairt 31 Céatadán chuí na gclaochluithe tosaigh de réir réimsí gramadaí in ord ardaitheach neamhspleách do gach réimse ar leith.

Na línte treochta is lú céimeanna i gCairt 31 is iad is mó comharthaí .i. an t-ainmfhocal agus an briathar, rud a fhágann gur gaire a ndáileadh don fhíorghnás ó thaobh na staitistice tuarascálaí (seachas dáileadh atá bunaithe ar líon cuibheasach beag comharthaí). Is léir gurb é an briathar is mó a mbíonn claochlú tosaigh cuí air, mar gheall, is cosúil, gur leis is mó atá feidhm ghramadaí i


gcóras na gclaochluithe tosaigh. Féach go bhfuil claochluithe tosaigh iomarcach ó thaobh feidhme de leis an ainmfhocal. Mar shampla, tá feidhm chontrártha sa bhriathar le *bris* seachas *bhris*, rud nach bhfuil i gceist san ainmfhocal le *bróg* seachas *bhróg*. Chomh maith leis sin is mar aonad céille a fheidhmíonn cónaisc agus míreanna roimh an mbriathar, m.sh. *ní théann*.

### 2.9.1 An t-ainmfhocal

I gcás na samplaí ina mbeifí ag súil le claochlú tosaigh ar thúsleitir ainmfhocail, bhí 35.2% cuí ag an bpáiste meánach. I gCairt 32 léirímid céatadán na gclaochluithe cuí ar an ainmfhocal de réir na ndálaí éagsúla seo a leanas (agus, idir lúibíní, an lipéad a thugaimid sa chairt do gach réimse, m.sh. seasann *carr Dhóna(i)ll* do gach comhartha sa chorpas d'ainmfhocal cinnte sa suíomh ginideach):

- séimhiú ar an ainmfhocal cinnte sa suíomh ginideach (*carr Dhóna(i)ll*);
- urú ar an ainmfhocal i ndiaidh an ailt ghinidigh iolra (*na mbeithíoch*);
- *t*- roimh ainmfhocal firinsneach i ndiaidh an ailt (*an t-uisce*);
- séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh *den/don* (*den/don charr*);
- *h* roimh ghuta i ndiaidh an ailt iolra (*na héin/héanachaí*);
- séimhiú ar ainmfhocal baininsneach i ndiaidh an ailt sa bhuntuiséal (*an bhean*);
- séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh réamhfhocail shimplí (*ar cheann*);
- urú ar an ainmfhocal i ndiaidh an ailt faoi réir ag réamhfhocal simplí (*ag an ngeata*);
- séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh an ailt ghinidigh fhirinscnigh (*an fhir/fhear*);
- urú ar an ainmfhocal i ndiaidh an réamhfhocail *i* (*i gceann*).

Léirítear i gCairt 32 nach bhfuarthas oiread agus sampla amháin cuí i measc ainmneacha pearsanta sa suíomh ginideach (m.sh. *carr Dhóna(i)ll*) as 15 sampla. I gcás ainmfhocal faoi réir réamhfhocal a chuireann urú ar an túschonsan (*i gceann*), bhí 65.3% de na 128 sampla cuí.



Cairt 32 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí ar an ainmfhocal.

Pléimid leis na réimsí seo thuas de réir na bhfotheideal seo a leanas:

- an t-ainmfhocal sa bhuntuiséal ainmneach (*an t-uisce, na héin/héanachaí, an bhean*)
- an t-ainmfhocal sa suíomh ginideach (*an fhir/fhear, na mbeithíoch, carr Dhóna(i)ll*)

- an t-ainmfhocal faoi réir ag réamhfhocal (*don/den charr, ar cheann, ag an ngeata, i gceann*)


### An t-ainmfhocal sa bhuntuiséal

Tá céatadán meánach (31.1%) na samplaí cuí beagán níos ísle i réimse seo an ainmfhocail sa bhuntuiséal ná céatadán meánach na samplaí cuí ar leibhéal na n-ainmfhocal ar fad (35.2%). Is iad na claochluithe tosaigh atá i gceist san fhochaibidil seo:

- *t*- roimh ghuta san uatha firinsneach
- *h* roimh ghuta san iolra agus séimhiú ar thúschonsan ainmfhocail bhaininscnigh i ndiaidh an ailt.

Tá dhá ghné den fhianaise á léiriú i gCairt 33:

- céatadán iomlána na gcomharthaí cuí sa chorpas (barraí faisnéise oráiste)
- céatadán na bpáistí nach bhfuarthas aon chomhartha cuí sna réimsí seo acu (barraí faisnéise uaine) i measc na bpáistí a raibh comharthaí a bhaineann le hábhar acu.




Cairt 33 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí leis an ainmfhocal sa bhuntuiséal i measc na bpáistí agus céatadán na bpáistí gan sampla de na claochluithe tosaigh cuí.

Taobh amuigh de na réimsí thuasluaite, bhí samplaí d'fhoráis mhíchuí eile i measc na n-ainmfhocal sa bhuntuiséal. Ceann de na foráis seo is ea séimhiú a chur ar thúschonsan ainmfhocail fhirinscnigh i ndiaidh an ailt san uimhir uatha (m.sh. *an fhear*). Fuarthas 17 sampla den fhorás seo ó 14 páiste (28%). Is athrú eile é túschonsan ainmfhocail a chlaohlú sa bhuntuiséal san uimhir iolra (m.sh. *na draenachaí*). Taifeadh ocht sampla den tréith seo ó sheachtar (14%).

### An t-ainmfhocal sa suíomh ginideach

Pléimid anseo trí réimse a bhaineann le claochlú tosaigh ar an ainmfhocal sa suíomh ginideach. Tá céatadán meánach (20%) na samplaí cuí níos ísle sa réimse seo ná céatadán meánach na samplaí cuí ar leibhéal na n-ainmfhocal ar fad (35.2%). Tá dhá ghné den fhianaise á léiriú i gCairt 34:

- céatadán iomlána na gcomharthaí cuí sa chorpas (barraí faisnéise oráiste)
- céatadán na bpáistí nach bhfuarthas aon chomhartha cuí sna réimsí seo acu (barraí faisnéise uaine) i measc na bpáistí a raibh comharthaí a bhaineann le hábhar acu.



Cairt 34 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí leis an ainmfhocal sa suíomh ginideach agus céatadán na bpáistí gan sampla de na claochluithe tosaigh cuí.

Is léir mar sin ó fhianaise an chorpais seo go bhfuil:

- díothú iomlán ar fheidhmiú an tséimhithe ar ainmfhocal cinnte sa suíomh ginideach
- meath réasúnta suntasach ar fheidhmiú an uraithe sa tuiséal ginideach iolra.

Ach is léir go bhfuil teacht réasúnta minic ar shéimhiú ar an ainmfhocal firinscneach i ndiaidh an ailt sa tuiséal ginideach uatha.


### *An t-ainmfhocal faoi réir ag réamhfhocal*

Pléimid anseo:

- na claochluithe tosaigh a thagann i gceist ar an ainmfhocal i ndiaidh an réamhfhocail shimplí
- na claochluithe tosaigh i ndiaidh an ailt atá faoi réir ag an réamhfhocal simplí.

Tá céatadán meánach (47.3%) na samplaí cuí i réimse na n-ainmfhocal faoi réir ag réamhfhocal níos airde ná céatadán meánach na samplaí cuí ar leibhéal na n-ainmfhocal ar fad (35.2%). Tá dhá ghné den fhianaise á léiriú i gCairt 35:

- céatadán iomlána na gcomharthaí cuí sa chorpas (barraí faisnéise oráiste)
- céatadán na bpáistí nach bhfuarthas aon chomhartha cuí sna réimsí seo acu (barraí faisnéise uaine) i measc na bpáistí a raibh comharthaí a bhaineann le hábhar acu.




Cairt 35 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí leis an ainmfhocal faoi réir ag réamhfhocal i measc na bpáistí agus céatadán na bpáistí gan sampla de na claochluithe tosaigh cuí.

Mar sin, bíonn na claochluithe tosaigh seo in easnamh sa chorpas níos minice ná a mhalairt ach dá annaimhe an fheidhm seo tá sí ar fáil i measc fhormhór na bpáistí.

### 2.9.2 An briathar

I gcás na samplaí ina mbeifí ag súil sa Ghaeilge thraidisiúnta le claochlú tosaigh ar thúsleitir an bhriathair, bhí 83.1% cuí ag an bpáiste meánach. Léirítear i gCairt 36 céatadán na gclaochluithe cuí ar an mbriathar de réir na ndálaí éagsúla seo a leanas (agus, idir lúbíní, an lipéad a thugaimid sna cairteanna do gach réimse, m.sh. seasann *a mbíonn* do gach comhartha sa chorpas de bhriathar sa choibhneasta indéach):

- urú sa choibhneasta indéach (*a mbíonn*);
- easpa na míre *d'* roimh ghuta i ndiaidh na míre diúltaí san aimsir chaite (*níor ól*);
- séimhiú ar an mbriathar sa mhodh coinníollach (*chaitheadh*);
- urú i ndiaidh na gcónasc *mara* agus *sula* (*mara, sula*);
- urú i ndiaidh an chónaisc choinníollaigh *dhá* (*dhá gcaithfeadh*);
- urú i ndiaidh an chónaisc dhiúltaigh *nach* i ngach aimsir agus modh (*nach dtéann*);
- urú i ndiaidh an chónaisc *go* i ngach aimsir agus modh (*go dtéann*);
- séimhiú i ndiaidh an chónaisc choinníollaigh *má* (*má chaitheann*);
- urú i ndiaidh na míre ceistí *an* (*an dtéann*);
- séimhiú i ndiaidh na míre diúltaí *ní* (*ní théann*);
- *d'* roimh ghuta nó *fh-* san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach (*d'éirigh*);<sup>11</sup>
- séimhiú san aimsir chaite (*chaithe*);
- séimhiú i ndiaidh na míre diúltaí *ní(or)* san aimsir chaite (*níor chuir*).




Cairt 36 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí ar an mbriathar.

Is i gcás na gclásal coibhneasta indéach a fuarthas an céatadán ab ísle (28%) de shamplaí cuí na gclaochluithe tosaigh.

<sup>11</sup> Is féidir caitheamh le *d'* roimh bhriathar mar chuid de chóras na gclaochluithe tosaigh, agus é ag feidhmiú mar 'shéimhiú' ar leith.

### Míreanna briathartha, an aimsir láithreach


Léirítear i gCairt 37 go bhfaightear céatadán ard (89.1%) de shamplaí cuí i gcás na gcónasc agus na míreanna briathartha san aimsir láithreach i measc na bpáistí. Fuarthas an céatadán ab airde (94%) d'fheidhmiú cuí i gcás an tséimhithe ar an mbriathar i ndiaidh na míre briathartha *ní (ní théann)*.



Cairt 37 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí san aimsir láithreach.

### An aimsir chaite


Fuarthas céatadán ard (87.7%) samplaí cuí san aimsir chaite ag na páistí. Is é is suntasaí anseo ná an réaladh míchuí a bhaineann leis an mír *d'* roimh ghuta i ndiaidh na míre diúltaí san aimsir chaite (*ní d'ól/níor d'ól* in áit *níor ól*). Mar a léirítear i gCairt 38, ba iad na seachfhoirmeacha *ní d'ól* agus *níor d'ól* a bhí i 38.4% de na samplaí ar fad. Taifeadadh na seachfhoirmeacha seo ag 54% de na páistí agus níl ach na seachfhoirmeacha seo amháin ag 38% díobh.



Cairt 38 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí san aimsir chaite.

### An modh coinníollach


Léirítear i gCairt 39 go bhfuarthas céatadán ní b'íse, 75.5%, de shamplaí cuí i measc na mbriathra sa mhodh coinníollach.



Cairt 39 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cú sa mhodh coinníollach.

**‘Má chaitheann’, ‘mara/sula gcaitheann’**

I gcás samplaí na gclaochluithe tar éis na míreanna briathartha *má*, *mara* agus *sula*, bhí céatadán ard cú (83%) ag na páistí. Fuarthas samplaí den mhír bhriathartha *má* ó 27 páiste. Ní bhfuarthas samplaí de *sula* nó *mara* a bhainfeadh le hábhar ach ó naonúr (Cairt 40).



Cairt 40 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cú i ndiaidh *má* agus *mara/sula*.

**An clásal coibhneasta indíreach (an briathar rialta)**

Sna samplaí de chlaohlú tosaigh ar bhriathar rialta i gclásal coibhneasta indíreach ní raibh ach 28% díobh cú ag na páistí. Is ó 29 páiste a taifeadadh na samplaí agus ní raibh sampla cú ar bith ag 18 (62.1%) acu. Féach an plé i bhFochaibidil 2.3.5.


**2.9.3 An aidiacht**

Pléimid san fochaibidil seo séimhiú na haidiachta in dhá chomhthéacs:

- i ndiaidh an ainmfhocail bhaininscnigh sa bhuntuiséal (*bean mhór*)
- i ndiaidh ainmfhocail iolra dar críoch consan caol (stairiúil, m.sh. *-igh*) nó *-s/-z* (m.sh. *fir mhóra*, *bacaigh mhóra*, *leoraíos/z mhóra*).

Leis an dá chomhthéacs a thabhairt le chéile, bhí séimhiú cú i 30.7% de na samplaí seo ag an bpáiste meánach (Cairt 41).





Cairt 41 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí ar an aidiacht i ndiaidh an ainmfhocail.

Taobh amuigh de na réimsí thuasluaite, bhí samplaí de thrí fhorás sheachfhoirmeacha i measc na n-aidiachtaí: (a) séimhiú místairiúil ar aidiacht fhirinsneach; (b) séimhiú místairiúil ar aidiacht iolra; (c) séimhiú místairiúil ar aidiacht i suíomh na breischéime.


- Fuarthas séimhiú ar thúschonsan aidiachta i ndiaidh ainmfhocail fhirinsneach uatha sa bhuntuiséal, m.sh. *an fear mhór*. Fuarthas 17 sampla ó 11 páiste (22%) den fhorás seo.
- Taobh amuigh de chomhthéacs na gconsan a chuireann séimhiú stairiúil i bhfeidhm (m.sh. *fir mhóra*), fuarthas séimhiú ar thúschonsan aidiachta i ndiaidh ainmfhocail iolra eile sa bhuntuiséal, m.sh. *na crainnte mhóra*. Taifeadh 21 sampla ag deichniúr (20%) den fhorás seo.
- Fuarthas séimhiú ar thúschonsan aidiachta i suíomh na breischéime ag ceathrar (8%), m.sh. *níos bhuí, níos mhór*. Níor chuireamar san áireamh anseo an séimhiú sa leagan *níos fhearr* atá traidisiúnta i gceantar na bpáistí agus a fuarthas ag cúigear (13.5%) sa chorpas.

#### 2.9.4 An forainm sealbhach

Fuarthas claochlú tosaigh cuí ar thúsleitir ainmfhocail faoi réir forainm shealbhaigh i gcás 88.1% de na samplaí ag an bpáiste meánach, m.sh. *mo theach*; ach samplaí míchuí is ea *do bád* agus *do deirfiúr*.

#### 2.9.5 An uimhir

I gcás an pháiste mheánaigh, fuarthas claochlú tosaigh cuí ar 54.4% de na samplaí a bhain le túsleitir ainmfhocail a bhí faoi réir ag uimhir. Fuarthas samplaí den orduimhir ó líon beag páistí, 12 duine díobh, mar a raibh *h* roimh ghuta i gceist. Bailíodh samplaí den bhunuimhir ó 47 páiste (Cairt 42) mar a raibh séimhiú agus urú i gceist.




Cairt 42 Céatadán na gclaochluithe tosaigh ar ainmfhocail faoi réir uimhreach.

Rinneadh anailís freisin ar *h* roimh ghuta ar bhnuimhir a thosaíonn ar ghuta tar éis na míre uimhrí *a* (bíodh *a* le haireachtáil nó ná bíodh), m.sh. (*a*) *hocht*. Chuir na páistí *h* roimh an nguta go cuí i 56% de na samplaí.

### 2.9.6 An aidiacht éiginnte agus na réimíreanna ró- agus an-

Léirítear i gCairt 43 céatadán réalach an tséimhithe ar thúschonsan focail faoi réir na n-aidiachtaí éiginnte *aon* agus *chuile* agus i ndiaidh na réimíreanna *ró-* (nó *ro-*) agus *an-*. Fuarthas séimhiú cuí i gcás 63.4% de na samplaí seo trí chéile.



Cairt 43 Claoclú tosaigh ar thúsleitir focal faoi réir aidiachta éiginnte nó réimíre.

### 2.9.7 Claoclú ar an ainm briathartha i ndiaidh an fhorainm shealbhaigh á

Chuir an páiste meánach claoclú tosaigh cuí ar thúschonsan ainm bhriathartha faoi réir an fhorainm shealbhaigh *á* i gcás 63.1% de shamplaí an chorpais. Taifeadh samplaí den réimse claocluithe tosaigh seo ó 13 páiste, m.sh. *á chaitheamh* (cuí); ach *dhá* (firinsneach) *déanamh* (míchuí).

### 2.9.8 Focail Bhéarla sa chomhrá Gaeilge agus an claoclú tosaigh

Fuarthas 58 focal Béarla sa chomhrá Gaeilge i suíomh claochlaithe tosaigh agus túschonsan inchlaochlaithe acu. Cuireadh claoclú tosaigh ar 13 focal díobh (22.4%; seacht leicséim) agus fágadh an chuid eile gan chlaoclú. Tá na focail seo ar a bhfuarthas claoclú tosaigh á léiriú i dTábla 13.

	Claochlaithe	Gan chlaoclú	Iomlán Samplaí	% Claochlaithe
back	4	8	12	33
bicycle	4	4	8	50
carriage	1	4	5	20
catcháil	1	1	2	50
bangáil	1		1	100
meetáil	1		1	100
pressáil	1		1	100

Tábla 13 Focail Bhéarla ar cuireadh claoclú tosaigh i bhfeidhm orthu.

Tugaimid samplaí anseo d'fhocail Bhéarla claochlaithe i gcomhthéacs:

cé méid rudaí atá istigh sa *mback* an veain?

Bhí... trí... *charriage* ar... an... traein...

Bheadh an... traein ag goil go *Dublin* nó rud eicint is... ní *mheetáilfeadh* tú suas go brách é.

*phressáil* mé *like* uimhir a... a haon [i. cnaipe ar an raidió].

## 2.10 Achoimre

Sa chaibidil seo rinneadh anailís ar Ghaeilge na ndaltaí de réir na naoi réimse teangeolaíochta seo a leanas: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic, líofacht, foghraíocht, inscne, agus claochlú tosaigh.

**1.** Cuireadh staitisticí tuarascálacha i láthair maidir leis an **bhfoclóir** i dtéarmaí leamaí. Tagann laghdú ar líon meánach na leamaí i measc na gcainteoirí ó 415 (iomlán) go 367 (calabraithe), nuair a bhaintear leamaí T2 (8.6%) agus leamaí earráideacha (2.4%; c. 8% de na leamaí Gaeilge) díobh. Léirítear trí ghrúpa cainteoirí ag a bhfuil líon meánach leamaí íseal (284), níos airde (381) agus cuibheasach ard (516). Pléadh cineál na leamaí T2 sa Ghaeilge. Baineann céatadán ard (67.6% ar an meán) de na leamaí T2 leis na 2000te. Ardaíonn líon an-bheag de na daltaí na céatadán iomlána seo de na leamaí T2 agus de na leamaí earráideacha go suaithinseach.

**2.** Pléadh **deilbhíocht** Ghaeilge na ndaltaí. San **ainmfhocal** tá 3.3% (0.6% ar an meán) de na leamaí T1 earráideach. Baineann na leaganacha earráideacha seo le 19 dalta. Ó thaobh na deilbhíochta de, is seachfhoirmeacha iad 31% (.i. 112/361; 13.4% ar an meán) de na hainmfhocail iolra Ghaeilge. Níl de sheachfhoirm dheilbhíochta T2 ach sampla amháin. Maidir leis an nginideach uatha, as na leamaí ar fad a sheasann i suíomh an ghinidigh uatha, i struchtúr ginideach dhá ainmfhocal, agus a bhfuil foirm ar leith ghinidigh acu, seasann 33.2% (20.8% ar an meán) acu i bhfoirm an ghinidigh. Is i bhfoirm an tuisil ainmnigh a fhágtar an chuid eile de na leamaí seo. Tar éis bunuimhreach, réaltar 89.2% (83.4% ar an meán) de na hainmfhocail i bhfoirm uatha (foirm chuí de réir na canúna) ach réaltar an chuid eile san iolra (seachfhoirm de réir na canúna).

Is seachfhoirmeacha iad 18.1% de leamaí na **mbriathra** ó thaobh na deilbhíochta de: seachréimniú (go háirithe an Chéad Réimniú a bheith in ionad an Dara Réimniú); foirm scartha in ionad na foirme táite (14 dalta (28%) leaganacha táite amháin, 23 dalta (46%) leaganacha scartha amháin, agus 13 dalta (26%) idir leaganacha táite agus scartha); an briathar mírialta (8.8% de na foirmeacha neamhspleácha míchuí, m.sh. *fáfadh* in ionad *gheofadh*; 37.6% ar an meán de na foirmeacha spleácha míchuí, m.sh. *ní chonaic*). Údar suntais is ea ganntanas an tsaorbhriathair.

San **aidiacht**, fuarthas fianaise ar laghdú sa sealbhú ar chéim na comparáide. Bhí 40% di seo míchrúinn ag an bpáiste meánach, arbh é an tseachfhoirm is coitianta bunleagan na haidiachta a chur i bhfeidhm, m.sh. *níos beag*. San **ainm briathartha**, fuarthas 9.4% (3.4% ar an meán) díobh míchrúinn ó thaobh na deilbhíochta de. Cuireadh an foirceann *-áil* le 85.5% de na hainmneacha briathartha iasachta. Foráis éagsúla a fuarthas i réimse an **réamhfhocail** is ea: 3<sup>ú</sup> pearsa firinscneach an fhorainm réamhfhoclaigh in ionad an réamhfhocail shimplí, m.sh. *dhó* in ionad an réamhfhocail shimplí *dho*; *istigh (i)* in ionad an réamhfhocail shimplí *i*; bunfhoirm an réamhfhocail roimh an alt in ionad foirm chomhtháite an réamhfhocail, m.sh. *le an* in ionad *leis an*; bunfhoirm le forainm in ionad an fhorainm réamhfhoclaigh, m.sh. *ó iad* in ionad *uathu*; leamaí Béarla 8.6% de na leamaí réamhfhoclaicha. Maidir leis na **forainmneacha sealbhacha**, sa chéad agus sa dara pearsa, roimh ghutaí, *mo* agus *do* an gnás, ní bhfuarthas *m'* agus *d'* ach go heisceachtúil. Sna **míreanna briathartha**, tá *má* in ionad *dá* coitianta, agus *má ní* in ionad *mara* nó *mura*, agus *ní d'* in ionad *níor*. Ar deireadh, fuarthas cineál measctha **comhfhocal** bunaithe ar *-rud*, m.sh. *boot-rud*, *caoire-rud*.

**3.** Anailísíodh réimsí áirithe **comhréire** i gcaint Ghaeilge na ndaltaí: an t-ainm briathartha le hainmfhocal cuspóireach i bhfoclólásal (m.sh. *an obair a dhéanamh*, 69.3% cuí); an t-ainm briathartha le forainm 3<sup>ú</sup> pearsa cuspóireach i bhfoclólásal (m.sh. *é a dhéanamh*, 90% cuí ag an bpáiste meánach); an t-ainm briathartha sa timchaint leanúnach le forainm 3<sup>ú</sup> pearsa cuspóireach (m.sh. *tá mé dhá ndéanamh*, 40.6% cuí ag an bpáiste meánach; míchuí: *tá mé ag déanamh iad* >> *tá mé ' iad a dhéanamh*); an chlaoninsint indéreach (de na daltaí a bhfuarthas sampla uathu, 63.9% cuí); an foclólásal ceisteach (de na daltaí a bhfuarthas sampla uathu: *an* cuí ag 80%; *má* nó *go* míchuí ag 20%); an clásal coibhneasta indéreach (7.3% cuí); an clásal coibhneasta díreach (samplaí measartha annamha de *cé* agus *céard* mar fhorainm coibhneasta); struchtúr an ghinidigh (87.6% cuí): an t-alt dúbailte ag 52% agus ginideach réamhfhoclach ag 40% de na faisnéiseoirí; an

forainm sa tríú pearsa agus comhfhreagracht uimhreach in abairt; éagsúlacht ceisteanna (53.4% an ráta éagsúlachta ag an bpáiste meánach); agus samplaí eile d'athrú comhréire.

4. Anailísíodh trí réimse **séimeantaice**: an réamhfhocal (samplaí míchuí ag 53% de na páistí); an briathar (*éirigh* an-ghann mar bhriathar cúnta; díothú na copail; forfheidhm *bíonn*; (*ag*) *goil* (*ag goil*); agus frásaí éagsúla.

5. Rinneadh anailís ar chúrsaí **pragmataice** i nGaeilge na ndaltaí ó thaobh: marcóirí dioscúrsa Gaeilge agus Béarla (cinn Bhéarla ceannasach); *yeah* ~ *yes* ~ *yep* (ag 92% de na páistí; 10.3 leama ag an bhfaisnéiseoir meánach); freagraí ar cheisteanna dúnta (c. an tríú cuid díobh as Béarla; freagraí dátheangacha ag 50% de na páistí; *sea* seachfhoirmeach ag 16% de na páistí).

6. Rinneadh anailís ar **líofacht** na ndaltaí de réir na ngnéithe seo: (1) tréithe líofachta (líon focal) agus **mílíofachta** (stadanna (6.46 stad gearr agus 0.98 stad fada ag an bpáiste meánach), focail bhearnaithe (1.5 ag an bpáiste meánach), fuaimniú fadaithe (1.46 ag an bpáiste meánach), intriachtaí dóbartáola (3.3 ag an bpáiste meánach)) i nóiméad samplach reacaireachta; (2) ráitis maidir le heaspa foclóra agus ráitis eile mheititheangeolaíochta (dhá shampla ag an bpáiste meánach).

7. Anailísíodh **foghraíocht fhuaimneanna r** na ndaltaí i nóiméad samplach reacaireachta. Fuarthas *r* chaol agus *r* leathan na Gaeilge ag 70% agus 20% de na páistí, faoi seach, agus *r* aisfhille an Bhéarla ag 90% de na daltaí.

8. Maidir le **hinscne** thagartha na bhforainmneacha in abairtí copailéacha, bhí inscne chruinn i 71.2% de na samplaí ag an bpáiste meánach.

9. San anailís ar na **claochluithe tosaigh** trí chéile fuarthas 57.3% cuí ag an bpáiste meánach. Rinneadh scagadh sna réimsí gramadúla seo: an t-ainmfhocal (35.2% cuí ag an bpáiste meánach; 0/15 sampla cuí i gcás ainmneacha pearsanta sa suíomh ginideach; faoi réir ag réamhfhocal, céatadán meánach: 47.3% cuí); an briathar (réaladh is airde i measc an tsampla lánfhianaithe: 83.1% cuí ag an bpáiste meánach; i ndiaidh na míre briathartha *ní* ab airde: 94% cuí); an aidiacht (i ndiaidh an ainmfhocail: 30.7%, an toradh meánach ab ísle), an forainm sealbhach (88.1%, an toradh meánach ab airde); an aidiacht uimhreach (54.4% cuí ag an bpáiste meánach); réimíreanna ainmfhoclacha; an t-ainm briathartha i ndiaidh an fhorainm shealbhaigh *á* (63.1% cuí ag an bpáiste meánach); focail Bhéarla inchlaochlaithe (25.9% díobh claochlaithe). Tá díothú á léiriú i gcaint na ndaltaí mar sin ar go leor de chóras chlaochluithe tosaigh na Gaeilge Traidisiúnta.

### Léitheoireacht bhreise

de Bhaldráithe, T. (1977, an chéad eagrán 1953) *Gaeilge Chois Fhairrge: An deilbhíocht*. BÁC: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. agus Ó Curnáin, B. (eag.í) (2012) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac.

Mac Con Raoi, C. (2011) 'Mo Scéal Féin i mo Dhá Theanga Féin': Teanga, Códmheascadh, Pearsa agus Féiniúlacht i Reacaireacht Dátheangóirí Óga as Gaeltacht Thír Chonaill. Tráchtas neamhfhoilsithe MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ó Curnáin, B. (2007) *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*. Iml. I–IV. BÁC: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Domagáin, G. (2013) 'Cineál agus feidhm an chódaistrithe i nGaeilge chomhaimseartha na Gaeltachta: Cás-staidéar ar cheantar Ghort an Choirce', *Éigse* 38: 199–245.

# Béarla

Léiriú agus anailís teangeolaíochta ar shealbhú an Bhéarla sa Ghaeltacht chomhaimseartha atá sa chaibidil seo bunaithe ar Bhéarla pháistí an tsuirbhé seo. Déanfar anailís i ndiaidh a chéile ar ghnéithe de na sé réimse teangeolaíochta seo a leanas: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic agus líofacht. Cuimsíonn an réimse leathan seo gnéithe lárnacha den struchtúr teanga a léiríonn go háirithe inniúlacht na gcainteoirí i mbun réimsí cumarsáide agus réimsí ar leith castachta. Léiríonn inniúlacht ard a bheith ag cainteoir sna struchtúir éagsúla seo cumas ard ginearálta sa teanga agus, ar an lámh eile de, léireodh easpa inniúlachta sna struchtúir chéanna cumas teoranta ginearálta sa teanga.

## 3.1 Foclóir (leamaí)


San fhochaibidil seo pléimid líon na leamaí a chuir na daltaí i bhfeidhm le linn an agallaimh trí Bhéarla. Mar shampla, corpas ina bhfuil *child* (x2), *child's*, *children* (x3), *children's* tá ceithre leama ann ach níl ach leicséim amháin ann (agus seacht gcomhartha).

### 3.1.1 Líon na leamaí

Is é líon na leamaí ar fad a chuir na daltaí i bhfeidhm sa Bhéarla ná 2630 leama. Tá na leamaí T2 (Gaeilge) agus na leamaí míchuí san áireamh san fhiigiúr seo. Léirigh na páistí 384 leama ar an meán. Tar éis na figiúirí seo a chalabrú, is é sin, na leamaí T2 (Gaeilge) agus na leamaí míchuí a bhaint astu, laghdaítear an t-iomlán go 2508 sa chorpas. Sin laghdú 4.7% ar leamaí T2 (Gaeilge) 3.7% díobh agus c. 1% díobh ina leamaí míchuí. Déanann an calabrú céanna laghdú 1.5%, ó 384 go 378, ar líon meánach na leamaí i measc na gcainteoirí, 0.7% díobh ina leamaí T2 agus 0.8% díobh ar leamaí míchuí iad.

Léirítear i gCairt 44 dáileadh na bpáistí de réir líon ardaitheach na leamaí calabraithe a bhí acu. Is é sin le rá, tá an té is lú líon leamaí calabraithe ar thaobh na lámhe clé (C07b) sa léaráid agus cainteoirí eile ina sraith ina dhiaidh go dtí an té is airde líon leamaí calabraithe ar thaobh na lámhe deise (B10h). Tá na páistí rangaithe ina dtrí fhoghrúpa: Foghrúpa A (meán 266) ag a bhfuil líon íseal leamaí calabraithe (ar thaobh na lámhe clé den chéad líne bhriste ingearach) agus Foghrúpa B (meán 376) ag a bhfuil líon meánach leamaí calabraithe (i lár na léaráide) agus Foghrúpa C (meán 534) ag a bhfuil líon ard leamaí calabraithe (ar thaobh na lámhe deise den dara líne bhriste ingearach).


Faightear 6% de na daltaí i gcuid tosaigh (íseal) an chuair, .i. i bhFoghrúpa A. Faightear 86% de na daltaí i gcuid lárnach (meánach) an chuair, .i. i bhFoghrúpa B; agus 8% i gcuid deiridh (ard) an chuair, .i. i bhFoghrúpa C. Laghdaíonn an difríocht idir líon na leamaí ar fad agus líon na leamaí calabraithe ó 15% i bhFoghrúpa A go dtí 10.7% i bhFoghrúpa B agus go dtí 7.7% i bhFoghrúpa C sa chuar. Is difríocht bheag í seo.



Cairt 44 Ord ardaitheach na bpáistí de réir na leamaí calabraithe sa Bhéarla.

### 3.1.2 Leamaí T2 sa Bhéarla


Níl sa chomhrá Béarla ach 3.7% de líon iomlán leamaí T2 (Gaeilge). Is ainmfhocail leath (49%) díobh sin (Cairt 45).



Cairt 45 Rangú gramadúil na leamaí T2 sa Bhéarla.

Níl ach c. 2% de na focail T2 ar fad in úsáid de réir chóras gramadaí an Bhéarla, m.sh. iolra an Bhéarla i *chicíns, paisinéars*. I measc na bhfocal T2 is coitianta, tá ainmneacha ainmhithe agus éisc (*gráinneog* ag ceathrar, *rón* ag ceathrar, *ronnach* ag cúigear) agus ainm ar bhád traidisiúnta i gceantar na bpáistí (*curach* ag ochtar) atá ina ghnáth-iasacht sa Bhéarla.

Léirítear i gCairt 46 ord ardaitheach de réir líon na leamaí T2 a chuir na páistí i bhfeidhm sa Bhéarla. Tugann an léaráid le fios gur go heisceachtúil a bhaineann na daltaí scoile feidhm as níos mó ná ceithre leama T2 sa Bhéarla.



Cairt 46 Dáileadh na bpáistí de réir líon ardaitheach na leamaí T2 (Gaeilge) sa Bhéarla.

### 3.1.3 Leamaí míchuí

Baineann leaganacha míchuí deilbhíochta le c. 1% de na leamaí T1 (Béarla) ar fad. Tá leaganacha míchuí deilbhíochta ag leibhéal na n-ainmfhocail, na mbriathra agus na n-aidiachtaí.


## 3.2 Deilbhíocht

San fhochaibidil seo dírimid ar dheilbhíocht na leamaí Béarla de réir na ranganna gramadúla lena mbaineann siad. Pléimid cúrsaí deilbhíochta de réir an ainmfhocail, an bhriathair agus na haidiachta.

### 3.2.1 An t-ainmfhocail: an uimhir iolra mhírialta

Is iad seo a leanas na hainmfhocail a bhfuil samplaí de sheachfhoirmeacha díobh ann, mar a bhfuil tamhan an uatha agus foirceann *-(e)s* an iolra: *deers* (< *deer*), *fishes* (< *fish*), *mouses* (< *mice*), *peoples* (< *people* sa chiall 'daoine'), *sheeps* (< *sheep*) agus *womans* (< *women*). Tá na focail *jellyfish* agus *starfish* san áireamh chomh maith i líon na leamaí i gcás iolra an fhocail *fish*. Tá sampla d'fhoirceann *-s* an iolra le tamhan an iolra (*feets* < *feet*) ag páiste amháin. I gCairt 47 léirítear líon na bpáistí ag a bhfuil gach foirm iolra faoi seach.





Cairt 47 Foirmeacha cuí agus seachfhoirmeacha an ainmfhocail iolra.

Níl ach focal amháin, *deer*, a bhfuil níos mó samplaí den seachfhoirm ná den fhoirm chuí iolra i gceist. Ní raibh ach an tseachfhoirm *deers* ag formhór na bpáistí (30 duine) agus malartaíocht, is é sin feidhmiú an dá leagan, a taifeadadh i gcás na ndaltaí eile:

Em... they're... they're deer... deers.

Is suntasaí de sheachfhoirm é *womans* a bheith in áit *women* ag duine de na páistí:

That is the big house that the womans live in.

Is ábhar spéise eile é focail nach bhfuil ach an leama uatha amháin díobh in úsáid sa Bhéarla (cnuasainm) nó gur ciall eile a bhaineann leis an leama iolra díobh. Tá sampla amháin d'iolra sna focail *oils* agus *metals*, bhí *woods* ag beirt sa chiall 'crainn' (seachas sa chiall 'coillte' nó 'woods') agus fuarthas samplaí den iolra *glasses* sa chiall 'píosáí gloine' (agus ní 'spéaclóirí') ag seachtar de na daltaí:

I was scraping the oils on the chains [...]

And there is some... there is some... there is some woods in his way.

there were a big pile of metals [...]

there were castles and lots of fish and broken glasses on the beach.

Is cosúla samplaí mar *glasses* le nós na Gaeilge, is é sin leas a bhaint as focal fearacht *gloineachaí* sa chiall 'píosáí gloine'. Tá sampla de leagan uatha an fhocail *fox* (dar críoch s ó thaobh foghair de) i bhfeidhm san uimhir iolra ag beirt:

These are the fox.

Tá ocht leama ainmfhoclaacha san iolra ina leamaí Gaeilge (leama measctha, *chicíns*, ina measc). Sin 2.1% de na hainmfhocail iolra ar fad. Tá foirceann iolra an Bhéarla *-s* ar thrí leama (*chicíns*, *paisinéars*, *róns*) agus iolra na Gaeilge ar na focail eile (*áiteachaí*, *curachaí*, *driseachaí*, *faileáin*, *ronnachaí*).


### 3.2.2 An briathar: an aimsir chaite mhírialta

Rinneadh anailís ar na briathra mírialta, idir na leaganacha dearfacha agus diúltacha, san aimsir chaite shimplí. B'in é an t-aon réimse briathartha a bhfuarthas seachfhoirmeacha deilbhíochta ann. Fuarthas 21 briathar a raibh seachfhoirmeacha i measc na ndaltaí agus a raibh ar a laghad cúig shampla, idir fhoirmeacha cuí agus sheachfhoirmeacha, ar fáil díobh. Aicmíodh na daltaí de réir mar a bhí an fhoirm chuí agus / nó seachfhoirm acu gan díriú ar líon na samplaí.



### 3. Béarla

12% de na briathra dearfacha agus 8% de na briathra diúltacha i measc bhriathra an fhoshampla a bhí ina seachfhoirmeacha. Ní bhfuarthas seachfhoirmeacha ná iarracht freagra a sheachaint i gcás na mbriathra *come, give, have, agus put*; is é sin le rá gur cuí ar fad a bhíodar seo. Níl comhfhreagracht shoiléir idir na seachfhoirmeacha dearfacha agus diúltacha. Níor cuireadh an briathar *dive* sa liosta i dTábla 14 mar go nglactar le dhá leagan dhearfacha de san aimsir chaite, *dived* agus *dove*. Bhí an fhoirm *dived* ag 23, an fhoirm *dove* ag duine agus an tseachfhoirm *doved* ag dalta amháin. Bhí an timchaint *did dive* ag cúigear in ionad an bhriathair shimplí. Rinneadh cuntas freisin ar thimchaint, is é sin leagan na haimsire caite a 'sheachaint' agus leagan is gaire d'fhoirm na haimsire láithrí a rá tar éis an bhriathair chúnata *did (he did go < he went)*. Is leis na briathra dearfacha amháin a bhaineann feidhm seo na timchainte nó seachaint an fhreagra dhírigh (Cairt 48).



Cairt 48 Céatadán na mbriathra mírialta san aimsir chaite sa tseachfhoirm agus sa timchaint.


I dTábla 14 tugaimid cineálacha na seachfhoirmeacha san aimsir chaite dhearfach agus dhiúltach a bhí ag na páistí. Líon na ndaltaí a dúirt an leagan atá tugtha idir lúbíní.

	Dearfach			Diúltach
	Tamhan láithreach + '-ed'	Tamhan caite + '-ed'	Neamhchaighdeán	
break	breaked (2)	-	-	-
say	-	-	-	didn't said (2)
get	-	-	-	didn't got (1)
hold	holded (2)	-	-	-
throw	throwed (4)	-	-	-
go	-	-	-	didn't went (3)
set	setted (1)	-	-	-
sink	sinked (3)	-	sunk (4)	-
see	-	sawed (2)	-	didn't saw (8)
fly	flied (10)	-	-	-
blow	blowed (6)	blewed (2)	-	-
tell	-	-	-	didn't told (2)
bring	bringed (1)	branged (1)	-	didn't brought (15)
swim	swimmed (5)	-	swum (1)	-
catch	catched (17)	-	-	-

Tábla 14 Seachfhoirmeacha na mbriathra mírialta san aimsir chaite dhearfach agus dhiúltach.


I measc cuid de na páistí tá malartú i gceist idir an tseachfhoirm agus an fhoirm chúí ag an dalta céanna. Tá leagan na haimsire caite cuí agus míchuí den bhriathar *catch* ag seisear, den bhriathar *blow* ag beirt, agus de *break, sink, see* agus *set* ag duine amháin faoi seach.

Léirítear i gCairt 49 gurb iad na leaganacha cuí is líonmhaire ag na daltaí san aimsir chaite dhearfach.



Cairt 49 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon cuí na mbriathra mírialta san aimsir chaite dhearfach.


I gCairt 50, idir 75% agus 95%, is é sin an ráta d'fhoirmeacha cuí atá ag na páistí meánacha (féach lár na cairte) sna briathra mírialta san aimsir chaite. Foirmeacha cuí amháin atá ag seisear (ar dheis sa chairt B12c – C11e) agus c. 50%–75% an ráta cuí ag deichniúr atá faoin meán (ar chlé sa chairt B07c – B10e).



Cairt 50 Ord ardaitheach na bpáistí de réir chéatadán na bhfoirmeacha cuí sna briathra mírialta san aimsir chaite dhearfach.

### 3.2.3 An aidiacht

I gcéim na comparáide bhí 12 aidiacht a raibh ar a laghad cúig shampla san iomlán ar fáil díobh. Bhí 86.6% de leaganacha na n-aidiachtaí seo cuí ag an dalta meánach. Ní bhfuarthas seachfhoirmeacha i gcás na n-aidiachtaí *fast*, *heavy*, *high* ná *strong* (.i. foirmeacha cuí amháin). Is i gcás ocht gcinn d'aidiachtaí an fhoshampla seo a fuarthas seachfhoirmeacha, bunleagan na haidiachta in áit leagan na comparáide, nó leaganacha timchainteacha i measc na bpáistí (Cairt 51).



Cairt 51 Aidiachtaí i gcéim na comparáide.

Níor cuireadh an aidiacht *yellow* i gCairt 51 mar go nglactar leis an dá leagan *yellower* agus *more yellow* go ginearálta. Bhí an leagan *yellower* ag 39 agus an leagan *more yellow* ag cúigear de na páistí. Cé gur aicmíodh na leaganacha comparáideacha *more happy* agus *more pretty* ina seachfhoirmeacha, tá teacht orthu i gcaint Bhéarla na hÉireann.


Cuirimid ar fáil i dTábla 15 na cineálacha seachfhoirmeacha a léirigh na daltaí sa chéim chomparáide. Tá líon na ndaltaí ag a raibh seachfhoirm ar leith (m.sh. *beautifuler*) idir lúibíní sa tábla agus líon na ndaltaí ag a raibh an bunleagan (m.sh. *is pretty* in ionad *is prettier*) chomh maith. Is ábhar spéise í an éagsúlacht maidir le seachfhoirmeacha i gcéim chomparáide an fhocail *dangerous*. Tá na leaganacha *danger*, *more danger* agus *dangerously* spésiúil. Cuid suntais an sampla *way dangerous* i measc na leaganacha imscríofa.

	Seachfhoirm	Malairt leagain	Bunleagan
beautiful	beautifuler (18)		3
strong		very strong (1)	
big		very big (1)	
pretty	more pretty (1)		1
happy	more happy (2) more happier (1)		
good	gooder (11)	very good (1)	1
dangerous	dangerouser (10) dangerously (2) danger (1) more danger (1) dangerer (1)	way dangerous (1) very dangerous (1)	3
far	more far away (3) farer away (3) furtherer (1) more far (1) far awayer (1) farer (5)	travelled more (1) far, far, far away (1)	1
yellow	yellower (39)	darker yellow (1) bigger yellow (1)	-

Tábla 15 Seachfhoirmeacha na n-aidiachtaí i gcéim na comparáide, chomh maith le malairt leaganacha agus bunleaganacha.


Is comhartha malartaíochta idir foirmeacha cuí agus seachfhoirmeacha an dá leagan a bheith ag an dalta céanna. Níl ach fíorbheagán malartaíochta pearsanta le sonrú maidir le céimeanna comparáideacha na n-aidiachtaí; ceathrar daltaí san iomlán. Tá *beautiful* (bunleagan) chomh maith le *beautifuler* ag beirt agus *more dangerous* chomh maith le *dangerouser* ag beirt eile.

Tá luachanna idir 0% agus 46% de sheachfhoirmeacha ag na páistí de na haidiachtaí comparáideacha a phléamar thuas. Léirítear i gCairt 52 ord ardaitheach na bpáistí de réir chéatadán na n-aidiachtaí comparáideacha nach bhfuil cuí. Is óige na daltaí is mó foirmeacha nach bhfuil cuí, is é sin na daltaí is faide ar dheis, is óige iad ná an mheán-aois. Níor cuireadh ceathrar daltaí, nach raibh cúig shampla ar a laghad acu, san áireamh. Níl oiread agus seachfhoirm amháin ag 12 dalta.



Cairt 52 Páistí in ord ardaitheach de réir chéatadain na n-aidiachtaí comparáideacha nach bhfuil cuí.

Léirítear i gCairt 53 an caidreamh atá idir foirmeacha cuí agus seachfhoirmeacha na n-aidiachtaí i measc na bpáistí céanna. Is mó na foirmeacha cuí atá ag gach dalta ná na seachfhoirmeacha.



Cairt 53 Páistí in ord ardaitheach de réir líon na n-aidiachtaí comparáideacha cuí.

### 3.3 Comhréir

San fhochaibidil seo dírimid ar chomhréir an Bhéarla sna réimsí seo a leanas: an chlaoninsint, an clásal coibhneasta, struchtúr ginideach agus éagsúlacht ceisteanna (Tábla 16).

Réimsí comhréire	% Cuí
An chlaoninsint	43.8
An clásal coibhneasta	-
Struchtúr ginideach – comhfhreagracht uimhreach	64.2
Éagsúlacht ceisteanna	-

Tábla 16 Cuntas ar na ceithre réimse comhréire sa Bhéarla a ndearnadh anailís orthu.

#### 3.3.1 An chlaoninsint

San fhochaibidil seo cuirimid ar fáil toradh na hanailíse ar ráitis na bpáistí nuair a iarradh orthu abairt a chur sa chlaoninsint indéireach. Is é an tasc a bhí le déanamh ag na daltaí, bunaithe ar chur síos a bhí le déanamh acu ar phictiú(i)r sa leabhar, tús a chur le habairt le '(Person) said that ...' agus í a chríochnú. As na 32 dalta ar iarradh orthu an múnla seo a chur ag obair bhí ráiteas cuí ag 14 dalta (43.8%) acu. Is insint dhíreach a bhí i bhfreagra ochtar páistí, m.sh.:

John said that wait for me.

Dermot said... that we are going on the horses.

Chuir ceathrar daltaí briathar an chláisail chlaoninsinte sa ghné fhoirfe chaite mar is cuí de réir an Bhéarla chaighdeánaigh. Bhí briathar an chláisail chlaoninsinte ag deichniúr páistí san aimsir chaite shimplí, tréith a bhaineann le canúint an Bhéarla in Éirinn agus tréith a thagann le córas na Gaeilge chomh maith céanna. Aicmíodh a leithéid ina leagan cuí, m.sh.:

He said that the other train changed the tracks to the other direction.

Bhí an ghné fhoirfe chaite ag beirt, m.sh.:

John said that the modern traindriver ... the modern traindriver had turned ... had turned the tracks on them, so that they weren't able to go the right direction.

### 3.3.2 An clásal coibhneasta

Cé go bhfuil *what* coibhneasta réasúnta coitianta sa Bhéarla neamhchaighdeánach go háirithe i measc an aoisghrúpa seo, níl aon sampla de *what* coibhneasta míchuí sa chorpas seo. Is léiriú í an fheidhmiúlacht ard seo sa choibhneasta ar chumas forbartha sa Bhéarla (caighdeánach). Is díol suntais é a mhinice is atá an forainm coibhneasta roghnach *that* sa Bhéarla ag na páistí. Tá samplaí den tréith seo ag 13 (26%) páiste, m.sh.:

where it shows the times **that** the trains leave.

### 3.3.3 Struchtúr ginideach — comhfhreagracht uimhreach

Rinneadh anailís ar an struchtúr ginideach mar a léirigh na páistí é le linn treoracha ó na hagallóirí a bhí dírithe ar an struchtúr ginideach. Taifeadadh ráiteas maidir le pictiúir sa leabhar sa mhúnla seo ó 34 dalta, m.sh. *These are the chicken's legs*. Tréith shuntasach a léirigh cuid de na daltaí i gcruithú an ghinidigh ná an easpa comhfhreagrachta uimhrí idir an briathar agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó. Bhí 35.8% de na ráitis míchuí ó thaobh comhfhreagrachta uimhrí de ag an bpáiste meánach, m.sh.:

This is the bird's wings.

Ní raibh sampla ar bith cuí ag ochtar (23.5%) agus bhí gach sampla cuí ag 17 (50%) páiste (Cairt 54).



Cairt 54 Comhfhreagracht uimhreach idir briathar agus ainmní sa struchtúr ginideach, in ord ardaitheach céatadánach.

Bhí malairt struchtúir ag beirt daltaí leis an tseilbh a léiriú, seachas struchtúr an ghinidigh ainmfhoclaigh, m.sh.:

That's the leaves that the, em... the trees **have**.

This wings **belong to** the bird.

That's the truck man's, the man who was in the truck that's **his** truck.

Bhí ord focal míchuí in dhá shampla ag beirt sa struchtúr ginideach:

These are the **hands(') man**... no these are the... people on the train's hands.


That's the **truck man's**, the man who was in the truck that's his truck.

Tá ord ghinideach na Gaeilge sa dá shampla seo.

### 3.3.4 Éagsúlacht ceisteanna

Iarradh ar na páistí ceisteanna a chur ar na hagallóirí maidir le pictiú(i)r sa leabhar. San fhochaibidil seo cuirimid i láthair toradh na hanailíse a rinneadh ar éagsúlacht na gceisteanna a bhí ag na daltaí. Chuir na páistí cúig cheist ar an meán. Rinneadh anailís ar éagsúlacht na gceisteanna trí chuntas a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla forainmneacha ceisteacha a bhí ag na daltaí. Cuimsíodh san fhiúir éagsúlachta seo chomh maith céanna na ceisteanna dar tús briathar substainteach nó briathar gníomhach.

Ráta éagsúlachta ceisteanna de 62.6% a léirigh an páiste meánach. Léirítear i gCairt 55 cuar foisteanach i ndáileadh cobhsaí na ndaltaí agus iad in ord ardaitheach a ráta éagsúlachta.




Cairt 55 Ráta éagsúlachta na gceisteanna sa Bhéarla in ord ardaitheach céatadánach na bpáistí.

## 3.4 Séimeantaic

San fhochaibidil seo dírimid ar shéimeantaic an Bhéarla de réir na ngnéithe seo a leanas: an réamhfhocal, an inscne agus na forainmneacha éiginnte *much* agus *many*.

### 3.4.1 An réamhfhocal

Léirítear i gCairt 56 go bhfuarthas 11 sampla ó 10 (20%) páiste d'fheidhm mhíchuí réamhfhocal. Bhí 0.2% de na réamhfhocail míchuí ag an bpáiste meánach.



Cairt 56 Líon na réamhfhocail míchuí sa chomhrá Béarla.

An réamhfhocal *on* in áit *at* a chuir triúr de na páistí i bhfeidhm ar lorg na mbriathra *yell*, *point* agus *look*. Mar gheall gur leis an réamhfhocal *ar* a ghabhann na briathra seo sa Ghaeilge, seans gur faoi thionchar na Gaeilge a d'fhéadfaí na samplaí seo a mhíniú:

yelling **on** them [...]; pointing **on** some board [...]; they looked **on** the board [...].

Taifeadh sampla ó dhalta d'fheidhm dhébhrioch *same ... with*. I léamh amháin ar an sampla is féidir feidhm mhíchuí an réamhfhocail *with* a bheith i gceist leis an aidiacht *same*. D'fhéadfadh sé go mbaineann an sampla seo leis an leagan Gaeilge ... *céanna le*:



When now they see that eh... Dermot and Jack are at the **same** place **with** them... so they have to go in again... em... start again.

Tá teacht ar an réamhfhocal *on* sa chiall ‘in’ i gcás páiste amháin:

maybe the birds might go **on** the way of the train [...]

(Cp. *dul sa mbealach ar sa Ghaeilge*.) Bhí an réamhfhocal *in* ag páiste amháin sa chiall ‘to’:

we were going over **in** (ainm áite) [...]

Taifeadadh sampla suntasach amháin ag páiste amháin ina raibh séimeantaic na bhfocal Gaeilge ‘leis féin’ sa struchtúr Béarla *with him*:

he was doing the things **with him** [...] (.i. ... things by himself)

I gcás páiste amháin, taifeadadh *out of* san áit a mbeadh súil le leagan mar *out, down* (‘réamhfhocal’, Cairt 56):

and a man going **out of** the ladder.

Tá sampla de *ahead from* in áit *ahead of* ag páiste amháin:

[...] is **ahead from** the other little red train.

Ag páiste amháin bhí dhá réamhfhocal chomhchiallacha in éindí:

There was a tractor **under beneath** it.

Is geall le comhdhéanamh é seo den dá réamhfhocal *beneath* agus *underneath*. Bhí easpa réamhfhocal (*about* nó *of*) roimh chlásal fo-ordaithe i gcás amháin:

They **talk what** they were doing in the class.

### 3.4.2 Inscne fhorainmneach

Bailíodh samplaí den fhorainm pearsanta firinscneach nó baininscneach i dtagairt d’ainmhithe nó do nithe. Tagraíodh d’iasc agus do ghliomach, dhá rud bheo, sa dá shampla thíos leis an bhforainm firinscneach ar aithris chóras na Gaeilge:

my dad caught one and **he** was brown.

The lobster go in but **he** won’t be able to go out.

I sampla amháin tagraíonn an forainm firinscneach don ainmfhocal *cow*:<sup>12</sup>

The cow that’s running away from the train and **he**’s scared.

Bhí an sampla sin ag cainteoir ag a raibh an chontrárthacht inscne idir *she* agus *he*. Gan an forainm neodrach *it* a chur san áireamh, fuarthas ceithre shampla ó cheathrar daltaí d’fhorainm a thagair do thraein a bhí sa scéal. Forainm firinscneach a bhí ag beirt agus forainm baininscneach a bhí ag beirt eile:

because of the red train, **he** won.

The new train came up on top of him and **he**... **he** caught up a-, all.

the train would drive through and **she** would break it.

<sup>12</sup> Sampla spéisíúil a bhaineann le ceisteanna antraipeolaíochta chomh maith le cúrsaí séimeantaice.



if the train doesn't have that, **she** won't be able to work.

An dá shampla ina bhfuil *she* ag tagairt don traein, is ar aithris chóras tagartha na Gaeilge é mar a mbíonn an forainm baininsneach ag tagairt do thraein. Ní raibh ach sampla amháin a d'fhéadfadh a bheith ina fhorainm nach bhfuil neodrach ach gur thagair sé do ní nach feithicil é. Thagair dalta do ghliú leis an bhforainm pearsanta *he* (sin mura raibh tagairt phearsanta d'fhear atá sa scéal i gceist). Tá sé suntasach gur cheartaigh an dalta an forainm firinsneach leis an bhforainm neodrach díreach ina dhiaidh sin:

I think it's glue. So **he'd** stop the... it'd stop the train.

### 3.4.3 Na forainmneacha éiginnte *much* agus *many*

Is ábhar suntais é a oiread samplaí míchuí atá i gceist leis an bhforainm éiginnte *much* san áit a mbeifí ag súil le *many* (de bharr go ngabhann *many* sa chóras caighdeánach le téarma tagartha iolra). Fuarthas samplaí cuí ag triúr agus samplaí míchuí ag seachtar páistí. Fágann sé sin go bhfuarthas seachfhoirmeacha ag 70% de na páistí a raibh samplaí den fhorainm seo acu, m.sh.:

there was not **much fences** around.

there is not **much people**.

'Cause they don't score **much goals and points**.

How **much dogs** are there?

How **much people** can you see on the train?

Is contrárthacht atá i gceist le *much* vs. *many* sa Bhéarla nach bhfuil i gceist le *méid* ná *mórán* srl. sa Ghaeilge agus is cosúil go bhfuil tionchar na Gaeilge i gceist le feidhmiú míchuí {*much* + ainmfhocal iolra} ag na daltaí.

Ní bhfuarthas leagan míchuí ó thaobh úsáid chuí an fhocail *many* (vs. *much*) i measc na 23 páiste ag a raibh na forainmneacha éiginnte seo. Ach bhí uimhir mhíchuí an ainmfhocail ag páiste amháin. Bhí uimhir uatha an ainmfhocail tar éis an fhorainm sa sampla seo:

E-... is the... is, did they put too many... did they put too **many hole** in the... in the chimney?


## 3.5 Pragmataic

Dhá ghné de phragmataic an Bhéarla is ábhar den fhochaibidil seo. Breathnaímid ar na focail phragmaitice a dtugtar marcóirí dioscúrsa orthu agus ar mhinicíocht úsáid na bhfocal Béarla *yeah*, *yes*, *yep*.

### 3.5.1 Marcóirí dioscúrsa

Rinneadh anailís ar mhinicíocht 12 marcóir dioscúrsa, focal nó frása Béarla gach ceann acu, a bhí in úsáid sa chomhrá Béarla ag na páistí. Mar a léirítear i gCairt 57, ba iad na marcóirí ba choitianta, in ord minicíochta:


*just, well, like, really, kinda.*



Cairt 57 Minicíocht na marcóirí dioscúrsa sa chomhrá Béarla.


Tá ord éagsúil le sonrú ach díriú ar líon na ndaltaí ag a bhfuil na marcóirí seo. Mar a léirítear i gCairt 58, is iad na focail atá ag an líon is mó daltaí, in ord minicíochta:

*just, really, well, kinda, or something, like.*



Cairt 58 Marcóirí dioscúrsa de réir líon na bpáistí sa chomhrá Béarla.


Bhí 19.9 marcóir dioscúrsa in úsáid ag an bpáiste meánach. Fuarthas samplaí de na marcóirí seo ó na páistí uile cé is moite de dhuine amháin. Ba 104 marcóir dioscúrsa an líon ba mhó samplaí a bhí ag an bpáiste ab airde a chleacht marcóirí dioscúrsa, mar a léirítear i gCairt 59.



Cairt 59 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na marcóirí dioscúrsa sa chomhrá Béarla.

**3.5.2 Na focail yeah, yes, yep**

Faightear na focail *yeah, yes, yep* sa chomhrá Béarla i bhfreagraí dearfacha ar cheisteanna agus mar dheimhniúchán ar ráitis. Is é an leagan *yeah* is coitianta ina measc agus taifeadadh samplaí de i gcás gach duine. Bhí teacht ar *yes* ag 41 dalta (82%) agus ar *yep* i gcás ochtar páistí (16%). Bhí 35.7 focal den chineál seo in úsáid ag an bpáiste meánach (Cairt 60).



Cairt 60 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na gcomharthaí de *yeah, yes* agus *yep* sa chomhrá Béarla.

**3.6 Líofacht**

Cuirimid ar fáil san fhochaibidil seo torthaí na hanailíse a rinneadh ar líofacht na bpáistí sa Bhéarla. Pléimid anseo an líofacht agus an mhílíofacht sa chomhrá Béarla de réir na dtí ghné seo: (1) tréithe líofachta agus mílíofachta i nóiméad samplach reacaireachta, a phléimid i bhFochaibidil 3.6.1 agus, sa chorpas trí chéile, (2) ráitis maidir le heaspá foclóra agus (3) ráitis mheititheangeolaíochta maidir leis an stór focal Béarla, a phléimid i bhFochaibidil 3.6.2.

**3.6.1 Tréithe líofachta agus mílíofachta**


Tógadh nóiméad samplach d'inseacht scéil as na taifeadtaí ar an gcomhrá Béarla chun anailís a dhéanamh ar líofacht na bpáistí. Roghnaíodh an nóiméad reacaireachta seo ar an gcaoi chéanna leis an nóiméad samplach Gaeilge (féach 2.6.1). Rinneadh anailís ar na gnéithe seo a leanas sa nóiméad reacaireachta ag gach dalta ar leith chun teacht ar léiriú ar chúrsaí líofachta agus mílíofachta:

### 3. Béarla

- (a) líon na bhfocal;
- (b) stad gearr agus stad fada in abairt;
- (c) bearna i dtáirgeadh focail, bíodh an focal críochnaithe nó ná bíodh (m.sh. *And the **fa**-, fast train is still running*) .i. focal bearnaithe;
- (d) fad á bhaint as an bhfuaimniú de bharr dóbartáola (m.sh. *They'**rrre** eating.*)
- (e) intriachtaí dóbartáola (*e-* agus *em-*).

#### Líon na bhfocal


Dúirt an páiste meánach 101.4 focal sa nóiméad a anilísíodh. Bhí difríocht 99 focal idir an líon ab ísle agus an líon ab airde focal (Cairt 61).



Cairt 61 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na bhfocal i nóiméad reacaireachta sa Bhéarla.

#### Stad gearr agus stad fada in abairt


Comhairleadh líon na stadanna a bhí idir focail in abairt sa nóiméad reacaireachta ag gach dalta. Rinneadh idirdhealú idir stad gearr (fad níos lú ná trí shoicind) agus stad fada (fad trí shoicind nó níos mó). Rinne an páiste meánach 6.26 stad gearr agus 0.94 stad fada sa nóiméad samplach (Cairt 62).



Cairt 62 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na stadanna gearra agus fada sa reacaireacht Bhéarla.

#### Focail bearnaithe


Fuarthas suas le cúig fhocal bearnaithe sa nóiméad samplach i measc na bpáistí. Níor chríochnaigh an dalta meánach 1.3 focal. Níor taifeadh sampla den tréith seo ó 18 páiste (36%) (Cairt 63).



Cairt 63 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na bhfocal bearnaithe sa Bhéarla.

### Fuaimníú fadaíthe


Fuarthas suas le naoi gcomhartha d'fhuaimníú fadaíthe i measc na bpáistí. Níor taifeadh sampla ar bith den tréith seo ó 20 dalta (40%). Léirigh an páiste meánach 1.36 fuaimníú fadaíthe sa sampla (Cairt 64).



Cairt 64 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na gcomharthaí den fhuaimníú fadaíthe sa Bhéarla.

### Intriachtaí dóbartaíola

Fuarthas suas le 15 intriacht dóbartaíola (*e-* agus *em*) i measc na bpáistí. Níor taifeadh sampla den tréith seo ó 11 dalta (22%). Léirigh an páiste meánach 3.6 intriacht dóbartaíola (Cairt 65).



Cairt 65 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na n-intriachtaí dóbartaíola sa Bhéarla.

### 3.6.2 Ráitis i leith cumais agus moill táirgthe focal

Dírímid anseo ar ráitis na ndaltaí maidir le heaspa foclóra agus lena gcuid ráiteas meititheangeolaíochta maidir leis an stór focal Béarla. Is as an gcorpas iomlán dá gcuid agallamh sa Bhéarla a tugadh an t-ábhar seo (agus ní as an nóiméad samplach reacaireachta amháin, ní hionann agus an fhianaise don phlé i 3.6.1). Is dearmad ar fhocail Bhéarla atá i gceist anseo nó easpa táirgidh an fhocail Bhéarla. Is iad seo a leanas samplaí de na ráitis atá i gceist san fho-rangú seo:

(a) Féintuarascáil ar easpa cumais (sa Bhéarla):

This is the... e-... e- I don't know. *Gráinneog*.

caught salmon and whatever *ronnach* is in English.

This is the... I can't remember what it's called in English. E-... Can't remember.

- (b) Féintuarascáil ar dhíréir idir a gcumas sa Bhéarla agus a gcumas a bheith níos fearr sa Ghaeilge:

I only know them in Irish.


Em... I know it in Irish but don't know it in English. *Rón*.

- (c) Moill nó braiteoireacht i dtáirgeadh an téarma chuí Béarla:

That is a... e-... I forgot the name of them.

What's *leathuair sé* [.i. leathuair tar éis a sé] in English?

Comhaireadh líon mhacasamhlacha na ráiteas seo ((a)-(c)) i measc na bpáistí aonaracha. Is sampla amháin a léiríonn an páiste meánach (Cairt 66).



Cairt 66 Ord ardaitheach na bpáistí de réir líon na samplaí de ráitis i leith a gcuid cumas foclóra sa Bhéarla.

22 dalta (44%) nach raibh aon ráiteas den sórt seo acu sa chorpas. Fuarthas an abairt mheititheangeolaíochta ba shuntasáí féintuarascála sna hagallaimh, idir Bhéarla agus Ghaeilge, sa sliocht comhrá seo a leanas:

Agallóir: And there are some words in English that you don't understand?

Dalta (C10c): Yeah. But I think it's more in Irish 'cause Irish is kinda harder. It's... Irish is harder to read and stuff.

Sa dá ráiteas seo a leanas a dúirt an páiste céanna (C10c), léirítear an eisiréimneacht atá le sonrú idir gnóthachtáil sa Ghaeilge agus féiniúlacht a bhaineann leis an nGaeilge.

I don't really mind which language but I like Irish more.

I like the two of them but Irish is better cause it's, you know, my own language.

### 3.7 Achoimre

Rinneadh anailís sa chaibidil seo ar an gcumas Béarla sna sé réimse teangeolaíochta seo a leanas: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic agus líofacht.

1. Cuireadh staitisticí tuarascálacha i láthair maidir leis an **bhfoclóir** i dtéarmaí leamaí. Is beag laghdú a dhéanann calabru ar líon meánach na leamaí. Laghdaítear líon meánach na leamaí i measc na gcainteoirí ó 384 (iomlán) go 378 (calabraithe), ach leamaí T2 (0.7%; 3.7% den iomlán) agus leamaí earráideacha (0.8%) a bhaint díobh. Rinneadh trí ghrúpa de na cainteoirí, cé nach raibh difríocht mhór eatarthu: cainteoirí ag a bhfuil líon meánach níos ísle (266), níos airde (376) agus cuibheasach ard (534). Is go heisceachtúil a bhaineann na daltaí feidhm as níos mó ná ceithre leama T2 sa Bhéarla.

2. Pléadh **deilbhíocht** Bhéarla na ndaltaí. San **ainmfhocal** tá cuntas ar dheacrachtaí in iolraí mírialta, go háirithe leis an bhfocal *deer*, focal a bhfuil deacrachtaí ag go leor Béarlóirí óga lena fhoirm chuí, agus focail eile mar *sheep* agus *mice*. Ba é an t-aon réimse briathartha a bhfuarthas seachfhoirmeacha deilbhíochta ann, an briathar mírialta. 12% de na briathra dearfacha agus 8% de na briathra diúltacha i measc bhriathra an fhoshampla a bhí ina seachfhoirmeacha. Is iad an dá sheachfhoirm is coitianta: *caught* ag 17 dalta, agus *didn't brought* ag 15 dalta. Ag an deichniúr is airde seachfhoirmeacha, is c. 50%–75% an ráta cuí atá acu. San **aidiacht**, bhí 86.6% de leaganacha na n-aidiachtaí foghrúpaithe i gcéim na comparáide seo cuí ag an dalta meánach (luach idir 0% de sheachfhoirmeacha ag na páistí is cruinne gramadach agus 46% de sheachfhoirmeacha ag na páistí is mó seachfhoirmeacha). Ciallaíonn sé seo go bhfuil níos mó foirmeacha cuí ag gach dalta ná seachfhoirmeacha.

3. Anailísíodh réimsí áirithe **comhréire** i gcaint Bhéarla na ndaltaí: an chlaoninsint (43.8% cuí de na daltaí foghrúpaithe); an clásal coibhneasta (gan aon sampla de *what* coibhneasta); struchtúr ginideach agus comhfhreagracht uimhreach (64.2% de ráitis chuí); agus éagsúlacht ceisteanna (ráta de 62.6% ag an bpáiste meánach).

4. Anailísíodh trí réimse **séimeantaice**: an réamhfhocal (11 sampla mhíchuí ó 10 (20%) dalta); an inscne fhorainmneach (*he* míchuí in áit *it*, go háirithe, ag líon beag daltaí); agus na forainmneacha éiginnte {*much* + ainmfhocal iolra} (míchuí ag seachtar as deichniúr, .i. 70% de na daltaí).

5. Rinneadh anailís ar chúrsaí **pragmataice** i mBéarla na ndaltaí ó thaobh: marcóirí dioscúrsa (focail Bhéarla amháin; 19.9 marcóir dioscúrsa ag an bpáiste meánach); minicíocht úsáid na bhfocal Béarla *yeah, yes, yep* (35.7 díobh ag an bpáiste meánach).

6. Rinneadh anailís ar **líofacht** na ndaltaí de réir na ngnéithe seo: (1) tréithe líofachta (líon focal: 101.4 focal ag an bpáiste meánach) agus **mílíofachta** (stadanna (6.26 stad gearr agus 0.94 stad fada ag an bpáiste meánach), focail bhearnaithe (1.3 ag an dalta meánach), fuaimniú fadaithe (1.36 ag an bpáiste meánach), intriachtaí dóbartaíola (3.6 ag an bpáiste meánach)) i nóiméad samplach reacaireachta; (2) ráitis maidir le heaspa foclóra agus ráitis eile mheititheangeolaíochta (sampla amháin ag an bpáiste meánach).

## Léitheoireacht bhreise

Ó hIfearnáin, T. agus Ní Neachtain, M. (eag.í) (2012) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. BÁC: Cois Life.



# An dá theanga taobh le taobh

Tá Gaeilge agus Béarla á sealbhú agus á labhairt go comhuaineach i measc na bpáistí atá faoi chaibidil anseo i gcomhthéacs ginearálta na taithí atá acu ar an gcineál dátheangachais shóisialta atá sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Is féidir dhá chóras teangeolaíochta a fheidhmíonn le chéile i gcomhthéacs an dátheangachais a chur i gcomparáid ghinearálta teangeolaíochta lena chéile ar thrí leibhéal:


1. **Comparáid dhíreach:** gnéithe teangeolaíochta inchomparáide le chéile.
2. **Comhshamhlú:** gnéithe teangeolaíochta i dteanga amháin a athraíonn i dtreo córais atá i dteanga eile an chainteora.
3. **Gnéithe a eascraíonn as an sealbhú i gcomhthéacs dátheangach:** tréithe suntasacha a bhaineann le múnlú nó le srian ar shealbhú agus ar fheidhm teanga, nó na dteangacha, a labhraíonn na páistí sa chomhthéacs sóisialta dátheangach.

Cuimsíonn na trí leibhéal seo go leor athruithe iarthraidisiúnta i nGaeilge na bpáistí ach go háirithe. Bunaithe ar an aicmiú ginearálta comair seo, i gcás leibhéal 1, is iad seo a leanas na réimsí teangeolaíochta a ndéanfar comparáid dhíreach eatarthu: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic agus líofacht. Is mar athruithe ar leibhéal 2, ach go háirithe, a aicmítear na réimsí seo a leanas: inscne ghramadúil, na claochluithe tosaigh agus an fhoghraíocht. Ar leibhéal 3 a aicmítear foráis áirithe sa deilbhíocht agus sa chomhréir. Pléifear na réimsí seo ina gceann agus ina gceann sna fochaibidlí seo síos.

## 4.1. Foclóir

San fhochaibidil seo cuirimid meán na leamaí a chuireann na daltaí i bhfeidhm sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gcomparáid dhíreach lena chéile. Ní hionann meánlíon na leamaí a léiríonn cainteoirí i dteangacha éagsúla. Mar gheall ar thréithe teangeolaíochta an infhillte a bheith níos tábhachtaí sa Ghaeilge, bheifí ag súil le breis leamaí sna hagallaimh Ghaeilge ná sna hagallaimh Bhéarla. Ar bhealach, fforaíonn comparáid idir iomlán meánach leamaí na bpáistí sa dá theanga an t-áiteamh seo. Is é líon meánach na leamaí a léirigh na páistí sa Ghaeilge ná 415 agus is é líon meánach na leamaí sa Bhéarla a léiríodar ná 384. Tugann na figiúirí le fios go n-úsáideann na cainteoirí óga 7% níos mó leamaí sa chomhrá Gaeilge ná sa chomhrá Béarla.


Ach anailís a dhéanamh ar chomhpháirteanna na dtorthaí sa dá theanga, tagann athrú ar an scéal. Léirítear i gCairt 67 gurb é líon na leamaí T2 agus líon na leamaí míchuí is cúis le líon ard comparáideach na leamaí sa chomhrá Gaeilge. Tar éis na leamaí T2 agus leamaí míchuí a bhaint as an áireamh, tá an dá theanga cothrom ó thaobh leamaí bhunteanga an chomhrá (ní fhaightear de dhifríocht ach 2% níos mó leamaí sa chomhrá Béarla). Tugann Cairt 67 le fios freisin gurb é líon ard na leamaí Béarla a tháinig isteach sa Ghaeilge sna 2000te, na nua-iasachtaí is déanaí, an chúis is suntasaí le líon níos airde leamaí a bheith sa chomhrá Gaeilge.



Cairt 67 Comhdhéanamh na leamaí sa chomhrá Bhearla i gcomparáid leis an gcomhrá Gaeilge ag an bpáiste meánach.


I gCairt 68, atá bunaithe ar na sonraí atá i gCairt 1 agus i gCairt 44 thuas agus atá leagtha amach ar an múnla céanna, cuirimid i gcomparáid le chéile an dáileadh atá ar na páistí ina gcomhrá sa dá theanga. Léirítear na sonraí de réir líon ardaiteach na leamaí calabraithe sa dá theanga, ag a bhfuil dhá chuar chosúla. Cuirimid an dá chuar i láthair de réir ardú na leamaí calabraithe go neamhspleách ar a chéile ó thaobh na bpáistí indibhidiúla sa dá theanga. Mar sin, ní fhreagraíonn ord na bpáistí sa Bhéarla (atá léirithe ar ais X in uachtar na léaráide) d'ord na bpáistí sa Ghaeilge (ais X in íochtar na léaráide).

Ag dhá cheann na gcuar atá an cumas is ísle (an taobh clé) agus is airde (an taobh deas) i réimse teangeolaíochta seo an fhoclóra.



Cairt 68 Ord ardaiteach na bpáistí de réir líon na leamaí calabraithe sa dá theanga.


I gCairt 69 thíos tugaimid an fhianaise chéanna ar bhonn na leamaí calabraithe Gaeilge a chur i gcomparáid leis na leamaí calabraithe Bhearla do gach cainteoir ar leith. Tá an comhthreo ginearálta céanna le haithint ar ardú na línte treochta sa dá theanga, rud a fhágann go bhfuil gaol dearfach idir líon na leamaí sa dá theanga i measc na gcainteoirí.



Cairt 69 Dáileadh na bpáistí de réir líon ardaiteach na leamaí calabraithe sa Ghaeilge i gcomparáid leis na leamaí calabraithe Bhearla.

Is féidir na páistí a aicmiú ina dtrí fhoghrúpa ar leith bunaithe ar dháileadh Chairt 69 agus ar choibhneas na línte treochta ach go háirithe. Ar thaobh na láimhe clé tá Foghrúpa A (21 páiste), an foghrúpa is mó, ar airde a leamaí Béarla ná Gaeilge ar an meán. I lár na léaráide tá Foghrúpa B (16 páiste) ina bhfuil líon na leamaí Béarla agus Gaeilge cothrom. Ar thaobh na láimhe deise tá Foghrúpa C (13 páiste), an foghrúpa is lú, ar airde a leamaí Gaeilge ná Béarla ar an meán. Mar sin ó thaobh chéatadain na bpáistí de, i bhfoghrúpaí A, B, C, tá 42%, 32% agus 26% faoi seach.

I gCairt 70, léirítear líon na leamaí T2 sa chomhrá Gaeilge (.i. focail Bhéarla) agus sa chomhrá Béarla (.i. focail Ghaeilge) de réir líon na bpáistí a chuir i bhfeidhm iad. Is léir go bhfuil feidhm i bhfad níos leithne á baint as acmhainn na bhfocal T2 (Béarla) sa chomhrá Gaeilge ná acmhainn na bhfocal T2 (Gaeilge) sa chomhrá Béarla.



Cairt 70 Líon na leamaí T2 sa dá theanga de réir líon na bpáistí a bhain feidhm astu.

## 4.2 Deilbhíocht

Is féidir éifeacht an dátheangachais ar dheilbhíocht an dá theanga a thuiscint trí anailís a dhéanamh ar na cineálacha tréithe deilbhíochta seo a leanas:

- (1) tréithe lenar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga;
- (2) tréithe ina bhfuil athrú i dtreo na teanga eile;
- (3) tréithe eile ina bhfuil athrú suntasach faoi réir an dátheangachais.


### 4.2.1 Comparáid dhíreach

Tá éagsúlacht mhór idir córas deilbhíochta na Gaeilge agus córas an Bhéarla. Ina dhiaidh sin féin, is iad seo a leanas na haicmí lenar féidir comparáid réasúnta díreach a dhéanamh idir an dá theanga:

- (1) ainmfhocail san uimhir iolra;
- (2) briathra mírialta dearfacha agus diúltacha;
- (3) aidiachtaí sa chéim chomparáide.


#### *Ainmfhocail san uimhir iolra*

I gCairt 71 léirítear toradh na comparáide idir céatadain sheachfhoirmeacha na n-ainmfhocal iolra sa dá theanga leith ar leith. Tá níos mó seachfhoirmeacha sa Ghaeilge ná sa Bhéarla. Ar an iomlán tá 20.5%, nó ar leibhéal an pháiste mheánaigh 5.8%, níos mó seachfhoirmeacha sa Ghaeilge ná sa Bhéarla.




Cairt 71 Céatadán sheachfhoirmeacha na n-ainmfhocal san uimhir iolra sa dá theanga.

I gCairt 72 léirítear cointeanóid na comparáide idir céatadán na leamaí seachfhoirmeacha iolra sa Ghaeilge agus céatadán na leamaí seachfhoirmeacha iolra sa Bhéarla, de réir an pháiste. Tá céatadán na seachfhoirmeacha Béarla beagán níos airde ag ceathrar páistí (8%; ar chlé in íochtar sa chart), tá céatadán an dá theanga réasúnta cothrom ag 13 páiste (26%; i lár na cairte) agus tá céatadán na seachfhoirmeacha Gaeilge níos airde ag 33 páiste (66%; sa lár agus ar dheis in uachtar sa chart), seachtar (14%) díobh seo ag a bhfuil bearna réasúnta mór idir an dá theanga. Tá líne threochta na Gaeilge ar fiar go suntasach, de bharr líon ard seachfhoirmeacha a bheith ag an oiread daltaí, ach líne threochta an Bhéarla mós cothrom agus íseal de bharr líon comparáideach na bhfoirmeacha cuí Béarla.



Cairt 72 Comórtas ordaithe idir céatadán na leamaí seachfhoirmeacha iolra sa dá theanga de réir an pháiste.

I gCairt 73 léirítear comhfhreagracht lag dhearfach idir céatadán na seachfhoirmeacha sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir an pháiste. Is cosúil go bhfuil coibhneas dearfach idir cumas sa dá theanga á léiriú sa réimse seo. Is sine na páistí is lú seachfhoimeacha (ar thaobh na lámhe clé i gCairt 73).




Cairt 73 Céatadán na seachfhoirmeacha ainm iolra sa dá theanga de réir an pháiste, ar bhonn ardaitheach na seachfhoirmeacha Gaeilge.

I gCairt 74 léirítear comparáid idir cuair de réir chéatadán na leamaí seachfhoirmeacha atá sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ag na páistí. Cé go bhfuil claonadh ginearálta an-chosúil sa dá chuar tá siad éagsúil ní hamháin in ardú a bhfána ach i líon na ndaltaí a bhaineann leis na réimsí éagsúla cumais. Tá ceathrar (8%) sa Bhéarla agus duine (2%) sa Ghaeilge sa chéad réimse den chuar mar a bhfuil na daltaí nach raibh seachfhoirmeacha acu (ar chlé i gCairt 74). Tá líon na ndaltaí

#### 4. An dá theanga taobh le taobh


níos leithne sa Ghaeilge sa tríú réimse, réimse na ndaltaí a léirigh céatadán suntasach (>10%) seachfhoirmeacha. Tá 27 dalta (54% d'iomlán na ndaltaí) sa Ghaeilge agus cúigear (10% d'iomlán na ndaltaí) sa Bhéarla sa réimse seo. I gCairt 74 tá ord éagsúil ar na páistí don dá theanga. Tá noda na ndaltaí don chomhrá Béarla (dearg) in uachtar ar an ais chothrománach agus noda na ndaltaí don chomhrá Gaeilge (gorm) in íochtar ar an ais chothrománach.



Cairt 74 Léiriú comparáideach ar chéatadán na seachfhoirmeacha ainm iolra sa dá theanga, de réir an pháiste.


#### An briathar mírialta

I gCairt 75 déanaimid comparáid idir seachfhoirmeacha na mbriathra mírialta, leaganacha dearfacha agus diúltacha (gan na leaganacha ceisteacha a chur san áireamh) a bhfuil samplaí ag cúigear ar a laghad díobh sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Léirítear i gCairt 75 go bhfuil an difríocht idir céatadán na leaganacha neamhspleácha agus spleácha níos suntasaí sa Ghaeilge ná sa Bhéarla.



Cairt 75 Céatadán na leaganacha cúí neamhspleácha agus spleácha sa dá theanga.


Cé gur mar a chéile atá meán chéatadán cúí na leaganacha neamhspleácha agus spleácha sa dá theanga, léirítear i gCairt 76 gur beag comhfhreagracht a fhaightear eatarthu ar leibhéal na bpáistí aonarach. Tá ardú foisteanach sna línte treochta agus is cosúil go léiríonn sin gaol dearfach idir cumas sa dá theanga sa réimse seo.



Cairt 76 Céatadán na mbriathra mírialta cúí sa dá theanga in ord ardaitheach sa Ghaeilge.

### Aidiachtaí sa chéim chomparáide

I gCairt 77 cuirimid i gcomparáid na haidiachtaí Béarla agus Gaeilge i gcéim na comparáide a raibh ar a laghad cúig shampla ó na hagallaimh ar fad ar fáil díobh. Léirítear i gCairt 77 nach bhfuarthas seachfhoirmeacha i gcás ceithre aidiacht sa Bhéarla agus i gcás péire sa Ghaeilge. Fuarthas seachfhoirmeacha chomh maith le bunleagan na haidiachta in áit leagan na comparáide i measc na bpáistí.



Cairt 77 Céatadán mhíchuí (seachfhoirm agus bunleagan) d'aidiachtaí sa chéim chomparáide sa dá theanga.

Léirítear i gCairt 78 leagan amach céatadánach na sonraí thuasluaite de réir na bpáistí. Tá éagsúlacht mhór idir an dá theanga sna réimsí a chuimsítear. (Ní bhfuarthas faisnéis ó cheathrar i gcás na n-aidiachtaí Béarla mar nár cuireadh an cheist ábhartha orthu.)



Cairt 78 Céatadán na bhfoirmeacha míchuí i measc na n-aidiachtaí comparáideacha sa dá theanga, de réir an pháiste.




#### 4. An dá theanga taobh le taobh

Ar an meán tá 16% sa Bhéarla agus 44.9% sa Ghaeilge d'fhoirmeacha míchuí comparáideacha; bearna de 28.9% idir an dá theanga agus cumas an Bhéarla in uachtar. Tá comhfhreagracht lag idir an dá theanga ar leibhéal na bpáistí aonaracha sa réimse seo (Cairt 79; ní bhfuarthas faisnéis ó cheathrar i gcás na n-aidiachtaí Béarla). Is cosúil go bhfuil coibhneas dearfach idir cumas sa dá theanga á léiriú sa réimse seo.



Cairt 79 Céatadán na bhfoirmeacha míchuí i measc na n-aidiachtaí comparáideacha sa dá theanga, de réir chéatadán ardaitheacha Ghaeilge an pháiste.

I gCairt 80 léirítear an coibhneas éagsúil i gcéim na comparáide idir na foirmeacha cuí agus na seachfhoirmeacha sa dá theanga: an dáileadh sa Ghaeilge sa leath uachtair, ina bhfuil líon suntasach seachfhoirmeacha, i gcomórtas leis an dáileadh sa Bhéarla sa leath íochtair, mar a bhfuil líon suntasach foirmeacha cuí. (Ní bhfuarthas faisnéis ó cheathrar i gcás na n-aidiachtaí Béarla.)



Cairt 80 Líon na bhfoirmeacha míchuí agus na bhfoirmeacha cuí i mbeirshéim na haidiachta sa dá theanga de réir foirmeacha cuí an pháiste.

#### 4.2.2 Comhchlaonadh

Ní fhaightear athruithe suntasacha líonmhara deilbhíochta i dtreo na teanga eile ach amháin i gcás athruithe sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla. Tá réimsí deilbhíochta na Gaeilge a bhfuil simplíú nó / agus athrú i dtreo an Bhéarla le fáil iontu liostaithe i dTábla 17. Tá cur síos rangaithe orthu siúd sa leabhar seo faoi uimhir thagartha na fochaibidle a thugtar sa tríú colún.



Ranna cainte	Réimse deilbhíochta	Tagairt
Ainmfhocal	Seachfhoirmeacha iolra a bhaineann le hathruithe foghraíochta	2.2.1
	Iolra le foirceann -s an Bhéarla	
	Easpa an ghinidigh uatha	
	Easpa an ghinidigh iolra	
	Iolra i ndiaidh <i>cé mhéad</i> agus <i>cupla</i>	
Briathar	Réimniú míchuí	2.2.2
	Foirm scartha	
Réamhfhocal	Scaradh an réamhfhocail agus an ailt	2.2.5
Forainm réamhfhoclach	Foirm scartha	2.2.5
Forainm	<i>mo</i> agus <i>do</i> in ionad <i>m'</i> agus <i>d'</i>	2.2.6
Míreanna briathartha	Seachfhoirmeacha	2.2.7
-rud i gcomhfhocal		2.2.8

Tábla 17 Réimsí deilbhíochta á simpliú nó / agus á n-athrú i dtreo na teanga eile: Gaeilge i dtreo an Bhéarla.

Maidir le hanáil na Gaeilge ar an mBéarla, féach an plé ar iolraí cnuasainmneacha fearacht *glasses* (3.2.1) agus samplaí míchuí réamhfhocal (3.4.1).

#### 4.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu

Liostaithe i dTábla 18 tá réimsí a bhfuil athruithe suntasacha deilbhíochta sa Ghaeilge iontu nach mbaineann go soiléir le córas deilbhíochta an Bhéarla ach a bhaineann, is cosúil, le feidhm shrianta na Gaeilge i gcomhthéacs an dátheangachais. Tá cur síos rangaithe orthu siúd sa leabhar faoi thagairt na fochaibidle a thugtar sa cheathrú colún.

Ranna cainte	Réimse deilbhíochta	Foréimse deilbhíochta	Tagairt
Ainmfhocal	Ainmneach uatha		2.2.1
	Uimhir iolra	Uimhir uatha i suíomh na huimhreach iolra	
		Tamhan an uatha gan athrú agus foirceann an iolra leis	
		Tamhan míchuí	
Ainm briathartha			2.2.4
Réamhfhocal simplí			2.2.5

Tábla 18 Réimsí deilbhíochta a bhfuil simpliú nó laghdú suntasach iontu.

## 4.3 Comhréir

Is féidir éifeacht an dátheangachais ar chomhréir an dá theanga a thuiscint trí anailís a dhéanamh ar na cineálacha tréithe comhréire seo a leanas:

- (1) tréithe lenar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga;
- (2) tréithe atá ag athrú i dtreo thréithe na teanga eile;
- (3) tréithe eile ina bhfuil athrú suntasach faoi réir an dátheangachais.


### 4.3.1 Comparáid dhíreach

Is iad seo a leanas réimsí na comhréire ar féidir comparáid dhíreach idir an dá theanga a dhéanamh orthu san anailís ar an gcorpas seo: (1) an chlaoninsint agus (2) éagsúlacht na gceisteanna.

#### An chlaoninsint

San fhochaibidil seo tugaimid toradh na hanailíse ar ráitis na bpáistí nuair a iarradh orthu abairtí a chur sa chlaoninsint sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Is é an tasc a bhí le déanamh ag na daltaí ná tús a chur le habairt le *'Dúirt (duine) go ... / (person) said that ...'* agus an abairt a chríochnú. Cuireadh an cheist seo ar 36 dalta le linn na n-agallamh Gaeilge agus ar 32 dalta le linn na n-agallamh Béarla. Thug 63.8% de 36 dalta freagra cuí sa Ghaeilge agus 43.8% de 32 dalta freagra cuí sa Bhéarla.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaidreamh atá idir an dá theanga sa chorpas, is fiú díriú ar chomhdhéanamh na ráiteas míchuí. In ionad na claoninsinte is í an insint dhíreach a bhí ag 30.6% de na páistí sa Ghaeilge agus 25% sa Bhéarla. Bhí aimsir an bhriathair míchuí ag páiste amháin (2.8%) sa Ghaeilge agus ag deichniúr (31.2%) sa Bhéarla. Tharla nár éirigh le páiste amháin (2.8%) an tasc seo a chur i gcrích sa Ghaeilge (Cairt 81).




Cairt 81 Céatadán na gcineálacha ráiteas míchuí as iomlán na ráiteas sa chlaoninsint sa dá theanga.

Léirítear san fhianaise seo ón gcorpas go bhfuil cumas ionramhála níos fearr ag na daltaí ar an gclaoninsint maidir le haimsir de sa Ghaeilge ná sa Bhéarla ach go bhfuil céatadán fheidhmiú phearsa na claoninsinte féin níos fearr de bheagán sa Bhéarla ná sa Ghaeilge.

#### Éagsúlacht ceisteanna


Iarradh ar na páistí ceisteanna a chur faoi phictiú(i)r sa leabhar le linn na n-agallamh struchtúrtha. Chuir na daltaí cúig cheist ar an meán sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Rinneadh anailís ar éagsúlacht na gceisteanna trí chomhaireamh na gcineálacha forainmneacha ceisteacha éagsúla a bhí sna ceisteanna. Comhairleadh na cineálacha ceisteanna seo sa ráta éagsúlachta seo chomh maith céanna: ceisteanna dar tús an briathar substainteach nó dar tús an chopail, agus ceisteanna dar tús briathar gníomhach.

Is iad 53.4% agus 62.4% rátaí éagsúlachta na gceisteanna a léirigh an páiste meánach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla faoi seach. Léirítear i gCairt 82 go bhfuil an ráta éagsúlachta níos airde de bheagán ar an meán sa Bhéarla. Ó thaobh na Gaeilge de, tá an bhearna idir an grúpa ag a bhfuil an ráta éagsúlachta is ísle agus an grúpa ag a bhfuil an ráta éagsúlachta is airde beagáinín níos leithne ná mar atá a macasamhail de bhearna idir an grúpa is ísle agus an grúpa is airde sa Bhéarla. Is é sin le rá go bhfuil fána na líne meánaí níos géire sa chairt don Ghaeilge.



Cairt 82 Ráta éagsúlachta na gceisteanna sa dá theanga de réir ráta ardaithigh sa dá theanga go neamhspleách.

Cé gur beagnach mar a chéile ráta éagsúlachta na gceisteanna sa dá theanga, léirítear i gCairt 83 gur beag comhfhreagracht a fhaightear eatarthu ar leibhéal na bpáistí aonarach (m.sh., nuair a leagtar na daltaí amach de réir ráta ardaithigh sa Ghaeilge mar atá i gCairt 83).



Cairt 83 Ráta éagsúlachta na gceisteanna sa dá theanga de réir ráta ardaithigh sa Ghaeilge.

Léirítear san fhianaise seo ón gcorpas go bhfuil cumas ionramhála níos leithne ag na daltaí ar na struchtúir cheisteacha sa Bhéarla ná sa Ghaeilge.

#### 4.3.2 Comhchlaonadh

Sa Ghaeilge a fhaightear formhór na n-athruithe suntasacha comhréire i dtreo an Bhéarla agus ní fhaightear ach beagán sa Bhéarla i dtreo na Gaeilge. Tá réimsí comhréire na Gaeilge, agus dhá réimse sa Bhéarla, a bhfuil simpliú nó / agus athrú i dtreo na teanga eile le fáil iontu, liostaithe i dTábla 19. Tá cur síos rangaithe orthu siúd sa leabhar seo faoi uimhir thagartha na fochaibidle a thugtar sa cheathrú colún.

	Catagóirí comhréire	Fochatagóirí comhréire	Tagairt	
Gaeilge	Ainm briathartha agus cuspóir	Ainmfhocal i bhfochlásal	2.3.1	
	Ainm briathartha leanúnach	Forainm i bhfochlásal	2.3.1	
	Fochlásal ceisteach	Forainm sa tríú pearsa	2.3.2	
	Clásal coibhneasta	<i>an nó má</i>	2.3.4	
	Struchtúr ginideach	Díreach		2.3.5
		Indíreach		2.3.4
Béarla	Clásal coibhneasta	Alt dúbailte	2.3.6	
		Ginideach réamhfhoclach	2.3.6	
	Struchtúr ginideach	Líon <i>that</i> roghnach	3.3.2	
		<i>truck man's</i>	3.3.3	

Tábla 19 Réimsí comhréire comhchlaonta chun na teanga eile.

### 4.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu

Liostaithe i dTábla 20 tá réimsí a bhfuil athruithe suntasacha comhréire sa Ghaeilge agus sa Bhéarla iontu nach mbaineann go soiléir le córas comhréire na teanga eile. Tá cur síos rangaithe orthu siúd sa leabhar faoi thagairt na fochaibidle a thugaimid sa cheathrú colún.

	Catagóirí comhréire	Fochatagóirí comhréire	Tagairt
Gaeilge	Comhfhreagracht uimhreach	é in áit <i>iad</i> leis an gcopail	2.3.7
Béarla	Comhfhreagracht uimhreach	Abairt chopailéach	3.3.3

Tábla 20 Réimsí comhréire ina bhfuil simpliú nó laghdú sa dá theanga.

## 4.4 Séimeantaic

Is féidir éifeacht an dátheangachais ar shéimeantaic an dá theanga a thuiscint trí anailís a dhéanamh ar na cineálacha tréithe séimeantaice seo a leanas:


- (1) tréithe lenar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga;
- (2) tréithe atá ag athrú i dtreo thréithe na teanga eile.

### 4.4.1 Comparáid dhíreach

As na réimsí séimeantaice a cuireadh faoi anailís i gCaibidil 2 agus 3, is i réimse fheidhmiú na réamhfhocal amháin is féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir séimeantaic na Gaeilge agus an Bhéarla.

#### An réamhfhocal

San fhochaibidil seo cuirimid i gcomparáid le chéile líon na réamhfhocal dá bhfuil seachfhoirmeacha suntasacha tugtha faoi deara i dtaifeadtaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Taifeadadh 1.2 agus 0.2 réamhfhocal ag a raibh ciall athraithe i nGaeilge agus i mBéarla an pháiste mheánaigh, faoi seach. Léirítear i gCairt 84 líon suntasach, 16 dalta (32%), nár taifeadadh aon sampla uathu i nGaeilge ná i mBéarla. Ina ainneoin sin, níl comhfhreagracht shoiléir idir na samplaí Béarla agus Gaeilge.



Cairt 84 Líon sheachfhoirmeacha na réamhfhocal in ord ardaitheach sa Ghaeilge.

### 4.4.2 Comhchlaonadh

Faightear athruithe séimeantaice i dtreo na teanga eile sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. Réimsí séimeantaice sa dá theanga ina bhféadfadh comhchlaonadh i dtreo na teanga eile a bheith i gceist leo, tá aicmiú teangeolaíochta orthu siúd sa leabhar seo faoi thagairt na fochaibidle a thugaimid sa tríú colún i dTábla 21.

	Catagóirí séimeantaice	Tagairt
Gaeilge	Briathar	2.4.2
	Frása	2.4.3–5
	Samplaí eile	2.4.6
Béarla	Inscne an fhorainm	3.4.2
	Forainm éiginnte <i>many</i> agus <i>much</i>	3.4.3

Tábla 21 Réimsí séimeantaice á n-athrú i dtreo na teanga eile.

## 4.5 Pragmataic

Breathnaímid ar éifeacht an dátheangachais shóisialta ar phragmataic an dá theanga ar bhonn anailíse ar na cineálacha tréithe pragmataice seo a leanas:


- (1) tréithe ar féidir comparáid dhíreach idir an dá theanga a dhéanamh orthu;
- (2) tréithe eile teanga atá ag athrú i dtreo thréithe na teanga eile.

### 4.5.1 Comparáid dhíreach

As na réimsí pragmataice a cuireadh faoi anailís i gCaibidil 2 agus 3, is i réimse na bhfocal pragmataice, nó marcóirí dioscúrsa, agus in úsáid na bhfocal *yeah, yes* agus *yep*, is féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an Ghaeilge agus an Béarla.

#### Marcóirí dioscúrsa


Déanaimid comparáid chomair chainníochtúil anseo idir réimsí na marcóirí dioscúrsa sa dá theanga de réir líon na ndaltaí a bhain leas astu. Baintear leas as go leor marcóirí dioscúrsa Béarla sa chomhrá Gaeilge ach i gcás an chomhrá Béarla níl oiread is sampla amháin de mharcóir dioscúrsa Gaeilge ann (Cairt 85).



Cairt 85 Marcóirí dioscúrsa sa dá theanga de réir líon na bpáistí in ord ardaitheach sa chomhrá Béarla, agus na marcóirí dioscúrsa Gaeilge sa chomhrá Gaeilge in ord ardaitheach.

I gCairt 86 léirítear líon na marcóirí dioscúrsa in ord ardaitheach an chomhrá Béarla. Léiríonn na línte treochta comhfhreagracht íseal idir líon na bhfocal pragmataice sa Bhéarla agus líon na bhfocal pragmataice T1 sa Ghaeilge. Tá níos mó comhfhreagrachta idir líon na bhfocal pragmataice sa Bhéarla agus líon na bhfocal pragmataice T2 sa Ghaeilge.

#### 4. An dá theanga taobh le taobh




Cairt 86 Líon marcóirí dioscúrsa sa dá theanga de réir oird ardaithigh sa chomhrá Béarla.

Tagann cúig phointe shonracha chun solais sa chairt seo ach go háirithe maidir le feidhmiú na cumarsáide atá múnlaith ag an dátheangachas sóisialta:

- páistí ag a bhfuil idirdhealú suathinseach idir an líon marcóirí sa chomhrá Gaeilge agus sa chomhrá Béarla, agus an líon is airde sa chomhrá Béarla, rud is cosúil a léireodh ceannas comparáideach a bheith ag pragmataic an Bhéarla san acmhainn chumarsáide atá ag daltaí (m.sh. C08c, C08d, C10d, B11c, B10h);
- líon beag cainteoirí ag a bhfuil líon na marcóirí dioscúrsa níos airde sa chomhrá Gaeilge ná sa chomhrá Béarla (m.sh. C12a, C10b, C11f); tá C11f (an ceathrú dalta isteach ar dheis i gCairt 86) suntasach de bharr a mhéad marcóirí dioscúrsa Béarla atá sa chomhrá Gaeilge aici (níos mó ná an méid atá sa chomhrá Béarla aici) agus ar a laghad comparáideach marcóirí dioscúrsa Gaeilge atá sa chomhrá Gaeilge aici;
- líon suntasach na bpáistí a chuireann marcóirí dioscúrsa ag obair sa chomhrá Béarla ach nach gcuireann mórán dá leithéid ag obair sa chomhrá Gaeilge (m.sh. B12c, B10b, C08b, C11e, C10d)
- líon beag na bpáistí ag a bhfuil cothromaíocht i líon comparáideach na marcóirí sa dá theanga (m.sh. C11d, B07a), agus marcóirí dioscúrsa Béarla sa chomhrá Gaeilge i gceannas ag a bhformhór;
- líon páistí níos lú fós (beirt bhuachaillí, 4%) ag a bhfuil níos mó marcóirí Gaeilge sa chomhrá Gaeilge ná an líon marcóirí Béarla atá sa chomhrá Béarla acu (B10c, B10d), rud is cosúil a léireodh ceannas comparáideach a bheith ag pragmataic na Gaeilge san acmhainn chumarsáide atá acu.

Is é is bonn do phointe (a) ná gurb éard atá sa ghnáthphatrún ag na páistí a bhfuil líon ard marcóirí acu (ar thaobh na láimhe deise i gCairt 87) ná go bhfuil líon na marcóirí dioscúrsa (idir leamaí Gaeilge agus Béarla) níos airde acu sa chomhrá Béarla ná sa chomhrá Gaeilge, .i. is iad na barraí faisnéise dearga is airde acu.

Léirítear an patrún inchoimparáide i gCairt 87 i gcás éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa in ord ardaitheach an chomhrá Béarla.




Cairt 87 Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa sa dá theanga de réir oird ardaithigh sa chomhrá Béarla.



Féach i gCairt 87, mar shampla, maidir le pointe (e) thuas, daltaí B10c agus B10d, a bhfuil éagsúlacht réasúnta íseal acu sa dá theanga. Is é cainteoir B10g an t-aon chainteoir amháin a bhfuil an barra faisnéise gorm (MD Gaeilge sa chomhrá Gaeilge i gCairt 87) aige níos airde ná an barra faisnéise dearg, agus tá éagsúlacht réasúnta íseal aigesean sa dá theanga chomh maith.


### Na focail yeah, yes, yep

Dírímid anseo ar na focail dhearbhaithe *yeah*, *yes* agus *yep* i bhfreagraí agus mar dheimhniúchán sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Bhí 35.7 agus 10.3 focal den chineál seo i bhfeidhm ag an bpáiste meánach sa chomhrá Béarla agus sa chomhrá Gaeilge, faoi seach (Cairt 88).



Cairt 88 Líon meánach na bhfocal *yeah*, *yes* agus *yep* sa chomhrá sa dá theanga.

Bhí beirt pháistí a raibh níos mó focal Béarla den chineál seo in úsáid acu sa Ghaeilge ná sa Bhéarla (B10c, C08a) agus duine (C11e) a raibh an oiread céanna aici sa dá theanga (Cairt 89) agus is triúr iad seo a raibh níos lú ná an meán acu sa chomhrá Béarla agus tá níos lú ná an meán ag C11e sa chomhrá Gaeilge agus níos mó ná an meán ag B10c agus C08a sa chomhrá Gaeilge.



Cairt 89 Líon na bhfocal *yeah*, *yes* agus *yep* sa chomhrá sa dá theanga de réir oird ardaithigh sa Bhéarla.

Mar sin, tá na focail dhearbhaithe seo níos coitianta sa chomhrá Béarla ag 47 páiste (94%) de bharr, go príomha, go bhfuil córas dearbhaithe Gaeilge ag feidhmiú sa chomhrá Gaeilge in éindí le córas *yeah*, *yes* agus *yep*.

### 4.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla

I measc na ngnéithe pragmataice a ndearnadh anailís orthu sa saothar seo tá léiriú á thabhairt ar athruithe sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla maidir leis na freagraí ar cheisteanna dúnta (féach 2.5.3).

## 4.6 Líofacht

San fhochaibidil seo déanaimid comparáid dhíreach idir torthaí na n-anailísí a rinneadh ar líofacht na bpáistí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Pléimid anseo an líofacht agus an mhílíofacht sa chomhrá sa dá theanga de réir na ngnéithe seo: (1) tréithe líofachta agus mílíofachta i nóiméad samplach reacaireachta (a phléimid i bhFochaibidil 4.6.1), agus, sa chorpas trí chéile, (2) ráitis maidir le




#### 4. An dá theanga taobh le taobh

heaspa foclóra agus ráitis eile mheititheangeolaíochta maidir leis an stór focal Gaeilge agus Béarla, a phléimid i bhFochaibidil 4.6.2.

##### 4.6.1 Tréithe líofachta agus mílíofachta


San fhochaibidil seo déanaimid torthaí na Gaeilge agus an Bhéarla a chur i gcomparáid le chéile maidir le tréithe líofachta agus mílíofachta sa nóiméad samplach ar leith reacaireachta. Má chuirtear iomlán na dtáscairí le chéile ((a) stad, (b) bearna, (c) fadú, (d) intriacht) d'iomlán na bpáistí, is é an t-iomlán ná 906 táscaire mílíofachta sa Ghaeilge agus 846 táscaire mílíofachta sa Bhéarla. Is 18.1 táscaire mílíofachta a bhí ag an bpáiste meánach sa Ghaeilge agus 16.9 sa Bhéarla.

I gCairt 90 léirítear dáileadh na bpáistí de réir mhéid na bearna idir líon na dtáscairí mílíofachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. (Ní miste a mheabhrú go bhfuil líon na bhfocal sa nóiméad samplach Gaeilge níos airde de bheagán ná líon na bhfocal sa nóiméad samplach Béarla; féach thíos san fhochaibidil seo.) Is léir go bhfuil an bhearna i gCairt 90 níos mó ar thaobh na lámhe deise (mar a bhfuil mílíofacht na Gaeilge in uachtar) ná ar thaobh na lámhe clé (mar a bhfuil mílíofacht an Bhéarla in uachtar). Is í an difríocht is mó idir an Ghaeilge agus an Béarla go bhfuil, mar eiseamláir, 13 táscaire mílíofachta níos mó sa Bhéarla ag an dalta is mó i measc na ndaltaí a bhfuil níos mó táscairí mílíofachta acu sa Bhéarla (ar chlé); agus tá 22 táscaire mílíofachta níos mó sa Ghaeilge ag an dalta is mó i measc na ndaltaí a bhfuil níos mó táscairí mílíofachta acu sa Ghaeilge (ar dheis). Dá bhrí sin is airde suim na dtáscairí mílíofachta sa Ghaeilge (ar thaobh na lámhe deise i gCairt 90) agus is mó an bhearna idir an mhílíofacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ag an bhfoghrúpa céanna (ar thaobh na lámhe deise i gCairt 90).



Cairt 90 Difríocht idir líon na dtáscairí mílíofachta sa dá theanga de réir na bearna idir an péire.

Níl coibhneas suntasach sa chorpas seo idir líon na dtáscairí mílíofachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ag leibhéal an duine aonair. I gCairt 91 léirítear dáileadh na bpáistí sa dá theanga in ord líon na dtáscairí mílíofachta sa nóiméad samplach Gaeilge. Fanann líne threochta an Bhéarla cothrom, gan coibhneas le hardú líne threochta na Gaeilge.




Cairt 91 Líon na dtáscairí mílíofachta sa dá theanga in ord ardaitheach a lín sa Ghaeilge.

Léirítear, mar sin, táscairí mílíofachta ina n-iomláine a bheith níos airde sa Ghaeilge.

### Líon na bhfocal

Mar a léirítear i gCairt 92, ba 112.2 focal sa Ghaeilge agus 101.1 focal sa Bhéarla a bhí i gcaint an pháiste mheánaigh sa nóiméad samplach reacaireachta. Bhí bearna de 115 focal sa Ghaeilge agus bearna de 99 focal sa Bhéarla idir an líon ab ísle agus an líon ab airde focal. Ciallaíonn sé sin go ndúirt na páistí níos mó focal sa Ghaeilge ná sa Bhéarla ach go raibh an bhearna sa táirgiúlacht ní ba leithne sa Ghaeilge, idir an té ba mhó líon focal agus an té ab ísle líon focal, ná an bhearna sa Bhéarla.




Cairt 92 Líon meánach na bhfocal i nóiméad reacaireachta sa dá theanga.

Tá léiriú anseo ar chumas níos fearr ó thaobh na Gaeilge de a bheith ag na daltaí ina n-iomláine maidir le líon ard táirgeadh focal, spléachadh ar bhuntáiste Gaeilge a fhaightear go hannamh sa chorpas seo.

### Stad gearr agus stad fada in abairt

Comhaireadh líon na stadanna a bhí idir focail in abairt sa nóiméad reacaireachta ag gach dalta. Rinneadh idirdhealú idir stad gearr (fad níos lú ná trí shoicind) agus stad fada (fad trí shoicind nó níos mó). Rinne an páiste meánach 6.46 stad gearr agus 0.98 stad fada sa Ghaeilge agus 6.26 stad gearr agus 0.94 stad fada sa Bhéarla (Cairt 93).




Cairt 93 Líon meánach na stadanna gearra agus na stadanna fada sa dá theanga.

### Focail bhearnaithe

Fuarthas suas le sé fhocal bhearnaithe sa Ghaeilge agus cúig fhocal bhearnaithe sa Bhéarla sa nóiméad samplach i measc na bpáistí. Ag an dalta meánach bhí 1.5 focal bhearnaithe sa Ghaeilge agus 1.3 focal bhearnaithe sa Bhéarla (Cairt 94).


#### 4. An dá theanga taobh le taobh



Cairt 94 Uasmhéid agus meán na bhfocal bearnaithe sa dá theanga.

#### Fuaimniú fadaithe

Fuarthas suas le naoi gcomhartha d'fhuaimniú fadaithe sa Ghaeilge i measc na bpáistí agus suas le sé chomhartha d'fhuaimniú fadaithe sa Bhéarla. Bhí 1.46 d'fhuaimniú fadaithe sa Ghaeilge agus 1.36 d'fhuaimniú fadaithe sa Bhéarla ag an bpáiste meánach (Cairt 95).




Cairt 95 Uasmhéid agus meán na gcomharthaí den fhuaimniú fadaithe sa dá theanga.

Mar sin i gCairt 93–95 tá beagán níos mó stadanna, focail bhearnaithe agus fuaimniú fadaithe sa Ghaeilge ná sa Bhéarla; buntáiste beag ag an mBéarla is cosúil.

#### Intriachtaí dóbartaíola

Bhí suas le deich n-intriacht dóbartaíola (*e-* agus *em-*) sa Ghaeilge agus suas le 15 cinn sa Bhéarla i measc na bpáistí. Bhí 3.3 intriacht dóbartaíola sa Ghaeilge agus 3.6 intriacht dóbartaíola sa Bhéarla ag an bpáiste meánach (Cairt 96). In ainneoin threocht na dtorthaí seo, níor léirigh 11 duine aon sampla den tréith seo sa Bhéarla (féach Cairt 65, Fochaibidil 3.6.1); is cúigear daltaí nach raibh aon intriacht dóbartaíola acu sa Ghaeilge (Cairt 25, Fochaibidil 2.6.1)). Is é sin le rá, cé go bhfuil níos mó intriachtaí dóbartaíola ag an dalta meánach sa Bhéarla, tá líon níos mó daltaí sa Bhéarla nach bhfuil aon intriacht dóbartaíola acu.



Cairt 96 Uasmhéid agus meán na n-intriachtaí dóbartaíola sa dá theanga.


Tá léiriú anseo ar líofacht níos fearr ó thaobh na Gaeilge de a bheith ag na daltaí ina n-iomláine maidir le líon níos lú intriachtaí dóbartaíola (ach go bhfuil bonn níos teoranta ó thaobh na Gaeilge

de sa phointe seo, de bharr go bhfuil níos mó daltaí a bhfuil intríocht acu sa nóiméad samplach Gaeilge ná sa Bhéarla). Is spléachadh é seo ar bhuntáiste Gaeilge a fhaightear go hannamh sa chorpas seo, ach tá torthaí líon na bhfocal, mar a tugadh thuas, ag teacht leis an bhfianaise dhearfach seo ó thaobh líofacht na Gaeilge de.

#### 4.6.2 Ráitis i leith cumais agus moill táirgthe focal

Dírímid anseo ar ráitis na ndaltaí maidir le heaspa foclóra agus lena gcuid ráiteas meititheangeolaíochta maidir leis an stór focal atá acu sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Léirigh an páiste meánach dhá shampla sa Ghaeilge agus sampla amháin sa Bhéarla. San agallamh Gaeilge agus Béarla faoi seach, léirigh 38 (76%) agus 28 (56%) de na páistí ráiteas den chineál seo.

I gCairt 97 léirítear dáileadh na ndaltaí aonarach in ord ardaitheach de réir líon na samplaí sa Bhéarla. Léirítear go bhfuil 17 duine nach ndéanann ráiteas meititheangeolaíochta cumais ach amháin sa Ghaeilge. Is seachtar a rinne ráiteas den sórt sin sa Bhéarla amháin.



Cairt 97 Líon na ráiteas meititheangeolaíochta in ord líon na samplaí sa Bhéarla.

Maidir leis na ráitis seo a bheith níos coitianta ag daltaí sa Ghaeilge ná sa Bhéarla, is féidir comparáid a dhéanamh idir an dá theanga i gCairt 97, .i. líon na ndaltaí a bhfuil níos mó ráiteas mar seo acu i dteanga amháin seachas a chéile. Mar sin, is é cóimheas na ndaltaí idir an dá theanga ná 28 (56%) sa Ghaeilge : 13 (26%) sa Bhéarla, rud a fhágann gurb é taobh na Gaeilge is diúltaí atá, agus í ionann is a dhá oiread níos diúltaí ná an Béarla sa chóimheas seo.

## 4.7 Achoimre

Pléadh impleachtaí teangeolaíochta an chineál dátheangachais shóisialta atá i réim sa Ghaeltacht chomhaimseartha sa chaibidil seo. Rinneadh plé ar shé réimse teangeolaíochta atá inchomparáide: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic agus líofacht. Rinneadh tagairt do thrí réimse a bhaineann leis an gcomhshamhlú dátheangach: inscne ghramadúil, na claochluithe tosaigh agus an fhoghraíocht; agus do dhá réimse a eascraíonn as an sealbhú dátheangach: an deilbhíocht agus an chomhréir.

Léiríodh go bhfuil feidhm i bhfad níos leithne á baint as acmhainn na bhfocal T2 sa Ghaeilge ná acmhainn na bhfocal Gaeilge sa chomhrá Béarla. Míníonn líon na n-iasachtaí Béarla sa Ghaeilge agus líon na seachfhoirmeacha sa Ghaeilge an fáth a bhfuil líon níos airde leamaí sa Ghaeilge le hais an Bhéarla. Is é líon meánach na leamaí a léirigh na páistí sa Ghaeilge ná 415 agus is é líon meánach na leamaí sa Bhéarla a léiríodar ná 384. Tugann na figiúirí le fios go n-úsáideann na cainteoirí óga 7% níos mó leamaí sa chomhrá Gaeilge ná sa chomhrá Béarla. Bheifí ag súil le líon níos airde leamaí sa Ghaeilge de bharr go bhfuil tréithe an infhillte níos suntasaí sa Ghaeilge le hais an Bhéarla. Ní fhaightear de dhifríocht ach 2% níos mó leamaí sa chomhrá Béarla tar éis na leamaí T2 agus leamaí míchuí a bhaint as an áireamh. Fágann sin go bhfuil an dá theanga cothrom ó thaobh leamaí bhunteanga an chomhrá. Léiríonn dáileadh na leamaí calabraithe coibhneas dearfach sa dá theanga.

Ar an iomlán tá 20.5%, nó ar leibhéal an pháiste mheánaigh 5.8%, níos mó seachfhoirmeacha sa Ghaeilge ná sa Bhéarla i gcás fhoirmeacha an ainmfhocail san iolra. Mar sin, léiríonn an chomparáid seo go bhfuil cumas níos airde ag na daltaí ag próiseáil fhoirmeacha an ainmfhocail san iolra sa Bhéarla le hais na Gaeilge. Is mar a chéile meán chéatadán na leaganacha neamhspleácha agus spleácha sa dá theanga (75.4% sa Bhéarla agus 75.9% sa Ghaeilge ag an dalta meánach) i gcás na mbriathra mírialta, ach tá difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara i gcás na bhfoirmeacha spleácha; léiríodh níos mó foirmeacha míchuí i gcás na Gaeilge sna foirmeacha spleácha. I gcás chéimeanna comparáide na haidiachta, ar an meán tá 16% sa Bhéarla agus 44.9% sa Ghaeilge de sheachfhoirmeacha comparáideacha; bearna de 28.9% idir an dá theanga agus cumas an Bhéarla in uachtar.

Thug 63.8% de 36 dalta leagan cuí ar iarratas a bhain leis an gclaoninsint sa Ghaeilge agus 43.8% de 32 dalta leagan cuí sa Bhéarla. In ionad na claoninsinte is í an insint dhíreach a bhí ag 30.6% de na páistí sa Ghaeilge agus 25% sa Bhéarla, i gcás chomhdhéanamh na ráiteas míchuí. Léirítear san fhianaise ón gcorpas go bhfuil cumas ionramhála níos fearr ag na daltaí ar an gclaoninsint maidir le haimsir de sa Ghaeilge ná sa Bhéarla.

Ó thaobh na dtástálacha a bhain le héagsúlacht na gceisteanna de, léirítear san fhianaise go bhfuil cumas ionramhála níos leithne ag na daltaí ar na struchtúir cheisteacha sa Bhéarla ná sa Ghaeilge.

Tá ceannas comparáideach ag pragmataic an Bhéarla san acmhainn chumarsáide atá ag na daltaí. Baineann siad leas as go leor marcóirí dioscúrsa Béarla sa chomhrá Gaeilge ach i gcás an chomhrá Béarla níl oiread is sampla amháin de mharcóir dioscúrsa Gaeilge ann.

Sa nóiméad samplach reacaireachta bhí 112.2 focal sa Ghaeilge agus 101.1 focal sa Bhéarla i gcaint an pháiste mheánaigh. San iomlán tá 906 táscaire mílíofachta sa Ghaeilge agus 846 táscaire mílíofachta sa Bhéarla. Is 18.1 táscaire mílíofachta a bhí ag an bpáiste meánach sa Ghaeilge agus 16.9 sa Bhéarla. Tá léiriú anseo ar chumas níos fearr ó thaobh na Gaeilge de a bheith ag na daltaí ina n-iomláine maidir le líon ard táirgeadh focal, spléachadh ar bhuntáiste Gaeilge sa réimse teangeolaíochta seo. Rinne an páiste meánach 6.46 stad gearr agus 0.98 stad fada sa Ghaeilge agus 6.26 stad gearr agus 0.94 stad fada sa Bhéarla. Ag an dalta meánach bhí 1.5 focal bearnaithe sa Ghaeilge agus 1.3 focal bearnaithe sa Bhéarla. Bhí 1.46 d'fhuaimniú fadaithe sa Ghaeilge agus 1.36 d'fhuaimniú fadaithe sa Bhéarla ag an bpáiste meánach. Bhí 3.3 intriacht dóbartaíola sa Ghaeilge agus 3.6 intriacht dóbartaíola sa Bhéarla ag an bpáiste meánach. I gcás ráitis na ndaltaí maidir le heaspa foclóra agus lena gcuid ráiteas meititheangeolaíochta maidir lena stór focal sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, léirigh 38 (76%), sa Ghaeilge, agus 28 (56%), sa Bhéarla, de na páistí ráiteas den chineál seo. Is é cóimheas míbhuntáisteach na ndaltaí idir an dá theanga ná 28 (56%) sa Ghaeilge : 13 (26%) sa Bhéarla, rud a fhágann gurb é taobh na Gaeilge is diúltaí atá.

Tá tagairt do réimsí deilbhíochta na Gaeilge a bhfuil an chosúlacht orthu i bhfaisnéis an staidéir seo gur athrú i dtreo an Bhéarla atá i gceist iontu. Is iad na tréithe atá i gceist: seachfhoirmeacha iolra a bhaineann le hathruithe foghraíochta; iolra le foirceann -s an Bhéarla; easpa an ghinidigh uatha; easpa an ghinidigh iolra; iolra i ndiaidh *cé mhéad* agus *cupla*; réimniú agus foirm scartha mhíchuí i gcás an bhriathair; scaradh míchuí an réamhfhocail agus an ailt; foirm scartha mhíchuí i gcás an fhorainm réamhfhoclaigh; *mo* agus *do* in ionad *m'* agus *d'* i gcás an fhorainm shealbhaigh; seachfhoirmeacha i gcás na míreanna briathartha; agus *-rud* i gcomhfhocail, m.sh. *stick-rud*.

Tá réimsí a bhfuil athruithe suntasacha deilbhíochta iontu sa Ghaeilge a bhaineann, is cosúil, le feidhm shrianta na Gaeilge i gcomhthéacs an dátheangachais: foirmeacha uatha agus iolra an ainmfhocail, deilbhíocht an ainm bhriathartha agus an réamhfhocail shimplí.

Tá réimsí comhréire na Gaeilge a bhfuil simpliú nó / agus athrú iontu i dtreo na teanga eile le fáil sna gnéithe teangeolaíochta seo a leanas: an t-ainm briathartha agus cuspóir ainmfhoclach nó forainmneach i bhfocchlásal; an t-ainm briathartha leanúnach le cuspóir forainmneach; an focchlásal ceisteach; an clásal coibhneasta; agus struchtúr an ghinidigh. I gcás réimsí comhréire an Bhéarla

tá simpliú nó / agus athrú i dtreo na teanga eile le fáil sna gnéithe teangeolaíochta seo a leanas: an clásal coibhneasta; agus struchtúr an ghinidigh.

Tá léiriú ar réimsí a bhfuil athruithe suntasacha comhréire sa Ghaeilge iontu nach mbaineann go soiléir le córas comhréire an Bhéarla ach a bhaineann, is cosúil, le comhthéacs an dátheangachais i gcás chomhfhreagracht uimhreach na copaile.

Tá athruithe séimeantaice i dtreo na teanga eile sa Ghaeilge sna réimsí a bhaineann leis an mbriathar, leis an bhfrása agus le samplaí aonaracha, agus i gcás an Bhéarla sna réimsí a bhaineann le hinscne an fhorainm agus leis na forainmneacha éiginnte *many* agus *much*.

Maidir leis an gcóras deimhniúcháin, tá na focail dhearbhaithe *yeah, yes* agus *yep* níos coitianta sa chomhrá Béarla ag 47 páiste (94%) de bharr, go príomha, go bhfuil córas dearbhaithe Gaeilge ag feidhmiú sa chomhrá Gaeilge in éindí le córas *yeah, yes* agus *yep* an Bhéarla.

Léirítear i dtorthaí na caibidle seo go bhfuil buntáiste dátheangach an Bhéarla in uachtar sna táscairí éagsúla teangeolaíochta a bhí á n-iniúchadh sa chomparáid dhátheangach idir cumas an Bhéarla agus na Gaeilge, cé is moite de chuid de na torthaí a bhaineann leis an gclaoninsint agus le cuid de tháscairí na líofachta agus na mílíofachta.

### Léitheoireacht bhreise

Bolonyai, A., (2009) 'Code-switching, imperfect acquisition, and attrition', i Bullock, B. E. agus Toribio, A. J. (eag.í) *The Cambridge handbook of linguistic code-switching*. Cambridge: CUP. 253–69.

Daller, M. H., Yildiz, C., de Jong, N. H., Kan, S. agus Başbaği, R. (2011) 'Language dominance in Turkish-German bilinguals: Methodological aspects of measurements in structurally different languages', *International Journal of Bilingualism* 15, 2: 215–36.

de Houwer, A. (2009) *Bilingual First Language Acquisition*. Bristol: Multilingual Matters.

Matras, Y. (2009) *Language Contact*. Cambridge: CUP.



# Aois

Dírímíd sa chaibidil seo ar an gcaidreamh atá idir aois na gcainteoirí ar láimh amháin agus, ar an láimh eile de, a ngnóthachtáil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir leagan amach comparáideach na leibhéal teangeolaíochta 1–3 a pléadh i gCaibidil 4. Dírítear ar tháscairí coitianta, is é sin le rá, táscairí a raibh samplaí díobh ag ar a laghad 35 dalta (70% de na daltaí). Na táscairí nach bhfuarthas samplaí díobh ag 70% de na cainteoirí ar a laghad, baineadh as an bplé anseo iad chun ionadaíocht na sonraí a chosaint san anailís. Is iad seo a leanas na táscairí a baineadh amach: na forainmneacha *mo* agus *do* in ionad *m'* agus *d'* (samplaí ó 14 dalta); ainmfhocal briathartha leanúnach agus forainm sa tríú pearsa (samplaí ó 27 dalta); na míreanna briathartha *dá* agus *mara/mura* (samplaí ó 22 agus 12 dalta, faoi seach); an focal *-rud* i gcomhfhocal (samplaí ó chúigear daltaí); an clásal ceisteach (samplaí ó 20 dalta); an clásal coibhneasta indíreach (samplaí ó 24 dalta; ach i gcás Chairt 109, 138, 167, 187 fágadh sonraí maidir le feidhmiú míchuí an chlásail dhírigh in ionad an chásail indírigh thraidisiúnta, .i. maidí faisnéise buí); agus an chlaoninsint indíreach (36 dalta sa Ghaeilge, 31 dalta sa Bhéarla).

Ghlac 50 dalta bunscoile páirt sa tionscadal taighde. Rangáodh na daltaí, a bhí idir 7 agus 12 bliain d'aois, i sé aoisghrúpa. Bhí idir 4 agus 17 dalta i ngach aoisghrúpa. Léirítear dáileadh aois na ndaltaí i dTábla 22.


Aois	Líon	% daltaí
7	5	10
8	6	12
9	6	12
10	17	34
11	12	24
12	4	8

Tábla 22 Dáileadh na bpáistí de réir aoise.

Féach freisin an plé i bhFochaibidil 9.3.2.


## 5.1 Foclóir

Pléimid go hachomair anseo an gaol atá idir aois na bpáistí agus cúrsaí foclóra i gcás líon na leamaí a chuir na cainteoirí óga i bhfeidhm. Léirítear i línte treochta na gcuair i gCairt 98 go dtagann ardú ar iomlán na leamaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla le haois. Léiriú é seo ar acmhainn foclóra na bpáistí a dhul i méid, nó i bhfeabhas, go comhthreomhar sa dá theanga de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 98 Líon na leamaí de réir aois na bpáistí.


I gCairt 99 léirítear go bhfuil gaol diúltach ag aois na gcainteoirí le céatadán na leamaí míchuí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Léiriú é seo ar chruinneas foclóra na bpáistí a dhul i bhfeabhas go comhthreomhar sa dá theanga de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 99 Céatadán na leamaí míchuí de réir aois na bpáistí.

Ní bhfuarthas caidreamh idir aois na ndaltaí agus céatadán na leamaí T2 ina n-iomláine sa Ghaeilge. Léirítear i gCairt 100 go bhfuil gaol dearfach ag aois na bpáistí le húsáid na leamaí T2 i gcás leamaí a tháinig isteach sa Ghaeilge sna 2000te agus gaol diúltach i gcás leamaí a tháinig isteach sa Ghaeilge roimh na 1990í. Níl caidreamh idir aois na gcainteoirí agus céatadán na leamaí a tháinig isteach sa Ghaeilge sna 1990í (tá dáileadh íseal cobhsaí i gceist). Ba ghá tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an mbunachar seo, ach faoi láthair is féidir dhá bhuille faoi thuairim a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis seo. Maidir le hardú a theacht ar na focail Bhéarla is deireanaí atá á dtabhairt isteach sa chaint (sna 2000te) de réir mar a théann na páistí in aois, is féidir sin a thuiscint mar léiriú ar chódmheascadh méadaitheach comhaimseartha bisiúil, a bhfuil drochimpleachtaí aige d'fhorás acmhainn foclóra sa Ghaeilge. Maidir le híslíú a theacht ar na focail Bhéarla is faide atá sa chaint thraidisiúnta (roimh na 1990í) de réir mar a théann na páistí in aois, is féidir sin a thuiscint mar léiriú ar shealbhú foclóra foirmeálta (scoile) Gaeilge, m.sh. *rothar* in ionad *bicycle*, a bhfuil dea-impleachtaí aige d'fhorás acmhainn foclóra sa Ghaeilge.

## 5. Aois



Cairt 100 Tréimhse na leamaí T2 sa Ghaeilge mar chéatadán de réir aois na bpáistí.

### 5.2 Deilbhíocht


Déanaimid cur síos anseo ar an mbaint atá ag aois na bpáistí le deilbhíocht na Gaeilge agus an Bhéarla de réir leagan amach na Fochaibidle 4.2.

#### 5.2.1 Comparáid dhíreach

Is iad seo a leanas na ranguithe inar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga: (1) ainmfhocail san uimhir iolra, (2) briathra mírialta dearfacha agus diúltacha agus (3) aidiachtaí sa chéim chomparáideach.

##### Ainmfhocail san uimhir iolra


I gCairt 101 léirítear go dtagann laghdú ar chéatadán na seachfhoirmeacha (leamaí T1 agus T2) d'ainmfhocail san uimhir iolra sa dá theanga de réir aois na bpáistí. Tagann laghdú 13.4% sa Ghaeilge agus laghdú 5.8% sa Bhéarla ar chéatadán na seachfhoirmeacha de réir aois na gcainteoirí. Léiriú é seo ar chruinneas i ndeilbhíocht an ainmfhocail iolra a dhul i bhfeabhas go comhthreomhar sa dá theanga de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 101 Céatadán na seachfhoirmeacha d'ainmfhocail san uimhir iolra de réir aois na bpáistí.

##### An briathar mírialta

I gCairt 102 léirítear an bhaint dhearfach atá ag céatadán na bhfoirmeacha cuí de na briathra mírialta le haois na bpáistí. Tá céatadán níos airde de bheagán de réir beagnach gach aoisghrúpa i ngnóthachtáil na ndaltaí sa Bhéarla ná sa Ghaeilge sa réimse deilbhíochta seo.




Cairt 102 Céatadán na bhfoirmeacha cuí sna briathra mírialta de réir aois na bpáistí.

Tagann an léiriú seo leis an bplé atá i bhFochaibidil 4.2.1: an chosúlacht a bheith air go bhfuil gaol dearfach idir cumas sa dá theanga sa réimse seo. Léiriú é seo ar chruinneas i ndeilbhíocht an bhriathair a dhul i bhfeabhas go comhthreomhar sa dá theanga de réir mar a théann na páistí in aois.

### Breischéim na haidiachta

Tá gaol soiléir diúltach ag aois na gcainteoirí le céatadán sheachfhoirmeacha na n-aidiachtaí sa bhreischéim sa Ghaeilge a raibh ar a laghad cúig shampla ag gach páiste díobh. Tugtar laghdú suntasach faoi deara ar an difríocht idir céatadán na seachfhoirmeacha sa Ghaeilge ó 76.9% ag na daltaí is óige go 40.6% ag na daltaí is sine. Is ardú beag a thagann ar líne threochta an chuir sa Bhéarla (Cairt 103).



Cairt 103 Céatadán na bhfoirmeacha cuí d'aidiachtaí sa bhreischéim de réir aoise.


Léiriú é seo ar chruinneas i ndeilbhíocht na haidiachta a dhul i bhfeabhas sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois agus gan mórán athraithe a theacht ar an gcruinneas san aidiacht Bhéarla (tá sin réasúnta cruinn cheana féin ag aois óg).

### 5.2.2 Comhchlaonadh

Pléimid san fochaibidil seo réimsí deilbhíochta na Gaeilge a bhfuil simpliú nó athrú i dtreo an Bhéarla le sonrú iontu agus a bhfuil bonn sách mór samplaí ionadaíochá díobh le léiriú a thabhairt ar an athrú.

### An t-ainmfhocal

In ainneoin aimhrialtacht an chuair i gCairt 104 tá ceangal soiléir diúltach idir aois na bpáistí agus líon na leamaí iolra míchuí a bhaineann le hathruithe foghraíochta i ndeilbhíocht na Gaeilge, m.sh. caolú i bhfocal mar *cnoca ~ cnocáí < cnoic*. Íslíonn líon na seachfhoirmeacha go suntasach le haois. Léiriú é seo ar chruinneas i ndeilbhíocht fóineolaíochta an ainmfhocail iolra a dhul i bhfeabhas sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 104 Líon meánach na seachfhoirmeacha d'ainmfhocail san uimhir iolra a bhaineann le hathrú foghraíochta de réir aois na bpáistí.

Ní bhaineann aois na bpáistí le húsáid na bhfoirmeacha ginideacha i suíomh an ghinidigh uatha ná le húsáid leaganacha uatha nó iolra d'ainmfhocal tar éis *cé mhéad* agus *cupla*.

### An briathar

Ní bhaineann aois na bpáistí le réimniú míchuí na mbriathra ach léirítear i gCairt 105 go bhfuil ceangal dearfach idir an aois agus infhillleadh táite na mbriathra sa chéad agus dara pearsa sa mhodh coinníollach. Léiriú é seo ar a gcumas i ndeilbhíocht tháite an bhriathair a dhul i bhfeabhas sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois.




Cairt 105 Céatadán leaganacha táite na mbriathra sa chéad agus sa dara pearsa den mhodh coinníollach de réir aois na bpáistí.

### An réamhfhocal

Ní bhaineann aois na bpáistí le scaradh míchuí an réamhfhocail ón alt ná le scaradh an fhorainm ón réamhfhocal. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil léiriú ar fheabhas i ndeilbhíocht seo an réamhfhocail sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois.

### Na míreanna briathartha

I gCairt 106 léirítear caidreamh dearfach a bheith idir aois na bpáistí agus úsáid chuí na míre briathartha *níor*. Léiriú é seo ar a gcumas i ndeilbhíocht na míre briathartha a dhul i bhfeabhas sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 106 Céatadán fhoirmeacha cúí na míre briathartha *níor* de réir aois na bpáistí.

### 5.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu

Níor léirigh an anailís gaol soiléir a bheith ag aois na bpáistí le gnéithe de dheilbhíocht na Gaeilge a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu agus a bhfuil ár ndóthain samplaí ionadaíocha againn díobh sa chorpas le léiriú a thabhairt ar an athrú.

## 5.3 Comhréir

San fhochaibidil seo pléimid an gaol atá ag aois na bpáistí le comhréir na Gaeilge agus an Bhéarla de réir leagan amach na Fochaibidle 4.3.

### 5.3.1 Comparáid dhíreach

Maidir le héagsúlacht na gceisteanna sa chomhrá Gaeilge agus sa chomhrá Béarla, is gné theangeolaíochta í inar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga bunaithe ar líon samplaí ionadaíocha na ndaltaí.

### Éagsúlacht ceisteanna

I gCairt 107 léirítear ardú de réir aoise ar línte treochta na Gaeilge agus an Bhéarla maidir le héagsúlacht ceisteanna na ndaltaí. Is léiriú é seo ar a gcumas (comhréire) maidir le héagsúlacht ceisteanna a dhul i bhfeabhas go comhthreomhar sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir mar a théann na páistí in aois.






Cairt 107 Céatadán éagsúlacht na gceisteanna de réir aois na bpáistí.

### 5.3.2 Comhchlaonadh

Pléimid anseo réimsí comhréire sa Ghaeilge agus sa Bhéarla a bhfuil simpliú nó athrú i dtreo na teanga eile le sonrú iontu agus a bhfuil ár ndóthain samplaí ionadaíocha díobh againn le léiriú a thabhairt ar an athrú.

#### Ainm briathartha agus cuspóir


I línte treochta Chairt 108 léirítear go mbaineann úsáid chuí an ainmfhocaíl i bhfochlásal agus an fhorainm chuspóirigh i bhfochlásal le hainm briathartha go dearfach le haois na bpáistí. Is léiriú é seo ar a gcumas comhréire san ainm briathartha a dhul i bhfeabhas sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 108 Ainm briathartha agus cuspóir de réir aois na bpáistí.

#### An clásal coibhneasta díreach


I gCairt 109 léirítear líon meánach na samplaí míchuí den chlásal coibhneasta díreach. Sna maidí faisnéise buí léirítear sonraí na samplaí míchuí den chlásal coibhneasta díreach in ionad an chásail choibhneasta indíriugh thraidisiúnta. Níl caidreamh suaithinseach idir aois na bpáistí agus líon samplaí míchuí an chásail choibhneasta dhíriugh.



Cairt 109 Líon meánach samplaí sa chlásal coibhneasta díreach de réir aois na bpáistí.


### An struchtúr ginideach

In ainneoin aimhrialtachtaí sa chuar féin, léirítear i líne threochta Chairt 110 go bhfuil gaol dearfach idir an struchtúr ginideach cinnte cuí agus aois na rannpháirithe. Is léiriú é seo ar a gcumas comhréire san ainmfhocal a dhul i bhfeabhas sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 110 Céatadán gan an t-alt dúbailte sa struchtúr ginideach le dhá ainmfhocal chinnte de réir aois na bpáistí.

I gCairt 111 léirítear nach bhfuil gaol soiléir idir céatadán samplaí an struchtúir ghinidigh nach samplaí réamhfhoclacha iad agus aois na bpáistí. Is léiriú é seo nach bhfuil mórán difríochta, de réir aois na bpáistí, maidir leis an mbeagán samplaí atá sa ghinideach réamhfhoclach.



Cairt 111 Céatadán na samplaí cúí nach bhfuil sa ghinideach réamhfhoclach de réir aois na bpáistí.

### Clásal coibhneasta an Bhéarla


Níl caidreamh soiléir idir úsáid an fhorainm choibhneasta *that* i struchtúr roghnach sa Bhéarla agus aois na bpáistí.

### 5.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu

Dírímid anseo ar réimsí comhréire eile, de réir Fhochaibidil 4.3.3.

### Comhfhreagracht uimhreach sa Ghaeilge


I gCairt 112 léirítear nach bhfuil deacracht ag na páistí le húsáid chuí na comhfhreagrachta idir uimhir an fhorainm agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó sa Ghaeilge ach amháin san aoisghrúpa is óige (m.sh. *Seo é na boscaí móra*). Is léiriú é seo ar a gcumas maidir le comhfhreagracht uimhreach a dhul i bhfeabhas sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 112 Líon meánach na samplaí míchuí i gcomhfhreagracht uimhreach sa Ghaeilge de réir aois na bpáistí.

### Comhfhreagracht uimhreach sa Bhéarla

I gCairt 113 léirítear go mbaineann comhfhreagracht uimhreach chuí idir an briathar agus an t-ainmfhocal a dtagraíonn sé dó sa Bhéarla le haois (m.sh. *These are the pigs' head*). Ardú suntasach de 35% de na samplaí cúí idir Aois 8 agus Aois 12 atá le haithint sa chuar. Is léiriú é seo ar a gcumas maidir le comhfhreagracht uimhreach a dhul i bhfeabhas sa Bhéarla de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 113 Céatadán na samplaí cuí sa chomhfhreagracht uimhreach roimh struchtúr ginideach sa Bhéarla de réir aois na bpáistí.


## 5.4 Séimeantaic

San fhochaibidil seo pléimid an bhaint atá idir aois na bpáistí agus séimeantaic na Gaeilge agus an Bhéarla de réir leagan amach na Fochaibidle 4.4.

### 5.4.1 Comparáid dhíreach

As na réimsí séimeantaice a cuireadh faoi anailís i gCaibidil 2 agus 3, is i réimse fheidhm na réamhfocal amháin is féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir séimeantaic na Gaeilge agus an Bhéarla.

I gCairt 114 léirítear líon na réamhfocal dá bhfuil seachshéimeantaic shuntasach tugtha faoi deara i dtaifeadtaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir aois na bpáistí. Léiríonn línte treochta na gcuar go dtagann ardú beag sa Ghaeilge agus ísliú beag sa Bhéarla ar líon na samplaí séimeantaice míchuí de réir aois na bpáistí.



Cairt 114 Líon meánach sheachfhoirmeacha na réamhfocal de réir aois na bpáistí.


Léireodh sé seo, cé nach bhfuil mórán samplaí i gceist ar fad le tatal cinnte a bhaint as, maidir le séimeantaic an réamhfocail, feabhas a theacht ar an mBéarla ach gan feabhas ar an nGaeilge, de réir mar a théann na páistí in aois.

### 5.4.2 Comhchlaonadh

Faightear athruithe séimeantaice i dtreo na teanga eile sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. Pléimid na réimsí séimeantaice a bhfuil ár ndóthain samplaí díobh againn le léiriú ionadaíoch a thabhairt ar an athrú sa réimse teangeolaíochta seo.

#### An briathar sa Ghaeilge

Tá samplaí d'úsáid *breathnaigh* agus *faigh* ina mbriathra cúnta ag na daltaí. Léirítear i línte treochoirta Chairt 115 thíos go dtagann treisiú ar úsáid an bhriathair *faigh* le haois agus nach bhfuil caidreamh soiléir idir úsáid an bhriathair chúnata *breathnaigh* agus aois na gcainteoirí.



Cairt 115 Líon meánach na mbriathra cúnata *breathnaigh* agus *faigh* de réir aois na bpáistí.

Níl baint shoiléir ag an timchaint fháistineach le *goil* le haois na bpáistí.

## 5.5 Pragmataic


Breathnaímid san fhochaibidil seo ar éifeacht an dátheangachais shóisialta ar phragmataic an dá theanga ó thaobh aois na bpáistí de réir leagan amach na Fochaibidle 4.5.

### 5.5.1 Comparáid dhíreach

San fhochaibidil seo déanaimid anailís chomparáideach ar an gcuidreamh atá ann idir aois na bpáistí agus úsáid na bhfocal pragmataice, nó marcóirí dioscúrsa, agus ar úsáid na bhfocal *yeah*, *yes* agus *yep* sa dá theanga.


#### Focail phragmataice

I línte treochoirta na gcuair i gCairt 116 léirítear caidreamh dearfach a bheith ag éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa dá theanga le haois na bpáistí. Is léiriú é seo ar a gcumas maidir le pragmataic T1 a dhul i bhfeabhas go comhthreomhar sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 116 Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa dá theanga de réir aois na bpáistí.

I gCairt 117 léirítear nach bhfuil baint shoiléir ag céatadán éagsúlachta i measc na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge le haois na bpáistí, cé go bhfuil ardú beag sa líne threochta.




Cairt 117 Céatadán éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge de réir aois na bpáistí.

Ní fhaightear marcóirí dioscúrsa Gaeilge sa chomhrá Béarla.

### Na focail yeah, yes, yep


I gCairt 118 léirítear nach bhfuil caidreamh soiléir idir aois na ndaltaí agus líon na bhfocal dearbhaithe *yeah*, *yes*, agus *yep*, i bhfreagraí agus mar dheimhniúchán, ach ardú sa Bhéarla agus íslíú sa Ghaeilge a léirítear i línte threochta na gcuair.



Cairt 118 Líon meánach na bhfocal *yeah*, *yes* agus *yep* sa dá theanga de réir aois na bpáistí.

### 5.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla

I gCairt 119 léirítear ardú suntasach de réir aois na gcainteoirí ar líon na bhfreagraí traidisiúnta Gaeilge i measc na gcineálacha freagraí a thug na páistí ar cheisteanna dúnta (féach 2.5.3). Is léiriú é seo ar a gcumas maidir le freagraí de réir na Gaeilge traidisiúnta a dhul i bhfeabhas de réir mar a théann na páistí in aois.




Cairt 119 Céatadán freagraí de réir na Gaeilge traidisiúnta ar cheisteanna dúnta de réir aois na bpáistí.

### 5.6 Líofacht

Déanaimid anailís san fhochaibidil seo ar an mbaint atá ag aois na bpáistí le líofacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Pléimid anseo an líofacht agus an mhílíofacht sa chomhrá sa dá theanga de réir leagan amach na Fochaibidle 4.6.


I gCairt 120 léirítear nach bhfuil caidreamh soiléir idir líon na bhfocal a dúirt na páistí i nóiméad reacaireachta sa dá theanga agus a n-aois.



Cairt 120 Líon na bhfocal i nóiméad reacaireachta de réir aois na bpáistí.


I línte treochta Chairt 121 léirítear go dtagann ísliú ar líon na dtréithe mílíofachta sa dá theanga le haois. Is léiriú é seo ar a gcumas maidir le líofacht a dhul i bhfeabhas go comhthreomhar sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir mar a théann na páistí in aois.





Cairt 121 Líon meánach na dtréithe mílíofachta de réir aois na bpáistí.


I gCairt 122 léirítear nach bhfuil caidreamh soiléir idir aois na bpáistí agus líon na ráiteas i leith cumais agus moill táirgthe focal sa Ghaeilge. Is ardú beag a léirítear i líne threochta na ráiteas sa Bhéarla.



Cairt 122 Líon meánach na ráiteas i leith cumais agus moill táirgthe focal sa dá theanga de réir aois na bpáistí.

## 5.7 Foghraíocht


Dírímid san fhochaibidil seo ar an mbaint atá ag aois na bpáistí leis na fuaimeanna a dtagraíonn an litir *r* dóibh mar a réaltar iad i gcomhrá Gaeilge na bpáistí (féach 2.7). I línte treochta Chairt 123 léirítear ardú ar na fuaimeanna Gaelacha (foghar *r* caol agus foghar *r* leathan) agus ísliú ar an bhfuaimniú gallda (foghar *r* aisfhillte) i measc na gcainteoirí de réir aoise. Is léiriú é seo ar a gcumas maidir le foghraíocht *r* a dhul i bhfeabhas sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 123 Líon meánach na gcainteoirí ag a bhfuil cineálacha na bhfoghar r de réir aoise.

## 5.8 Inscne


Dírímid san fhochaibidil seo ar an mbaint atá ag aois na bpáistí le hinscne na bhforainmneacha pearsanta in abairtí copailéacha sa Ghaeilge a thosaíonn ar leagan éigin den fhorainm taispeántach seo nó *sin* .i. *síod/seo/sín é an ...* nó *síod/seo/sín í an ...* (féach 2.8). I líne threochta Chairt 124 léirítear ardú ar chéatadán na samplaí cuí de réir aois na gcainteoirí. Is léiriú é seo ar a gcumas maidir le hinscne fhorainmneach a dhul i bhfeabhas sa Ghaeilge de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 124 Céatadán na samplaí cuí d'inscne an fhorainm leis an gcopail sa Ghaeilge de réir aois na bpáistí.

## 5.9 An claoclú tosaigh

Léirítear san fhochaibidil seo an bhaint atá ag aois na bpáistí le céatadán na samplaí cuí den chlaoclú tosaigh (féach Fochaibidil 2.9). Is léir ó líne threochta Chairt 125 go bhfuil ardú ar chéatadán na samplaí cuí le haois. Is léiriú é seo ar a gcumas maidir leis na claocluithe tosaigh sa Ghaeilge a dhul i bhfeabhas de réir mar a théann na páistí in aois.



Cairt 125 Céatadán chúí na gclaochluithe tosaigh de réir aoise.

## 5.10 Achoimre

Léirítear sa chaibidil seo gaol dearfach a bheith idir aois na ndaltaí agus a ngnóthachtáil teangeolaíochta. Is léiriú é seo ar a gcumas ginearálta a dhul i bhfeabhas, go comhthreomhar sa Ghaeilge agus sa Bhéarla go minic, de réir mar a théann na páistí in aois. Is minic an gaol sin a bheith an-soiléir, cé go bhfuil measarthacht tréithe ann nach léirítear iontu é. Tá an gaol dearfach sin le sonrú go soiléir sa scóráil ghinearálta teangeolaíochta don dá theanga. Féach freisin an plé i bhFochaibidil 9.3.2. Is féidir dhá léamh a dhéanamh ar an ardú foisteanach cumais dhátheangaigh seo de réir aoise:

1. tá cumas níos airde ag na daltaí is sine de bharr feabhais leanúnaigh bliain i ndiaidh bliana agus tiocfaidh feabhas dá réir ar na daltaí is óige (tuiscint an ama réalaíoch);
2. tá cumas níos airde ag na daltaí is sine mar gur chumasaí iad ná na daltaí is óige nuair a bhí na daltaí is sine ní b'óige (tuiscint an ama dhealraithe, .i. nuair a bheidh na daltaí is óige níos sine ní bheidh siad chomh maith leis na daltaí is sine).

Is dócha gurb é léamh (1) is mó brí anseo. Ach d'fhéadfadh cuid de léamh (2) a bheith i gceist freisin.

Tá an gaol dearfach arna shonrú sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon maidir le:

- foclóir: líon leamaí; líon leamaí nach bhfuil míchuí;
- deilbhíocht: foirmeacha cúí den ainmfhocal iolra; foirmeacha cúí den bhriathar mírialta;
- comhréir: éagsúlacht ceisteanna;
- pragmataic: líon agus éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa;
- líofacht: caint gan tréithe mílíofachta.

Tá an gaol dearfach sa Ghaeilge amháin maidir le:

- foclóir: líon leamaí Béarla a tháinig isteach sa Ghaeilge sna 2000te; líon leamaí Gaeilge in ionad leamaí Béarla a tháinig isteach sa Ghaeilge roimh na 1990í;
- deilbhíocht: céatadán na bhfoirmeacha cúí den aidiacht sa bhreischéim; foirmeacha cúí den ainmfhocal iolra a bhaineann le hathrú foghraíochta; infhilleadh táite na mbriathra sa mhodh coinníollach; úsáid chúí na míre briathartha *níor*;

- comhréir: leis an ainm briathartha (cuspóir ainmfhoclach i bhfoclásal, agus cuspóir forainmneach i bhfoclásal); struchtúr ginideach cinnte cuí; úsáid chuí na comhfhreagrachta idir uimhir an fhorainm agus an ainmní;
- pragmataic: líon agus éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 agus T2; líon na bhfreagraí traidisiúnta Gaeilge (cp. *yeah, yes* agus *yep* thíos);
- foghraíocht na *r*-fhuaimeanna: líon meánach na *r*-fhuaimeanna Gaelacha (cp. *r*-fhuaimeanna thíos);
- inscne: forainm cuí in abairt chopaille;
- claochlú tosaigh: úsáid chuí ghinearálta agus sna foréimsí go coitianta.

Tá an gaol dearfach sin sa Bhéarla amháin maidir le:

- comhréir: comhfhreagracht uimhreach idir briathar agus ainmní ainmfhoclach.

Tá gaol diúltach (ar gnóthachtáil dhearfach é, .i. feabhas sa Ghaeilge) sa Ghaeilge amháin maidir le:

- pragmataic: ísliú beag i líne threochta na bhfocal dearbhaithe *yeah, yes* agus *yep* i bhfreagraí agus mar dheimhniúchán (cp. freagraí traidisiúnta Gaeilge thuas);
- foghraíocht na *r*-fhuaimeanna: líon meánach an *r*-fhuaimnithe ghallda (cp. *r*-fhuaimeanna thuas).


Nuair a rinneadh anailís sa tsamhail líneach ghinearálta ar an tionchar atá ag Aois ar an táscaire Claochlú Tosaigh fuarthas toradh suntasach (P-luach = 0.019; gan táscairí eile a thabhairt san áireamh). Mar a léirítear sa chomhéifeacht i dTábla 23, tugann gach ardú aonaid (.i. bliain) san Aois ardú 2.817 sa Chlaochlú Tosaigh.<sup>13</sup> Is í an chothromóid chúlchéimnithe ná Claochlú Tosaigh = 23.8 + 2.82 Aois.

Fáistineoir	Comhéifeacht	Earráid Chaighdeánach Chomhéifeachta	Earráid Chaighdeánach T	P-luach
Y-thrasphointe	23.83	11.34	2.1	0.041
Aois	2.82	1.16	2.43	0.019

Tábla 23 Comhéifeacht chomhghaolúcháin idir Claochlú Tosaigh agus Aois.

Léirítear i gCairt 126 an bhaint atá ag úsáid chuí na gclaochluithe tosaigh sa Ghaeilge le haois na gcainteoirí óga.

<sup>13</sup> Is éard atá i gceist le P-luach in aon tástáil staitistiúil ná an dóchúlacht go bhfaighfí toradh i sampla a bheadh ar a laghad chomh foircneach leis an toradh a fhaightear, nuair atá an tsainhipitéis ( $H_0$ ) fíor. Mar shampla, cuirimid i gcás go bhfuilimid ag tástáil  $H_0$  go bhfuil bonn airgid cothrom nó cóir (is é sin le rá go bhfaighfear 50% ceann agus 50% cláirseach nuair a chaitear an bonn in airde ar chrainn arís agus arís eile) le hais na hipitéise malartaí  $H_1$  go bhfuil claonadh sa bhonn i dtreo an chinn. Cuir i gcás go bhfuairamar 99 ceann as 100 caitheamh in airde an bhoinn. Tuigimid go himfhiosach gur beag dóchúlacht go dtarlódh a leithéid dá mbeadh  $H_0$  fíor. Is é an dóchúlacht i ndáiríre go bhfaighfí ar a laghad 99 as 100 caitheamh le bonn cóir ná  $P = \frac{100}{2100}$ , uimhir fhíorbheag ar fad. Tugtar P-luach na tástála ar an uimhir seo, agus is tomhas é ar neamhréir na sonraí le  $H_0$ . Go deimhin féin, ó tharla go bhfuil an P-luach chomh beag sin, is féidir diúltú do  $H_0$  agus glacadh le  $H_1$  go bhfuil claonadh chun thaobh an chinn sa bhonn. Glactar sa saothar seo go bhfuil suntasacht staitistiúil ag baint le P-luach < 0.05. Dá bhrí sin, sa sampla atá idir lámha anseo againn, áit a bhfuil P-luach de 0.019 le meastachán na fána 2.82, feicimid mura bhfuil aon éifeacht ag Aois ar Chlaochlú Tosaigh, ní bheadh ach 19 seans as 1000 go bhfaighfí fána shamplach ar a laghad chomh fada ó 0 (náid) agus a fuairamar i ndáiríre (2.82). Glacaimid go bhfuil an P-luach seo beag go leor le rá go bhfuil sé suntasach ó thaobh na staitistice de mar go bhfuil sé faoin scothphointe 5% a roghnaímid mar leibhéal suntasachta sa taighde seo. Maidir leis an tsamhail líneach ghinearálta, féach an plé i bhFochaibidil 9.3.2.



Cairt 126 Scaipghram ar chaomhghaolúchán idir Claochlú Tosaigh agus Aois.

Is léir go bhfuil malartaíocht mhór timpeall ar an líne oiriúnaithe sa scaipghram. Níl de mhíniúchán ag Aois ach ar 10.9% den mhalartaíocht (comhéifeacht chinntiúcháin R-chearnaithe = 10.9).

I dTábla 24 léirítear achoimre ar ghaol na dtáscairí teangeolaíochta inchomparáide (is é sin na táscairí ar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga iontu) leis an táscaire socheolaíochta Aois san ord inar pléadh iad sa chaibidil seo. Tugtar cur síos ar láidreacht an chomhghaoil bunaithe ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá le fáil in Aguisín E. Faightear comhéifeacht chomhghaolúcháin idir a náid agus  $\pm 0.6$  sna comhghaolúcháin idir na táscairí teangeolaíochta agus na táscairí socheolaíochta. Is féidir lipéid cháilíochtúla a thabhairt ar na luachanna ar mhaithe le soiléireacht. Fágtar an bosca folamh má tá an luach idir a náid agus 0.1 agus tugtar ‘an-íseal’ ar luach idir 0.101 agus 0.2, ‘íseal’ ar luach idir 0.201 agus 0.3, ‘measartha’ ar luach idir 0.301 agus 0.4, ‘ard’ ar luach idir 0.401 agus 0.5 agus ‘an-ard’ ar luach idir 0.501 agus 0.6. Cuirtear ‘diúltach’ ar an lipéad freisin má thagraíonn sé do luach atá diúltach.<sup>14</sup> Sa tábla thíos sna colúin ‘Gaeilge le hAois’ agus ‘Béarla le hAois’ scáthaítear na boscaí a léiríonn an luach is mó (dearfach nó diúltach). Ní scáthaítear bosca má tá cothromaíocht (dhearfach nó dhiúltach) idir an dá theanga.

Réimse	Táscaire	Gaeilge le hAois	Béarla le hAois
Foclóir	Líon leamaí	ard	measartha
	Leamaí T1	íseal	
	Leamaí cú	íseal	measartha
Deilbhíocht	Ainm iolra	ard	measartha
	Briathar mírialta	íseal	measartha
	Aidiacht bhreischéime	an-ard	an-íseal diúltach
Comhréir	Éagsúlacht ceisteanna	an-íseal	measartha
Séimeantaic	Réamhfhocal		an-íseal

<sup>14</sup> Ciallaíonn an ráta comhghaoil a chomhthreomhaire is atá dhá shraith sonraí: ciallaíonn 0 nach bhfuil aon ghaol eatarthu agus ciallaíonn 1 go bhfuil gaol iomlán dearfach idir na sraitheanna agus ciallaíonn luach dearfach go bhfuil gaol dearfach idir na sraitheanna (má ardaíonn sraith amháin ardaíonn an tsraith eile) agus ciallaíonn luach líide a bheith i gceist go bhfuil gaol diúltach ann (má ardaíonn sraith amháin íslíonn an tsraith eile).

Réimse	Táscaire	Gaeilge le hAois	Béarla le hAois
Pragmataic	Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa	íseal	an-íseal
	<i>yeah, yes, yep</i>	an-íseal diúltach	an-íseal
Líofacht	Líofacht líon focal		an-íseal
	Mílíofacht	íseal	
	Ráiteas cumais		an-íseal diúltach

Tábla 24 Achoimre ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá ag na táscairí teangeolaíochta inchomparáide le haois.

Tá gaol níos láidre idir na táscairí teangeolaíochta agus aois na gcainteoirí i gcás cúig tháscaire sa Ghaeilge agus i gcás seacht dtáscaire sa Bhéarla. (Féach an plé ar aois i bhFochaibidil 9.3.2.) Is gaol malartach a léiríonn líon na bhfocal *yeah, yes, yep*.

I dTábla 25 thíos léirítear achoimre ar ghaol na dtáscairí teangeolaíochta, nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga iontu, le haois na bpáistí. Baintear feidhm as an gcóras lipéadaithe céanna atá mínithe do Thábla 24 thuas. Tá dath gorm ar na táscairí a áiríodh sa scóráil iomlán agus dath uaine ar na táscairí nár áiríodh in aon scóráil. Léiríonn infhillleadh táite na mbriathra sa chéad phearsa agus sa dara pearsa sa mhodh coinníollach sa Ghaeilge an gaol is láidre le haois na gcainteoirí.

Táscaire	Teanga	Teanga (G nó B) le hAois
Marcóirí dioscúrsa T1	G	an-íseal
Inscne forainm	G	an-íseal
Foghraíocht <i>r</i> -anna	G	measartha
Claochluithe tosaigh	G	measartha
Iolra ainmfhocal	G	íseal
Réimniú briathair	G	
Briathar táite	G	ard
Ginideach Gaeilge	G	
Réamhfhocal infhillte	G	
Forainmn réamhfhoclach táite	G	
An mhír bhriathartha <i>níor</i>	G	measartha
<i>cé mhéad</i> + uatha	G	
Ainm briathartha cuspóireach forainmneach	G	íseal
Clásal coibhneasta díreach	G	an-íseal diúltach
Ginideach cinnte	G	measartha
Ginideach réamhfhoclach	G	
Coibhneasta <i>that</i>	B	
Uimhir forainm	G	lag
Comhfhreagracht uimhreach	B	
<i>faigh</i>	G	lag diúltach
<i>breathnaigh</i>	G	
<i>ag goil ag sa timchaint fháistineach</i>	G	
Freagraí de réir na Gaeilge traidisiúnta	G	measartha

Tábla 25 Achoimre ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá ag na táscairí teangeolaíochta eile le haois.

### Léitheoireacht bhreise

Jones, M. C. (1998) *Language obsolescence and revitalization: linguistic change in two sociolinguistically contrasting Welsh communities*. Oxford.

Yip, V. agus Matthews, S. (2007) *The Bilingual Child: early development and language contact*. Cambridge: CUP.




# Gnéas

Dírímid sa chaibidil seo ar an ngaol atá idir gnéas na gcainteoirí ar láimh amháin agus, ar an láimh eile de, a ngnóthachtáil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir leagan amach comparáideach na leibhéal teangeolaíochta 1–3 a pléadh i gCaibidil 4. Tá dáileadh cothrom, 26 buachaill agus 24 cailín, idir an dá ghnéas i measc shampla na ndaltaí.

Mar a dúradh i gCaibidil 5, na táscairí nach bhfuarthas samplaí díobh ó 70% de na cainteoirí ar a laghad, baineadh iad as an bplé anseo chun ionadaíocht na sonraí a chosaint san anailís.

## 6.1 Foclóir

I gCairt 127 léirítear gur beag difríocht atá le sonrú idir líon na leamaí (T1 agus T2 san áireamh) a bhí ag na buachaillí i gcomparáid leis na cailíní, i gcás a gcomhrá sa dá theanga. Is é a chuimsítear mar sin sna barraí faisnéise gorma ná iomlán na leamaí idir Ghaeilge agus Bhéarla a bhí sa chomhrá Gaeilge, agus is é atá i gceist sna barraí faisnéise dearga iomlán na leamaí idir Bhéarla agus Ghaeilge a bhí i gcomhrá Béarla na bpáistí. Tá beagáinín níos mó difríochta idir an comhrá sa dá theanga i measc na mbuachaillí (33.8 níos mó leamaí sa chomhrá Gaeilge ná sa chomhrá Béarla) ná an difríocht atá idir an comhrá sa dá theanga i measc na gcailíní (28.3 níos mó leamaí sa chomhrá Gaeilge ná sa chomhrá Béarla). Bhain na cailíní leas as 2 leama níos mó sa chomhrá Gaeilge agus 7.6 leama níos mó sa chomhrá Béarla ná na buachaillí.



Cairt 127 Líon na gcineálacha leamaí de réir gnéis.

Is beag difríocht (0.2%) ó thaobh gnéis de atá sa chóimheas idir céatadán na leamaí T2 i gcomhrá Gaeilge agus i gcomhrá Béarla na ndaltaí. Bhí ráta 1.4 níos mó de leamaí T2 (Gaeilge) sa chomhrá Béarla ag na buachaillí ná ag na cailíní. Nuair a chuirtear cóimheas T1 agus T2 na mbuachaillí i gcomparáid le cóimheas T1 agus T2 na gcailíní, is ríbhheag an difríocht (0.1%) atá idir an dá ghnéas.

Is beag difríocht (0.1%) atá idir céatadán na leamaí míchuí sa Ghaeilge agus céatadán na leamaí míchuí sa Bhéarla ó thaobh gnéis de. Léiríonn na buachaillí 0.2% níos mó difríochta idir céatadán na leamaí míchuí sa dá theanga.

Is ríbhéag an difríocht a shonraítear i gcomhrá na mbuachaillí agus na gcailíní maidir le líon na leamaí T2 a tháinig isteach sa Ghaeilge i dtréimhsí éagsúla. Tá 2.2% níos mó leamaí, a bhaineann leis an tréimhse roimh na 1990í, ag na buachaillí, agus tá 1.6% agus 0.6% níos mó leamaí a bhaineann leis na 1990í agus na 2000te, faoi seach, ag na cailíní.

## 6.2 Deilbhíocht


Pléimid anseo an bhaint atá ag gnéas na bpáistí le deilbhíocht na Gaeilge agus an Bhéarla de réir leagan amach na Fochaibidle 4.2.

### 6.2.1 Comparáid dhíreach

Is iad seo a leanas na ranguithe inar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga: (1) ainmfhocail san uimhir iolra, (2) briathra mírialta dearfacha agus diúltacha agus (3) aidiachtaí sa chéim chomparáideach.

#### Ainmfhocail san uimhir iolra


I gCairt 128 léirítear nach bhfuil baint ag céatadán na seachfhoirmeacha (leamaí T1 agus T2) d'ainmfhocail san uimhir iolra sa dá theanga le gnéas na bpáistí. Is beag difríocht (0.3% sa Ghaeilge agus 0.8% sa Bhéarla) a fheictear idir na cailíní agus na buachaillí sa réimse seo. Léiríonn na buachaillí 0.5% níos mó difríochta idir céatadán na seachfhoirmeacha sa dá theanga.



Cairt 128 Céatadán na seachfhoirmeacha d'ainmfhocail san uimhir iolra de réir gnéis.

#### Briathra mírialta

I gCairt 129 léirítear go bhfuil gaol idir gnéas na bpáistí agus céatadán na bhfoirmeacha cuí neamhspleácha agus spleácha de na briathra mírialta san aimsir chaite sa dá theanga. Tá 4.2% níos mó foirmeacha cuí ag na buachaillí sa Ghaeilge agus 6.1% níos mó foirmeacha cuí ag na cailíní sa Bhéarla. Is ábhar spéise é freisin gur mó an difríocht atá idir céatadán na bhfoirmeacha cuí sa dá theanga i measc na gcailíní (9.1%) ná i measc na mbuachaillí (1.2%). Is léiriú é seo ar chumas níos fearr maidir leis an mbriathar mírialta sa Ghaeilge a bheith ag na buachaillí ná na cailíní.



Cairt 129 Céatadán na bhfoirmeacha cúí sna briathra mírialta de réir gnéis.

### Aidiachtaí sa chéim chomparáideach


Is mar an gcéanna atá gnóthachtáil na mbuachaillí agus na gcailíní maidir le céatadán na seachfhoirmeacha d'aidiachtaí sa chéim chomparáideach. Is léiriú é seo ar an gcumas céanna maidir leis an aidiacht chomparáideach sa Ghaeilge a bheith ag na buachaillí agus ag na cailíní.

### 6.2.2 Comhchlaonadh

Pléimid san fhochaibidil seo réimsí deilbhíochta na Gaeilge a bhfuil simpliú nó athrú i dtreo an Bhéarla le sonrú iontu agus a bhfuil bonn sách mór samplaí ionadaíocha díobh againn le léiriú a thabhairt ar an athrú.


### An t-ainmfhocal

I gCairt 130 léirítear go bhfuil ceangal soiléir idir gnéas na bpáistí agus líon meánach na leamaí iolra míchuí a bhaineann le hathruithe foghraíochta i ndeilbhíocht na Gaeilge, m.sh. caolú i bhfocal mar *cnoca* ~ *cnocáí* (< *cnoc*). Is ag na cailíní is mó atá seachfhoirmeacha meánacha. Is léiriú é seo ar chumas níos fearr maidir le fóineolaíocht an ainmfhocail iolra sa Ghaeilge a bheith ag na buachaillí ná na cailíní.




Cairt 130 Líon meánach seachfhoirmeacha foghraíochta d'ainmfhocail san uimhir iolra de réir gnéis.

I gCairt 131 léirítear gur i measc na mbuachaillí a fuarthas na céatadán ab airde de shamplaí d'fheidhmiú bhuntuiséal an ainmfhocail i suíomh an ghinidigh uatha.



Cairt 131 Céatadáin an bhuntuisil i suíomh an ghinidigh uatha de réir gnéis.


Tá ceangal idir gnéas na bpáistí agus feidhmiú uimhir uatha an ainmfhocail i ndiaidh *cé mhéad* agus *cupla*. Léirítear i gCairt 132 go bhfuarthas 13.5% níos mó foirmeacha cúí i measc na gcailíní ná i measc na mbuachaillí.



Cairt 132 Céatadáin d'uimhir uatha an ainmfhocail i ndiaidh *cé mhéad* agus *cupla* de réir gnéis.

### An briathar

Is beag difríocht, 1.5%, a bhí idir buachaillí agus cailíní i réimniú na mbriathra. Maidir le foirm tháite na mbriathra sa chéad agus sa dara pearsa den mhodh coinníollach, léirítear i gCairt 133 go gcuireann na buachaillí 15.2% níos mó foirmeacha táite sa mhodh coinníollach i bhfeidhm, is é sin 1.5 oiread na gcailíní.




Cairt 133 Céatadáin na bhfoirmeacha táite sa mhodh coinníollach de réir gnéis.

**An réamhfhocail**

Ní bhaineann scaradh an réamhfhocail agus an ailt le gnéas sa chorpas seo. Fuarthas 0.5% níos mó leaganacha comhtháite i measc na mbuachaillí ná i measc na gcailíní.

**Forainm réamhfhoclach**


I gCairt 134 léirítear go bhfuarthas 6.4% níos mó leaganacha táite de na forainmneacha réamhfhoclacha i measc na mbuachaillí ná i measc na gcailíní. Is léiriú é seo ar chumas níos fearr maidir leis an bhforainm réamhfhoclach sa Ghaeilge a bheith ag na buachaillí ná na cailíní.



Cairt 134 Céatadán na bhfoirmeacha táite de na forainmneacha réamhfhoclacha de réir gnéis.

**Míreanna briathartha**

I gCairt 135 léirítear gurb iad na cailíní is minice a chuireann *ní d'* in áit *níor*. Tá 16.5% de dhifríocht idir cailíní agus buachaillí sa réimse seo.



Cairt 135 Céatadán fhoirmeacha cúí na míre briathartha *níor* de réir gnéis.

**6.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu**

Níor léirigh an anailís gaol soiléir a bheith idir gnéas na bpáistí agus gnéithe de dheilbhíocht na Gaeilge a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu (i ngnéithe a bhfuil ár ndóthain samplaí ionadaíocha againn díobh sa chorpas le léiriú a thabhairt orthu).

**6.3 Comhréir**


San fchoaibidil seo, de réir leagan amach na Fochaibidle 4.3, pléimid an gaol atá idir gnéas na gcainteoirí agus comhréir an dá theanga.

### 6.3.1 Comparáid dhíreach

Is gné chomhréire amháin, éagsúlacht na gceisteanna sa chomhrá Gaeilge agus sa chomhrá Béarla, inar féidir comparáid dhíreach, bunaithe ar líon samplaí ionadaíocha na ndaltaí, a dhéanamh idir an dá theanga.

#### Éagsúlacht ceisteanna

I gCairt 136 léirítear nach bhfuil gaol idir éagsúlacht na gceisteanna agus gnéas na bpáistí ach amháin gur léirigh na cailíní 4.2% níos mó éagsúlachta sa Bhéarla.




Cairt 136 Céatadán éagsúlacht na gceisteanna de réir gnéis.

### 6.3.2 Comhchlaonadh

Pléimid anseo réimsí comhréire sa Ghaeilge agus sa Bhéarla a bhfuil simpliú nó athrú i dtreo na teanga eile le sonrú iontu agus a bhfuil ár ndóthain samplaí ionadaíocha againn díobh le léiriú a thabhairt ar an athrú.

#### Ainm briathartha agus cuspóir

I gCairt 137 léirítear go bhfuil difríocht 1.6% idir na cailíní agus na buachaillí maidir le húsáid chuí an ainmfhocail atá i gcuspóir le hainm briathartha i bhfochlásal (m.sh. *tairne a chur* (cuí)) agus gurb iad na cailíní is fearr a ghnóthaigh sa réimse seo. Is difríocht de 6.1% atá idir an dá ghnéas, buntáiste baineann, maidir le feidhm chuspóireach an fhorainm leis an ainm briathartha i bhfochlásal.




Cairt 137 Ainm briathartha cuspóireach de réir gnéis.

De réir na sonraí atá sa bhunachar faisnéise, cé nach léirítear sa chart anseo iad, tá buntáiste ag na buachaillí san ainm briathartha cuspóireach leanúnach forainmneach (m.sh. *á leanacht* (cuí)).

### An clásal coibhneasta díreach

I gCairt 138 léirítear líon meánach na samplaí míchuí den chlásal coibhneasta díreach i gcás na mbuachaillí agus na cailíní. Sna maidí faisnéise buí léirítear sonraí na samplaí míchuí den chlásal coibhneasta díreach in ionad an chásail choibhneasta indíriú thraidisiúnta.




Cairt 138 Líon meánach míchuí an chlásail choibhneasta dhírigh de réir gnéis.

### Struchtúr ginideach

Ní bhfuarthas baint shoiléir a bheith ag réimse an ghnéis le cur i bhfeidhm an struchtúir ghinidigh. Ag na cailíní bhí 4% níos mó foirmeacha cuí, is é sin, gan an t-alt a bheith ach roimh an dara hainmfhocal sa suíomh ginideach. Maidir le húsáid an ghinidigh réamhfhoclaigh, fuarthas 7.8% níos mó samplaí cuí i measc na gcaillíní.

### Clásal coibhneasta an Bhéarla

I gCairt 139 léirítear go mbaineann úsáid an fhorainm choibhneasta *that* i gcomhthéacs rognach sa Bhéarla le gnéas na bpáistí. Chuir na buachaillí 2.8 níos mó samplaí den fhorainm coibhneasta *that* i gcomhthéacs rognach sa Bhéarla i bhfeidhm ná na cailíní.



Cairt 139 Líon meánach an chlásail choibhneasta sa Bhéarla le *that* rognach de réir gnéis.


### 6.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu

Dírímid anseo ar na réimsí comhréire a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu.

#### Comhfhreagracht uimhreach sa Ghaeilge

I gCairt 140 léirítear go bhfuil baint ag gnéas na bpáistí le líon na samplaí míchuí comhfhreagrachta idir uimhir an fhorainm agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó sa Ghaeilge. Léirigh na buachaillí 14.8 oiread níos mó samplaí míchuí ná na cailíní.






Cairt 140 Líon meánach na comhfhreagrachta uimhrí míchuí sa Ghaeilge de réir gnéis.

### **Comhfhreagracht uimhreach i struchtúr ginideach an Bhéarla**

I gCairt 141 léirítear go bhfuil baint ag gnéas na bpáistí le heaspa comhfhreagrachta uimhrí idir an briathar agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó sa Bhéarla. Léirigh na buachaillí 18% níos mó samplaí cuí sa réimse seo.



Cairt 141 Céatadán comhfhreagracht uimhreach sa Bhéarla de réir gnéis.

## **6.4 Séimeantaic**

San fhochaibidil seo, de réir leagan amach na Fochaibidle 4.4, pléimid an bhaint atá ag gnéas na bpáistí le séimeantaic na Gaeilge agus an Bhéarla.

### **6.4.1 Comparáid dhíreach**


As na réimsí séimeantaice a cuireadh faoi anailís i gCaibidil 2 agus 3, is i réimse fheidhm na réamhfocal amháin is féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir séimeantaic na Gaeilge agus séimeantaic an Bhéarla. Ní bhfuarthas baint shoiléir a bheith ag gnéas na rannpháirithe le líon na réamhfocal dá bhfuil seachfhoirmeacha suntasacha tugtha faoi deara i dtaifeadtaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

### **6.4.2 Comhchlaonadh**

Faightear athruithe séimeantaice i dtreo na teanga eile sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. Pléimid na réimsí séimeantaice a bhfuil a ndóthain samplaí againn díobh le léiriú ionadaíoch a thabhairt ar an athrú sa réimse teangeolaíochta seo.

### An briathar sa Ghaeilge

Tá samplaí d'úsáid *breathnaigh* agus *faigh* ina mbriathra cúnta ag na daltaí. Léirítear i gCairt 142 thíos go bhfuil 2.9 oiread samplaí den bhriathar cúnta *faigh* agus 1.8 oiread samplaí den bhriathar cúnta *breathnaigh* i bhfeidhm i measc na gcailíní ná i measc na mbuachaillí.



Cairt 142 Líon meánach na mbriathra cúnta *breathnaigh* agus *faigh* de réir gnéis.

Fuarthas 0.2 níos mó samplaí de thimchaint fháistineach le *goil* i measc na gcailíní ná i measc na mbuachaillí.

## 6.5 Pragmataic


Breathnaímid ar éifeacht an dátheangachais shóisialta ar phragmataic an dá theanga ó thaobh ghnéis na bpáistí de, de réir leagan amach na Fochaibidle 4.5.

### 6.5.1 Comparáid dhíreach

Déanaimid anailís chomparáideach ar chaidreamh an ghnéis ar úsáid na bhfocal pragmataice, is é sin na marcóirí dioscúrsa, agus ar úsáid na bhfocal *yeah, yes, yep* sa dá theanga.


#### Focail phragmataice

Léiríonn na cailíní beagáinín níos mó éagsúlachta sa Bhéarla agus léiríonn na buachaillí beagáinín níos mó éagsúlachta sa Ghaeilge maidir le marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge agus sa chomhrá Béarla (Cairt 143).



Cairt 143 Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa dá theanga de réir gnéis.


I gCairt 144 léirítear go mbaineann níos mó éagsúlachta i measc na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge leis na buachaillí.



Cairt 144 Céatadán éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaelge de réir gnéis.

### Na focail *yeah, yes, yep*


I gCairt 145 léirítear go bhfuil baint ag na focail *yeah, yes, yep* i bhfreagraí agus mar dheimhniúchán le gnéas na bpáistí sa Ghaeilge. Cuireann na cailíní 1.7 oiread samplaí díobh seo i bhfeidhm sa Ghaeilge.



Cairt 145 Líon meánach na bhfocal *yeah, yes* agus *yep* sa dá theanga de réir gnéis.

### 6.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla

I gCairt 146 léirítear na cineálacha freagraí a thug na páistí ar cheisteanna dúnta (féach 2.5.3). Chuir na buachaillí (17.4%) níos mó, 1.3 oiread samplaí de fhreagraí de réir na Gaeilge traidisiúnta i bhfeidhm ná na cailíní, rud a thagann le cóimheas ard *yeah, yes, yep* na gcailíní.




Cairt 146 Céatadán na bhfreagraí traidisiúnta ar cheisteanna dúnta de réir gnéis.

## 6.6 Líofacht

Déanaimid anailís san fhochaibidil seo ar an mbaint atá ag gnéas na bpáistí le cúrsaí líofachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Pléimid anseo an líofacht agus an mhílfíofacht sa chomhrá sa dá theanga de réir leagan amach na Fochaibidle 4.6.


I gCairt 147 léirítear gur sa Ghaeilge ba mhó a chuir na páistí focail i bhfeidhm sa nóiméad reacaireachta a breathnaíodh. Léirigh na cailíní difríocht níos suntasaí, difríocht de 9.6%, idir an dá theanga.



Cairt 147 Líon meánach na bhfocal sa nóiméad reacaireachta de réir gnéis.

Ní bhfuarthas baint shoiléir a bheith ag gnéas na bpáistí le líon na dtréithe mílfíofachta sa dá theanga ach gur airde a líon meánach i nGaeilge na gcailíní.


I gCairt 148 léirítear líon na ráiteas i leith cumais agus moill táirgthe focal sa dá theanga de réir ghnéas na bpáistí. Léirigh na buachaillí agus na cailíní níos mó samplaí den tréith seo sa Ghaeilge ná sa Bhéarla. Cé gur beag difríocht a bhí eatarthu sa Bhéarla, léirigh na cailíní 1.4 oiread samplaí den tréith seo sa Ghaeilge, rud a thagann leis na marcóirí mílfíofachta a bheith níos airde sa Ghaeilge ag na cailíní.



Cairt 148 Líon meánach na ráiteas i leith cumais agus moill táirgthe focal sa dá theanga de réir gnéis.

## 6.7 Foghraíocht

San fhochaibidil seo dírimid ar an mbaint atá ag gnéas na bpáistí leis na fuaimeanna a dtagraíonn an litir *r* dóibh mar a réaltar iad i gcomhrá Gaeilge na bpáistí (féach 2.7). I gCairt 149 léirítear gur bhain na buachaillí 2.2 oiread leas as an *r* leathan agus léirigh na cailíní 1.2 oiread samplaí den *r* aisfhille.




Cairt 149 Líon meánach chineálacha na bhfoghar *r* de réir gnéis.

## 6.8 Inscne

San fhochaibidil seo dírimid ar an mbaint atá ag gnéas na bpáistí le hinscne na bhforainmneacha pearsanta in abairtí copaileacha a thosaíonn ar leagan éigin den fhorainm taispeántach *seo* nó *sin* .i. *síod/seo/sin é an ...* nó *síod/seo/sin í an ...* (féach 2.8). Ní bhfuarthas aon bhaint shoiléir a bheith ag gnéas na bpáistí leis an tréith theangeolaíochta seo.

## 6.9 An claoclú tosaigh

San fhochaibidil seo léirítear an bhaint atá ag gnéas na bpáistí le céatadán na samplaí cuí den chlaoclú tosaigh (féach 2.9). Bhí 7.8%, is é sin 1.1 oiread céatadán cuí, ag na buachaillí sa réimse teangeolaíochta seo (Cairt 150).




Cairt 150 Céatadán na gclaocluithe tosaigh cuí de réir gnéis.

## 6.10 Achoimre


Díríodh sa chaibidil seo ar an ngaol atá idir gnéas na gcainteoirí agus a ngnóthachtáil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir na leibhéal teangeolaíochta seo: foclóir, deilbhíocht, comhréir, séimeantaic, pragmataic, líofacht, foghraíocht, inscne, agus claoclú tosaigh. Ní thuairiscítear de chontrárthacht idir cumas na gcailíní agus na mbuachaillí, ar an mórgóir, ach difríochtaí an-chaolchúiseach. I

gCairt 151 léirítear a laghad difríocht sa dá theanga atá idir Z-scóiranna comhtháite na mbuachaillí le hais Z-scóiranna comhtháite na gcaillíní.<sup>15</sup>



Cairt 151 Léaráid bhoscaí ar Z-scóiranna comhtháite na ndaltaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir gnéis.

Ag leibhéal stór focal nó foclóra, níor léiríodh aon difríochtaí móra idir an dá ghnéas. I gcúrsaí deilbhíochta, is féidir roinnt difríochtaí (beaga) a aithint: sa bhriathar mírialta caite sa Ghaeilge tá 4.2% níos mó foirmeacha cuí ag na buachaillí ná ag na cailíní agus sa Bhéarla 6.1% níos mó foirmeacha cuí ag na cailíní ná ag na buachaillí; i gcéim chomparáide na haidiachta, mar a léirítear i gCairt 152, tá níos lú buachaillí diall caighdeánach faoin meán ná cailíní. Tá líon meánach na n-ainmfhocal iolra foghraíochta míchuí níos airde ag na cailíní; buntuiséal (in ionad an ghinidigh) níos airde ag na buachaillí; 13.5% níos mó foirmeacha cuí i measc na gcaillíní d'uimhir uatha an ainmfhocaíl i ndiaidh *cé mhéad* agus *cupla*; cuireann na buachaillí 15.2% níos mó foirmeacha táite den bhriathar i bhfeidhm agus 6.4% níos mó leaganacha táite den fhorainm réamhfhoclach; is iad na cailíní is minice a chuireann *ní d'* in áit *níor*.



Cairt 152 Céatadáin na n-aidiachtaí breischéime cuí sa Ghaeilge i histeagram normalaithe.

<sup>15</sup> Is éard atá i gceist leis an Z-scór a bhaineann le toradh aon dalta ar leith ná líon na ndiall caighdeánach atá an toradh sin ó mheán an ghrúpa. Tá Z-scór áisiúil mar léiriú ar thoradh duine i gcoibhneas leis an ngrúpa ar fad agus mar léiriú ar thorthaí duine i dtástálacha éagsúla (léirítear sa Z-scór gur fearr a éiríonn le duine sa tástáil is airde ina bhfaigheann sé Z-scór; níor ghá gur sa tástáil is airde ina bhfaigheann duine an buntoradh, gur ann is fearr a éiríonn leis).

Maidir le comhréir de, léirigh na cailíní níos mó éagsúlacht ceisteanna sa Bhéarla ná na buachaillí; tá buntáiste ag na cailíní san ainm briathartha cuspóireach forainmneach i bhfochlásal sa Ghaeilge; tá buntáiste ag na buachaillí san ainm briathartha cuspóireach leanúnach forainmneach sa Ghaeilge; níos mó de leagan an ghinidigh réamhfhoclaigh ag na cailíní; níos mó de *that* coibhneasta roghnach ag na buachaillí sa Bhéarla; níos mó samplaí míchuí ag na buachaillí den chomhfhreagracht idir uimhir an fhorainm agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó sa Ghaeilge; níos mó samplaí cuí ag na buachaillí den chomhfhreagracht uimhreach idir an briathar agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó sa Bhéarla.

Ó thaobh séimeantaice de, tá níos mó samplaí de na briathra cúnta *faigh* agus *breathnaigh* i measc na gcailíní; agus níos mó samplaí de thimchaint fháistineach le *goil* i measc na gcailíní. Sa phragmataic léirigh na cailíní ar an meán níos mó samplaí de na marcóirí dioscúrsa sa Bhéarla ná na buachaillí; cuireann na cailíní níos mó samplaí d'fhocail phragmatice Bhéarla i bhfeidhm sa Ghaeilge; cuireann na cailíní níos mó samplaí de *yeah, yes, yep* i bhfeidhm sa Ghaeilge; cuireann na buachaillí níos mó samplaí de fhreagraí i bhfeidhm sa Ghaeilge de réir na Gaeilge traidisiúnta.

Ó thaobh líofachta de, le líon meánach focal léirigh na cailíní buntáiste níos suntasaí sa Ghaeilge ach léiríodar míbhuntáiste níos suntasaí ó thaobh na dtréithe mílíofachta de sa Ghaeilge agus ó thaobh na ráiteas i leith na hacmhainne Gaeilge. San fhoghráocht, tá níos mó réaladh den *r* leathan ag na buachaillí agus beagán níos mó réaladh den *r* aisfhille ag na cailíní. I réimse an chlaochlaithe tosaigh, bhí buntáiste ag na buachaillí go ginearálta agus i gcúig réimse ghramadúla ar leith maidir le claochluithe tosaigh ach bhí buntáiste ag na cailíní in dhá réimse eile de na claochluithe tosaigh.

Léirítear achoimre ar ghaol na dtáscairí teangeolaíochta inchomparáide (is é sin na táscairí ar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh orthu idir an dá theanga) leis an táscaire socheolaíochta Gnéas i dTábla 26 san ord inar pléadh iad sa chaibidil seo. Tugtar cur síos ar láidreacht an chomhghaoil bunaithe ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá liostaithe in Aguisín E.<sup>16</sup> Ciallaíonn cló gorm gurb iad na buachaillí is airde luach (dearfach nó diúltach) agus ciallaíonn cló dearg gurb iad na cailíní is airde luach (dearfach nó diúltach) sna réimsí marcáilte. Tríd is tríd is beag comhghaol a aimsítear idir na réimsí teangeolaíochta inchomparáide agus gnéas na gcainteoirí.

Réimse	Táscaire	Gaeilge le Gnéas	Béarla le Gnéas
Foclóir	Líon leamaí		
	Leamaí T1		an-íseal
	Leamaí cuí		
Deilbhíocht	Ainm iolra		an-íseal
	Briathar mírialta		an-íseal
	Aidiacht bhreischéime		
Comhréir	Éagsúlacht ceisteanna		
Séimeantaic	Réamhfhocal		
Pragmataic	Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa	an-íseal	
	<i>yeah, yes, yep</i>	measartha	
Líofacht	Líofacht líon focal	an-íseal	
	Mílíofacht	an-íseal	
	Ráiteas cumais	an-íseal	

Tábla 26 Achoimre ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá ag na táscairí teangeolaíochta inchomparáide le gnéas.

<sup>16</sup> Mar a míníodh i bhFochaibidil 5.10, faightear comhéifeacht chomhghaolúcháin idir a náid agus  $\pm 0.6$  sna comhghaolúcháin idir na táscairí teangeolaíochta agus na táscairí socheolaíochta. Is féidir lipéid cháilíochtúla a thabhairt ar na luachanna ar mhaithe le soiléireacht. Fágтар an bosca folamh má tá an luach idir a náid agus 0.1 agus tugtar 'an-íseal' ar luach idir 0.101 agus 0.2, 'íseal' ar luach idir 0.201 agus 0.3, 'measartha' ar luach idir 0.301 agus 0.4, 'ard' ar luach idir 0.401 agus 0.5 agus 'an-ard' ar luach idir 0.501 agus 0.6. Cuirtear 'diúltach' ar an lipéad freisin má thagraíonn sé do luach atá diúltach. Scáthaítear sa tábla sna colúin 'Gaeilge le Gnéas' agus 'Béarla le Gnéas' na boscaí a léiríonn an luach is mó (dearfach nó diúltach). Ní scáthaítear bosca má tá cothromaíocht (dhearfach nó dhiúltach) idir an dá theanga.



Tá gaol níos láidre i gcás cúig tháscaire sa Ghaeilge idir na táscairí teangeolaíochta agus gnéas na gcainteoirí agus tá gaol níos láidre eatarthu sa Bhéarla i gcás trí tháscaire. Is iad na focail *yeah, yes, yep* sa Ghaeilge an táscaire is mó a bhaineann le gnéas na gcainteoirí.

I dTábla 27 léirítear achoimre ar an mbaint atá ag na táscairí teangeolaíochta, nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh orthu idir an dá theanga, le gnéas na bpáistí. Baintear feidhm as an gcóras lipéadaithe céanna atá mínithe do Thábla 26 thuas. Tá dath gorm ar na táscairí a áiríodh sa scóráil iomlán agus dath uaine ar na táscairí nár áiríodh in aon scóráil. Léiríonn infhillleadh táite na mbriathra sa chéad agus dara pearsa den mhodh coinníollach sa Ghaeilge an gaol is láidre le gnéas na gcainteoirí. Is gaol íseal ('íseal', 'an-íseal') atá idir na réimsí teangeolaíochta seo agus gnéas na gcainteoirí.

Táscaire	Teanga	Teanga (G nó B) le Gnéas
Marcóiri dioscúrsa T1	G	an-íseal
Inscne forainm	G	an-íseal
Foghraíocht <i>r</i> -anna	G	an-íseal
Claochluithe tosaigh	G	íseal
Iolra ainmfhocal	G	íseal
Réimniú briathair	G	
Briathar táite	G	íseal
Ginideach Gaeilge	G	íseal
Réamhfhocal infhillte	G	
Forainmn réamhfhoclach táite	G	íseal
An mhír bhriathartha <i>níor</i>	G	íseal
<i>Cé mhéad</i> + uatha	G	íseal
Ainm briathartha cuspóireach forainmneach	G	an-íseal
Clásal coibhneasta díreach	G	an-íseal
Ginideach cinnte	G	
Ginideach réamhfhoclach	G	
Coibhneasta <i>that</i>	B	íseal
Uimhir forainm	G	an-íseal
Comhfhreagracht uimhreach	B	íseal
<i>faigh</i>	G	íseal
<i>breathnaigh</i>	G	an-íseal
<i>ag goil ag</i> sa timchaint fháistineach	G	
Freagraí de réir na Gaeilge traidisiúnta	G	íseal

Tábla 27 Achoimre ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá ag na táscairí teangeolaíochta eile le gnéas.

## Léitheoireacht bhreise

Eckert, P. (2000) *Linguistic Variation as Social Practice: The linguistic construction of identity in Belten High*. MA: Blackwell.

Gal, S. (2009) 'Language Change and Sex Roles in a Bilingual Community' i Coupland, N. agus Jaworski, A. (eag.) *The New Sociolinguistics Reader*. Hampshire: Palgrave Macmillan. 457–72.

## Cumas acadúil

Dírímid sa chaibidil seo ar an gcaidreamh atá idir cumas acadúil na ndaltaí ar láimh amháin agus, ar an láimh eile de, a ngnóthachtáil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir leagan amach comparáideach na leibhéal teangeolaíochta 1–3 a pléadh i gCaibidil 4. Rangaíodh cumas acadúil na ndaltaí i scála cúig chéim de réir tuairisce ó mhúinteoir i ngach scoil ar leith. Iarradh ar an múinteoir tuairim a thabhairt i leith chumas ginearálta acadúil an dalta de réir scála ardaithigh cúig phointe. Tugadh an dá aicme ab ísle le chéile don anailís seo, toisc a laghad daltaí a bheith iontu, agus rangáítear na daltaí i gceithre aicme: Aicmí 1–4 ón gcumas is ísle (1) go dtí an cumas is airde (4). Tagraíonn uimhir ardaitheach an scála do dhaltaí atá íseal, measartha, ard, agus an-ard ó thaobh an chumais acadúil de. Léirítear dáileadh chumas acadúil na bpáistí, mar a tuairiscíodh do na taighdeoirí é, i dTábla 28.


Aicme Chumais	Líon Daltaí	%
1	8	16
2	15	30
3	14	28
4	13	26

Tábla 28 Dáileadh chumas acadúil na bpáistí.

Mar a dúradh i gCaibidil 5, na táscairí nach bhfuarthas samplaí díobh ó 70% ar a laghad de na cainteoirí baineadh as an bplé anseo iad chun ionadaíocht na sonraí a chosaint san anailís.

### 7.1 Foclóir

Pléimid anseo an gaol atá idir cumas acadúil na bpáistí agus cúrsaí foclóra i gcás líon na leamaí a chuir na cainteoirí óga i bhfeidhm. I línte treochna na gcuair léirítear ardú níos mó sa Ghaeilge ná sa Bhéarla i gCairt 153 a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go n-éiríonn leis na páistí a bhfuil cumas maith acadúil acu cur le líon na leamaí sa Ghaeilge.




Cairt 153 Líon na leamaí de réir cumais acadúil.

## 7. Cumas acadúil


Níl gaol chomh soiléir sin i gcás chumas acadúil an pháiste agus líon na leamaí Béarla atá ag an bpáiste.

I gCairt 154 léirítear an gaol idir cumas acadúil na ndaltaí agus céatadán na leamaí T2 a chuir na páistí i bhfeidhm sa dá theanga. Tá caidreamh an chumais acadúil níos suaithinsí sa Ghaeilge ná sa Bhéarla i gcás chéatadán na leamaí T2 a chuireann siad i bhfeidhm sna hagallaimh. Baineann na daltaí atá íseal ó thaobh an chumais acadúil de leas as 3% níos mó leamaí T2 sa Ghaeilge ná daltaí a bhfuil cumas an-ard acadúil acu. Is difríocht 1% atá le tabhairt faoi deara i gcás na ndaltaí a bhaineann leis na grúpaí céanna cumais sa Bhéarla.




Cairt 154 Céatadán na leamaí T2 de réir cumais acadúil.

I gCairt 155 léirítear go bhfuil baint lag dhiúltach ag cumas ard acadúil le céatadán na leamaí míchuí sa Bhéarla ach nach bhfuil mórán tionchair aige sa Ghaeilge.



Cairt 155 Céatadán na leamaí míchuí de réir cumais acadúil.

I gCairt 156 léirítear go bhfuil baint ag úsáid na leamaí T2 leis an gcumas acadúil i gcás leamaí a tháinig isteach sa Ghaeilge sna 2000te. Is ardú 6.2% ar chéatadán leamaí na tréimhse seo atá idir an grúpa 'íseal' (Aicme 1) agus an grúpa 'an-ard' (Aicme 4). Is ísliú 4.3% agus 1.9% atá ar na leamaí T2 a tháinig isteach sa Ghaeilge roimh na 1990í agus sna 1990í, faoi seach, atá le sonrú idir na grúpaí céanna.



Cairt 156 Céatadán na leamaí T2 sa Ghaeilge de réir tréimhse agus cumais acadúil.

## 7.2 Deilbhíocht


Pléimid anseo an bhaint atá ag an gcumas acadúil le deilbhíocht na Gaeilge agus an Bhéarla de réir leagan amach na Fochaibidle 4.2.

### 7.2.1 Comparáid dhíreach

Is iad seo a leanas na ranguithe inar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga: (1) ainmfhocail san uimhir iolra, (2) briathra mírialta dearfacha agus diúltacha agus (3) aidiachtaí sa chéim chomparáideach.

#### Ainmfhocail san uimhir iolra

I gCairt 157 léirítear go dtagann laghdú ar chéatadán na seachfhoirmeacha (as bonn-tacar iomlán na leamaí T1 agus T2) d'ainmfhocail san uimhir iolra sa dá theanga de réir mar a thagann ardú ar chumas acadúil na bpáistí. Léiríonn na línte treochotha laghdú atá beagán níos suntasaí sa Bhéarla ná sa Ghaeilge.




Cairt 157 Céatadán na seachfhoirmeacha d'ainmfhocail san uimhir iolra de réir cumais acadúil.

#### An briathar mírialta

I gCairt 158 léirítear an bhaint atá ag céatadán na bhfoirmeacha cuí de na briathra mírialta le cumas acadúil na bpáistí. Imríonn an cumas acadúil tionchar níos soiléire ar ghnóthachtáil na ndaltaí sa Bhéarla ná sa Ghaeilge sa réimse deilbhíochta seo. Tá níos mó foirmeacha cuí sa Ghaeilge


ná ina gcuid Béarla ag na daltaí atá níos ísle go hacadúil agus níos mó foirmeacha cuí sa Bhéarla ná ina gcuid Gaeilge ag na daltaí atá níos airde ó thaobh an chumais acadúil de.



Cairt 158 Céatadán na bhfoirmeacha cuí sna briathra mírialta de réir cumais acadúil.

### Breischéim na haidiachta

I gCairt 159 léirítear go bhfuil baint shoiléir ag cumas acadúil le céatadán sheachfhoirmeacha na n-aidiachtaí sa bhreischéim a raibh ar a laghad cúig shampla ag gach páiste díobh. Tá tionchar níos soiléire le sonrú ar chéatadán na seachfhoirmeacha sa Ghaeilge ná sa Bhéarla. Tugtar laghdú suaithinseach faoi deara ar an difríocht idir céatadán na seachfhoirmeacha sa Ghaeilge ó 38.3% ag daltaí atá 'íseal' go 26% ag daltaí atá 'an-ard' ó thaobh an chumais acadúil de.



Cairt 159 Céatadán na seachfhoirmeacha d'aidiachtaí sa bhreischéim de réir cumais acadúil.


### 7.2.2 Comhchlaonadh

San fhochaibidil seo pléimid réimsí deilbhíochta na Gaeilge a bhfuil simpliú nó athrú i dtreo an Bhéarla le sonrú iontu agus a bhfuil bonn sách mór samplaí ionadaíocha againn díobh le léiriú a thabhairt ar an athrú.

#### An t-ainmfhocal


Níl ceangal soiléir idir cumas acadúil na ndaltaí agus líon na leamaí iolra míchuí a bhaineann le hathruithe foghraíochta i ndeilbhíocht na Gaeilge, m.sh. caolú i bhfocal mar *cnoca* ~ *cnocaí* (< *cnoic*).

I gCairt 160 léirítear go bhfuil gaol diúltach ag cumas ard acadúil le feidhmiú bhuntuiséal an ainmfhocail i suíomh an ghinidigh uatha. Is ábhar spéise é an céatadán ard samplaí atá sa bhuntuiséal ag an dream is ísle ó thaobh cumais acadúil de.



Cairt 160 Céatadán an bhuntuisil i suíomh an ghinidigh uatha de réir cumais acadúil.

I gCairt 161 léirítear go bhfuil ceangal idir cumas ard acadúil agus feidhmiú uimhir uatha an ainmfhocail i ndiaidh *cé mhéad* agus *cupla*.




Cairt 161 Céatadán d'uimhir uatha cuí an ainmfhocail i ndiaidh *cé mhéad* agus *cupla* de réir cumais acadúil.

### **An briathar**

Níl baint ag cumas acadúil na bpáistí le réimniú cuí na mbriathra ach tá baint shoiléir aige le foirm tháite na mbriathra sa chéad agus dara pearsa sa mhodh coinníollach. Is iad na daltaí is cumasaí ó thaobh acadúlachta de is mó a chuireann leaganacha táite na mbriathra i bhfeidhm (Cairt 162).


## 7. Cumas acadúil



Cairt 162 Céatadán na bhfoirmeacha táite sa mhodh coinníollach de réir cumais acadúil.

### *An réamhfhocal*

I gCairt 163 léirítear go bhfuil baint ag scaradh míchuí an réamhfhocail ón alt le cumas íseal acadúil na bpáistí. Cé nach bhfuil léiriú soiléir sa chuar, tá claonadh ginearálta i dtreo an chumais aird i measc na bpáistí ó thaobh chur i bhfeidhm na bhfoirmeacha cuí.




Cairt 163 Céatadán de leaganacha cuí an réamhfhocail leis an alt de réir cumais acadúil.

Níl baint shoiléir ag cumas acadúil na bpáistí le scaradh an fhorainm ón réamhfhocal.

### *An mhír bhriathartha níos*

I gCairt 164 léirítear sa chuar ar úsáid na míre briathartha *níos* go bhfuil níos mó foirmeacha cuí ag na daltaí is cumasaí.





Cairt 164 Céatadán fhoirmeacha cuí na míre briathartha *níor* de réir cumais acadúil.

### 7.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu

Níor léirigh an anailís gaol soiléir a bheith idir an cumas acadúil agus gnéithe de dheilbhíocht na Gaeilge a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu agus a bhfuil ár ndóthain samplaí ionadaíocha againn díobh sa chorpas le léiriú a thabhairt ar an athrú.

## 7.3 Comhréir


San fhochaibidil seo, de réir leagan amach na Fochaibidle 4.3, pléimid an bhaint atá ag an gcumas acadúil le comhréir an dá theanga.

### 7.3.1 Comparáid dhíreach

Is gné theangeolaíochta í éagsúlacht na gceisteanna sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, inar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga, bunaithe ar líon samplaí ionadaíocha na ndaltaí.

#### Éagsúlacht ceisteanna

I gCairt 165 léirítear go bhfuil gaol dearfach lag idir cumas acadúil na ndaltaí agus éagsúlacht na gceisteanna a bhí acu sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Is léir gur airde céatadán na héagsúlachta sa Bhéarla. Léirigh na daltaí in Aicmí 2 agus 3 céatadán éagsúlachta ceisteanna a bhí gar dá chéile sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Léirigh na daltaí is ísle ó thaobh an chumais acadúil de 26.1% níos mó éagsúlachta sa Bhéarla agus léirigh na daltaí is airde 16.5% níos mó éagsúlachta sa Bhéarla.




Cairt 165 Céatadán éagsúlachta na gceisteanna de réir cumais acadúil.

### 7.3.2 Comhchlaonadh

Pléimid anseo réimsí comhréire sa Ghaeilge agus sa Bhéarla a bhfuil simpliú nó athrú i dtreo na teanga eile le sonrú iontu agus a bhfuil ár ndóthain samplaí ionadaíocha againn díobh le léiriú a thabhairt ar an athrú.

#### Ainm briathartha agus cuspóir i bhfochlásal


I líne threochta Chairt 166 léirítear ardú beag i dtreo an ardchumais i gcás úsáid chuí an ainmfhocail atá i gcuspóir le hainm briathartha i bhfochlásal (m.sh. i leagan mar *an carr a chur*). Tá líne threochta níos cothroime le tabhairt faoi deara i gcás na rannóg cumais maidir le feidhm chuspóireach an fhorainm leis an ainm briathartha i bhfochlásal (m.sh. i leagan mar *é a chur*).



Cairt 166 Céatadán de chomhréir chuí an ainm bhriathartha chuspóirigh de réir cumais acadúil.

#### An clásal coibhneasta díreach

I gCairt 167 léirítear líon meánach na samplaí míchuí den chlásal coibhneasta díreach. Sna maidí faisnéise buí léirítear sonraí na samplaí míchuí den chlásal coibhneasta díreach in ionad an chásail choibhneasta indírigh thraidisiúnta. Níl caidreamh suaithe seach idir cumas acadúil agus líon samplaí míchuí an chlásail choibhneasta dhírigh, ach tá cineál an chlásail mhíchuí ag freagairt do chumas acadúil: an mhír *go* in Aicme 1; an fhoirm choibhneasta indíreach *go* háirithe in Aicme 4.




Cairt 167 Líon meánach an chlásail choibhneasta dhírigh mhíchuí de réir cumais acadúil.

#### An struchtúr ginideach

Tá gnás réasúnta cobhsaí sa chorpas maidir leis an struchtúr ginideach cinnte de réir cumais acadúil i measc na ndaltaí ach gan baint shoiléir a bheith ag réimse an chumais le cur i bhfeidhm an struchtúir seo. Níl aon bhaint ag cumas acadúil le húsáid an ghinidigh réamhfhoclaigh ach an oiread.

### Clásal coibhneasta an Bhéarla

I gCairt 168 léirítear go bhfuil baint ag úsáid an fhorainm choibhneasta *that* i gcomhthéacs roghnach sa Bhéarla le cumas acadúil na bpáistí. Tá ardú sa líne threochta agus is iad na daltaí sa dá aicme is cumasaí is mó a fheidhmíonn an tréith seo.



Cairt 168 Líon meánach chláisail choibhneasta an Bhéarla le *that* roghnach de réir cumais acadúil.

### 7.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu

Dírímid anseo ar na réimsí comhréire a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu.

#### Comhfhreagracht uimhreach sa Ghaeilge

Is deacair tátal a bhaint as an gcuar aimhrialta a bhaineann le cumas acadúil na bpáistí agus líon na samplaí míchuí comhfhreagrachta idir uimhir an fhorainm agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó sa Ghaeilge; agus dá bhrí sin ní léirítear an cuar seo i gcairt anseo.

#### Comhfhreagracht uimhreach sa Bhéarla

Níl gaol soiléir idir cumas acadúil na bpáistí agus easpa comhfhreagrachta uimhrí idir an briathar agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó sa Bhéarla.

## 7.4 Séimeantaic


San fhochaibidil seo pléimid an gaol atá idir cumas acadúil na bpáistí agus séimeantaic an dá theanga de réir leagan amach na Fochaibidle 4.4.

### 7.4.1 Comparáid dhíreach

As na réimsí séimeantaice a cuireadh faoi anailís i gCaibidil 2 agus 3, is i réimse fheidhm na réamhfocal amháin is féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir séimeantaic na Gaeilge agus séimeantaic an Bhéarla.

I gCairt 169 léirítear líon na réamhfocal dá bhfuil seach-leaganacha suntasacha tugtha faoi deara i dtaifeadtaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir chumas acadúil na bpáistí. Léiríonn línte treochta na gcuar go dtagann ardú sa Ghaeilge ar líon meánach na samplaí míchuí de réir chumas acadúil na bpáistí.

## 7. Cumas acadúil




Cairt 169 Líon meánach sheach-leaganacha na réamhfhocal de réir cumais acadúil.

### 7.4.2 Comhchlaonadh

Faightear athruithe séimeantaice i dtreo na teanga eile sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. Pléimid na réimsí séimeantaice a bhfuil ár ndóthain samplaí againn díobh ar fáil sa chorpas le léiriú ionadaíoch a thabhairt ar an athrú sa réimse teangeolaíochta seo.


#### An briathar sa Ghaeilge

Tá samplaí d'úsáid *breathnaigh* agus *faigh* ina mbriathra cúnta ag na daltaí. I gCairt 170 léirítear go dtagann treisiú ar fheidhm an bhriathair chúnta *faigh* leis an gcumas acadúil. Tagann laghdú ar fheidhm an bhriathair chúnta *breathnaigh* de réir a chumasáí agus atá na daltaí.



Cairt 170 Líon meánach na mbriathra cúnta *breathnaigh* agus *faigh* de réir cumais acadúil.

I gCairt 171 ní léirítear gaol soiléir a bheith idir an timchaint fháistineach le *goil* agus cumas acadúil na bpáistí cé go bhfuil titim sa líne threochta i dtreo an chumais aird.



Cairt 171 Líon meánach na samplaí de thimchaint fháistineach le *goil* de réir cumais acadúil.

## 7.5 Pragmataic


Breathnaímid ar phragmataic an dá theanga ó thaobh chumas acadúil na bpáistí de de réir leagan amach na Fochaibidle 4.5.

### 7.5.1 Comparáid dhíreach

Déantar anailís chomparáideach ar thionchar an chumas acadúil ar úsáid na bhfocal pragmataice, nó marcóirí dioscúrsa, agus ar úsáid na bhfocal *yeah, yes* agus *yep* sa dá theanga.

#### Marcóirí dioscúrsa


I gCairt 172 léirítear go bhfuil gaol dearfach ag éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge agus go bhfuil gaol diúltach ag éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Béarla le cumas acadúil na bpáistí.



Cairt 172 Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa dá theanga de réir cumais acadúil.

I gCairt 173 léirítear baint shoiléir dhearfach a bheith ag céatadáin éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge le cumas acadúil na bpáistí.


## 7. Cumas acadúil



Cairt 173 Céatadáin éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge de réir cumais acadúil.

### Na focail *yeah, yes agus yep*

I gCairt 174 léirítear nach bhfuil caidreamh soiléir idir cumas acadúil na ndaltaí agus líon na bhfocal dearbhaithe *yeah, yes* agus *yep* i bhfreagraí agus mar dheimhniúchán sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.



Cairt 174 Líon meánach na bhfocal *yeah, yes* agus *yep* sa dá theanga de réir cumais acadúil.


### 7.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla

Ní imríonn cumas acadúil na bpáistí tionchar suaithinseach ar chóras traidisiúnta na bhfreagraí sa Ghaeilge (féach 2.5.3).

## 7.6 Líofacht

San fhochaibidil seo déanaimid anailís ar an mbaint atá ag cumas acadúil na bpáistí le líofacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Pléimid anseo an líofacht agus an mhílíofacht sa chomhrá sa dá theanga de réir leagan amach na Fochaibidle 4.6.


I gCairt 175 léirítear go dtagann ardú ar líon na bhfocal a dúirt na páistí i nóiméad reacaireachta sa dá theanga de réir ardú ar chumas acadúil na ndaltaí.



Cairt 175 Líon meánach na bhfocal i nóiméad reacaireachta de réir cumais acadúil.

Níl baint shoiléir ag cumas acadúil na bpáistí le líon na dtréithe mílíofachta sa dá theanga.

I gCairt 176 léirítear líon na ráiteas i leith cumais agus moill táirgthe focal sa dá theanga de réir chumas acadúil na bpáistí. Léiríonn an cuar Gaeilge agus líne threochta an chuir ísliú beag sa Ghaeilge.




Cairt 176 Líon meánach na ráiteas i leith cumais agus moill táirgthe focal sa dá theanga de réir cumais acadúil.

## 7.7 Foghraíocht

San fchoaibidil seo dírimid ar an mbaint atá ag cumas acadúil na bpáistí leis na fuaimeanna a dtagraíonn an litir *r* dóibh mar a réaltar iad i nóiméad reacaireachta Gaeilge na bpáistí (féach Fochaibidil 2.7). I ngeall ar aimhrialtacht na gcuar, léirítear i gCairt 177 nach bhfuil baint shoiléir ag cumas acadúil na bpáistí le cineálacha na bhfuaimeanna *r* sa Ghaeilge.



## 7. Cumas acadúil




Cairt 177 Líon meánach chineálacha na bhfoghar *r* de réir chumas acadúil na bpáistí.

### 7.8 Inscne

Níl gaol soiléir idir inscne na bhforainmneacha pearsanta in abairtí copaileacha a thosaíonn ar leagan éigin den fhorainm taispeántach *seo* nó *sin* agus cumas acadúil na bpáistí.

### 7.9 An claochlú tosaigh

San fhochaibidil seo léirítear an gaol atá idir cumas acadúil agus céatadán na samplaí cuí den chlaochlú tosaigh (féach Fochaibidil 2.9). Sa líne threochta i gCairt 178 sonraítear ardú ar chéatadán na samplaí cuí de réir chumas acadúil na ndaltaí.



Cairt 178 Céatadán na gclaochluithe tosaigh cuí de réir cumais acadúil.

### 7.10 Achoimre

Sa chaibidil seo pléadh impleachtaí teangeolaíochta an chaidrimh atá idir cumas acadúil na gcainteoirí ar láimh amháin agus, ar an láimh eile de, a ngnóthachtáil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Iarradh ar an múinteoir tuairim a thabhairt i leith chumas ginearálta acadúil an dalta de réir scála ardaithigh cúig phointe. Tugadh an dá aicme ab ísle le chéile don anailís seo, toisc a laghad daltaí a bheith iontu, agus rangaíodh na daltaí i gceithre aicme: Aicme 1–4 ón gcumas is ísle (1) go dtí an cumas is airde (4). Is é céatadán na ballraíochta sna hAicmí seo: Aicme 1 = 16%; Aicme 2 = 30%; Aicme 3 = 28%; Aicme 4 = 26%.

Is cosúil go bhfuil gaol dearfach idir cumas ard acadúil agus líon ard leamaí sa Ghaeilge. Tá caidreamh an chumais acadúil níos suaithinsí sa Ghaeilge ná sa Bhéarla i gcás chéatadán na leamaí T2 a chuireann na daltaí i bhfeidhm sna hagallaimh. Tá gaol idir úsáid na leamaí T2 agus

an cumas acadúil i gcás leamaí a tháinig isteach sa Ghaeilge sna 2000te. Is ardú 6.2% ar chéatadán leamaí na tréimhse seo atá idir Aicme 1 agus Aicme 4.

Tá dealramh air go dtagann laghdú ar chéatadán na seachfhoirmeacha d'ainmfhocail san uimhir iolra sa dá theanga de réir ardú ar chumas acadúil na bpáistí. Faightear léiriú ar an mbaint atá ag céatadán na bhfoirmeacha cuí de na briathra mírialta le cumas acadúil na bpáistí. Imríonn an cumas acadúil tionchar níos soiléire ar ghnóthachtáil na ndaltaí sa Bhéarla ná sa Ghaeilge sa réimse deilbhíochta seo. Tugtar laghdú suaithinseach faoi deara ar an difríocht idir céatadán sheachfhoirmeacha na n-aidiachtaí sa bhreischéim sa Ghaeilge ó 38.3% ag daltaí Aicme 1 go 26% ag daltaí Aicme 4.

Faightear léiriú ar an gceangal idir cumas ard acadúil agus feidhmiú uimhir uatha an ainmfhocail i ndiaidh *cé mhéad* agus *cupla*. Ó thaobh an bhriathair de, is iad na daltaí is cumasaí ó thaobh acadúlachta de is mó a chuireann leaganacha táite na mbriathra sa mhodh coinníollach i bhfeidhm.

Tagann ardú sa Ghaeilge ar chéatadán na samplaí cuí i gcás an réamhfhocail roimh an alt de réir chumas acadúil na bpáistí.

Tagann treisiú éagobhsaí ar fheidhm an bhriathair chúnta *faigh* leis an gcumas acadúil. Tagann laghdú ar fheidhm an bhriathair chúnta *breathnaigh* de réir an chumais aird.

Ba ag an dream atá in Aicme 2 ó thaobh an chumais acadúil de a fuarthas an céatadán ba mhó focal pragmataice T2 sa Ghaeilge. Cé is moite den tátal seo, taispeánann an anailís chomparáideach nach léirítear go n-imríonn cumas acadúil mórán tionchair ar réimse teangeolaíochta seo na marcóirí dioscúrsa.

Léiríodh san anailís ar chúrsaí líofachta nach bhfuil baint shoiléir láidir ag cumas acadúil na bpáistí le líon na dtréithe líofachta agus mílíofachta sa dá theanga.

Sonraíodh san anailís ar na claochluithe tosaigh go bhfuil gaol dearfach idir cumas ard acadúil agus réaladh cuí an chlaohlaithe.

Léiríodh san anailís seo nach bhfuil mórán tionchair ag cumas acadúil na ndaltaí ar an ngnóthachtáil a bhí acu i mórchuid na dtáscairí éagsúla teanga sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Tá tionchar áirithe á léiriú i gcás:

- líon na leamaí sa chomhrá Gaeilge
- líon na leamaí T2 i measc daltaí ag a bhfuil cumas íseal acadúil
- laghdú ar sheachfhoirmeacha an ainmfhocail iolra i gcás daltaí ag a bhfuil cumas ard acadúil
- céatadán na bhfoirmeacha cuí de na briathra mírialta
- céatadán sheachfhoirmeacha na n-aidiachtaí sa bhreischéim
- céatadán an tséimhithe ar thúschonsan aidiachta faoi réir an ainmfhocail bhaininsnigh.

Léirítear achoimre ar ghaol na dtáscairí teangeolaíochta inchomparáide (is é sin na táscairí ar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh eatarthu sa dá theanga) leis an táscaire socheolaíochta Cumas Acadúil i dTábla 29 san ord inar pléadh iad sa chaibidil seo. Tugtar cur síos ar láidreacht an chomhghaoil bunaithe ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá liostaithe in Aguisín E.<sup>17</sup>

<sup>17</sup> Mar a míníodh i bhFochaibidil 5.10, faightear comhéifeacht chomhghaolúcháin idir a náid agus  $\pm 0.6$  sna comhghaolúcháin idir na táscairí teangeolaíochta agus na táscairí socheolaíochta. Is féidir lipéid cháilíochtúla a thabhairt ar na luachanna ar mhaithe le soiléireacht. Fágfar an bosca folamh má tá an luach idir a náid agus 0.1 agus tugtar 'an-íseal' ar luach idir 0.101 agus 0.2, 'íseal' ar luach idir 0.201 agus 0.3, 'measartha' ar luach idir 0.301 agus 0.4, 'ard' ar luach idir 0.401 agus 0.5 agus 'an-ard' ar luach idir 0.501 agus 0.6. Cuirtear 'diúltach' ar an lipéad freisin má thagraíonn sé do luach atá diúltach.

Scáthaítear i dTábla 29 sna colúin ‘Gaeilge le Cumas’ agus ‘Béarla le Cumas’ na boscaí a léiríonn an luach is mó (dearfach nó diúltach). Ní scáthaítear bosca má tá cothromaíocht (dhearfach nó dhiúltach) idir an dá theanga.

Réimse	Táscaire	Gaeilge le Cumas	Béarla le Cumas
Foclóir	Líon leamaí	íseal	
	Leamaí T1	an-íseal	measartha
	Leamaí cuí		íseal
Deilbhíocht	Ainm iolra		íseal
	Briathar mírialta		ard
	Aidiacht bhreischéime	íseal	
Comhréir	Éagsúlacht ceisteanna	an-íseal	íseal
Séimeantaic	Réamhfhocal	an-íseal diúltach	an-íseal diúltach
Pragmataic	Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa	an-íseal	an-íseal diúltach
	<i>yeah, yes, yep</i>		
Líofacht	Líofacht líon focal		íseal
	Mílíofacht		an-íseal
	Ráiteas cumais	íseal	

Tábla 29 Achoimre ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá ag na táscairí teangeolaíochta inchomparáide le cumas acadúil.

Tá gaol níos láidre idir na táscairí teangeolaíochta agus cumas acadúil na gcainteoirí i gcás trí tháscaire sa Ghaeilge agus i gcás seacht dtáscaire sa Bhéarla. Is gaol malartach a léiríonn éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa agus is gaol cothrom atá le feiceáil i gcás na réamhfhocal.

I dTábla 30 léirítear achoimre ar ghaol na dtáscairí teangeolaíochta, nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh eatarthu sa dá theanga, le cumas acadúil na bpáistí. Baintear feidhm as an gcóras lipéadaithe céanna atá mínithe do Thábla 29. Tá dath gorm ar na táscairí a áiríodh sa scóráil iomlán agus dath uaine ar na táscairí nár áiríodh in aon scóráil.

Táscaire	Teanga	Teanga (G nó B) le Cumas
Marcóiri dioscúrsa T1	G	ard
Inscne forainm	G	íseal
Foghraíocht <i>r</i> -anna	G	
Claochluithe tosaigh	G	íseal
Iolra ainmfhocal	G	
Réimniú briathair	G	
Briathar táite	G	íseal
Ginideach Gaeilge	G	an-íseal
Réamhfhocal infhillte	G	an-íseal
Forainmn réamhfhoclach táite	G	
An mhír bhriathartha <i>níor</i>	G	an-íseal
<i>cé mhéad</i> + uatha	G	
Ainm briathartha cuspóireach forainmneach	G	
Clásal coibhneasta díreach	G	an-íseal diúltach
Ginideach cinnte	G	
Ginideach réamhfhoclach	G	
Coibhneasta <i>that</i>	B	an-íseal
Uimhir forainm	G	an-íseal diúltach
Comhfhreagracht uimhreach	B	an-íseal
<i>faigh</i>	G	
<i>breathnaigh</i>	G	
<i>ag goil ag</i>	G	
Freagraí de réir na Gaeilge traidisiúnta	G	

Tábla 30 Achoimre ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá ag na táscairí teangeolaíochta le cumas acadúil.

## Léitheoireacht bhreise

Eilers, R. E., Pearson, B. Z. agus Cobo-Lewis, A. B. (2006) 'Social Factors in Bilingual Development: The Miami Experience', i Hoff, E. agus McCardle, P. (eag.) *Childhood Bilingualism: Research on Infancy through School Age*. Multilingual Matters. Clevedon, Buffalo, Toronto. 28–90.

Macleod, M., MacLeod, M., Thirkell, A. agus Coyle, D. 2014. *Young Speakers' Use of Gaelic in the Primary Classroom: A Multi-perspectival Pilot Study*. Le fáil: [http://www.soillse.ac.uk/downloads/YoungSpeakers\\_Final.pdf](http://www.soillse.ac.uk/downloads/YoungSpeakers_Final.pdf) (ceadaithe Iúil 2014).

# Taithí theilifíse agus theicneolaíocht na faisnéise

Sa chaibidil seo dírimid ar an gcaidreamh atá idir an méid ama a tuairiscíodh a chaitheann na páistí ag breathnú ar an teilifís (.i. a dtaithí ar theicneolaíocht na faisnéise go ginearálta, m.sh. teilifís, ríomhairí, X-box, Playstation, Wii, srl.) agus a ngnóthachtáil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir leagan amach na comparáide idir an dá theanga i gCaibidil 4. Rangaíodh taithí theilifíse na gcainteoirí ar scála cúig chéim de réir tuairisce ón múinteoir sa scoil a ghlac páirt sa suirbhé. Tagraíonn uimhir ardaítheach an scála do dhaltá a bhreathnaíonn ar an teilifís go fíorannamh, go hannamh, measartha minic, go minic agus go han-mhínic. Tá céim 1 folamh ar an scála mar nach bhfuarthas aon dalta sa suirbhé ar thuairiscigh an múinteoir gur go fíorannamh a bhreathnaíonn sé/sí ar an teilifís. Léirítear dáileadh thaithí theilifíse na bpáistí i dTábla 31.


Céim	Taithí theilifíse	Líon	%
1	fíorannamh	0	0
2	annamh	10	20
3	measartha	22	44
4	minic	9	18
5	an-mhínic	9	18

Tábla 31 Dáileadh thaithí theilifíse na bpáistí.

Mar a dúradh i gCaibidil 5, baineadh as an anailís seo na táscairí nach bhfuarthas samplaí ó 70% ar a laghad de na cainteoirí díobh chun ionadaíocht na sonraí a chosaint san anailís. Féach freisin an plé i bhFochaibidil 9.3.

## 8.1 Foclóir

Pléimid anseo an gaol atá idir taithí na bpáistí ar an teilifís agus cúrsaí foclóra i gcás líon na leamaí a chuir na daltaí i bhfeidhm. Tá 43.8 níos mó leamaí sa Ghaeilge ag na páistí a bhreathnaíonn ar an teilifís go hannamh agus 6.4 níos mó leamaí sa Bhéarla ag na páistí a bhreathnaíonn ar an teilifís go han-mhínic. I línte treochta na gcuair i gCairt 179 léirítear ardú sa Bhéarla agus ísliú sa Ghaeilge ar líon na leamaí de réir mhéid thaithí na teilifíse sa bhaile.




Cairt 179 Líon na leamaí sa dá theanga de réir na taithí ar an teilifís.

Léirítear sa chart seo mar sin baint dhiúltach a bheith ag ardú i dtaitheí theilifíse le líon na leamaí sa chomhrá Gaeilge i gcontrárthacht le baint bheag dhearfach a bheith ag ardú i dtaitheí theilifíse le líon na leamaí sa chomhrá Béarla. Is cosúil go gcuidíonn taitheí ard theilifíse le hacmhainn foclóra an Bhéarla de bheagán ach go mbaineann sé den acmhainn foclóra i gcás na Gaeilge ar bhealach níos suaithinsí. Ach tá aimhrialtacht shuaithinseach i gcuair an dá theanga.

Is beag baint atá ag taitheí na teilifíse le céatadán na leamaí T2 a chuir na páistí i bhfeidhm sa dá theanga. Is ardú de 0.9% sa dá theanga leith ar leith atá idir an grúpa a bhreathnaíonn ar an teilifís go hannamh agus an grúpa a bhreathnaíonn uirthi go han-mhínic.

I gCairt 180 léirítear go bhfuil baint lag dhearfach ag an taitheí ar an teilifís le céatadán na leamaí míchuí sa Ghaeilge ach go bhfuil baint lag dhiúltach ag an taitheí ar an teilifís le céatadán na leamaí míchuí sa Bhéarla.



Cairt 180 Céatadán de na leamaí míchuí sa dá theanga de réir na taitheí ar an teilifís.

Maidir le cineálacha na leamaí T2 sa Ghaeilge, feictear seasmhacht ghinearálta i gcéatadán na gcineálacha seo ó thaobh a dtréimhse iasachta de, cé go dtagann athrú orthu i measc na ndaltaí a bhreathnaíonn ar an teilifís go han-mhínic. Ina measc siúd tagann ardú beag ar chéatadán na leamaí T2 a tháinig isteach sa Ghaeilge roimh na 1990í ach ísliú beag ar na leamaí T2 a tháinig isteach sna 1990í agus sna 2000te.

## 8.2 Deilbhíocht

Pléimid anseo an bhaint atá ag an taitheí ar an teilifís le deilbhíocht na Gaeilge agus an Bhéarla de réir leagan amach na Fochaibidle 4.2.


### 8.2.1 Comparáid dhíreach

Is iad seo a leanas na ranganna inar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá theanga: (1) ainmfhocail san uimhir íolra, (2) briathra mírialta dearfacha agus diúltacha agus (3) aidiachtaí sa chéim chomparáideach.

#### *Ainmfhocail san uimhir íolra*

I gCairt 181 léirítear go dtagann ardú beag ar chéatadán na seachfhoirmeacha (as bonn-tacar iomlán na leamaí T1 agus T2) d'ainmfhocail san uimhir íolra sa Ghaeilge de réir mar a thagann ardú ar thaitheí na teilifíse i measc na bpáistí ach nach dtagann athrú suaithinseach ar ráta na seachfhoirmeacha sa Bhéarla.

## 8. Taithí theilifíse agus theicneolaíocht na faisnéise




Cairt 181 Céatadán de sheachfhoirmeacha an ainmfhocail san uimhir iolra de réir na taithí ar an teilifís.

### An briathar mírialta

Níl ardú ná íslíú suaithinseach ar chéatadán na bhfoirmeacha cuí sna briathra mírialta de réir mar a thagann ardú ar an taithí theilifíse i measc na bpáistí.

### Breischéim na haidiachta

I gCairt 182 léirítear go bhfuil baint shoiléir ag taithí na teilifíse le céatadán sheachfhoirmeacha na n-aidiachtaí i mbreischéim na Gaeilge a raibh cúig shampla ar a laghad ag gach páiste díobh. Tá gaol dearfach idir an taithí ar an teilifís agus céatadán na leaganacha míchuí sa Ghaeilge cé gur beag éifeacht atá ag an taithí theilifíse ar Bhéarla na gcainteoirí sa réimse deilbhíochta seo.



Cairt 182 Céatadán de sheachfhoirmeacha na n-aidiachtaí sa bhreischéim de réir na taithí ar an teilifís.

### 8.2.2 Comhchlaonadh


San fhochaibidil seo pléimid réimsí deilbhíochta na Gaeilge a bhfuil simpliú nó athrú i dtreo an Bhéarla le sonrú iontu agus a bhfuil bonn sách mór samplaí ionadaíocha againn díobh le léiriú a thabhairt ar an athrú.

### An t-ainmfhocal

Níl ceangal soiléir idir taithí na teilifíse agus líon na leamaí iolra míchuí a bhaineann le hathruithe foghraíochta i ndeilbhíocht na Gaeilge, m.sh. caolú i bhfocal mar *cnoca* ~ *cnocáí* (< *cnoc*).

I gCairt 183 léirítear go bhfuil baint dhearfach ag méid na taithí ar an teilifís le feidhmiú bhuntuiséal an ainmfhocail i suíomh an ghinidigh uatha. Tá 21.3% níos mó den bhuntuiséal sa suíomh ginideach ag na páistí a bhreathnaíonn ar an teilifís go han-mhinic ná ag na páistí a bhreathnaíonn uirthi go hannamh.






Cairt 183 Céatadán an bhuntuisil i suíomh an ghinidigh uatha de réir na taithí ar an teilifís.

Níl ceangal soiléir idir taithí na teilifíse agus feidhmiú uimhir uatha an ainmfhocail i ndiaidh *cé mhéad agus cupla*.

### **An briathar**

I gCairt 184 léirítear go bhfuil gaol beag diúltach idir taithí theilifíse na bpáistí agus réimniú cuí na mbriathra. Tá 4.5% níos mó foirmeacha cuí ag na daltaí a bhreathnaíonn ar an teilifís go hannamh ná ag an ngrúpa a bhreathnaíonn uirthi go han-mhínic.



Cairt 184 Céatadán réimniú cuí na mbriathra de réir na taithí ar an teilifís.

### **An réamhfocal**


San fhianaise seo níl gaol soiléir idir scaradh an réamhfhocail ón alt agus taithí na teilifíse sa bhaile.

### **An forainm réamhfhoclach**

San fhianaise seo níl gaol soiléir idir scaradh an fhorainm réamhfhoclaigh agus taithí na teilifíse sa bhaile.

### **Na míreanna briathartha**

Tagann laghdú ginearálta ar chuar chéatadán na bhfoirmeacha cuí den mhír bhriathartha *níor* de réir mar a mhéadaíonn an taithí theilifíse (Cairt 185).



Cairt 185 Céatadán fhoirmeacha cuí na míre briathartha níor de réir na taithí ar an teilifís.

### 8.2.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu

Níor léirigh an anailís baint shoiléir a bheith ag an taithí theilifíse le gnéithe de dheilbhíocht na Gaeilge a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu agus a bhfuil ár ndóthain samplaí ionadaíocha againn díobh sa chorpas le léiriú a thabhairt ar an athrú.

## 8.3 Comhréir

San fchoaibidil seo pléimid an gaol atá idir an taithí theilifíse agus comhréir na Gaeilge agus an Bhéarla de réir leagan amach na Fochaibidle 4.3.

### 8.3.1 Comparáid dhíreach

#### Éagsúlacht ceisteanna

Is gné theangeolaíochta í éagsúlacht na gceisteanna sa Ghaeilge agus sa Bhéarla inar féidir comparáid dhíreach, bunaithe ar líon samplaí ionadaíocha na ndaltaí, a dhéanamh eatarthu sa dá theanga.


Níl gaol suaithinseach idir an taithí theilifíse agus éagsúlacht na gceisteanna sa dá theanga. De réir mar a thagann ardú ar an taithí theilifíse, tá an líne threochta ag íslú de bheagán sa Bhéarla agus tá ardú beag uirthi sa Ghaeilge.

### 8.3.2 Comhchlaonadh

Pléimid anseo réimsí comhréire sa Ghaeilge agus sa Bhéarla a bhfuil simpliú nó athrú i dtreo na teanga eile le sonrú iontu agus a bhfuil ár ndóthain samplaí ionadaíocha againn díobh le léiriú a thabhairt ar an athrú.

#### Ainm briathartha agus cuspóir i bhfoclásal

IgCairt 186 léirítear go dtagann ardú ar chéatadán na samplaí cuí de chuspóir an ainm bhriathartha i bhfoclásal sa Ghaeilge de réir mar a thagann ardú ar an taithí theilifíse. Tá an t-ardú céanna le sonrú ar na línte treochta bíodh ainmfhocal nó forainm pearsanta ina gcuspóir ag an ainm briathartha i bhfoclásal.




Cairt 186 Céatadán na gcuspóirí cuí leis an ainm briathartha i bhfochlásal de réir na taithí ar an teilifís.

Tá an treocht dhearfach anseo in aghaidh thorthaí ginearálta na faisnéise a bhaineann leis an taithí theilifíse, ach comhthreomhar le roinnt torthaí eile comhréire.

### *An clásal coibhneasta díreach*

I gCairt 187 léirítear líon meánach na samplaí míchuí den chlásal coibhneasta díreach. Sna maidí faisnéise buí léirítear sonraí na samplaí míchuí den chlásal coibhneasta díreach in ionad an chásail choibhneasta indírigh thraidisiúnta. Is i measc na ndaltaí a bhreathnaíonn go hannamh ar an teilifís a fhaightear an líon meánach is mó de na seachfhoirmeacha.




Cairt 187 Líon meánach an chlásail choibhneasta dhírigh mhíchuí de réir na taithí ar an teilifís.

### *An struchtúr ginideach*

Tá gnás réasúnta cobhsaí sa chorpas maidir leis an struchtúr ginideach cinnte de réir thaithí na teilifíse i measc na bpáistí.

I gCairt 188 sonraítear íslíú beag ar chéatadán na samplaí cuí sa súfomh ginideach de réir thaithí na teilifíse i measc na bpáistí. Is é an ginideach réamhfhoclach a thagann in áit an ghinidigh chuí is cúis leis an íslíú ar thaobh na láimhe deise den chairt.



Cairt 188 Céatadán struchtúr cuí an ghinidigh de réir na taithí ar an teilifís.

### **Clásal coibhneasta an Bhéarla**

Ní shonraítear aon ghaol soiléir sa chorpas seo a bheith idir feidhm an fhorainm choibhneasta *that* i gcomhthéacs roghnach sa Bhéarla agus taithí na teilifíse sa bhaile.

### **8.3.3 Tréithe eile a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu**

Dírímid anseo ar na réimsí comhréire a bhfuil simpliú nó laghdú le sonrú iontu.

### **Comhfhreagracht uimhreach sa Ghaeilge**

Ní bhfuarthas aon bhaint shoiléir ag comhfhreagracht uimhreach sa Ghaeilge le taithí theilifíse na gcainteoirí.

### **Comhfhreagracht uimhreach sa Bhéarla**

Faightear níos lú leaganacha cuí de chomhfhreagracht uimhreach idir an briathar agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó sa Bhéarla i measc na ndaltaí is minice a bhreathnaíonn ar an teilifís sa bhaile.

## **8.4 Séimeantaic**


San fhochaibidil seo pléimid an gaol atá idir an taithí theilifíse agus séimeantaic na Gaeilge agus an Bhéarla de réir leagan amach na Fochaibidle 4.4.

### **8.4.1 Comparáid dhíreach**

As na réimsí séimeantaice a cuireadh faoi anailís i gCaibidil 2 agus 3, is i réimse úsáid na réamhfocal amháin is féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir séimeantaic na Gaeilge agus an Bhéarla.

### **An réamhfocal**

I gCairt 189 léirítear líon meánach na réamhfocal dá bhfuil seach-leaganacha suntasacha tugtha faoi deara i dtaifeadtaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir taithí ar an teilifís i measc na bpáistí. Tugann línte treochta na gcuair le fios go dtagann ardú beag sa Ghaeilge agus íslíú beag sa Bhéarla ar líon na seach-leaganacha de réir na taithí ar an teilifís.




Cairt 189 Líon meánach seach-leaganacha na réamhfocal de réir taithí ar an teilifís.

### 8.4.2 Comhchlaonadh

Faightear athruithe séimeantaice i dtreo na teanga eile sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. Pléimid na réimsí séimeantaice a bhfuil ár ndóthain samplaí againn díobh le léiriú ionadaíoch a thabhairt ar an athrú sa réimse teangeolaíochta seo.

#### An briathar sa Ghaeilge

Tá samplaí d'úsáid *breathnaigh* agus *faigh* ina mbriathra cúnta ag na daltaí. Léirítear i gCairt 190 nach bhfuil baint shoiléir ag feidhm an bhriathair chúnta *faigh* leis an taithí ar an teilifís. Tagann ardú ar fheidhm an bhriathair chúnta *breathnaigh* leis an taithí seo.



Cairt 190 Líon meánach na mbriathra cúnta *breathnaigh* agus *faigh* de réir taithí ar an teilifís.

Níl gaol soiléir idir úsáid na timchainte fáistíní le *goil* agus taithí na bpáistí ar an teilifís.

## 8.5 Pragmataic


Breathnaímid ar phragmataic an dá theanga de réir thaithí na bpáistí ar an teilifís san fhochaibidil seo de réir leagan amach na Fochaibidle 4.5.

### 8.5.1 Comparáid dhíreach

Déantar anailís chomparáideach ar thionchar na teilifíse ar úsáid na bhfocal pragmataice, nó marcóirí dioscúrsa, agus ar úsáid na bhfocal *yeah*, *yes* agus *yep* sa dá theanga.


**Marcóirí dioscúrsa**

I gCairt 191 léirítear go bhfuil baint dhearfach ag éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Béarla agus go bhfuil baint dhiúltach ag éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge le taithí mhinic theilifíse na bpáistí.



Cairt 191 Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa dá theanga de réir taithí ar an teilifís.


I gCairt 192 léirítear go bhfuil baint dhiúltach ag an taithí theilifíse le céatadán éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge.



Cairt 192 Céatadán éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge de réir taithí ar an teilifís.

**Na focail yeah, yes, yep**

Is beag tionchar a imríonn an teilifís ar líon meánach na bhfocal dearbhaithe *yeah, yes, yep* i bhfreagraí agus mar dheimhniúchán sa Ghaeilge agus ísliú beag a léiríonn líne threochta chuar an Bhéarla (Cairt 193).



Cairt 193 Líon meánach na bhfocal *yeah, yes* agus *yep* sa dá theanga de réir na taithí ar an teilifís.

### 8.5.2 Comhchlaonadh sa Ghaeilge i dtreo an Bhéarla

Ní imríonn taithí na teilifíse tionchar ar chóras traidisiúnta na bhfreagraí sa Ghaeilge.


## 8.6 Líofacht

San fhochaibidil seo déanaimid anailís ar an mbaint atá ag taithí na bpáistí ar an teilifís le líofacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Pléimid anseo an líofacht agus an mhílíofacht sa chomhrá sa dá theanga de réir leagan amach na Fochaibidle 4.6.

Is beag tionchar atá ag an teilifís ar líon na bhfocal, cé gur ardú beag i gcás na Gaeilge agus íslíú beag i gcás an Bhéarla a léiríonn línte treochta na faisnéise.

Níl baint shoiléir ag taithí na teilifíse le líon na dtréithe mílíofachta sa dá theanga.

I gCairt 194 léirítear líon na ráiteas i leith cumais agus moill táirgthe focal de réir thaithí theilifíse na bpáistí. Léiríonn na línte treochta ardú sa Ghaeilge agus íslíú beag sa Bhéarla.



Cairt 194 Líon na ráiteas i leith cumais agus moill táirgthe focal sa dá theanga de réir taithí ar an teilifís.


## 8.7 Foghraíocht

San fhochaibidil seo dírimid ar an mbaint atá ag taithí na bpáistí ar an teilifís leis na fuaimeanna a dtagraíonn an litir *r* dóibh mar a réaltar iad i gcomhrá Gaeilge na bpáistí (féach Fochaibidil 2.7). Níl baint shoiléir ag taithí na bpáistí ar an teilifís leis na cineálacha fuaimeanna a dtagraíonn an litir *r* dóibh sa Ghaeilge.

## 8.8 Inscne

San fhochaibidil seo dírimid ar an mbaint atá ag taithí na bpáistí ar an teilifís le hinscne na bhforainmneacha pearsanta in abairtí copaile a thosaíonn ar leagan éigin den fhorainm taispeántach *seo* nó *sin*. i. *síod/seo/sin* é *an ...* nó *síod/seo/sin* í *an ...* (féach Fochaibidil 2.8). I gCairt 195 léirítear íslíú beag céatádánach i gcás na samplaí cuí i líne treochta an chuair.






Cairt 195 Céatadán na samplaí cuí d'inscne in abairtí copaile sa Ghaeilge de réir taithí ar an teilifís.

### 8.9 An claochlú tosaigh

San fhochaibidil seo pléimid an bhaint atá ag taithí na teilifíse le céatadán na samplaí cuí den chlaochlú tosaigh (féach Fochaibidil 2.9). Tá aimhrialtacht le sonrú sa chuar ach i gCairt 196 léirítear ísliú beag céatadánach sa líne threochta de réir thaithí mhnic na teilifíse i measc na gcainteoirí óga.



Cairt 196 Céatadán na gclaochluithe tosaigh de réir taithí ar an teilifís.

### 8.10 Achoimre

Sa chaibidil seo pléadh impleachtaí teangeolaíochta an chaidrimh atá idir an méid ama a tuairiscíodh a chaitheann na daltaí ag breathnú ar an teilifís agus ag plé le fearais na nuatheicneolaíochta go ginearálta ar lámh amháin agus, ar an lámh eile de, a ngnóthachtáil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Rinne na múinteoirí rangú ar thaithí theilifíse na ndaltaí ar scála ardaitheach ama ó Aicme 1 (fíorannamh) go hAicme 5 (an-mhnic): Aicme 1 = 0%; Aicme 2 = 20%; Aicme 3 = 44%; Aicme 4 = 18%; Aicme 5 = 18%.

Cé go bhfuil aimhrialtacht sna cuair, is cosúil go gcuidíonn taithí ard theilifíse le hacmhainn foclóra an Bhéarla de bheagán ach go mbaineann sé den acmhainn foclóra i gcás na Gaeilge ar bhealach níos suaithinsí. Tá 43.8 níos mó leamaí sa Ghaeilge ag na daltaí a bhreathnaíonn ar an teilifís go hannamh agus 6.4 níos mó leamaí sa Bhéarla ag na páistí a bhreathnaíonn ar an teilifís go han-mhnic.

Léiríodh san anailís go dtagann ardú ar chéatadán na seachfhoirmeacha (as bonn-tacar iomlán na leamaí T1 agus T2) d'ainmfhocail san uimhir iolra sa Ghaeilge agus ar chéatadán sheachfhoirmeacha na n-aidiachtaí i mbreischéim na Gaeilge de réir mar a thagann ardú ar thaithí

na teilifíse i measc na bpáistí ach nach dtagann athrú suaithinseach ar ráta na seachfhoirmeacha sa Bhéarla.

Léiríodh go dtagann ardú ar chéatadáin na samplaí cuí de chuspóir an ainm bhriathartha i bhfochlásal sa Ghaeilge de réir mar a thagann ardú ar an taithí theilifíse. Tá an treocht dhearfach seo ag teacht salach ar thorthaí ginearálta na faisnéise a bhaineann leis an taithí theilifíse, ach tá sí comhthreomhar le roinnt torthaí eile i réimse na comhréire. Is i measc na ndaltaí a bhreathnaíonn go hannamh ar an teilifís a fhaightear an líon is mó de na samplaí míchuí den chlásal coibhneasta díreach.

Léiríodh gaol dearfach idir taithí mhinic theilifíse agus feidhmiú bhuntuiseal an ainmfhocail i suíomh an ghinidigh uatha. Tuairiscíodh go raibh 21.3% níos mó den bhuntuiseal sa suíomh ginideach ag na páistí a bhreathnaíonn ar an teilifís go han-mhínic ná ag na páistí a bhreathnaíonn uirthi go hannamh.

Tá 4.5% níos mó foirmeacha cuí de réimniú na mbriathra ag na daltaí a bhreathnaíonn ar an teilifís go hannamh ná ag an ngrúpa a bhreathnaíonn uirthi go han-mhínic. Tagann laghdú ginearálta ar chuar chéatadáin na bhfoirmeacha cuí den mhír bhriathartha *níor* de réir mar a théann an taithí theilifíse in airde.

Tuairiscíodh go raibh níos lú leaganacha cuí de chomhfhreagracht uimhreach idir an briathar agus an t-ainmní a dtagraíonn sé dó sa Bhéarla i measc na ndaltaí is minice a bhreathnaíonn ar an teilifís.

Léiríodh go dtagann ardú beag sa Ghaeilge agus ísliú beag sa Bhéarla ar líon na samplaí seachfhoirmeacha de na réamhfhocail de réir na taithí ar an teilifís.

Fuarthas fianaise ar ísliú beag céatádánach i gcás na samplaí cuí a bhaineann le hinscne na bhforainmneacha pearsanta in abairtí copaileacha de réir taithí ar an teilifís.

Léiríodh san anailís seo go bhfuil tionchar réasúnta lag ag taithí theilifíse na ndaltaí ar an ngnóthachtáil a bhí acu sna táscairí éagsúla teanga sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Tá an tionchar sin á léiriú sna táscairí seo a leanas:

- tionchar dearfach ar fhoclóir an Bhéarla
- tionchar dearfach ar shamplaí cuí de chuspóir an ainm bhriathartha sa Ghaeilge
- tionchar diúltach ar fhoclóir na Gaeilge
- líon na seachfhoirmeacha d'ainmfhocail san uimhir iolra sa Ghaeilge agus céatadáin sheachfhoirmeacha na n-aidiachtaí i mbreischéim na Gaeilge
- feidhmiú bhuntuiseal an ainmfhocail i suíomh an ghinidigh uatha sa Ghaeilge
- tionchar beag diúltach ar fhoirmeacha cuí de réimniú na mbriathra
- tionchar maidir le níos lú leaganacha cuí de chomhfhreagracht uimhreach idir an briathar agus an t-ainmní sa Bhéarla
- seach-leaganacha de na réamhfhocail sa Ghaeilge
- tionchar beag diúltach i gcás na samplaí cuí a bhaineann le hinscne na bhforainmneacha pearsanta in abairtí copaileacha Gaeilge
- tionchar diúltach maidir le céatadáin réaladh an tséimhithe ar thúschonsan focail.

Léirítear achoimre ar ghaol na dtáscairí teangeolaíochta inchomparáide (is é sin na táscairí ar féidir comparáid dhíreach a dhéanamh eatarthu sa dá theanga) leis an táscaire socheolaíochta

Taithí Theilifíse i dTábla 32 san ord inar pléadh iad sa chaibidil seo. Tugtar cur síos ar láidreacht an chomhghaoil bunaithe ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá in Aguisín E.<sup>18</sup> Scáthaítear sa tábla thíos sna colúin ‘Gaeilge le Teilifís’ agus ‘Béarla le Teilifís’ na boscaí a léiríonn an luach is mó (dearfach nó diúltach). Ní scáthaítear bosca má tá cothromaíocht (dhearfach nó dhiúltach) idir an dá theanga.

Réimse	Táscaire	Gaeilge le Teilifís	Béarla le Teilifís
Foclóir	Líon leamaí	an-íseal diúltach	an-íseal
	Leamaí T1		íseal diúltach
	Leamaí cuí	an-íseal diúltach	an-íseal diúltach
Deilbhíocht	Ainm iolra	an-íseal diúltach	
	Briathar mírialta		
	Aidiacht bhreischéime	íseal diúltach	an-íseal diúltach
Comhréir	Éagsúlacht ceisteanna		an-íseal diúltach
Séimeantaic	Réamhfhocal	an-íseal diúltach	
Pragmataic	Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa	an-íseal diúltach	
	<i>yeah, yes, yep</i>		an-íseal diúltach
Líofacht	Líofacht líon focal		
	Mílíofacht	an-íseal	an-íseal
	Ráiteas cumais	an-íseal diúltach	

Tábla 32 Achoimre ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá ag na táscairí teangeolaíochta inchomparáide le taithí theilifíse.

Tá gaol níos láidre idir na táscairí teangeolaíochta agus taithí theilifíse na gcainteoirí i gcás ceithre tháscaire sa Ghaeilge agus i gcás trí tháscaire sa Bhéarla. Is gaol malartach atá sa dá theanga idir na táscairí teangeolaíochta agus taithí theilifíse na bpáistí i gcás líon na leamaí agus gaol cothrom atá ann i gcás na leamaí cuí, na n-aidiachtaí breischéime agus na mílíofachta.

I dTábla 33 léirítear achoimre ar ghaol na dtáscairí teangeolaíochta, nach féidir comparáid dhíreach a dhéanamh eatarthu sa dá theanga, le taithí theilifíse na bpáistí. Baintear feidhm as an gcóras lipéadaithe céanna atá mínithe do Thábla 32 thuas. Tá dath gorm ar na táscairí a áiríodh sa scóráil iomlán agus dath uaine ar na táscairí nár áiríodh in aon scóráil. Léiríonn an briathar cunta *breathnaigh* an bhaint is láidre le taithí theilifíse na gcainteoirí.

<sup>18</sup> Faightear comhéifeacht chomhghaolúcháin idir a náid agus  $\pm 0.6$  sna comhghaolúcháin idir na táscairí teangeolaíochta agus na táscairí socheolaíochta. Is féidir lipéid cháilíochtúla a thabhairt ar na luachanna ar mhaithe le soiléireacht. Fágfar an bosca folamh má tá an luach idir a náid agus 0.1 agus tugtar ‘an-íseal’ ar luach idir 0.101 agus 0.2, ‘íseal’ ar luach idir 0.201 agus 0.3, ‘measartha’ ar luach idir 0.301 agus 0.4, ‘ard’ ar luach idir 0.401 agus 0.5 agus ‘an-ard’ ar luach idir 0.501 agus 0.6. Cuirtear ‘diúltach’ ar an lipéad freisin má thagraíonn sé do luach atá diúltach.

Táscaire	Teanga	Teanga (G nó B) le Teilifís
Marcóiri dioscúrsa T1	G	an-íseal diúltach
Inscne forainm	G	
Foghraíocht <i>r</i> -anna	G	
Claochluithe tosaigh	G	an-íseal diúltach
Iolra ainmfhocal	G	
Réimniú briathair	G	an-íseal diúltach
Briathar táite	G	
Ginideach Gaeilge	G	an-íseal diúltach
Réamhfhocal infhillte	G	
Forainmn réamhfhoclach táite	G	
An mhír bhriathartha <i>níor</i>	G	an-íseal diúltach
<i>cé mhéad</i> + uatha	G	an-íseal diúltach
Ainm briathartha cuspóireach forainmneach	G	an-íseal
Clásal coibhneasta díreach	G	an-íseal
Ginideach cinnte	G	
Ginideach réamhfhoclach	G	an-íseal diúltach
Coibhneasta <i>that</i>	B	íseal diúltach
Uimhir forainm	G	
Comhfhreagracht uimhreach	B	íseal diúltach
<i>faigh</i>	G	
<i>breathnaigh</i>	G	measartha diúltach
<i>ag goil ag</i> sa timchaint fháistineach	G	
Freagraí de réir na Gaeilge traidisiúnta	G	an-íseal diúltach

Tábla 33 Achoimre ar an gcomhéifeacht chomhghaolúcháin atá ag na táscairí teangeolaíochta eile le taitheí theilifíse.

Ábhar suntais líon na dtáscairí teangeolaíochta i dTáblaí 32 agus 33 a léiríonn éifeacht chomhghaolúcháin dhiúltach le taitheí theilifíse.

		Inchomparáide	Neamhchomparáid	Iomlán
Dearfach	Gaeilge	1	2	3
	Béarla	2	0	2
Diúltach	Gaeilge	7	9	16
	Béarla	5	2	7

Tábla 34 Éifeacht dhearfach agus dhiúltach thaitheí na teilifíse ar tháscairí teangeolaíochta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Mar a léirítear i dTábla 34 is mó gaol diúltach ná dearfach a léirítear sa dá theanga ach is diúltaí i bhfad cóimheas 'dearfach : diúltach' na Gaeilge (3 : 16) ná cóimheas an Bhéarla (2 : 7).

### Léitheoireacht bhreise

Ferguson, C. agus Donnellan, B. M. (2014) 'Is the association between children's baby video viewing and poor language development robust? A reanalysis of Zimmerman, Christakis, and Meltzoff (2007)', *Developmental Psychology* 50, 1: 129–37.

d'Ydewalle, G., agus Pavakanun, U. (1995) 'Acquisition of a second/foreign language by viewing a television program', i Winterhoff-Spurk, P. (eag.), *Psychology of media in Europe: The state of the art — perspectives for the future*. Opladen, An Ghearmáin: Westdeutscher Verlag. 51–64.

Lemish, D. (2007) *Children and Television; a Global perspective*. Oxford: Blackwell.

# Staitistic shochtheangeolaíochta: táscairí teanga, scóráil chumais, scórinneacs dátheangach agus cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil

Sa chaibidil seo tarraingimid na codanna éagsúla den saothar iomlán chun a chéile, ag leibhéal níos ginearálta ná mar a rinneamar go dtí seo, trí scagadh staitistiúil teangeolaíochta agus socheolaíochta. Scagaimid na táscairí éagsúla teangeolaíochta agus na táscairí éagsúla socheolaíochta. Pléimid an coibhneas comhghaolúcháin atá ag gnéithe teangeolaíochta le chéile, sa dá theanga leith ar leith, agus sa dá theanga i gcomparáid le chéile; agus dírimid ach go háirithe ar thábhacht acmhainn an fhoclóra mar léiriú ginearálta ar an gcumas teangeolaíochta. Ina dhiaidh sin, in anailís lárnach chonclúideach, cuirimid scóráil chumais gach dalta sa dá theanga i láthair, mar mhéar eolais achomair ar chumas ginearálta teanga gach dalta sa Ghaeilge agus ar an gcumas ginearálta sa Bhéarla. Ansin, le scóráil chumais an Bhéarla a bhaint as scóráil chumais na Gaeilge, cuirimid i láthair an scórinneacs dátheangach. Bainimid tatal maidir leis an gcumas dátheangach ina iomláine as an scórinneacs dátheangach. Ansin dírimid ar an ngaol atá idir gnéithe socheolaíochta agus an cumas dátheangach arna léiriú sa scórinneacs dátheangach. Dírimid go háirithe ar an ngaol dearfach atá idir an cóimheas Gaeilgeoirí sna scoileanna agus cumas dátheangach na ndaltaí (a gcumas Gaeilge go sonrach). Tugaimid clabhsúr ar thorthaí sochtheangeolaíochta dúshlánacha an taighde i dtús Chaibidil 10 (Fochaibidil 10.1 Buntáiste an Bhéarla ar an nGaeilge).

## 9.1 Coibhneas na ngnéithe teangeolaíochta

Nuair a scrúdaítear comhghaol na dtáscairí teangeolaíochta le chéile, is léir a lárnaí agus atá táscairí an fhoclóra (Líon leamaí (x6) agus Leamaí T1 (x7), scáthaithe i dTábla 35; féach freisin Leamaí cuí (x4)) mar léargas ar chumas teangeolaíochta na ndaltaí ina iomláine. Tá, mar shampla, comhghaol 0.691 ag táscaire na haidiachta breischéime leis an Líon leamaí a bhí sa chorpas Gaeilge trí chéile.

Táscaire Gaeilge	Táscaire Gaeilge	Comhghaol
Aidiacht bhreischéime	Líon leamaí	0.691
%Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa T1	Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	0.636
Ainm iolra	Leamaí cuí	0.623
Claochluithe tosaigh	Ainm iolra	0.566
Aidiacht bhreischéime	Ainm iolra	0.559
Claochluithe tosaigh	Líon leamaí	0.508
Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	Líon leamaí	0.436
Claochluithe tosaigh	Leamaí cuí	0.426
Aidiacht bhreischéime	Leamaí T1	0.418
Ainm iolra	Líon leamaí	0.418
Leamaí cuí	Líon leamaí	0.417
Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	Aidiacht bhreischéime	0.400

9. Staitistic shochtheangeolaíochta: táscairí teanga, scórail chumais, scórinneacs dátheangach agus cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil

Táscaire Gaeilge	Táscaire Gaeilge	Comhghaol
Aidiacht bhreischéime	Leamaí cuí	0.384
Foghraíocht <i>r</i> -anna	Ainm iolra	0.380
Leamaí T1	Líon leamaí	0.362
Foghraíocht <i>r</i> -anna	Leamaí T1	0.328
Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa T1	Leamaí T1	0.319
Claochluithe tosaigh	Leamaí T1	0.318
Briathar mírialta	Leamaí T1	0.310
Inscne forainm	Ráiteas cumais	0.310
Ainm iolra	Leamaí T1	0.307
Inscne forainm	Réamhfhocal cuí	-0.328
Réamhfhocal cuí	Éagsúlacht ceisteanna	-0.411

Tábla 35 Comhghaol suaithinseach na dtáscairí Gaeilge amháin le chéile.

I dTábla 35 léirítear na comhghaolta suaithinseacha i measc na dtáscairí teangeolaíochta Gaeilge (agus iad á gcur i gcomparáid le chéile). Is fiú a lua gurb é táscaire na Leamaí T1 an táscaire is minice atá le feiceáil sa tábla. Sa léann idirnáisiúnta, ar an aonteangachas agus ar an dátheangachas araon, is minic gaol láidir á léiriú idir cumas foclóra agus cumas ginearálta teangeolaíochta. Tagann torthaí an tsaothair seo againne leis an tátal áirithe sin sa taighde idirnáisiúnta agus tá impleachtaí tromchúiseacha aige sin i bpobal mionteanga ina bhfuil códmheascadh coitianta i dtreo na mórtheanga.

Is lú na comhghaolta suaithinseacha atá i measc na dtáscairí Béarla ná mar atá i measc na dtáscairí Gaeilge mar is léir nuair a chuirimid Tábla 35 i gcomparáid agus i gcontrárthacht le Tábla 36. B'fhéidir go bhfuil coibhneas idir gnóthachtáil níos airde a bheith sa Bhéarla chomh maith le norm níos cothroime sa chumas Béarla trí chéile, b'fhéidir go bhfuil coibhneas idir sin agus laghad coibhneasta na gcomhghaolta sa Bhéarla. Líon leamaí (x4) agus Leamaí cuí (x3) an dá tháscaire is coitianta sa tábla.

Táscaire Béarla	Táscaire Béarla	Comhghaol
Ainm iolra	Leamaí cuí	0.740
Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	Líon leamaí	0.694
Briathar mírialta	Leamaí cuí	0.550
Leamaí cuí	Líon leamaí	0.424
Ainm iolra	Líon leamaí	0.421
Briathar mírialta	Ainm iolra	0.414
Líofacht líon focal	Líon leamaí	0.374
Réamhfhocal cuí	Aidiacht bhreischéime	0.373
Réamhfhocal cuí	Éagsúlacht ceisteanna	0.347
Ráiteas cumais	Leamaí cuí	0.326
Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	Líofacht líon focal	0.323
Mílfíofacht	Líofacht líon focal	-0.378

Tábla 36 Comhghaol suaithinseach na dtáscairí Béarla amháin le chéile.

I dTábla 37 léirítear na comhghaolta suaithinseacha i measc na dtáscairí Béarla agus Gaeilge (ach na táscairí sa dá theanga a chur i gcomparáid le chéile).



Táscaire Béarla	Táscaire Gaeilge	Comhghaol
Leamaí cuí	Ainm iolra	0.476
Leamaí cuí	Claochluithe tosaigh	0.467
Líofacht líon focal	Líofacht líon focal	0.454
Leamaí cuí	Aidiacht bhreischéime	0.454
Réamhfhocail	Ráiteas cumais	0.440
Ainm iolra	Ainm iolra	0.439
Briathar mírialta	Aidiacht bhreischéime	0.435
Líon leamaí	Líon leamaí	0.420
Ainm iolra	Aidiacht bhreischéime	0.402
Briathar mírialta	Inscne forainm	0.364
Éagsúlacht ceisteanna	Ráiteas cumais	0.358
Ainm iolra	Mílíofacht	0.358
Líofacht líon focal	Líon leamaí	0.354
Líon leamaí	Líofacht líon focal	0.337
Líon leamaí	Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	0.336
Leamaí cuí	Leamaí T1	0.335
Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	0.322
Leamaí cuí	Briathar mírialta	0.315
Ainm iolra	Líon leamaí	0.311
Ainm iolra	Éagsúlacht ceisteanna	0.310
Líofacht líon focal	Ráiteas cumais	-0.302
Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	Mílíofacht	-0.309
Éagsúlacht Marcóirí dioscúrsa	Ráiteas cumais	-0.371
Líon leamaí	Ráiteas cumais	-0.464

Tábla 37 Comhghaol suaithinseach na dtáscairí Gaeilge agus Béarla le chéile.

I dTábla 38 cuirtear i láthair na comhghaolta atá idir na táscairí teangeolaíochta inchoimparáide sa dá theanga. Tá na comhghaolta seo bunaithe ar scóráil mheánach na ndaltaí sa dá theanga (féach an chéad fhochaibidil eile thíos, 9.2), is é sin go bhfuil scóráil na gcomhghaol á bunú ar mheán na scórála do na daltaí ar fad. Sa cholún ar dheis sa tábla tá scáth ar na comhghaolta atá os cionn 0.3 nó faoi bhun -0.3; níl ach ceithre tháscaire i gceist: Líon na leamaí, Ainm iolra, Líofacht líon na bhfocal agus Éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1. Is iad Líon na leamaí agus Líofacht líon na bhfocal an t-aon dá tháscaire ina raibh scóráil mheánach níos airde sa Ghaeilge ag na daltaí agus is í scóráil mheánach an Bhéarla a bhí in uachtar sna táscairí eile. Cé is moite de Líofacht líon na bhfocal, léiríonn na comhghaolta seo gur fearr a éiríonn leis na daltaí sa Bhéarla ná sa Ghaeilge.

9. Staitistic shochtheangeolaíochta: táscairí teanga, scóráil chumais, scórinneacs dátheangach agus cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil

Réimse	Táscaire	Scóráil		Comhghaol
		Gaeilge	Béarla	
Foclóir	Líon leamaí	66.0	65.8	0.420
	Leamaí T1	91.4	99.3	0.024
	Leamaí cuí	97.6	99.1	0.242
Deilbhíocht	Ainm iolra	88.3	94.1	0.439
	Briathar mírialta	70.5	74.3	0.285
	Aidiacht bhreischéime	55.1	85.0	-0.103
Comhréir	Éagsúlacht ceisteanna	53.4	62.6	0.033
Séimeantaic	Réamhfhocal	98.0	99.8	-0.010
Líofacht	Líofacht líon focal	62.3	56.4	0.454
	Mílíofacht	81.9	83.1	0.069
	Ráiteas cumais	98.0	99.0	0.188
Pragmataic	Éagsúlacht marcóirí dioscúrsa T1	15.2	51.0	0.322

Tábla 38 An scóráil mheánach agus a gcomhghaolta sna táscairí teangeolaíochta inchomparáide sa dá theanga.

I dTábla 39 léirítear torthaí anailíse staitistiúla ar an ngaol atá idir na táscairí teangeolaíochta inchomparáide.<sup>19</sup>

Réimse	Táscaire	Líon Daltaí	Difríocht péireáilte						
			Difríocht Meán-sampla	DC	ECM	95% eatramh muiníne na difríochta		t	P-luach le sigme défhoircneach
						íocht.	uacht.		
Foclóir	Líon leamaí	49	0.8	75.7	10.7	-20.7	22.3	0.07	0.942
	Leamaí T1	49	-7.9	4.1	0.6	-9.1	-6.8	-13.65	0.000
	Leamaí cuí	49	-1.5	1.0	0.1	-1.8	-1.2	-10.14	0.000
Deilbhíocht	Ainm iolra	49	-5.8	6.5	0.9	-7.6	-3.9	-6.24	0.000
	Briathar mírialta	48	-3.6	26.4	3.8	-11.2	4.0	-0.96	0.343
	Aidiacht bhreischéime	49	-29.9	30.1	4.3	-38.4	-21.3	-7.03	0.000
Comhréir	Éagsúlacht ceisteanna	49	-9.2	32.0	4.5	-18.3	-0.1	-2.03	0.048
Séimeantaic	Réamhfhocal	49	1.8	2.0	0.3	1.3	2.4	6.58	0.000
Líofacht	Líofacht líon focal	49	10.8	27.2	3.8	3.0	18.5	2.80	0.007
	Mílíofacht	49	1.2	7.8	1.1	-1.0	3.4	1.09	0.280
	Ráiteas cumais	49	1.0	2.2	0.3	0.4	1.7	3.32	0.002
Pragmataic	Marcóirí dioscúrsa	49	-3.6	2.2	0.3	-4.2	-2.9	-11.29	0.000

Tábla 39 T-thástáil comparáide péireáilte na dtáscairí teangeolaíochta inchomparáide agus a n-eatramh muiníne chomhfhreagracha.

I gcás gach táscaire ar leith, ríomhadh an difríocht idir an meánsampla torthaí sa Ghaeilge agus an meánsampla torthaí sa Bhéarla (Gaeilge lúide Béarla), fuarthas eatramh muiníne do mheándifríocht líon an tsampla, agus ríomhadh P-luach do thástáil na sainhipitéise (gur luach 0 (a náid) meándifríocht líon an tsampla). Léirítear san anailís infheireach seo go bhfuil an leibhéal suntasachta breathnaithe (an P-luach), go bhfuil sin suntasach ag formhór na bpéirí Gaeilge-Béarla le chéile cé is moite de Líon leamaí, Briathar mírialta agus Mílíofacht. I ngach péire Gaeilge-Béarla ag a bhfuil luach dóchúlachta suntasach, tá gnóthachtáil na Gaeilge i gcoibhneas níos ísle leis an mBéarla, cé is moite de Líofacht líon focal. Dá bhrí sin, tar éis dúinn dhá leath a dhéanamh den P-luach le sigme défhoircneach a thugtar sa tábla, tá an bhearna chumais idir an dá theanga i gcás na dtáscairí seo á léiriú ag dóchúlacht an-ard staitistiúil.

<sup>19</sup> Seasann an giorrúchán DC do dhiall caighdeánach na ndifríochtaí, agus seasann an giorrúchán ECM d'earráid chaighdeánach mheasta dhifríocht an mheánsampla; 'eatramh' = eatramh muiníne i leith dhifríocht na meán. Glactar sa saothar seo go bhfuil suntasacht staitistiúil ag baint le P-luach < 0.05.

## 9.2 Scóráil chumais sa dá theanga agus scórinneacs dátheangach

Bunaithe ar thrascríbhinní na n-agallamh leis na páistí, anailísíodh sa saothar seo cumas teangeolaíochta na bpáistí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla faoi seach. Roghnaíomar réimsí anailíse inchomparáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus cuireadh cumas gach páiste i gcomparáid le chéile sna réimsí sin. I measúnú il-réimseach mar seo, léiríodh sa tionscadal seo gur féidir le teanga páiste a bheith ceannasach i réimse ar leith teangeolaíochta agus teanga eile an pháiste a bheith ceannasach i réimse eile. Le toradh na hanailíse sna réimsí éagsúla teangeolaíochta a shuimiú don dá theanga faoi seach, is féidir cumas ginearálta an pháiste i dteanga ar leith a thabhairt. San fhochaibidil seo dírimid i dtosach ar an scóráil a fuarthas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla faoi seach.

Ina dhiaidh sin cuirfear toradh iomlán teangeolaíochta sa dá theanga i gcomparáid le chéile do gach páiste ar leith agus dá bhrí sin d'fhoghrúpaí, mar shampla, do gach aoisghrúpa agus gach gnéas. Páistí a bhfuil an scóráil sa dá theanga i bhfoisceacht dá chéile acu, is féidir a mhaíomh gur cainteoirí dátheangacha measartha cothrom iad. Páistí nach bhfuil an scóráil gar dá chéile acu sa dá theanga, maítear gur cainteoirí dátheangacha éagothroma iad. Páistí a bhfuil scóráil an Bhéarla cuid mhaith níos airde ná scóráil na Gaeilge acu, maítear go bhfuil siad ceannasach sa Bhéarla (nó go bhfuil an Béarla ceannasach ina gcumas dátheangach). Bunaithe ar an anailís sin, measúnófar scála cothroime / éagothroime an dátheangachais, .i. an Scórinneacs Dátheangach, rud a thabharfaidh le fios cén cheannasáíocht atá ag teanga amháin ar an teanga eile.

Le teacht ar scóráil chumais iomlán don dá theanga ar leith, rinneadh cainníochtú mar ba chúig ar na táscairí teangeolaíochta (12 táscaire inchomparáide; 4 tháscaire neamhspleácha Gaeilge). D'fhonn torthaí dearfacha a thabhairt do na táscairí ar fad, rinneadh inbhéartú ar luach táscairí diúltacha nuair ba ghá (.i. Leamaí T2, Leamaí míchuí, Ainm iolra, Aidiacht bhreischéime). Liostaímid na 16 táscaire scórála i dTábla 40. Is éard atá á léiriú sna catagóirí aicmithe seo ná:

- **Líon leamaí:** An dalta ab airde líon leamaí T1, tá an dalta sin ina bhonn don scála céatadánach, agus tá na daltaí eile ar fad á gcur i gcomparáid leis. Dá bhrí sin, tá 100% ag an dalta is airde líon leamaí calabraithe i gceachtar den dá theanga (sa chás seo 572 leama calabraithe = 100%). Agus faigheann daltaí eile scór céatadánach mar chuid de 572. Sa Ghaeilge aicmíodh mar fhocail T1 don táscaire seo focail Ghaeilge agus seaniasachtaí a tugadh isteach sa Ghaeilge roimh na 1990í, m.sh. aicmíodh iasacht mar *bicycle* in aon aicme le leama T1 Gaeilge (don táscaire seo Líon leamaí).
- **Leamaí T1:** Céatadán inbhéartaithe de líon na leamaí iasachta a chuir dalta ag obair as líon iomlán an dalta sin. Dá bhrí sin dalta ag a bhfuil 10% d'fhocail Bhéarla sa Ghaeilge faigheann sé 90% do Leamaí T1.
- **Leamaí cuí:** Céatadán inbhéartaithe de líon na leamaí míchuí.
- **Ainm iolra:** Céatadán inbhéartaithe de líon na leamaí iolra míchuí.
- **Briathar mírialta:** Céatadán na mbriathra mírialta cuí.
- **Aidiacht bhreischéime:** Céatadán inbhéartaithe na n-aidiachtaí breischéime míchuí.
- **Éagsúlacht ceisteanna:** Ráta éagsúlachta na gceisteanna.
- **Réamhfhocal:** Líon na seach-leaganacha réamhfhocla a bhaint as 100, m.sh. dalta ag a bhfuil 9 seach-leagan faigheann sé 91.
- **Líofacht líon focal:** Líon na bhfocal a dúirt dalta i nóiméad reacaireachta.
- **Mílfíofacht:** Líon na dtréithe mílfíofachta ag dalta i nóiméad reacaireachta a bhaint as 100, m.sh. dalta ag a bhfuil 16 tréith mhílfíofachta faigheann sé 84.
- **Ráiteas cumais:** Líon na ráiteas faoi easpa cumais a bhaint as 100, m.sh. dalta ag a bhfuil 3 ráiteas dá short, faigheann sé 97.

- Marcóirí dioscúrsa: An dalta ab airde líon marcóirí dioscúrsa (sa T1 amháin), tá an dalta sin ina bhonn don scála céatadánach, agus tá na daltaí eile ar fad i gcomparáid leis. Dá bhrí sin, tá 100% ag an dalta is airde líon marcóirí dioscúrsa i gceachtar den dá theanga (sa chás seo 10 cineál éagsúla marcóirí dioscúrsa = 100%). Agus faigheann daltaí eile scór céatadánach, bunaithe ar líon na marcóirí dioscúrsa T1, mar chuid den líon iomlán. M.sh. dalta a bhfuil dhá mharcóir dioscúrsa Gaeilge aige sa chomhrá Gaeilge, tuilleann sé 20% (beag beann ar líon na marcóirí dioscúrsa Béarla (T2) atá sa chomhrá Gaeilge sin aige).
- Marcóirí dioscúrsa T1: Céatadán na marcóirí dioscúrsa T1 sa Ghaeilge.
- Foghraíocht *r*-anna: Céatadánú ar réaladh na dtrí chineál *r* i nóiméad reacaireachta de réir an ualaithe seo a leanas:  $((r \text{ chaol} * 0.66) + (r \text{ leathan} * 0.33) + (r \text{ aisfillte an Bhéarla} * -0.33)) * 100$ .
- Inscne forainm copaille: Céatadán na bhforainmneacha san inscne chúí.
- Claochluithe tosaigh: Céatadán a bhunú ar mheáin na dtáscairí a bhaineann leis na claochluithe seo a leanas: san ainmfhocal; sa bhriathar; san aidiacht; i ndiaidh an fhorainm shealbhaigh; i ndiaidh na huimhreach; i ndiaidh réimíre.

Ualú: Tugadh ualuithe éagsúla do na táscairí mar léiriú ar an tábhacht choibhneasta a bhaineann leo i gcóras gramadaí nó teangeolaíochta (agus meitheangeolaíochta) an dá theanga. Tugadh ualú ard (2) do dhá tháscaire ‘Réamhfhocal’ agus ‘Ráiteas cumais’ de bharr a thábhachtaí agus a shuaitheins is atá siad. Tugadh ualú íseal (0.5) do thrí tháscaire ‘Leamaí cuí’, ‘Éagsúlacht ceisteanna’ agus ‘Líofacht líon focal’ de bharr a n-imeallachta coibhneasta.

Táscaire	Ualú	Teanga	Brí
Líon leamaí	1	B + G	% na leamaí calabraithe
Leamaí T1	1	B + G	leamaí T1
Leamaí cuí	0.5	B + G	leamaí cuí
Ainm iolra	1	B + G	ainmfhocail san iolra cuí
Briathar mírialta	1	B + G	briathra cuí
Aidiacht bhreischéime	1	B + G	aidiachtaí cuí
Éagsúlacht ceisteanna	0.5	B + G	éagsúlacht ceisteanna
Réamhfhocal	2	B + G	réamhfhocail chúí
Líofacht líon focal	0.5	B + G	líon focal i nóiméad reacaireachta
Mílfófacht	1	B + G	tréithe mílfófachta
Ráiteas cumais	2	B + G	ráitis faoi chumas teanga
Marcóirí dioscúrsa	1	B + G	marcóirí dioscúrsa (T1)
Marcóirí dioscúrsa T1	1	G	marcóirí dioscúrsa Gaeilge sa Ghaeilge
Foghraíocht <i>r</i> -anna	1	G	fuaimanna <i>r</i> -anna
Inscne forainm copaille	1	G	forainm san inscne chúí
Claochluithe tosaigh	1	G	claochluithe tosaigh cuí

Tábla 40 Léiriú ar na 16 táscaire scórála mar aon lena n-ualú agus lena mbrí.

De thoradh na hanailíse ar an mbunachar sonraí, is féidir na táscairí éagsúla a scóráil astu féin mar a léirítear i dTábla 40. Cumtar an scórinneacs inchomparáide as táscairí ‘B + G’ (Béarla agus Gaeilge) amháin, agus an scórinneacs iomlán as táscairí ‘B + G’ agus ‘G’ (Gaeilge amháin) a chur le chéile. Is léir ó Thábla 38 thuas go bhfuil scóráil níos airde sa Bhéarla ach amháin i gcás Líofacht líon focal. Is é sin le rá, cé is moite de Líofacht líon focal, léiríonn na comhghaolta seo gur fearr a éiríonn leis na daltaí sa Bhéarla ná sa Ghaeilge. Tá comhghaolúchán staitistiúil suntasach idir an scóráil Ghaeilge iomlán agus an scóráil Bhéarla (comhghaolúchán Pearson = 0.417, P-luach 0.003).

Ach torthaí na dtáscairí scórála sin a shuimiú is féidir cumas gach páiste i ngach teanga ar leith a chuntas, mar aon le hualú ar leith thorthaí na dtáscairí mar a shonraítear iad i gcolún a dó i dTábla 40, agus ansin is féidir iad a chéatadánú. Tugann an cainníochtú seo scóráil chumais do gach páiste ar leith sa dá theanga.

### 9.2.1 Scórinneacs dátheangach

Rinneadh scórinneacs dátheangach as scóráil na dteangacha a chur i gcoibhneas lena chéile. Cuir i gcás, má fuair dalta scór  $x$  i dteanga A agus má fuair sé scór  $y$  i dteanga B, fágann sin  $x - y = z$  mar scórinneacs dátheangach. Mar shampla:


Scór an dalta i nGaeilge: 66.7

Scór an dalta i mBéarla: 82.5

$66.7 - 82.5 = -15.8$  scórinneacs dátheangach an dalta

Ciallaíonn scór ard i dteanga A agus scór níos ísle i dteanga B go bhfuil cumas níos fearr ag dalta i dteanga A seachas i dteanga B. Dá mhéad an scórinneacs dátheangach is ea is mó an bhearna idir an cumas sa dá theanga agus is amhlaidh is éagothroime cumas dátheangach an dalta. Is féidir scór ceachtar den dá theanga a bhaint as scór na teanga eile d'fhonn scórinneacs a chumadh (A - B, nó B - A, i. sa chás seo de, Gaeilge lúide Béarla, nó Béarla lúide Gaeilge). Ar mhaithe leis an éascaíocht i láithriú na tuarascála seo cinneadh scóráil an Bhéarla a bhaint as scóráil na Gaeilge. D'éascair as sin i gcomhthéacs na ndaltaí seo gur cuireadh scórinneacs diúltach ar fáil ar an mórgóir. Nuair atá toradh diúltach suaithinseach agus seasmhach i scórinneacs i gcás dhá teanga ar leith is féidir a rá gur léiriú é ar mhíbhuntáiste dátheangach i gceann de na teangacha sin. Ar an gcuma chéanna, nuair atá scórinneacs diúltach ag dalta is féidir a rá gur léiriú é go bhfuil míbhuntáiste dátheangach ag an dalta i gceann den dá theanga. Léiríonn formhór na ndaltaí atá faoi chaibidil sa taighde seo míbhuntáiste dátheangach i gcás na Gaeilge.

I gcás an scórinneacs dhátheangaigh, má tá scór a náid ag cainteoir is ionann sin agus a rá go bhfuil an cainteoir sin go hiomlán cothrom sa dá theanga. Is é an diall caighdeánach ( $\sigma$ ) atá ag an scórinneacs inchomparáide ná 4.983 agus ag an scórinneacs iomlán ná 6.029. Dá bhrí sin má rangáitear daltaí atá diall caighdeánach amháin os cionn a náid sa scórinneacs nó diall caighdeánach amháin faoi bhun a náid sa scórinneacs, is féidir na daltaí sin a shainiú ina gcainteoirí cothroma dátheangacha. Tá scáth ar an achar 'cothrom' seo i gCairt 197. De réir an tsainithe seo, tá torthaí 19 dalta cothrom de réir an scórinneacs inchomparáide, ceathrar daltaí ag a bhfuil scór dearfach (cumas níos airde sa Ghaeilge) agus 15 dalta ag a bhfuil scór diúltach (cumas níos airde sa Bhéarla) agus torthaí 31 dalta atá éagothrom. Ach de réir an scórinneacs iomláin (Cairt 198), tá cumas níos airde sa Bhéarla á léiriú ag torthaí gach dalta, agus tá beirt cothrom agus tá 48 dalta éagothrom.




Cairt 197 Scóráil Ghaeilge inchomparáide agus scóráil Bhéarla na ndaltaí in ord ardaitheach an scórinneacs dhátheangaigh inchomparáide.

I gCairt 197 léirítear dáileadh an scórinneacs atá bunaithe ar an 12 táscaire inchomparáide sa dá theanga (B + G i gcolún a trí i dTábla 40).

9. Staitistic shochtheangeolaíochta: táscairí teanga, scóráil chumais, scórinneacs dátheangach agus cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil


Is féidir scóráil bhreise a thabhairt don Ghaeilge bunaithe ar tháscairí breise (G i gcolún a trí i dTábla 40) nach bhfuil inchomparáide leis an mBéarla ach atá lárnach i gcóras teangeolaíochta na Gaeilge.



Cairt 198 Scóráil Ghaeilge iomlán agus scóráil Bhéarla na ndaltaí in ord ardaitheach an scórinneacs dhátheangaigh iomláin.

I gCairt 198 léirítear dáileadh na 50 dalta agus iad srathnaithe in ord ardaitheach a scórinneacs dhátheangaigh iomláin. Cruthaítear an scórinneacs dátheangach iomlán as an scóráil Ghaeilge iomlán a chur i gcomparáid leis an scóráil sa Bhéarla (.i. Gaeilge iomlán lúide Béarla). Is ísle an scórinneacs iomlán (luach méanach -15.5), i gCairt 198, ná an scórinneacs inchomparáide (luach méanach -7.5), i gCairt 197. Dá bhrí sin, sa scórinneacs iomlán léirítear bearna níos mó idir an cumas sa Bhéarla agus an cumas sa Ghaeilge agus míbhuntáiste na Gaeilge níos mó fós (seachas sa scórinneacs inchomparáide). Ní athraíonn suíomh coibhneasta torthaí dalta ar leith mórán sa dáileadh seo sa scórinneacs inchomparáide le hais an scórinneacs iomláin. Tacaíonn a ghaire dá chéile is atá suíomh torthaí dalta ar leith sa dá scórinneacs éagsúla leis an áiteamh go bhfuil an dá scórinneacs ag léiriú a bheag nó a mhór an ruda chéanna ó thaobh na gnóthachtála teangeolaíochta de (i leith gach dalta ar an gcointeanóid chumais nó scórála). Ar an meán ní athraíonn dalta ach c. 6 suíomh ó scórinneacs amháin go chéile. Is fiú a lua gur naonúr buachaillí agus cailín amháin atá sa deichniúr daltaí is mó athrú suímh.

I gCairt 199 léirítear dáileadh na ndaltaí, i ngrúpaí agus an dátheangachas cothrom scáthaithe i lár na cairte (i bhfoisceacht diallta chaighdeánaigh amháin de 0 ar ais X), agus an t-achar cothroime seo ina bhonn comparáide idéaláil, de réir an scórinneacs inchomparáide agus an scórinneacs iomláin. I gcontrárthacht idir an dá theanga ina mbeadh an buntáiste dátheangach, nó an míbhuntáiste dátheangach, ag an nGaeilge, tá triúr daltaí thar -3 sigme ( $\sigma$ ), .i. míbhuntáisteach go leor ó thaobh na Gaeilge de, de réir an scórinneacs inchomparáide, agus tá cúigear thar -4 sigme ( $\sigma$ ), .i. níos míbhuntáistí fós ó thaobh na Gaeilge de, de réir an scórinneacs iomláin.



Cairt 199 Histogram dháileadh na ndaltaí de réir an dá scórinneacs dhátheangacha.



Ó thaobh cothroime de, léiríonn an Scórinneacs Dátheangach inchomparáide thuas go bhfuil:

- luach dearfach, rud a léireodh buntáiste do chumas na Gaeilge, ag 4 dalta, .i. 8%
- cumas cothrom ( $\pm 1$  sigme, .i. ó  $-4.98$  go  $4.98$ ) ag 19 dalta, .i. 38%.

Sa Scórinneacs Dátheangach iomlán tá léiriú níos pointeáilte ar ghnóthachtáil teangeolaíochta i leith na Gaeilge traidisiúnta. Léiríonn an Scórinneacs Dátheangach iomlán go bhfuil:

- cumas cothrom ( $\pm 1$  sigme, .i. ó  $-6.03$  go  $6.03$ ) ag 2 dalta, .i. 4%
- cumas buntáisteach sa Bhéarla ag gach dalta, .i. 100%
- 15.5% de mheándifríocht chumais idir cumas an Bhéarla agus cumas na Gaeilge i measc na ndaltaí ar fad
- an mheándifríocht chumais ag an 10 dalta is cothroime ag 9%
- an mheándifríocht chumais ag an 10 dalta is éagothroime ag 24.2%.

Ón bhfianaise atá sna cairteacha thuas tá sé soiléir go bhfuil treo ginearálta i líne faisnéise na Gaeilge ag ardú agus treo ginearálta i líne faisnéise an Bhéarla cothrom go seasmhach de réir mar a ardaíonn línte faisnéise na scórinneacsanna. Is é an leibhéal gnóthachtála sa Ghaeilge an luach is cinniúnaí do na scórinneacsanna dátheangacha. Mar a shonraítear i dTábla 41, tá an coibhneas seo soiléir sa ráta comhghaol atá idir na scórinneacsanna dátheangacha agus scóráil an dá theanga.

Cineál scórinneacs	Scóráil teanga	Comhghaol
Scórinneacs inchomparáide	Béarla	-0.339
Scórinneacs inchomparáide	Gaeilge inchomparáide	0.708
Scórinneacs iomlán	Béarla	-0.215
Scórinneacs iomlán	Gaeilge iomlán	0.807

Tábla 41 Comhghaol idir an dá chineál scórinneacs.

Is léir ón tábla a ghaire agus a chomhthreomhaire agus atá an scórinneacs iomlán agus an scórinneacs inchomparáide (féach gur airde an comhghaol don scóráil Ghaeilge iomlán, 0.807). Mar sin, is é an scórinneacs iomlán a phléifear as seo síos, ó tharla gurb é an scórinneacs iomlán is mó a thugann léiriú ar iomlán an chumais dhátheangaigh. Ní miste a mheabhrú gur iomaí tréith laghdaithe eile i nGaeilge na ndaltaí ach go háirithe nach dtugtar san áireamh sa scóráil chumais Ghaeilge anseo. (Féach an liosta de na táscairí nach raibh ag 70%, nó os a chionn, de na daltaí agus a baineadh as an anailís socheolaíochta; tús Chaibidil 5.) Phléamar cuid de na tréithe eile laghdaithe sin i gCaibidil 2, agus bhí cuid eile díobh nárbh acmhainn dúinn a phlé sa tuarascáil ghinearálta seo. Mar shampla, níor cuireadh san áireamh:


- tréithe foghraíochta an Bhéarla sa Ghaeilge (cé is moite de na foghair *r*);
- tuiníocht an Bhéarla sa Ghaeilge, m.sh. ardú tuine deireadh frása, .i. *uptalk*;
- easpa tuisceana na ndaltaí ar fhocail nó ar fhrásaí i gceisteanna san agallamh Gaeilge; níor tuigeadh, go háirithe, na frásaí *ag bualadh báire* agus *an cheirt* (ní raibh easpa tuisceana dá leithéid i gceist i gcás an Bhéarla);
- tréithe comhréire an Bhéarla sa Ghaeilge, m.sh. *féar áit* in ionad *áit féar* (ar mhúnla *hay place* sa Bhéarla).

Dá gcuirfí san áireamh na tréithe eile seo ar fad a léireodh laghdú, b'ísle fós scóráil chumais na Gaeilge agus ba mhó an míbhuntáiste Gaeilge a léireofaí. I gcontrárthacht leis an nGaeilge, maidir le Béarla na ndaltaí, is beag tréith neamhnormálta atá ina gcuid Béarla nár tugadh san áireamh i scóráil chumais an Bhéarla.



9. Staitistic shochtheangeolaíochta: táscairí teanga, scóráil chumais, scórinneacs dátheangach agus cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil


Maidir le hualú na scóralacha don Ghaeilge agus don Bhéarla, is beag tionchar a bhí aige sin i measc na ndaltaí ar an scórinneacs dátheangach inchoimparáide ná ar an scórinneacs dátheangach iomlán, mar a léirítear i gcás an scórinneacs dhátheangaigh iomláin i gCairt 200. Tá an cuar ualaithe agus an cuar neamhualaithe ag freagairt go dlúth dá chéile sa chairt. Is é 0.000 (i bhfoisceacht trí dhigit den phonc) an P-luach a eascraíonn as an anailís sa tsamhail líneach ghinearálta ar shuntasacht staitistiúil an choibhnis seo. I gCairt 200 tugtar cuar na mbuachaillí i ndiaidh a chéile ar thaobh na lámhe clé agus ina dhiaidh sin cuar na gcaillíní ar thaobh na lámhe deise agus an dá ghnéas in ord aoise.



Cairt 200 An scórinneacs dátheangach iomlán le hualú agus gan ualú in ord aoise agus gnéis.

Maidir le contrárthacht threocht na mbuachaillí agus na gcaillíní le hAois, féach an plé ar Chairt 204.


I gCairt 201 tugaimid léiriú ar an gcomhghaol atá idir na táscairí scórala teangeolaíochta agus an scórinneacs dátheangach iomlán. Srathnaítear na táscairí sa chairt in ord luach an chomhghaol, ó na táscairí is suaithinsí a bhfuil luach dearfach comhghaol acu (leis an scórinneacs iomlán) go dtí na táscairí a bhfuil luach íseal acu agus ar aghaidh go dtí na táscairí a bhfuil luach diúltach comhghaol acu. Tugtar faoi deara gurb iad na foghair *r*, na claochluithe tosaigh, agus an aidiacht bhreischéime na comhghaolta is suaithinsí sa chairt (na chéad trí tháscaire ar chlé i gCairt 201).



Cairt 201 Comhghaolta na dtáscairí leis an scórinneacs dátheangach in ord ón gcomhghaol is airde dearfach go dtí an comhghaol is diúltach.

Is spéisiúil le lua é go bhfuil a oiread sin táscairí Béarla a bhfuil comhghaol diúltach acu leis an innéacs dátheangach (ar dheis i gCairt 201). Is é sin le rá go dtagann íslíú ar an ngnóthachtáil sa Bhéarla, sna táscairí áirithe seo, de réir mar a thagann ardú ar an ngnóthachtáil sa scórinneacs dátheangach. Is toradh nó leid é seo ar choimhlint nó míbhuntáiste dátheangach (.i. gnóthachtáil sa Bhéarla in aghaidh (gnóthachtáil sa Ghaeilge agus dá bhrí sin in aghaidh) an chumais dhátheangaigh).

Faightear léiriú eile i gCairt 202 ar an míbhuntáiste a bhaineann leis an scóráil Ghaeilge iomlán i gcomparáid leis an scóráil Bhéarla. I gCairt 202 cuirtear na 25 dalta is airde sa scóráil Ghaeilge iomlán i gcomparáid leis na 25 dalta is ísle sa scóráil Bhéarla (ní thugtar anseo faisnéis na 25 beirt eile sa dáileadh comparáideach seo mar go leanann siad an claonadh céanna ina dhiaidh sin ar thaobh na láimhe deise, .i. Béarla ag ardú agus Gaeilge ag íslíú). Tá scóráil níos airde sa Ghaeilge ag an triúr is airde a chruthaigh sa Ghaeilge ná an triúr is ísle a chruthaigh ó thaobh an Bhéarla de. Tá na daltaí eile atá ag bun scála an Bhéarla níos airde ná scóráil na ndaltaí eile is fearr sa Ghaeilge.<sup>20</sup>



Cairt 202 Na 25 dalta is airde sa scóráil Ghaeilge iomlán i gcomparáid leis na 25 dalta is ísle sa scóráil Bhéarla.

### 9.3 Socheolaíocht an chumais dhátheangaigh

Sa taighde seo is iad na trí shlat tomhais is tábhachtaí ar an gcumas teanga atá curtha ar fáil: an scóráil Bhéarla, an scóráil Ghaeilge iomlán agus an scórinneacs dátheangach iomlán. Is féidir tréithe socheolaíochta na ndaltaí (.i. gnéas, aois, cumas acadúil, taithí theilifíse agus cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil) a iniúchadh de réir na trí shlat tomhais seo. Ó tharla go bhfuil 50 dalta san iomlán i gceist, is féidir iad a roinnt go cothrom ina gcúig fhoghrúpa de dheichniúr ar an gcointeanóid chumais (ón gcumas is airde go dtí an cumas is ísle). I dTábla 42 aicmítear cúig fhoghrúpa éagsúla cainteoirí, in ord ón dream is airde (Colún I) go dtí an dream is ísle (Colún V). Tá deichniúr i ngach ceann de na foghrúpaí seo bunaithe ar na trí shlat tomhais: an scórinneacs dátheangach (an tsraith mhór uachtair i dTábla 42), chomh maith leis an scóráil Ghaeilge (an tsraith mhór láir i dTábla 42) agus an scóráil Bhéarla (an tsraith mhór íochtair i dTábla 42). Mar eiseamláir, dá bhrí sin, sa tsraith atá bunaithe ar an scórinneacs, léirítear i gColún I: líon na mbuachaillí (agus dá bhrí sin, líon na gcaillíní = 10 – líon na mbuachaillí); aois mheánach; cumas acadúil meánach; taithí theilifíse mheánach, mar atá ag an deichniúr is airde sa scórinneacs. Ar an gcuma chéanna, sa tsraith atá bunaithe ar an scóráil Ghaeilge iomlán, léirítear i gColún I: líon na mbuachaillí; aois mheánach;

<sup>20</sup> Is éard atá i gCairt 202 ná cuid den fhaisnéis atá i gCairt 198 á cur i láthair go comparáideach agus in ord eile. Tá an triúr is airde scóráil sa Ghaeilge (os cionn 80, ar an líne ghorm) agus an triúr is ísle scóráil sa Bhéarla (faoi 80, ar an líne dhearg) le haithint i gCairt 198. Léirítear i gCairt 198 scóráil Ghaeilge agus Bhéarla, agus torthaí an scórinneacs dhátheangaigh, don dalta céanna i gcomparáid le chéile i gcás na 50 dalta. Ach i gCairt 202 tá faisnéis chontráthach beirte á cur i láthair i gcás 25 beirt. Mar shampla, ar thaobh na láimhe clé ar fad de Chairt 202 (pointe faisnéise 1) tá scóráil Ghaeilge dhalta B10b (ó Chairt 198) i gcontráthacht le scóráil Bhéarla dhalta B08b (ó Chairt 198). Mar sin i gCairt 198, tá faisnéis an dalta chéanna maidir le scóráil Ghaeilge agus Bhéarla, agus an scórinneacs dátheangach, ach i gCairt 202, tá faisnéis daltaí éagsúla i gcontráthacht le chéile, .i. na scóráilthe is airde sa Ghaeilge i gcontráthacht leis na scóráilthe is ísle sa Bhéarla.

9. Staitistic shochtheangeolaíochta: táscairí teanga, scóráil chumais, scórinneacs dátheangach agus cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil


cumas acadúil meánach; taithí theilifíse mheánach, mar atá ag an deichniúr is airde sa scóráil Ghaeilge. Nó i gColún V, mar shampla, sa tsraith atá bunaithe ar an scóráil Bhéarla léirítear: líon na mbuachaillí; aois mheánach; cumas acadúil meánach; taithí theilifíse mheánach, mar atá ag an deichniúr is ísle sa scóráil Bhéarla. Ní hionann an deichniúr (Colún I–V) in aon sraith ar leith ('Scórinneacs', 'Gaeilge', 'Béarla') ná in aon cholún ar leith.

		I	II	III	IV	V
Scórinneacs dátheangach iomlán	Buachaillí	7	5	7	4	3
	Aois	9.8	10.7	10.0	9.7	8.5
	Cumas acadúil	3.7	3.7	4.0	3.3	3.3
	Taithí theilifíse	3.0	3.2	3.7	3.5	3.3
Gaeilge iomlán	Buachaillí	5	6	7	4	4
	Aois	10.1	10.8	10.1	9.6	8.1
	Cumas acadúil	4.1	3.8	3.5	3.3	3.3
	Taithí theilifíse	2.9	3.4	3.5	3.3	3.6
Béarla	Buachaillí	6	5	5	4	6
	Aois	10.3	9.6	10.5	9.9	8.4
	Cumas acadúil	3.8	4.4	3.6	3.2	3.0
	Taithí theilifíse	3.1	3.6	3.3	3.3	3.4

Tábla 42 Rangú na gcainteoirí de réir trí thomhas cumais, in ord íslitheach, ina bhfoghrupaí de dheichniúr.

Ó thaobh an scórinneacs dhátheangaigh de, i dTábla 42, léirítear go bhfuil seachtar buachaillí sa deichniúr is mó cumas dátheangach (agus dá bhrí sin triúr cailíní sa deichniúr céanna) agus mar sin dá réir, cúigear buachaillí i bhfoghrupa II, seachtar buachaillí i bhfoghrupa III, ceathrar buachaillí i bhfoghrupa IV agus triúr buachaillí i bhfoghrupa V. Fágann sin ísliú ar chóimheas na mbuachaillí de réir mar a thagann ísliú ar an scórinneacs dátheangach. Ar an gcaoi chéanna, i sraith an scórinneacs dhátheangaigh, tagann ísliú ar an aois mheánach ó fhoghrupa I (9.8) go dtí foghrupa V (8.5).

I gCairt 203 léirítear an coibhneas atá ag an bhfoghrupa atá i gColún I (is airde) leis an bhfoghrupa atá i gColún V (is ísle) ó Thábla 42 de réir na gceithre thréith shocheolaíochta (á léiriú sna ceithre fho-léaráid: Líon na mbuachaillí, .i. gnéas; Aois; Cumas acadúil; Taithí theilifíse). Mar sin, seasann 'is airde' agus 'is ísle' i gCairt 203 do Cholún I agus do Cholún V faoi seach i dTábla 42.



Cairt 203 Rangú na bpáistí de réir trí shlat tomhais chumais ina dhá bhfoghrupa: an deichniúr is airde le hais an deichniúr is ísle.

Is iad seo a leanas na pointí is suaithinsí atá á léiriú i gCairt 203 (ó thaobh na láimhe clé ar aghaidh de réir na gceithre fho-léaráid):

1. Líon na mbuachaillí: Is mó líon na mbuachaillí i measc na ndaltaí is airde ó thaobh na scórála dátheangaí de agus a mhalairt, is é sin is mó líon na gcaillíní i measc na ndaltaí is ísle ó thaobh na scórála céanna de. Ó thaobh gnéis de, má chuirtear na trí fhoghrúpa is airde sa scórinneacs dátheangach i gcomparáid leis an dá fhoghrúpa is ísle sa scórinneacs dátheangach faightear an cóimheas buachaillí seo: (foghrúpa I–III) 19/30 : 7/20 (foghrúpa IV–V), .i. 19 : 7. Is é sin le rá, is buachaillí 63% den dream is airde gnóthachtáil (i bhfoghrúpa I–III) agus is buachaillí 35% den dream is ísle gnóthachtáil (i bhfoghrúpa IV–V).
2. Aois: Tá an bhearna is mó sa chairt le haithint faoi Aois, tréith a bhfuil a tábhacht dhearfach ó thaobh na gnóthachtála de á léiriú go minic i mbunachar an taighde seo.
3. Cumas acadúil: Tá gaol dearfach idir cumas acadúil agus gnóthachtáil teangeolaíochta, .i. na trí fhoghrúpa is airde ó thaobh scórinneacs agus scórála de (Colún I, Tábla 42), is airde a gcumas acadúil ná formhór na bhfoghrúpaí eile (go háirithe Colún III–V, Tábla 42).
4. Taithí theilifse: Is airde í an taithí theilifse ag an deichniúr is ísle scórinneacs agus scóráil. Is sa scóráil Ghaeilge atá an bhearna is mó; téann an taithí theilifse is ísle leis an scóráil Ghaeilge is airde agus téann an taithí theilifse is airde leis an scóráil Ghaeilge is ísle.


Is féidir pointí 2–4 a thagairt do thorthaí sochtheangeolaíochta ginearálta idirnáisiúnta, is é sin (2 agus 3) ardú ar an ngnóthachtáil teangeolaíochta de réir aoise agus cumais acadúil, (4) ísliú ar an ngnóthachtáil teangeolaíochta i gcuid den taighde socheolaíochta de réir thaithí na teilifse. Ar an lámh eile de, is minic malairt phointe 1 á léiriú sa tsochtheangeolaíocht ghinearálta, is é sin, is minic gnóthachtáil teangeolaíochta na gcaillíní a bheith chun cinn ar ghnóthachtáil na mbuachaillí. Ach i gcás mionteangacha atá faoi bhagairt is minic gurb iad na fireannaigh is airde gnóthachtáil sa mhionteanga (cé go mbaineann baineannaigh gnóthachtáil níos airde amach go minic sa mhionteanga i sochaithe ina bhfuil baineannaigh níos scoite amach ó ghréasáin na mórtheanga ná fireannaigh).

Tagann an léiriú seo ar na ceithre thréith shocheolaíochta leis na comhghaolta atá ag na ceithre thréith shocheolaíochta leis an scórinneacs, mar atá gnéas (-0.264, luach diúltach mar gheall ar na buachaillí a thógáil mar bhonn don tsraith), aois (0.319), cumas acadúil (0.194), taithí theilifse (0.155). Tagann sin freisin leis na comhghaolta a fhaightear nuair a scagtar na táscairí teangeolaíochta agus na cúinsí socheolaíochta leith ar leith. Tá comhghaolta arda le sonrú ach go háirithe ó thaobh aoise de (m.sh. aidiacht bhreischéime Ghaeilge [0.558], líon leamaí Gaeilge [0.477], ainm iolra Gaeilge [0.475], .i. ardú a theacht ar an ngnóthachtáil sna táscairí Gaeilge seo de réir aoise) agus ó thaobh cumais acadúil de (m.sh. briathar mírialta Béarla [0.454], éagsúlacht na marcóirí dioscúrsa T1 sa chomhrá Gaeilge [0.400]; féach Aguisín E).

### 9.3.1 Gnéas (agus aois) de réir an chumais dhátheangaigh


I gCairt 204 léirítear an éagsúlacht atá idir cailíní agus buachaillí ina scórinneacs dátheangach iomlán. Dá mbeadh cumas cothrom ag na páistí sa dá theanga bheidís dáilte thart ar lár ais X (0 sigme). Is léir sa chairt go bhfuil buaic níos airde, agus níos gaire do 0, luach na cothroime dátheangaí, ag sraith na mbuachaillí (gorm). Is léiriú eile é seo ar mhíbhuntáiste na gcaillíní i leith na gnóthachtála dátheangaí.

9. Staitistic shochtheangeolaíochta: táscairí teanga, scóráil chumais, scórinneacs dátheangach agus cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil



Cairt 204 Histogram de dháileadh na ndaltaí sa scórinneacs iomlán de réir gnéis.


I gCairt 205 léirítear an scórinneacs de réir dhá chúinse socheolaíochta, gnéas agus aois, a bhfuil comhghaol suaithinseach eatarthu.



Cairt 205 Dáileadh scórinneacs dhátheangaigh na ndaltaí de réir gnéis agus aoise.

Is léir nach dtagann athrú suaithinseach ar chumas dátheangach na mbuachaillí de réir aoise ach feictear ardú an-soiléir sa líne threochta i gcuair na gcaillíní. Is spéisiúil le haithint áfach gur ag aois ocht mbliana is airde scórinneacs tomhaiste na mbuachaillí agus go bhfuil ísliú leanúnach ina scórinneacs ón aois sin go dtí aois 12 bliain.

Is féidir léiriú níos mine a thabhairt ar an gcúis atá leis an éagsúlacht seo ach díriú ar na scóralacha Gaeilge agus Béarla de réir na gcúinsí céanna socheolaíochta (aois agus gnéas). I gCairt 206, ar mhaithe leis an tsimplíocht, tá na daltaí aicmithe i dtrí ghrúpa aoise de bhallaíocht chothrom: Aoisghrúpa I (17 dalta) ina bhfuil daltaí idir 7 agus 9 mbliana d'aois, Aoisghrúpa II (17 dalta) ina bhfuil daltaí atá 10 mbliana d'aois, agus Aoisghrúpa III (16 dalta) ina bhfuil daltaí atá idir 11 agus 12 bliain d'aois. Is léir in íochtar na cairte (cuair ghorma) línte treochta comhthreomhara na gcuair; línte treochta comhthreomhara a léiríonn scóráil na mbuachaillí agus na gcaillíní sa Ghaeilge. Tagann feabhas comhthreomhar de réir aoise ar a gcuid Gaeilge, idir chailíní agus buachaillí. Ach tá éagsúlacht le haithint i línte treochta na gcuair a léiríonn scóráil na mbuachaillí agus na gcaillíní sa Bhéarla (cuair dhearga in uachtar na cairte). Tá difríocht mhór idir cumas Béarla na gcaillíní agus na mbuachaillí ag aois óg. Tá cumas Béarla níos airde ag na cailíní ón tús agus ní thagann ardú air de réir aoise. Ach tagann ardú ar leibhéal cumais Bhéarla na mbuachaillí agus iad ag dul in aois nó go sroicheann siad leibhéal cumais na gcaillíní. Dá bhrí sin níl ardú suaithinseach i gcumas dátheangach na mbuachaillí de réir aoise mar gheall ar an bhfeabhas a thagann orthu sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. Tá ardú suaithinseach i gcumas dátheangach na gcaillíní mar gheall ar an ardú a thagann ar a gcumas Gaeilge (agus go bhfuil a gcumas Béarla cothrom i ngach aoisghrúpa).



Cairt 206 Dáileadh scórail Ghaeilge agus Bhéarla na gcailíní agus na mbuachaillí de réir trí aoisghrúpa chothroma.

De bharr a spéisiúla is a bhí na cairtphlotaí seo, rinneadh staidéar ar an ngaol atá idir scórail sa dá theanga leith ar leith agus gnéas na ndaltaí. Ní bhfuarthas aon éifeacht shuntasach a bheith ag Gnéas, ar an scórail Ghaeilge ná ar an scórail Bhéarla. Rinneadh na tástálacha sin sa tsamhail líneach ghinearálta a chuimsigh an táscaire Aois, sa chaoi gur coigeartaíodh d'éifeacht Aoise (baineadh éifeacht Aoise as an staidéar) i dtástáil éifeacht Ghnéis na ndaltaí. Tástáladh sa tsamhail chomh maith an t-idirghníomhúchán idir gnéas agus aois sa scórail Ghaeilge. Ní bhfuarthas aon luach suntasach staitistiúil leis an idirghníomhúchán idir gnéas agus aois i scórail Ghaeilge na ndaltaí. As an anailís sa tsamhail líneach ghinearálta ar an éifeacht a bhí ag an Scórail Ghaeilge iomlán ar an idirghníomhúchán idir gnéas agus aois (gnéas x aois) ní bhfuarthas aon suntasacht staitistiúil (P-luach = 0.399).


### 9.3.2 Aois agus an ghnóthachtáil teangeolaíochta

San fhochaibidil seo pléimid an gaol atá idir aois na bpáistí agus a ngnóthachtáil teangeolaíochta. Tá sé tábhachtach aon fhianaise ar athrú a thiocfadh ar ghnóthachtáil na bpáistí de réir aoise a iniúchadh. Bheifí ag súil go dtiocfadh ardú ar ghnóthachtáil páiste de réir mar a théann sé nó sí in aois, agus sin é an léiriú a fhaightear sa taighde seo. Ach is léiriú é san am dealraitheach (.i. aoisghrúpaí éagsúla in aon am iniúchta ar leith), ó tharla gan fianaise againn sa taighde seo san am réalaióch (.i. sonraí ar phainéal páistí ag amanna éagsúla i gcaitheamh bhlianta na hóige). Léirítear sna torthaí go ginearálta ardú gnóthachtála sa Ghaeilge agus sa Bhéarla de réir aois na bpáistí. Leagaimid romhainn san fhochaibidil seo mar sin staitistic thuairisciúil a chur i láthair chomh maith le tástáil staitistiúil a dhéanamh ar shuntasacht an chomhghaoil idir an táscaire socheolaíochta Aois agus táscairí teangeolaíochta. Léiríonn an staitistic thuairisciúil go bhfuil an táscaire Aois suaithinseach agus seasmhach go minic maidir lena ghaol dearfach le gnóthachtáil teanga (i gcás an dá theanga). Léiríonn an scagadh suntasachta staitistiúla, ar an dá theanga go neamhspleách ar a chéile, go bhfuil suntasacht ag baint le haois i ngnóthachtáil an dá theanga.<sup>21</sup>

<sup>21</sup> Nuair a dhéantar samhltú ar scórail an dá theanga i dtaca leis na hathrúga socheolaíochta, faightear éifeacht shuntasach i ngach cineál anailíse ag an athróg Cóimheas Gaeilgeoirí (Fochaibidil 9.3.3). Chuireamar anailís i bhfeidhm go ginearálta sa taighde seo sa tsamhail líneach ghinearálta, ós rud é go gcuimsíonn an tsamhail líneach ghinearálta an anailís chúlchéimnithe agus an anailís athraithe (san anailís chúlchéimnithe bíonn gach athróg cainníochtúil, agus san anailís athraithe bíonn gach athróg cáilíochtúil; nuair a thugtar san áireamh athrúga mar tháscairí sa tsamhail staitistiúil, is féidir cur chuige cúlchéimnithe a chur i bhfeidhm i gcás athróg cainníochtúil agus cáilíochtúil araon, agus seo é dáiríre atá i gceist leis an gcur chuige sa tsamhail líneach ghinearálta). I dtaca le samhail thíosach a roghnú, fuairamar go raibh gá an athróg Cóimheas Gaeilgeoirí agus an athróg Aois a thabhairt san áireamh. Is féidir gach athróg ionchuir socheolaíochta eile a fhágáil de leataobh, cé gurbh fhiú breis iniúchta a dhéanamh le scagadh níos mine a dhéanamh ar an athróg Cumas Acadúil ós rud é go bhfuil sé 'gar' do bheith suntasach (P-luach = 0.052). Nuair a dhéantar anailís sa tsamhail líneach ghinearálta (leis an dá athróg Cóimheas Gaeilgeoirí agus Aois) ar Scórail Ghaeilge iomlán faightear dhá P-luach shuntasacha: P-luach 0.000 don athróg Cóimheas Gaeilgeoirí agus P-luach 0.032 don athróg Aois. Ach an anailís staitistiúil a chur i bhfeidhm d'uireasa na hathrúige Cóimheas Gaeilgeoirí, bunaithe ar anailís (leis na trí athróg Aois, Cumas Acadúil agus Gnéas) ar an Scóirinnéacs Dátheangach, is iad na P-luachanna a fuarthas d'athrúga socheolaíochta eile: Aois 0.031; Cumas Acadúil 0.052; Gnéas 0.120. Is léir gurb í an athróg Aois is suaithinsí P-luach anseo, rud a thagann leis na staitisticí tuarascálacha (Caibidil 5). Ní bhfuarthas aon rian suntasachta maidir le Taithí Theilífse de, agus dá bhrí sin níor cuireadh san áireamh san anailís seo é.




D'fhonn achoimre thomhaiste a thabhairt ar an ngnóthachtáil sa dá theanga ar leith rinneadh scór teangeolaíochta gach dalta i ngach táscaire a chuntas ina Z-scór.<sup>22</sup> Is ceart a lua go dtugann na Z-scórranna do gach dalta i ngach táscaire teangeolaíochta tacar uimhreacha ag a bhfuil meán 0 agus diall caighdeánach 1. Do gach dalta faightear meán Z-scórranna na dtáscairí teangeolaíochta uile le scór meánach i ngach teanga. Beidh na meáin seo lárnaithé ar 0; má éiríonn go maith le dalta i dteanga ar leith, beidh meán a cuid nó a chuid Z-scórranna mór agus dearfach, ach beidh an meán i bhfad faoi 0 má tá scór iomlán an dalta sin lag sa teanga sin. Dá bhrí sin, mar shampla, má tá scór meánach ard ag dalta i dteanga ar leith, is léiriú é sin ar chumas ní b'airde sa teanga sin. Is díol suime féachaint cé mar a athraíonn scór ilchodach dalta (.i. meán Z-scórranna dalta) le haois. I gCairt 207 léirítear an gaol atá idir aois na bpáistí, ó aois 7 go haois 12, agus Z-scórranna ilchodacha na dtáscairí teangeolaíochta inchomparáide sa Ghaeilge.



Cairt 207 Scaipghram d'Aois agus Z-scórranna ilchodacha na dtáscairí teangeolaíochta inchomparáide sa Ghaeilge, mar aon lena líne fheiliúna sa chúlchéimniú líneach.

Is léir ó líne threochta Chairt 207 go dtagann ardú ar Z-scórranna na Gaeilge de réir aois na bpáistí. Feabhsaíonn a gcuid Gaeilge le haois. Tá an t-ardú seo sna Z-scórranna an-suntasach ó thaobh na staitistice de (P-luach = 0.003).

I gCairt 208 léirítear an gaol idir aois na bpáistí agus Z-scórranna comhtháite na dtáscairí teangeolaíochta inchomparáide sa Bhéarla.



Cairt 208 Scaipghram d'Aois agus Z-scórranna ilchodacha na dtáscairí teangeolaíochta inchomparáide sa Bhéarla, mar aon lena líne threochta.


<sup>22</sup> Is éard atá i gceist leis an Z-scór a bhaineann le toradh aon dalta ar leith ná líon na ndiall caighdeánach atá an toradh sin ó mheán an ghrúpa.



Is léir ó líne threochta Chairt 208 go dtagann ardú ar Z-scóranna an Bhéarla de réir mar a théann na páistí in aois. Feabhsaíonn a gcuid Béarla le haois. Tá an t-ardú seo sna Z-scóranna an-suntasach arís eile ó thaobh na staitistice de ( $P$ -luach = 0.001). De chlabhsúr ar an bhfochaibidil seo, mar sin, is féidir a mhaíomh go bhfuil fianaise láidir ann ar fheabhas leanúnach a theacht ar an dá theanga de réir ardú ar aois na bpáistí.

### 9.3.3 Cóimheas Gaeilgeoirí sa scoil agus an cumas Gaeilge / dátheangach

San fhochaibidil seo, dírimid ar an ngaol dearfach atá idir cóimheas Gaeilgeoirí i scoil ar leith agus gnóthachtáil dhátheangach na ndaltaí sa scoil chéanna (an ghnóthachtáil sa Ghaeilge go sonrach). Nuair a scagtar an scóráil Bhéarla agus Ghaeilge agus an scórinneacs dátheangach, feictear gur féidir gnóthachtáil na scoileanna sa staidéar seo a rangú ón scoil is airde scóráil Ghaeilge go dtí an scoil is ísle scóráil Ghaeilge. Is féidir chomh maith céanna iad a rangú ón scoil is airde scórinneacs dátheangach go dtí an scoil is ísle scórinneacs dátheangach. Tarlaíonn go bhfuil na scoileanna beagnach san ord céanna sa dá rangú seo. I gCairt 209 léirítear dáileadh na scoileanna in ord íslitheach sa scórinneacs dátheangach. Na ceithre scoil is airde sa scórinneacs dátheangach is iad is airde sa scóráil Ghaeilge.




Cairt 209 Dáileadh na n-ocht scoil in ord íslitheach sa scórinneacs dátheangach.

Fuarthas eolas ó na hoidí agus ó lucht oideachais eile sa phobal cé mhéad cainteoir gníomhach Gaeilge (.i. Gaeilgeoir) a bhí le fáil as beagnach iomlán na ranganna ar taifeadadh dalta astu. Go bunúsach fuarthas an líon Gaeilgeoirí, le hais Béarlóirí, a bhí i rang an dalta. Faightear cóimheas (ranganna samplaithe) gach scoile ar leith ach iomláin na ranganna ábhartha a shuimiú. Léirítear sna barraí faisnéise i gCairt 209 an cóimheas cainteoirí gníomhacha Gaeilge a bhí i gceist i ranganna samplaithe gach scoile. Sna ceithre scoil is airde ar an scórinneacs dátheangach, tá cóimheas na nGaeilgeoirí i bhfad níos airde ná sna ceithre scoil is ísle ar an scórinneacs. Is é 86% an cóimheas meánach de Ghaeilgeoirí sna ceithre scoil is airde ar an scórinneacs, agus, i gcontrárthacht leis sin, is é 46% an cóimheas meánach de Ghaeilgeoirí sna ceithre scoil is ísle ar an scórinneacs. Nó lena rá ar shlí chontrártha, 14% an cóimheas meánach de Bhéarlóirí sna ceithre scoil is airde ar an scórinneacs, agus, i gcontrárthacht leis sin, is é 54% an cóimheas meánach de Bhéarlóirí sna ceithre scoil is ísle ar an scórinneacs. Tá an difríocht idir an dá ghrúpa scoileanna suaithinseach ó thaobh an scórinneacs dhátheangaigh: tá scórinneacs na gceithre scoil is airde dhá oiread chomh mór le luach na gceithre scoil is ísle. San fhianaise seo tá gaol diúltach á léiriú, mar sin, idir cóimheas ard Béarlóirí a bheith i scoil agus an ghnóthachtáil Ghaeilge agus dhátheangach araon.

Tá coibhneas á léiriú anseo idir sóisialú scoile sa Ghaeilge agus cumas sa Ghaeilge agus, dá bhrí sin, cumas dátheangach. Cé go dtuairiscítear leibhéal iompar Gaeilge na dtuismitheoirí a bheith mar a chéile i gcás theaghlach na ndaltaí a taifeadadh as gach ceann d'ocht scoil an tionscadail, éiríonn níos fearr le seachadadh na Gaeilge i gcomhthéacs ina bhfuil líon mór teaghlach (86% ar an meán anseo, de réir chóimheas na nGaeilgeoirí) ag seachadadh Gaeilge amháin chun a gclainne. Ach fiú sa chomhthéacs coibhneasta ard sóisialaithe Gaeilge sin, tá an scórail Bhéarla chun tosaigh ar an scórail Ghaeilge.<sup>23</sup>

Tugtar faoi deara nach bhfuil aon choibhneas fianaithe idir an leibhéal sóisialaithe sa Ghaeilge ar scoil agus an cumas sa Bhéarla. An cumas sa Bhéarla, fanann sé cothrom sa chairt i gcás na scoileanna ar fad. Léiríonn sé seo sealbhú comhsheasmhach ar an mórtheanga, neamhspleách ar an leibhéal cumais sa mhionteanga. Is feiniméan é seo a luaitear coitianta sa léann idirnáisiúnta ar an dátheangachas mionlaigh: go sealbhaítear an mhórtheanga go hiomlán nó 'gan dua' agus nach bhfuil sé ag brath ar an mionteanga. (Ó tharla go mbíonn an sealbhú dátheangach éagothrom go hiondúil, is tuar chun sealbhú laghdaithe nó chun báis na mionteanga é an sealbhú neamhthrioblóideach ar an mórtheanga. Go hachomair, tá fianaise sa taighde seo agus sa léann idirnáisiúnta: *mura féidir le páiste gan an mhórtheanga a shealbhú go hiomlán, ní féidir le páiste an mhionteanga a shealbhú go hiomlán.*)

I gCairt 210 tá gaol soiléir dearfach sa líne threochta idir cóimheas na gcainteoirí gníomhacha (.i. cóimheas na nGaeilgeoirí) agus scórail Ghaeilge iomlán na ndaltaí éagsúla (50 spota dearg) sna hocht scoil ar leith (ocht sraith spotáí dearga).



Cairt 210 Scórail Ghaeilge iomlán na ndaltaí sna hocht scoil i gcomparáid le cóimheas na gcainteoirí gníomhacha Gaeilge.

Is é sin le rá, bíonn scórail Ghaeilge níos airde ag na daltaí a fhreastalaíonn ar scoil a bhfuil leibhéal níos airde Gaeilgeoirí inti. San anailís ar an ngaol idir an Scórail Ghaeilge iomlán agus Cóimheas na nGaeilgeoirí, fuarthas éifeacht thar a bheith suntasach (P-luach = 0.000+). Bhí éifeacht suntasachta i gceist chomh maith céanna nuair a cuireadh Aois leis an tsamhail staitistiúil. San anailís seo ar an éifeacht atá ag cóimheas na nGaeilgeoirí ar scórail an Bhéarla ní bhfuarthas suntasacht ar bith (P-luach 0.846).

## 9.4 Clabhsúr

Tugaimid conclúid agus achoimre ar an gcaibidil seo, agus go háirithe ar an éagothroime chumais a léirítear sa saothar trí chéile, i dtús Chaibidil 10.

<sup>23</sup> Maidir leis an scoil is ísle ar an scórinneacs, tá an cóimheas gnéis sa scoil seo an-éagothrom inár sampla. Is mó líon na gcaifní ná líon na mbuachaillí a taifeadadh sa scoil seo.

## Léitheoireacht bhreise

- Gathercole, V. M. (eag.) (2013) *Solutions for the Assessment of Bilinguals*. Bristol: Multilingual Matters.
- Gathercole, V. M. agus Thomas, E. M. (2009) 'Bilingual First-language Development: Dominant language takeover, threatened minority language take-up', *Bilingualism: Language and Cognition* 12, 2: 213–37.
- Koven, M. (2007) *Selves in Two Languages: Bilinguals' verbal enactments of identity in French and Portuguese*. Amstardam: John Benjamins.
- McKay, P. (2006) *Assessing young language learners*. Cambridge: CUP.
- Montrul, S. A. (2008) *Incomplete Acquisition in Bilingualism: Re-examining the Age Factor*. Amstardam/Philadelphia: John Benjamins.
- Wright, S. C., Taylor, D. M. agus Macarthur, J. (2000) 'Subtractive Bilingualism and the Survival of the Inuit Language: Heritage versus Second-Language Education', *Journal of Educational Psychology* 92: 63–84.

# Sociolinguistic statistics: linguistic variables, ability scoring, bilingual score index and ratio of Irish speakers in school

In this chapter we bring together the various strands of this research report through statistical analysis of the linguistic and sociological variables, at a greater level of abstraction than the previous descriptive analyses in earlier chapters. We analyse both the linguistic and the sociological variables. We discuss the correlation of linguistic features with each other, in both Irish and English separately, as well as the correlation of linguistic features between both languages jointly; and we note in particular the importance of competence in vocabulary as an indicator of general linguistic competence. Following the correlational analysis, we present in the central analysis a summary calculation of ability scores of each pupil in Irish and ability scores of each pupil in English. Then, by subtracting the ability score for English from the ability score for Irish, we arrive at a bilingual score index. This bilingual score index forms the basis of conclusions reached concerning the children's general bilingual ability. Next, we turn our attention to the relation between the sociological variables and bilingual ability. We examine especially the positive relation between the ratio of active Irish-speaking pupils in the schools on the one hand and the pupils' bilingual ability on the other (their Irish ability in particular). The presentation of the challenging sociolinguistic results of our research is concluded at the beginning of Chapter 10 (Section 10.1 The advantage of English over Irish).

## 9.1 Relation between linguistic variables

When the correlations between linguistic variables are examined, variables related to vocabulary ability (Number of lemmata and L1 lemmata, shaded boxes in Table 35; see also Appropriate lemmata) are noteworthy as an indication of the children's linguistic ability as a whole. There is, for instance, a correlation of 0.691 between the variable Comparative adjective and the variable Number of lemmata in the full corpus.\*

Irish Variable	Irish Variable	Correlation
Comparative adjective	Number of lemmata	0.691
%Variety L1 Discourse markers	Variety Discourse markers	0.636
Plural noun	Appropriate lemmata	0.623
Initial mutations	Plural noun	0.566
Comparative adjective	Plural noun	0.559
Initial mutations	Number of lemmata	0.508
Variety Discourse markers	Number of lemmata	0.436

\* The rate of correlation refers to the relation between two data series: a value of 0 means there is no relation and a value of 1 means that there is a complete overlap between the series, and a positive value means there is a positive correlation (if one series increases, the other increases), while a negative value describes a negative correlation (if one series increases, the other decreases).

Irish Variable	Irish Variable	Correlation
Initial mutations	Appropriate lemmata	0.426
Comparative adjective	L1 lemmata	0.418
Plural noun	Number of lemmata	0.418
Appropriate lemmata	Number of lemmata	0.417
Variety Discourse markers	Comparative adjective	0.400
Comparative adjective	Appropriate lemmata	0.384
Phonetics of <i>r</i>	Plural noun	0.380
L1 lemmata	Number of lemmata	0.362
Phonetics of <i>r</i>	L1 lemmata	0.328
Variety L1 Discourse markers	L1 lemmata	0.319
Initial mutations	L1 lemmata	0.318
Irregular verb	L1 lemmata	0.310
Copular pronoun gender	Proficiency statement	0.310
Plural noun	L1 lemmata	0.307
Copular pronoun gender	Appropriate pronoun	-0.328
Appropriate pronoun	Interrogative variety	-0.411

Table 35 Noteworthy correlations between Irish variables only.

Table 35 presents the noteworthy correlations between the linguistic variables in Irish. It is obvious that L1 lemmata is the most common variable in the table. International research of both monolinguals and bilinguals often shows a strong relation between speakers' ability in vocabulary and their general linguistic ability. The results of our research support this particular finding from the international research literature regarding the centrality of ability in vocabulary as a general indicator of linguistic competence. This centrality of ability in vocabulary has grave implications for a minority language community in which codeswitching with majority language vocabulary is common in the minority language.

There are fewer noteworthy correlations between English-language variables than is the case for Irish as is clear when we compare and contrast Table 35 with Table 36. There may be a relation between the children's greater functionality in English and their more balanced norms in English ability overall with the smaller number of noteworthy correlations in English. Number of lemmata (x4) and Appropriate lemmata (x3) are the most common variables present in the table.

English Variable	English Variable	Correlation
Plural noun	Appropriate lemmata	0.740
Variety Discourse markers	Number of lemmata	0.694
Irregular verb	Appropriate lemmata	0.550
Appropriate lemmata	Number of lemmata	0.424
Plural noun	Number of lemmata	0.421
Irregular verb	Plural noun	0.414
Word count fluency	Number of lemmata	0.374
Appropriate preposition	Comparative adjective	0.373
Appropriate preposition	Interrogative variety	0.347
Proficiency statement	Appropriate lemmata	0.326
Variety Discourse markers	Word count fluency	0.323
Disfluency	Word count fluency	-0.378

Table 36 Noteworthy correlations between English-language variables only.

Table 37 presents the noteworthy correlations between English-language and Irish-language variables when the two languages are compared.

9. Sociolinguistic statistics: linguistic variables, ability scoring, bilingual score index and ratio of Irish speakers in school

English Variable	Irish Variable	Correlation
Appropriate lemmata	Plural noun	0.476
Appropriate lemmata	Initial mutations	0.467
Word count fluency	Word count fluency	0.454
Appropriate lemmata	Comparative adjective	0.454
Pronoun	Proficiency statement	0.440
Plural noun	Plural noun	0.439
Irregular verb	Comparative adjective	0.435
Number of lemmata	Number of lemmata	0.420
Plural noun	Comparative adjective	0.402
Irregular verb	Copular pronoun gender	0.364
Interrogative variety	Proficiency statement	0.358
Plural noun	Disfluency	0.358
Word count fluency	Number of lemmata	0.354
Number of lemmata	Word count fluency	0.337
Number of lemmata	Variety Discourse markers	0.336
Appropriate lemmata	L1 Lemmata	0.335
Variety Discourse markers	Variety Discourse markers	0.322
Appropriate lemmata	Irregular verb	0.315
Plural noun	Number of lemmata	0.311
Plural noun	Interrogative variety	0.310
Word count fluency	Proficiency statement	-0.302
Variety Discourse markers	Disfluency	-0.309
Variety Discourse markers	Proficiency statement	-0.371
Number of lemmata	Proficiency statement	-0.464

Table 37 Noteworthy correlations between Irish- and English-language variables.

Table 38 contains noteworthy correlations between the variables which are comparable across the two languages. The correlations between comparable variables are based on the pupils' average score in both languages (see the following section below, 9.2), so that the correlation score is based on the average score of all the pupils. In the right-hand column of the table, correlations which are greater than 0.3 or less than -0.3 are shaded; only four variables fall into this category: Number of lemmata, Plural noun, Word count fluency and Variety in L1 discourse markers. The only two variables where the average pupil score was higher in Irish are the Number of lemmata and Word count fluency; average scores in English were better for all other variables. With the exception of Word count fluency, these correlations demonstrate that the pupils' competence in English outperforms their competence in Irish.

Category	Variable	Score		Correlation
		Irish	English	
Vocabulary	Number of lemmata	66.0	65.8	0.420
	L1 lemmata	91.4	99.3	0.024
	Appropriate lemmata	97.6	99.1	0.242
Morphology	Plural noun	88.3	94.1	0.439
	Irregular verb	70.5	74.3	0.285
	Comparative adjective	55.1	85.0	-0.103
Syntax	Interrogative variety	53.4	62.6	0.033
Semantics	Prepositions	98.0	99.8	-0.010

Category	Variable	Score		Correlation
		Irish	English	
Fluency	Word count fluency	62.3	56.4	0.454
	Disfluency	81.9	83.1	0.069
	Proficiency statement	98.0	99.0	0.188
Pragmatics	Variety L1 discourse markers	15.2	51.0	0.322

Table 38 Mean score and their related correlations between comparable linguistic variables in the two languages.

Table 39 illustrates the results of statistical analysis on the relationship between comparable linguistic variables.<sup>19</sup>

Category	Variable	Number of Pupils	Paired Differences						t	Sig. (two-tailed)
			Sample Mean Difference	SD	SD Error Mean	95% ConfIntDiff				
						Lower	Upper			
Vocabulary	Number of lemmata	49	0.8	75.7	10.7	-20.7	22.3	0.07	0.942	
	L1 lemmata	49	-7.9	4.1	0.6	-9.1	-6.8	-13.65	0.000	
	Appropriate lemmata	49	-1.5	1.0	0.1	-1.8	-1.2	-10.14	0.000	
Morphology	Plural noun	49	-5.8	6.5	0.9	-7.6	-3.9	-6.24	0.000	
	Irregular verb	48	-3.6	26.4	3.8	-11.2	4.0	-0.96	0.343	
	Comparative adjective	49	-29.9	30.1	4.3	-38.4	-21.3	-7.03	0.000	
Syntax	Interrogative variety	49	-9.2	32.0	4.5	-18.3	-0.1	-2.03	0.048	
Semantics	Preposition	49	1.8	2.0	0.3	1.3	2.4	6.58	0.000	
Fluency	Word count fluency	49	10.8	27.2	3.8	3.0	18.5	2.80	0.007	
	Disfluency	49	1.2	7.8	1.1	-1.0	3.4	1.09	0.280	
	Proficiency statement	49	1.0	2.2	0.3	0.4	1.7	3.32	0.002	
Pragmatics	Discourse markers	49	-3.6	2.2	0.3	-4.2	-2.9	-11.29	0.000	

Table 39 Paired comparison t-tests and corresponding confidence intervals on comparable linguistic variables.

For each variable, the difference between the sample means of Irish and English performances (Irish minus English) was computed, a confidence interval was obtained for the population mean difference, and the *p*-value was calculated for a test of the null hypothesis that this population mean difference is 0. The inferential analysis shows that the analysis of the majority of Irish–English pairs yields a significant observed level of significance (*p*-value), with the exception of Number of lemmata, Irregular verb and Disfluency. In each Irish–English pair where there is a significant *p*-value, attainment in Irish is lower than attainment in English, with the exception of Word count fluency. Therefore, after halving the *p*-values given in the table for two-sided tests, we can conclude that English is demonstrated to be clearly advantaged in the pupils' speech with a very high degree of statistical probability.

## 9.2 Ability scores in each language and bilingual index

Based on the transcripts of interviews with the pupils, their linguistic ability in Irish and English respectively was assessed and presented in the earlier chapters of this report. We selected comparative linguistic categories, where comparison between Irish and English is possible, and the ability of each child in these comparative linguistic categories was tested in both English and Irish. In this multi-category assessment, it was demonstrated that one language can be dominant for a given linguistic feature, while another language can be dominant for another linguistic feature. By combining the results of the analysis in the different linguistic categories for each language separately, a general ability score for each child in each language can be obtained. The scores in Irish and English respectively are examined in this section.

<sup>19</sup> SD = standard deviation of the differences; 'Standard Error Mean' stands for the estimated standard error of the sample mean difference; ConfIntDiff = confidence interval for the difference of means.



The full linguistic results in both languages will then be compared for each individual child, and then by subgroup, for instance, by age and by gender. Pupils whose scores in each language are similar can be described as being relatively balanced bilinguals. Pupils whose scores in the two languages are not similar can, on the other hand, be described as being unbalanced bilingual speakers. Those pupils whose scores are notably higher in English than in Irish are described as English-dominant (or that English is dominant in their bilingual ability). Based on this analysis, a balanced / unbalanced scale of bilingualism, i.e. a Bilingual Score index, is obtained in order to assess any comparative position of dominance of one language ability over the other language ability.

To obtain a full ability score for each language, the linguistic results were quantified for the various linguistic variables (12 comparable variables (Irish–English); 4 independent variables in Irish). In order to give positive values to all variables, values were inverted for variables which had negative values, i.e. L2 lemmata, Inappropriate lemmata, Plural noun, Comparative adjective. The 16 quantified variables are listed in Table 40. These variables were quantified by the following procedures:

- Number of lemmata: The pupil with the highest number of L1 lemmata is placed at the top of a percentage scale, with the results of all other pupils placed on the scale in comparison with this pupil with the highest number of L1 lemmata. Therefore, 100% is assigned to the student with the highest calibrated number of lemmata in either of the two languages (in this instance 572 calibrated lemmata = 100%). Each pupil then receives a percentage score based on a denominator of 572. In Irish, words were classified as L1 for this variable if they are Irish words or older English loan words borrowed into Irish prior to the 1990's, e.g. loan words such as *bicycle* were classified with L1 Irish lemmata (for this variable Number of lemmata).
- L1 lemmata: The additive inverse percentage of loan lemmata produced by a pupil out of the total for that pupil. Therefore, a child whose Irish interview transcript contains 10% English words receives a score of 90% for L1 lemmata.
- Appropriate lemmata: The additive inverse percentage of total inappropriate lemmata.
- Plural noun: The additive inverse percentage of inappropriate plural lemmata.
- Irregular verb: Percentage of appropriate irregular verbs.
- Comparative adjective: The additive inverse percentage of inappropriate comparative adjectives.
- Interrogative variety: The rate of variety in questions.
- Preposition: The number of divergent semantic prepositional instances subtracted from 100, e.g. a pupil with 9 divergent semantic prepositional instances receives a score of 91.
- Word count fluency: The number of words produced by a pupil in a minute of narration.
- Disfluency: The number of disfluency features produced by a pupil in a minute of narration subtracted from 100, e.g. a pupil with 16 disfluency features receives a score of 84.
- Proficiency statement: The number of statements made about a lack of proficiency subtracted from 100, e.g. a pupil making 3 such statements receives a score of 97.
- Discourse markers: The pupil with the highest number of discourse markers (in L1 only), is taken as the top of a percentage scale, and the scores of the other pupils are compared to this. Therefore, 100% refers to the pupil with the highest level of discourse markers in either of the two languages (in this instance 10 different types of discourse markers = 100%). The other pupils are then assigned a percentage score based on the number of L1 discourse markers used. For example, a pupil who has two Irish discourse markers in Irish conversation receives a score of 20% (regardless of how many English (L2) discourse markers are used in the same Irish conversation).
- L1 discourse markers: The percentage of L1 discourse markers in Irish.

- Phonetics of *r*: Percentage of the production of the three types of *r* in a minute's narration according to the following weightings: ((slender *r*\*0.66) + (broad *r*\*0.33) + (English retroflex *r*\* -0.33)) \*100.
- Copular pronoun gender: Percentage of pronouns in appropriate gender.
- Initial mutations: Percentage based on the average of the following mutations: nominal, verbal, adjectival, following the possessive pronoun, following a numeral, following a prefix.

Weighting: Different weightings were applied to the variables to highlight their relative importance in the grammatical or linguistic (and metalinguistic) system of the two languages. A high weighting (2) was applied to two variables, 'Preposition' and 'Proficiency statement' because of their importance and noteworthiness. A low weighting (0.5) was placed on three variables 'Appropriate lemmata', 'Interrogative variety' and 'Word count fluency' due to their (arguably) more marginal significance.

Variable	Weighting	Language	Meaning
Number of lemmata	1	E + I	% of calibrated lemmata
L1 lemmata	1	E + I	L1 lemmata
Appropriate lemmata	0.5	E + I	appropriate lemmata
Plural noun	1	E + I	nouns in the appropriate plural
Irregular verb	1	E + I	appropriate verb
Comparative adjective	1	E + I	appropriate adjective
Interrogative variety	0.5	E + I	variety of questions
Preposition	2	E + I	appropriate preposition
Word count fluency	0.5	E + I	number of words in minute's narration
Disfluency	1	E + I	features of disfluency
Proficiency statement	2	E + I	statement about language ability
Discourse markers	1	E + I	discourse markers (L1)
L1 Discourse markers	1	I	Irish discourse markers in Irish
Phonetics of <i>r</i>	1	I	<i>r</i> sounds
Copular pronoun gender	1	I	pronoun in the appropriate gender
Initial mutations	1	I	appropriate initial mutations

Table 40 Description of the 16 variables used for language ability scores including weightings and explanations.

Arising from the analysis of the database, the different variables can be scored individually as presented in Table 40. The comparable score index is formed from the variables 'E + I' (English and Irish) only, and the total score index is formed by combining the total score indices from the variables 'E + I' and 'I' (Irish only). It is clear from Table 38 above that scoring is higher in English with the exception of Word count fluency. In other words, with the exception of Word count frequency, these correlations indicate that pupils achieve better in English than in Irish. There is a significant statistical correlation between the total Irish score and the English score (Pearson correlation = 0.417, *p*-value 0.003).

By aggregating the results of the language score variables, weighted in accordance with the weightings given in column two of Table 40, one can establish a competence score in each language, and express the result as a percentage for each language for each pupil. This quantification process is a composite scoring procedure that gives an ability score for each language.

### 9.2.1 Bilingual score index

The bilingual score index is composed from the relation of the scores of the two languages with each other. For example, if a pupil received score  $x$  in language A and score  $y$  in language B, a bilingual score index  $z$  is obtained using the expression  $x - y = z$ . For instance:

Pupil's score in Irish: 66.7

Pupil's score in English: 82.5

$66.7 - 82.5 = -15.8$  pupil's bilingual score index

A higher score in language A and a lower score in language B reflect higher pupil ability in language A than in language B. The greater the bilingual score index, the greater the gap in ability between the two languages, and similarly, the more unbalanced the pupil's bilingual ability. Either of the language scores can be subtracted from the other to produce a score index ( $A - B$ , or  $B - A$ , i.e. in this case, Irish minus English, or English minus Irish). For ease of presentation of the results here, it was decided to subtract the English-language score from the Irish-language score. Therefore, in this group of pupils, this mostly resulted in a negative score index. When a bilingual score index is markedly and consistently negative it is indicative of bilingual disadvantage in one of the two languages. Similarly, when a pupil has a negative score index, it is indicative of the pupil being bilingually disadvantaged in one of two languages. The majority of the pupils assessed in this research are bilingually disadvantaged with regard to their Irish.

A score of zero on the bilingual index means that a speaker's ability is completely balanced for both languages. The standard deviation ( $\sigma$ ) for the comparable score index is 4.983, and for the whole score index it is 6.029. Therefore those pupils whose score indices lie within one standard deviation above or below zero can be defined as balanced bilingual speakers. This 'balanced' range is shaded in Chart 197. According to this definition, 19 pupils' results were bilingually balanced in the comparable score index, including four pupils with positive score indices (indicating a higher ability in Irish), and 15 pupils with negative scores (indicating a higher ability in English), while 31 pupils' results showed bilingual imbalance. According to the total score index (Chart 198), however, all pupil results showed a higher level of ability in English, with two pupils in the balanced range and 48 pupils in the unbalanced range.




Figure 197 Irish comparable scores and English scores for pupil results in ascending order of the comparable bilingual score index.

'All of these studies together provide a picture showing that level of exposure to Welsh gives the child the early advantage in learning the structure in question. Thus children who come from OWH [Only-Welsh Homes] homes typically outperform, at an early age, their WEH [Welsh-English Homes] peers [...]. Similarly, children from OWS [Only-Welsh Schools] schools typically outperform their WES [Welsh-English Schools] peers' (Gathercole agus Thomas 2009: 224).

### 10.1.2 Práinn maidir le cur i bhfeidhm moltaí sa chomhthéacs casta seo

I dtorthaí an staidéir seo, agus i bhfoilseacháin eile, léirítear a dhonacht is atá sealbhú na Gaeilge sa ghlúin óg reatha. Tá an léiriú ar leibhéal na gnóthachtála teanga ó thaobh na Gaeilge de ag teacht leis an léiriú ar éigeandáil teanga, ó thaobh na sochtheangeolaíochta de, a tugadh chun solais san SCT (2007).

Fiú sna ceantair ina bhfaightear an léiriú is airde ar líon na gcainteoirí baile Gaeilge, .i. Catagóir A, níl an acmhainn choiteann ag an bpobal, an cothú ba ghá chun an teanga a sholáthar don aos óg le go mbainfeadh an t-aos óg sealbhú iomlán amach sa Ghaeilge. Is é is cionsiocair leis an bpróiseas laghdaithe teanga i measc dálaí eile sa Ghaeltacht ná:

- inghlacthacht fhorlámhas chultúr an Bhéarla
- an creimeadh leanúnach ar dhlús na gcainteoirí Gaeilge i gceantair thraidisiúnta na Gaeilge
- athruithe i gcineál an ionchuir theanga a chloiseann an ghlúin óg
- athruithe i gcineál na Gaeilge a labhraítear a bhfuil lorg na teagmhála teanga leis an mBéarla le sonrú air
- cúngú ar réimsí agus ar fheidhmeanna na Gaeilge ina cuid réimsí traidisiúnta
- athruithe i ndeiseanna an ionghlactha sa sealbhú agus i ndeiseanna an aschuir chumarsáide sa Ghaeilge (fheidhmiúil, aonteangach)
- acmhainn theoranta ag na forais tacaíochta phobail agus oideachais chun na himpleachtaí a bhaineann leis na hathruithe a bhainistiú
- forlámhas nósmaireachtaí na mórtheanga i gcleachtais shóisialta na glúine óige.

Is bonn easnamhach atá faoin gcur chuige reatha san oideachas Gaeilge nó san oideachas dátheangach sa Ghaeltacht agus is léir go bhfuil gá le straitéisí agus cleachtais in aghaidh easpa feidhme na Gaeilge, easpa feidhme atá á leathadh sna pobail Ghaeilge agus sna forais Ghaeilge sa Ghaeltacht. Díreofar anseo ar chás na scolaíochta go háirithe.

I bpobail mhionteanga bíonn claonadh láidir na fíricí diúltacha a shéanadh nó neamhaird a thabhairt ar a n-impleachtaí. Ní mór do lucht polasaí an laicis sin a sheachaint más mian leo leas a bhaint as faisnéis an staidéir seo le bonn níos táirgiúla a chur faoin gcur chuige maidir lena bhfuil fágtha den Ghaeltacht ó thaobh fhéiniúlacht na Gaeilge de.

I ngeall ar a thréine agus a thromchúisí is atá creimeadh á dhéanamh ar chleachtais shóisialta na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta is tábhachtach nach gcuirfí am, fuinneamh agus acmhainní institiúide amú ag iarraidh na fíricí agus an taithí fhírinneach a sheachaint.

Tá riachtanais scolaíochta ag foghlaimeoirí Gaeilge, dar ndóigh, ach ní hionann na modhanna oibre oideachais a fheileann d'fhoghlaimeoirí agus na modhanna atá de dhíth ar chainteoirí dúchais agus ar mhionteangóirí dúchais i gcás na Gaeilge de. Mar shampla, ní chaitear le cainteoirí dúchais Béarla sa Ghalltacht ar nós gur foghlaimeoirí Béarla iad. Is treisiú atá sa chóras oideachais ar an acmhainn dúchais atá ag na cainteoirí dúchais Béarla sa Ghalltacht murab ionann agus cás na nGaeilgeoirí sa Ghaeltacht. Ní mór a bheith san airdeall, mar sin, go bhfuil aghaidh le tabhairt ar riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge ar an mbonn go bhfuil riachtanais shainiúla ar leith acu nach gá gurb ionann iad agus riachtanais na bhfoghlaimeoirí scoile Gaeilge.

Le bonn iontaoifa Gaeilge, nó go deimhin, dátheangach a chur faoi chur chuige an chórais sa Ghaeltacht, ní rogha réadúil straitéise é an *status quo* i gcás an oideachais. Tá dhá mhór-impleacht ag díothú na Gaeltachta don tír ar fad. Beidh deireadh leis an bhféiniúlacht Ghaelach bheo, le pobal na Gaeltachta agus le hoidhreacht bheo na nGael. Fágfaidh sin deireadh leis an bhfoinse réalaióch shóisialta agus threolaíochtúil don Ghaelachas sa tionscadal cultúrtha agus náisiúnta,



agus deireadh leis an nGaeltacht mar eiseamláir athshealbhaithe don fhéiniúlacht Ghaelach. Beidh an córas athshealbhaithe i gcórais oideachais na hÉireann faoi mhíbhuntáiste ón réamhscolaíocht go dtí an tríú leibhéal. Mar shampla praiticiúil amháin, beidh deacracht oiliúint oiriúnach a chur ar ábhair oidí gan taithí shóisialta sa Ghaeltacht. Molaimid anseo síos leasuithe le feabhas a chur ar an gcóras reatha.

### 10.2 An córas Stáit, an pobal agus na daltaí

Maíonn Ó Curnáin (2007, 2009, 2012) go bhfuil laghdú ag teacht ar acmhainn shealbhaithe Gaeilge i measc na gcainteoirí ó na 1960í i leith agus go bhfuil an próiseas laghdaithe sin ag teacht i dtreis ó shin i leith. Fágann sin go bhfuil an cumas Gaeilge á laghdú go leanúnach i measc tuismitheoirí agus sa dream a bhfuil údarás acu ar an óige, .i. múinteoirí, gaolta agus cairde na muintire. Is sa ghlúin is óige atá an Ghaeilge is laghdaithe sa phróiseas leanúnach seo, glúin i ndiaidh glúine. Is éard atá á léiriú i dtorthaí an taighde seo maidir leis an nglúin is óige: ceann chointeanóid an mheatha reatha nó ceann chointeanóid mhíbhuntáiste an mhionteangachais. Dá bhrí sin, is próiseas é seo a thosaigh sa Ghaeltacht nua-aoiseach leathchéad bliain ó shin ar a dheireaná. Tá, mar shampla, aonchineálachas stíl na cainte sa Ghaeilge agus an chaint chódhmheasctha coitianta i nglúin na tuismitheoireachta agus sa ghlúin mheánaosta. Tá éifeacht mhór aige seo ar chumas agus feidhmiúlacht na glúine atá ag teacht in inmhe faoi láthair.

Chomh maith le deacracht i leith an chumais tá leochaileacht ó thaobh na ceannaireachta de, cúinse atá coitianta i gcomhthéacs pobal mionteanga mar go n-éileodh ceannairí gníomhartha dúshlánacha ar an bpobal. Teastaíonn bonn tacúil pobail a bheith ann le go mbeidh feidhm agus rath ar fhorais tacaíochta sa phobal.

Tá an córas oideachais ag feidhmiú i gcomhthéacs pobail nach bhfuil ag éirí leo sealbhú iomlán a bhaint amach sa mhionteanga. Fabht eile is ea an easpa ceannaireachta ar son na Gaeilge a thugann córas an Stáit uile don phobal a bhfuil sé ag feidhmiú ar a son. I measc aidhmeanna an staidéir seo, táimid ag iarraidh aird a tharraingt ar an ngá atá le feabhas a chur ar an mbonn tuisceana i leith na gcastachtaí agus na ndúshlán seo. Dá dhúshlánaí dá bhfuil an míbhuntáiste Gaeilge atá á léiriú sa staidéar seo, is dóigh go mbeadh cumas Gaeilge na ndaltaí níos laige fós murach an soláthar oideachais agus iarrachtaí na scoileanna maidir le cothú na Gaeilge (féach, m.sh., an feabhas a thagann ar ghnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge le hAois, Fochaibidil 9.3.2). Ní miste a mheabhrú gur minic nach labhraíonn daoine óga mionteanga atá ag fáil bháis nó faoi bhagairt ina bpobal féin de cheal í a shealbhú go hiomlán ((agus de cheal stádas na teanga srl.) Dorian 1981, Kulick 1992, Sherkina-Lieber *et al.* 2011). Is éisteoirí amháin iad sa mhionchultúr teanga sin, agus fágann sin gur mionteangóirí fulangacha amháin iad. I gcodarsnacht leis na héisteoirí sin, tá acmhainn ghníomhach na gcainteoirí óga sa Ghaeltacht níos forbartha: labhraíonn formhór na gcainteoirí laghdaithe an Ghaeilge. Is dócha go dtugann an pobal agus an Stát feidhmiúlacht agus stádas don Ghaeilge sa chaoi agus go gcuidíonn sin leis na sealbhóirí óga labhairt na Gaeilge a fhorbairt. Tá an cumas gníomhach labhartha sa Ghaeilge níos forbartha go ginearálta ná cumas fulangach na tuisceana amháin.

### 10.3 Bonn tuisceana an chórais reatha oideachais

#### 10.3.1 Tuisceantí ar fheidhmiú an chórais

Níor thug an córas oideachais faoi mhúnla oideachais a fhorbairt riamh a d'fhéach le hoideachas sprioctha a chur ar fáil do chainteoirí dúchais Gaeilge agus a bheadh ag freastal sa dúchas sin ar a bhforás cogneolaíochta, acadúil agus intleachtúil. Rinne Stát na hÉireann faillí cheana i moltaí a thug aghaidh ar na cúinsí sochtheangeolaíochta is bonn leis an mionteangú agus i moltaí oideachais a ghabhfadh i ngleic leo agus a bheadh ag teacht le múnla sainithe oideachais sa chéad teanga lánsealbhaithe do mhionteangóirí (féach an easpa cuir i bhfeidhm i leith mholtaí Mhic Dhonnacha *et al.* 2005, SCT 2007 agus Uí Fhlatharta 2007, tuarascálacha a choimisiúnaigh an Stát féin, gan trácht ar mholtaí fóinteacha proifisiúnta i bhfoilseacháin neamhstáit i gcaitheamh na mblianta).



Ní féidir an múnla oideachais a bheadh le bunú ar bhonn Gaeilge a bheadh á lánsealbhú ag páiste ag tús na scolaíochta, ní féidir sin a chur i bhfeidhm anois i ngeall ar laghad an tsealbhaithe Gaeilge a chuireann na páistí i gcrích faoi réir na gcúinsí reatha sochtheangeolaíochta agus de bharr nár oileadh na múinteoirí i gcomhthéacs ina bhfuil an sealbhú iomlán teanga de dhíth (ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí).

Dá mbeadh múnla sainithe oideachais sa chéad teanga lánsealbhaithe i bhfeidhm do mhionteangóirí Gaeilge, is cinnte go n-aithneofaí laigí sealbhaithe cainteoirí laghdaithe ina ngnóthachtáil oideachais, sa ghnóthachtáil oideachais teanga ach go háirithe. De bharr go bhfuil an curaclam Gaeilge ag díriú ar fhoghlaimoírí Gaeilge seachas ar chainteoirí dúchais Gaeilge, níl an ghnóthachtáil dúchais á tomhas sa chóras seo. Féach go ngnóthaíonn daltaí go náisiúnta ag an ardleibhéal sna scrúduithe dara leibhéal stáit marcanna sa Ghaeilge a bhíonn cothrom leis na marcanna sa Bhéarla, sa Teastas Sóisearach, nó níos fearr ná na marcanna sa Bhéarla, san Ardeistiméireacht (tuairiscítear freisin torthaí inchomparáide i gcás na Matamaitice agus an Bhéarla sa bhunscoil in Gilleece *et al.* 2012). Ina dhiaidh sin féin, léirítear i dtaighde Harris *et al.* (2006) gur shaothraigh na daltaí i nGaelscoileanna scóráil níos airde i dtástálacha litearthachta an taighde sin ná na daltaí i scoileanna Gaeltachta (Catagóirí A, B agus C de chuid an SCT). B'fhéidir gur léiriú indíreach atá i dtorthaí taighde Harris *et al.* ar an nGaeilge laghdaithe i réimse na litearthachta sa Ghaeltacht.

Is é bonn na samhla reatha a bhaineann le cur i bhfeidhm an chórais oideachais sa Ghaeltacht go bhfuiltear ag iarraidh oideachas a chur ar chainteoirí dúchais Gaeilge agus ar chainteoirí dúchais Béarla araon i gcóras aonadach amháin (agus trí bhíthin curaclaim a fheileann foghlaimoírí dara teanga don Ghaeilge). Is í an tsamhail reatha go gcothófaí an cumas dátheangach agus an inniúlacht acadúil sa dá theanga agus go ndéanfaí iarracht go mbeadh an forás pearsanta agus oideachais seo frámhaithe i ndúchas áitiúil na Gaeltachta.

Is iad seo a leanas na fíricí sochtheangeolaíochta a bhaineann den sprioc atá ag an tsamhail oideachais atá ann faoi láthair:

- Tá os cionn leath na ndaltaí ina gcainteoirí aonteangacha Béarla i dtús na scolaíochta (Mac Donnacha *et al.* 2005)
- Tá comhghaolúcháin dhiúltacha idir cóimheas Béarlóirí i scoil agus an ghnóthachtáil Ghaeilge agus an ghnóthachtáil dhátheangach araon (Fochaibidil 9.3.3)
- Tá laige i gcumas Gaeilge an phobail go ginearálta chun tacú le sealbhú iomlán na Gaeilge agus laige i gcumas sa Ghaeilge i ngréasáin éagsúla shóisialta agus sna gréasáin atá bunaithe ar na meáin chumarsáide
- Tá sealbhú laghdaithe na ndaltaí sa Ghaeilge á léiriú i gcomhthéacs an dátheangachais dhealaithe, ar láimh amháin, agus i gcomhthéacs a gcumais bhuntáistigh sa Bhéarla ar an láimh eile
- Ní ann a thuilleadh don chainteoir dúchais óg Gaeilge, mar a thuigtear roimhe seo é ag tagairt don chumas iomlán (nó tá a leithéid eisceachtúil ar fad)
- Tá deacracht ann maidir le sealbhú na litearthachta, agus níl bonn sealbhaithe labhartha iomlánaíoch faoin sealbhú litearthachta.

Le bonn sláintiúil a chur faoi pholasáil oideachais Gaeilge sa Ghaeltacht, is gá aghaidh a thabhairt ar na sé fhíric sin ach go háirithe.

### **10.3.2 Tuisceantí ar an dátheangachas: teanga dhúchais, teanga phríomhúil agus teanga na forbartha pearsanta**

Tá léiriú á thabhairt i dtorthaí an staidéir seo ar an acmhainn teangeolaíochta a bhaineann leis an mionteangachas dúchais. Tá cruthaithe sa léann idirnáisiúnta go bhfuil comhghaol dearfach idir an teanga phríomhúil agus teanga na forbartha pearsanta agus an fhoráil intleachtúil. Léiríonn

an bhearna idir an cumas teangeolaíochta sa mhórtéanga, an Béarla, agus an cumas níos lú sa mhiontéanga, an Ghaeilge, gur mó an fheidhm atá na daltaí in ann a bhaint as an mBéarla mar acmhainn teangeolaíochta le hais fheidhm na Gaeilge. Comharthaí sóirt an dátheangachais dhealaithe iad seo mar a bhíonn i gceist san oideachas oidhreacht go minic (féach Cummins 2001: 255).<sup>26</sup> Deir Cummins:

‘The major educational implication of these hypotheses (the interaction of motivational and linguistic variables with educational treatments) is that if optimal development of a minority language child’s cognitive and academic potential is a goal, then the school program must aim to promote an additive form of bilingualism involving literacy in both L1 and L2’ (Cummins 2001: 91).

I gcás bhlianta tosaigh scolaíocht na bpáistí, is iondúil go moltar go gcuirfí oideachas ar pháistí na teanga mionlaigh sa chéad teanga atá acu i dtosach, ach i gcás na Gaeltachta faoi láthair ní hionann an teanga phríomhúil agus an teanga bhaile atá ag na daltaí óga dátheangacha arb í an Ghaeilge a gcéad teanga (fiú i gceantair Chatagóir A (SCT 2007; Lenoach *et al.* 2012)). Agus ceistanna a bhaineann leis an oidhreacht Ghaelach a fhágáil as an áireamh, shílfi gur intuigthe oideachas a chur ar dhaltaí sa teanga is feidhmiúla atá acu. Ó thaobh na forbartha oideachais de, is dócha gur tháirgiúla rathúla, tar éis bliain nó dhó idirthréimhseach agus idirtheangach, príomhchúram an oideachais do na daltaí seo a dhéanamh trína dteanga phríomhúil. Murach ceist na hoidhreacht, mar sin, b’ intuigthe príomhtheanga fheidhmeach an oideachais a dhéanamh den Bhéarla. Anseo síos tá moltaí á ndéanamh, mar sin, a rachadh chun leas na hoidhreacht Gaelaí agus chun leas na dtuismitheoirí agus na ndaltaí ar spéis leo oideachas san oidhreacht seo. Tá peirspictíocht theangeolaíocht an mhionteangachais dúchais á tabhairt chun solais sa staidéar seo. Tá impleachtaí soiléire diúltacha i gceist má fhágtar an córas mar atá sé. Tá múnla oideachais ag teastáil a rachadh i gcion ar bhealach dearfach ar an taithí thrioblóideach atá ag daltaí Gaeltachta ar an nGaeilge agus í ina riocht mionlaithe faoi láthair.

### 10.4 Córas nua oideachais á thógáil ar bhunsraith athnuachan phobail

Bíonn caighdeán an tsealbhaite a chuireann páistí an phobail teanga i gcrích ag brath ar a fheidhmiúla is atá an pobal teanga. Má tá feidhm lag ag an teanga i measc an phobail ní féidir a bheith ag súil go gcuirfeadh aos óg an phobail teanga sealbhú leordhóthaineach i gcrích. Má tá bonn rathúil le bheith faoin gcóras oideachais ó thaobh na mionteanga de, i bhfianaise laigí sochtheangeolaíochta an phobail, ba ghá don chóras oideachais díriú ar chuir chuige a d’fhéachfadh leis an gcóras agus an teanga araon a bheith feidhmeach ar bhealach atá spleách ar a chéile. Tá an pobal agus an córas oideachais spleách ar a chéile. Tá gach aon cheann acu idirspleách ar a chéile le feidhm a thabhairt don mhionteanga: braitheann rathúnas iarrachtaí tacaíochta an phobail ar an gcur chuige oideachais. Braitheann rathúnas an chuir chuige oideachais ar iarrachtaí tacaíochta an phobail. Ní hamháin, mar sin, go mbeadh leasuithe suntasacha le cur i bhfearas sa straitéis oideachais mhionteanga, bheadh athnuachan iomlán le déanamh ar an gcóras tacaíochta stáit don mhionlach teanga ar fad in iarsma na Gaeltachta, mar aon le dlúthú as an nua ar rannpháirtíocht an phobail agus bonn nua a bheith faoi chur chuige na bhforas pobail. Sa riocht íogair a bhfuil siad ann, an Ghaeilge agus an Ghaeltacht, ní mór a bheith in ann fion nua a chur i soitheach nua sa chás seo.

Is é an aidhm a bheadh le fealsúnacht chomhtháite na hathnuachana sa phobal mionteanga ná go rachadh páistí an phobail trí phróiseas a thabharfadh feidhmiúlacht phearsanta agus shóisialta dóibh sa tsochaí atá feidhmeach sa mhionteanga. Is éard atá i gceist sa phróiseas le feidhmiúlacht teanga a thabhairt do pháiste, próiseas an infheidhmithe teanga, ná gnáthshóisialú

<sup>26</sup> Is éard atá i gceist san oideachas oidhreacht ná soláthar oideachais a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil cúlra cultúrtha eile seachas an mórchultúr acu. Bíonn an t-oideachas seo ag iarraidh feidhmiúlacht sa mhórchultúr a thabhairt do na daltaí agus aitheantas éigin a thabhairt don chultúr mionlaigh i ngnéithe de churaclam na scoile. I measc spriocanna an oideachais oidhreacht tá tacaíocht a thabhairt do dhaltaí a dteanga oidhreacht a fhoghlaim agus a shealbhú. Baintear leas as na téarmaí ‘oideachas oidhreacht’ agus ‘teanga oidhreacht’ go háirithe i gcás inimirceach i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus aithnítear fónamh na gcoincheap seo i gcás mionchultúr dúchais i gcomhthéacsanna eile.

sochtheangeolaíochta agus féiniúlachta, an próiseas trína mbaineann duine óg rannpháirtíocht amach sa phobal. Gan pobal feidhmeach mionteanga, ní bheidh san oideachas mionteanga ach cleachtas beag de rath nó cur i gcéill. Is é sin, gan pobal feidhmeach a bheith ann, in ionad acmhainn fheidhmeach na teanga beidh acmhainn shiombalach na teanga.

## 10.5 Múnlaí oideachais

Go stairiúil sa Ghaeltacht roghnaíodh an scolaíocht a chur ar fáil trí mheán an Bhéarla de réir mar a bhí nósmaireacht na Gaeilge á hídiú sa phobal (Ó Flatharta 2007). Tá baol soiléir ann gurb é sin atá ar bun ar bhonn leanúnach in iarsma na Gaeltachta mar atá sí i láthair na huaire. Má tá bonn nó gné lárnach le bheith ag an nGaeilge i bhfeidhmiú an chórais amach anseo sa Ghaeltacht ní mór múnla eile a cheapadh agus a chur i bhfearas. Luaitear go ginearálta thíos ceithre chur chuige a d'fhéadfadh a bheith i gceist i nGaeltacht Chatagóir A:

1. Múnla an oideachais mhórtheanga (.i. Béarla) ina múnlaí ábha(i)r eile trí Ghaeilge sa bhreis ar an nGaeilge mar ábhar agus mar theanga oidhreachta. Seo é an cur chuige atá á mholadh sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* i gcás scoileanna lasmuigh den chóras Gaelscolaíochta agus Gaeltachta.
2. Múnla Gaelscoileanna a chur i bhfeidhm — tumoideachas dara teanga Gaeilge a chur ar fáil ós rud é go bhfuil formhór na ndaltaí ina gcainteoirí dúchais Béarla agus go bhfuil Gaeilge laghdaithe ag sciar suntasach díobh.
3. Múnla tumoideachais sa chéad teanga (laghdaithe) nó sa dara teanga Gaeilge a chur ar fáil ós rud é go bhfuil formhór na ndaltaí ina gcainteoirí dúchais Béarla agus go bhfuil Gaeilge laghdaithe ag sciar suntasach díobh.
4. Múnla oideachais mhionteanga sa chéad teanga amháin a chur ar fáil, múnla a chuimseodh an tumoideachas luath agus an tacaíocht bhreisitheach luath agus leanúnach don chéad teanga mar mhionteanga agus ina dhiaidh sin tacaíocht bhreisitheach don dara teanga mar mhórtheanga.

### 10.5.1 Plé ar chúinsí na roghanna seo

#### **Múnla 1: Oideachas mórtheanga agus an Ghaeilge mar theanga oidhreachta**

**Buntáistí:** Thabharfadh an múnla seo feidhm níos fearr agus níos soiléire don Bhéarla mar theanga phríomhúil agus feidhm níos soiléire don Ghaeilge mar theanga thánaisteach nó mar dhara teanga in ionad na doiléire dátheangaí atá i gcuid mhór scoileanna faoi láthair.

**Dúshlán:** I múnla mar seo rachadh gné na Gaeltachta san oideachas i léig go tréan.

#### **Múnla 2: Tumoideachas dara teanga sa Ghaeilge**

**Buntáistí:** Dheimhneodh an cur chuige seo feidhm cheannasach an Bhéarla i bhforás pearsanta agus cogneolaíochta an dalta agus shoiléireodh sé feidhm na Gaeilge mar dhara teanga ó thaobh na gnóthachtála oideachais de.

**Dúshlán:** Is beag seans, áfach, go gcuirfeadh an múnla seo le feidhm na Gaeilge mar mhionteanga dhúchais.

#### **Múnla 3: Tumoideachas céad teanga nó dara teanga sa Ghaeilge**

**Buntáistí:** Bheadh an cur chuige seo ag iarraidh cúiteamh comhfhiosach a dhéanamh ar na heasnaimh reatha atá sa sealbhú sochaíoch ó thaobh na Gaeilge de. Múnla Gaeltachta de chóras na Gaelscolaíochta a bheadh sa chur chuige seo a leagfadh roimhe feidhm níos láidre a thabhairt don Ghaeilge i bhforás pearsanta agus cogneolaíochta an dalta. Bheadh an múnla seo níos táirgiúla ná Múnlaí 1 agus 2 ó thaobh na Gaeilge de ach ní cosúil go gcealódh sé an míbhuntáiste mionteanga atá i réim i measc aos óg na Gaeltachta.

**Dúshlán:** Bheadh cuid de na laincísí a bhaineann le Múnla 2 thuas i gceist sa mhúnla seo freisin. Theastódh oiliúint bhreise a chur ar ábhair oidí agus ar mhúinteoirí le héifeacht mar is ceart a thabhairt don mhúnla seo.

#### **Múnla 4: Oideachas céad teanga sa Ghaeilge mar mhionteanga bhreistithe**

Múnla uaillmhanach a bheadh san oideachas mionteanga breistithe seo. Téann sé céim chun cinn ar an tumoideachas mionteangach sa mhéid is go ndíríonn sé ar fheidhm an dúchais a thabhairt don sprioctheanga. Ní hamháin go n-éilíonn sé tiomantas chun leas an dúchais ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí, ar dhaltaí agus ar lucht riartha an chórais; theastódh tacaíocht sciar suntasach den phobal a bheith aige chomh maith céanna le go mbeadh rath air. De bharr go mbeadh sprioc á déanamh d'fheidhmiúlacht an tsealbhaithe dúchais i gcás na Gaeilge bheadh cur chuige eile ag teastáil maidir leis an ngnóthachtáil oideachais sa Bhéarla.

**Buntáistí:** Feidhmiúlacht an dúchais ó thaobh na Gaeilge de a bheadh á cothú ach bheadh ardghnóthachtáil sa mhórttheanga (.i. Béarla) faoi chaibidil freisin.

**Dúshlán:** Cé go bhfuil neart múinteoirí faoi láthair ann a thuigeann an riachtanas a bhaineann le múnla mar seo agus a chleachtann gnéithe den mhúnla seo, theastódh spriocanna agus cur chuige nua ó thaobh na hoiliúna agus na bainistíochta oideachais agus an mheasúnaithe de le spriocanna an mhúnla seo a bhaint amach. Bheadh sé ag cur in aghaidh treochta i dtreo an Bhéarla atá seanbhunaithe sa phobal Gaeltachta.

Is é Múnla 4 an córas ba ghaire do chur chuige na moltaí a bhí san SCT. Lárnach sna moltaí oideachais sin, bhí an tumoideachas Gaeltachta (SCT: Caibidil 21), ach níor thug an Státchóras faoi sin a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Tá fianaise thábhachtach sa taighde seo ar dhea-thionchar cóimheas ard Gaeilgeoirí sa scoil ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge agus sa dátheangachas araon (Fochaibidil 9.3.3), mar a bheadh i gcóras tumoideachais Ghaeltachta. Is fianaise dhearfach í seo go bhfuil bonn ciallmhar eolaíoch le moladh an aonteangachais luaith i gcomhthéacs an oideachais Ghaeltachta. Ní hamháin go gcuidíonn cóimheas ard Gaeilgeoirí, .i. cur chuige i dtreo an tsóisialaithe aonteangaigh, le rathúnas na Gaeilge ach cuireann sé le fiúntas chineál an dátheangachais a chleachtann na páistí. Tagann seo le ceann de phríomh-mholtaí an SCT gur cheart do chóras pleanála teanga féachaint le cosaint a thabhairt do dhlús na gcainteoirí Gaeilge sa phobal. Trí dhiúltú do mholtaí atá bunaithe ar thaighde socheolaíochta cáilíochtúil agus cainníochtúil (mar shampla, an SCT nó fiú maidir lena bhfuil i ndán do na moltaí sa tuarascáil taighde seo), cliseann an Státchóras ar Ghaeil agus dul i léig an phobail sin curtha ar a shúile don Stát a mbeifí ag súil le gníomh fóna uaidh.

## **10.6 Moltaí don Stát nó do phátrúnacht scolaíochta**

San atheagar a dhéanfaí ar chúinsí scolaíochta, bheadh ionchur agus tacaíocht de dhíth ó shaineolaithe sna réimsí cuí. D'fhéadfadh Múnla 4 a bheith á stiúradh ag foras príobháideach pátrúnachta a chuirfí ar bun go speisialta le bainistiú a dhéanamh ar an sainchúram oideachais seo i nGaeltacht Chatagóir A. Bheadh dúshlán ar leith ann maidir le córas bainistíochta den chineál seo a chur ar bun; bheadh a rathúnas ag brath ar chumas na ndaoine a mbronnfaí an cúram seo orthu:

- ceannaireacht a thabhairt
- córas cuí a dhearadh agus a fheidhmiú
- dul chun cinn an chórais a stiúradh.

Bheadh ar an Stát fráma maoinithe agus measúnaithe a chur i bhfearas le tacú le Múnla 4 agus a fheidhm a mheas. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí chóras nua caipitíochta a chur ar bun ina ndéanfaí athbhreithniú rialta ar éifeacht Mhúnla 4 agus an chórais chaipitíochta nó d'fhéadfaí an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a thabhairt chun inniúlachta sa chúram seo.

## 10.7 Moltaí ginearálta i leith an mhionteangachais

Ós rud é gur deacra do pháistí mionteanga a shealbhú go hiomlán ná mórtheanga, is inmholta feidhm chomh haonteangach agus ab fhéidir a thabhairt don mhionteanga go háirithe i dtréimhse luathshaoil na bpáistí ina bhfuil an bunsealbhú á dhéanamh. Go bunúsach, le linn na tréimhse criticiúla sealbhaithe ach go háirithe (féach Montrul 2008), ba chóir go mbeadh an mhionteanga ag feidhmiú mar a bheadh mórtheanga ann. Is é ‘an luath-aonteangachas mionlaigh’ an téarma a tugadh ar an gcur chuige seo i Lenoach *et al.* (2012), cur chuige sealbhaithe ina mbeadh an mhionteanga ag feidhmiú mar a bheadh mórtheanga ann. Tá gá le tosaíocht a thabhairt do shealbhú na mionteanga i dtosach, rud a chuimsítear faoin téarma ‘an dátheangachas moillithe’ (Lenoach *et al.* 2012). Ciallaíonn an dátheangachas moillithe go dtugtar aghaidh ar shealbhú na mórtheanga i ndiaidh shealbhú na mionteanga. Múnla sealbhaithe mar seo a bhí i bhfeidhm sa Ghaeltacht a chomhfhad is a bhí an sealbhú feidhmiúil Gaeilge inti; nó gur tháinig an luath-dhátheangachas i réim agus sin comhuaineach le (i) tús an tsealbhaithe laghdaithe nó neamhiomláin, (ii) laghdú i leibhéal an chumais thraidisiúnta agus (iii) próiseas tréan mheath sóisialta na teanga.

Tacaíonn an fhianaise a léirítear i gconclúidí an tsaothair seo go bhfuil cumas Gaeilge níos airde ag na daltaí sna scoileanna is mó dlús Gaeilgeoirí, tacaíonn an fhianaise seo leis an áiteamh gur bhisiúla an múnla an mionteangachas breisitheach a fhréamhú sa luath-aonteangachas. Ó tharla gur minic nach mbíonn cumas an dátheangóra ina dhá theanga as a chéile chomh hard le cumas an aonteangóra, agus gurb iondúil gur laige go mór teanga lag an dátheangóra ná teanga an aonteangóra, is soiléir, i gcás dháltaí an taighde seo, gur laige a dteanga lag, an Ghaeilge, ná Gaeilge aonteangach. Dá bhrí sin, ba chiallmhar an mhaise a mholadh go mbeadh cleachtadh na mionteanga, .i. ionchur, ionghlacadh agus aschur, go mbeadh sin chomh hilghnéitheach, chomh huile-láithreach agus chomh hilfheidhmeach agus ab fhéidir i gcás na hóige.

De cheal feidhm shoचाíoch a bheith ag an mionteanga, ní bhíonn inti ach scáile faoi scáth na mórtheanga, agus ní ceart a bheith ag súil go n-iompródh an ghlúin óg, an ghlúin is lú cumhacht sa tsochaí, go n-iompróidís ualach sheachadadh na mionteanga ná ualach athbheochana na mionteanga má théann sé go dtí sin. Le go bhféadfadh tacaíocht phobail an phráinn teanga seo a shárú níor mhór tearmann éigin tíreolaíochta a bheith ann don phobal sin. Ní hamháin go bhfuil tacaíocht phobail de dhíth ar na páistí sa phráinn teanga seo, ach tá cosaint struchtúrtha tíreolaíochta de dhíth freisin a chosnódh an pobal dúchais agus a gclanna ar fheidhmiúlacht iomaíoch an Bhéarla. Chothódh an cur chuige seo beogacht shóisialta na Gaeilge.

### *Dúshláin éagsúla an mhionteangachais*

Ó tharla go bhfuil mionchultúir agus mionteangacha an domhain ag fáil bháis go tréan, is léir go bhfuil dúshláin an tsaoil chomhaimseartha dosháraithe ag formhór na mionlach seo. Tá dúshláin an mhionteangachais dosháraithe i bhformhór phobail mhionlaigh an domhain nua-aoisigh faoi réir na gcúinsí sochpholaitiúla reatha. Léiriú áitiúil é cás na Gaeilge, agus spléachadh an taighde seo, ar shiondróm forleathan domhanda. Níl d’acmhainn sa phlé seo na cúinsí uile a ransú ach tugaimid dhá liosta achoimre anseo síos ar mhaithe le comhthéacs an tsaothair a fhairsingiú. Baineann an chéad liosta le réimse na teangeolaíochta agus an tsealbhaithe, agus baineann an dara liosta le réimse an dioscúrsa pobail agus acadúil i leith an mhionteangachais.

Réimsí na teangeolaíochta agus an tsealbhaithe i leith an mhionteangachais:

1. **Códmheascadh:** Tá claonadh láidir i móramh pobal dátheangach chun an chódmheasctha agus dá bhrí sin chun an tseachadta sa teanga chódmheasctha agus bíonn éifeacht dhiúltach ag an gcódmheascadh ar an sealbhú, go háirithe sealbhú na mionteanga.
2. **Sealbhú laghdaithe:** Is deacair an sealbhú laghdaithe a thabhairt go dtí leibhéal an chumais iomláin, m.sh. Beaudrie agus Fairclough (2012), Benmamoun (gan dáta: 16–19), Ní Chonchúir (2012). Is deacair cainteoir iomlán a dhéanamh de chainteoir laghdaithe. Bíonn struchtúir na teanga laghdaithe fréamhaithe i gcumas agus i bhféiniúlacht na mionteangóirí laghdaithe.

3. **An dátheangachas éagothrom:** Ó tharla go mbíonn an sealbhú dátheangach éagothrom go ginearálta, i sochaí nach féidir feidhmiú gan an mhórtéanga a shealbhú go hiomlán ann, ní féidir, ar an mórgóir, an mhiontéanga a shealbhú go hiomlán. Féach sealbhú seasmhach an Bhéarla i bhFochaibidil 9.3.3.
4. **Easpa feidhmiúlachta:** Tá leithead mór sa bhearna idir an cumas iomlán nó traidisiúnta (ag an gcainteoir iomlán) agus an cumas laghdaithe reatha (ag an gcainteoir laghdaithe), mar a léirítear go sonrach i dtorthaí an staidéir seo. Bheadh go leor Éireann feabhais de dhíth leis an gcumas laghdaithe a thabhairt chun feidhmiúlachta iomláine.
5. **Foghlaim an dara teanga:** Go ginearálta, ní éiríonn ach le c. 5% d'fhoghlaimoirí dara teanga an leibhéal ardchumais a bhaint amach atá inchomparáide le cumas an chainteora dúchais.
6. **Foghlaim iomlán** na teanga: Tá líon ard tréithe teangeolaíochta a bheadh le sealbhú agus le foghlaim ag cainteoir laghdaithe a thabharfadh an sealbhú chun feidhmiúlachta.
7. **Oideachas:** Níor tugadh faoi anailís dhomhain a dhéanamh ar cheist seo na gcainteoirí laghdaithe cheana i gcomhthéacs an oideachais ach go háirithe.

Réimsí an dioscúrsa pobail agus an dioscúrsa acadúil i leith an mhiontéangachais:

1. **Breitheach** agus **dealaitheach:** Tá laigí agus bearnaí i léann idirnáisiúnta an dátheangachais sa mhéid is go dtugann roinnt sochttheangeolaithe aghaidh ar shuílce agus ar bhuntáistí an dátheangachais i gcomhthéacs breitheach agus tugann siad neamhaird ar an bhfianaise a sholáthraíonn na teangeolaithe maidir leis an gcomhthéacs dealaitheach. Dá bharr seo, tá easpa scagtha chomhairlithigh mar ba chúig ar fhadhbanna an dátheangachais dhealaitheach.
2. **Forlámhas** agus **meon** a athrú: Tá glacadh coitianta sa léann idirnáisiúnta leis an treocht a ghéilleann d'fhorlámhas na mórtéanga ar chomhthéacs sóisialta na miontéanga agus gan de mholadh réitigh ar an gcastacht seo ach athrú meoin i leith an mhíbhuntáiste pholaitiúil agus shóisialta.
3. **Códmheascadh:** Tá claonadh sa léann idirnáisiúnta tréithe an chódmheasctha a láithriú i dtéarmaí cruthaitheachta an chainteora — beag beann ar impleachtaí diúltacha an idirtheangachais d'inmharthanacht agus d'fheidhmiúlacht na miontéanga ina láthair thraidisiúnta féin agus i gcomhthéacsanna eile.
4. **Indibhidiúlachas:** Tá diall minic le tréithe sóisialta na teagmhála cultúrtha a láithriú i dtéarmaí na féiniúlachta indibhidiúla roghnaí — beag beann ar impleachtaí trioblóideacha an fhorlámhadaithe chultúrtha d'inmharthanacht mhionchultúir an domhain.
5. **Cruthaíocht:** Tá claonadh le fada sa traidisiún léinn chun na haeistéite agus na téacsúlachta ach daille i leith an léinn shóisialta i gcás miontéangacha.
6. **Taighde:** Go hidirnáisiúnta, ní dhearnadh mórán taighde ar chur i bhfeidhm moltaí i gcás an chineáil seo miontéangachais.

Is suntasach an ní é a mhéad deacrachtaí atá i gceist agus a anróití casta is atá siad. I gcomhthéacs iarsma na Gaeltachta comhaimseartha mar atá sí, agus mura n-athróidh an pobal agus an státchóras, ní mór a admháil go bhfuil na dúshlán phobail agus phearsanta atá anois ann dosháraithe. Dá bhrí sin cuirimid na moltaí ginearálta seo a leanas i láthair d'fhonn tuairim a thabhairt ar an gcomhthéacs tacúil ba ghá don sealbhú rathúil — an luath-aontéangachas is bonn do na moltaí seo. Agus is i gcomhthéacs na scoláíochta nó an oideachais bhreisithigh mhiontéanga a dhéantar na moltaí seo.



Ní féidir teanga a shealbhú ach ó dhaoine eile. Is trí bhíthin na teagmhála seo a bhaineann duine rannpháirtíocht amach ina chultúr. Baineann sealbhú iomlán teanga le sealbhú iomlánaíoch ar chultúr na teanga sin. Is acmhainní sóisialta comhtháite iad an teanga agus a cultúr, acmhainní na féiniúlachta a fhaightear i bhforbairt idirphearsanta. Molaimid mar sin go dtabharfaí faoin sóisialú san fhéiniúlacht Ghaelach, i gcur chuige an mhionteangachais bhreisithigh.

### 10.7.1 Moltaí do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí daltaí Gaeltachta

Eascraíonn na moltaí a thugaimid anseo as na tuiscintí sochtheangeolaíochta agus féiniúlachta a phléamar thuas. Moltar:

- An sóisialú feidhmeach idirghníomhach: go mbeadh gréasáin éagsúla shóisialta na bpáistí chomh Gaelach agus chomh feidhmeach sa Ghaeilge agus ab fhéidir
- An chumarsáid fheidhmeach: go mbeadh a oiread feidhme agus leasa agus ab fhéidir le baint as an nGaeilge i saol na bpáistí
- An chumarsáid aonteangach: d'fhonn míbhuntáistí an chódmheasctha ar an sealbhú a sheachaint leis na páistí
- An léitheoireacht idirghníomhach:
  - d'fhonn breisiú agus treisiú a dhéanamh i saol na bpáistí ar an gcleachtadh sóisialta Gaeilge i dtosach
  - d'fhonn litearthacht na Gaeilge a bheith ina bonn d'fhorbairtí éagsúla cogneolaíochta in intinn na bpáistí
  - d'fhonn bac a sheachaint i measc na bpáistí ar an litearthacht sa mhionteanga de bharr buntáiste fheidhmigh i litearthacht na mórtheanga.

### 10.7.2 Moltaí do mhúinteoirí

Is féidir tuairim mhaith a fháil ón taighde seo ar laigí éagsúla na gcainteoirí óga i réimsí éagsúla na gramadaí. Beidh an taighde seo ina áis do mhodhanna oibre agus do mholtaí a d'fhéadfaí a chumadh le dul i ngleic leis na laincisí teangeolaíochta, feidhmiúlachta agus oideachais seo. Ní mór torthaí an taighde seo a thuiscint chun curaclam oiriúnach don phobal mionteanga laghdaithe seo a leagan amach. Mar sin molaimid, i gcomhthéacs scolaíochta do Ghaeilgeoirí (nach mbeadh dúshlán Béarlóirí ina measc ag baint d'éiteas na scoile):

- Comhoibriú leanúnach an phobail a iarraidh sa tionscadal oideachais Ghaelaigh agus an t-oideachas sin a normalú
- Tacaíocht a thabhairt d'fheidhm shóisialta na Gaeilge i measc na n-óg, i gcomhar leis na thuismitheoirí (m.sh. obair ghrúpaí, drámaíocht, plé, cur síos, díospóireacht, súgradh, imirt spóirt)
- Gaeilge iomlán agus chruinn (seachas laghdaithe agus chódmheasctha); cleachtais scolaíochta ar fad a fheidhmiú sa Ghaeilge iomlán
- Mórthorthaí an taighde agus mionsonraí teangeolaíochta na Gaeilge laghdaithe a chur ar fáil d'oidí (m.sh. ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta)
- Taighde ar laigí litearthachta sa Ghaeilge atá seanbhunaithe sa Ghaeltacht a chur ar fáil d'oidí agus polasaithe a leagan amach chun tosaíocht a thabhairt d'fheidhmiúlacht na litearthachta sa Ghaeilge agus chun iomaíocht luath le litearthacht fheidhmiúil sa Bhéarla a sheachaint



- Curaclam nua a bheadh oiriúnach do chainteoirí laghdaithe Gaeilge a chur i bhfeidhm (curaclam a chumfadh an státchóras nó foras eile, bunaithe, i measc cúinsí eile, ar thorthaí agus ar mhionsonraí an taighde seo)
- Ábhar teagaisc a chur i bhfeidhm i leith dheacrachtaí éagsúla na gcainteoirí óga i réimsí éagsúla den teanga (fuaimeanna, foclóir agus gramadach)
- Cleachtais teagaisc a fhréamhú san fhéiniúlacht Ghaelach mar is cuí.

### 10.8 Feidhm á tabhairt don chóras mionteangach breisitheach

I bhfianaise na taithí atá ag na pobail Ghaeltachta ar an gcóras oideachais ó bunaíodh an Stát is fearr ag an bpointe seo cúram riartha an oideachais mhionteangaigh bhreisithigh, cúram oideachais in iarmhairt na Gaeilge laghdaithe, a bhronnadh ar fhoras pátrúnachta neamhspleách. Bheadh sé de dhualgas ar an bhforas pátrúnachta cur i bhfeidhm an chórais a riaradh agus comhoibriú le ranna agus áisíneachtaí stáit, pobail, oideachais agus eile mar ba chúí. I measc na riachtanas a bheadh ag feidhmiúchán cuí an chórais seo, tá:

- Struchtúr bainistíochta
- Forbairt polasaithe agus struchtúr athbhreithnithe (m.sh. moltaí SCT 2007, Mhic Dhonnacha *et al.* 2005 agus Uí Fhlatharta 2007)
- Córas maoinithe, caipitíochta
- Curaclam nua agus leasaithe ar ardchaighdeán feidhmeach
- Córas cigireachta, measúnaithe agus oiliúint foirne.

Sa chás seo, is dócha gur mó na buntáistí ná na míbhuntáistí a bhaineann le foras stáit breise a bhunú mar go mbeadh cúraimí agus saintuiscintí chomh sonracha sin i gceist, agus neamhspleáchas dá réir de dhíth ar fhoireann bheag a rachadh i ngleic leis na saindúshláin seo. Laghdódh an cur chuige seo an dua riaracháin, traenála agus pleanála a bheadh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna. Féach na moltaí atá ag Bourgeois (2004) i gCanada i leith comhairlí scoile i gcomhthéacs an oideachais i dtimpeallacht mhionlaigh. Sa chás nach dtoileofaí foras pátrúnachta neamhspleách a bhunú, d'fhéadfadh an Roinn féin, nó an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, tabhairt faoi na moltaí a chur i bhfeidhm.

### 10.9 Moltaí maidir le taighde breise agus taighde tacaíochta

Is féidir tabhairt faoi chlár taighde den chineál seo a leanas mar chomhlánú agus mar thacaíocht ar cheisteanna an tsealbhaithe dhátheangaigh agus ar fheidhmiú an chórais mhionteangaigh bhreisithigh san oideachas:

- Taighde ar dhálaí an tsealbhaithe i nGaeltachtaí Chiarraí agus Thír Chonaill
- Taighde ar chumais dhátheangacha daoine fásta sa Ghaeltacht le go ransófaí cineál an tsealbhaithe dhátheangaigh, glúin i ndiaidh glúine ón nglúin is sine go dtí glúin na dtuismitheoirí
- Sraith tograí taighde i gcomhthéacs an churaclaim nua (cineál an churaclaim atá á mholadh sa tuarascáil seo) ar an múnla mionteangach breisitheach, nó córas gaolmhar nua i gcomhthéacs na réamh-, bun- agus meánscolaíochta — sraith tograí taighde ar fheidhmiú an chórais nua in Éirinn agus sraith eile a dhéanfadh cúram den ghné chomparáideach idirnáisiúnta
- Sraith tograí taighde ar chur i bhfeidhm na moltaí a bhaineann leis an mionteangachas breisitheach, lena n-áirítear taighde ar aon fheabhsúcháin churaclaim

- Taighde ar cheist na litearthachta, lena n-áirítear anailís ar an gceangal idir cumas labhartha, cumas teangeolaíochta agus caighdeán na litearthachta
- Taighde ar an gcleachtas baile, mar shampla, léitheoireacht idirghníomhach agus tábhacht na meán nuatheicneolaíochta.

## Léitheoireacht bhreise

- Bourgeois, D. (2004) *Vers la pleine gestion scolaire francophone en milieu minoritaire*. Fédération nationale des conseils scolaires francophones. Ar fáil ag: [www.fnsc.ca/files/File/publications/rapport\\_pleine\\_gestion\\_icrml\\_final.pdf](http://www.fnsc.ca/files/File/publications/rapport_pleine_gestion_icrml_final.pdf) ceadaithe 7 Márta 2014. *I dtreo Lánbhainistíocht Scoileanna Fraincise i dTimpeallacht Mhionlaigh* [gan dáta]. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Ar fáil ag: [www.cogg.ie/includes/documents/VERS.pdf](http://www.cogg.ie/includes/documents/VERS.pdf) ceadaithe 7 Márta 2014.
- Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. agus Ó Curnáin, B. (eag.í) (2012) *An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac.
- Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., agus Ní Mhainín, T. (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Flatharta, P. (2007) *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*. BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Giollagáin, C. agus Charlton, M. (2014, ag teacht) *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.
- SCT - Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. agus O'Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann. [Saorstát Éireann] (1926) *Coimisiún na Gaeltachta: Statement of Government Policy on Recommendations of the Commission*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann. (1965) *An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge: An Tuarascáil Dheiridh*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann. (1975) CILAR – *Committee on Irish Language Attitudes Research*. Report. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Rialtas na hÉireann. (2002) *Coimisiún na Gaeltachta: Tuarascáil*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Schmid, M. (2011) 'Contact x time: External factors and variability in L1 attrition', i Schmid, M. S. agus Lowie, W. (eag.í) *Modeling bilingualism: from structure to chaos*. Amstardam: John Benjamins. 155–76.

# Conclusions and recommendations

In this chapter we present our conclusions and recommendations regarding the challenges and the problems highlighted in this research, especially the problematic features of acquisition of Irish as a minority language indicated in Chapter 9. First, the general national and international context for these recommendations or proposals is considered. We discuss the state structures, the community and the pupils, as well as the conceptual base of the current educational system. The case is made for the need for a new educational system to be built on a foundation of community renewal. Potential education models are presented as well as a specific system of school patronage along with proposals concerning a system of additive minority language education. Finally, proposals for further and supporting research are listed.

## 10.1 The advantage of English over Irish

This research reports that the pupils exhibit a general lower level of ability in Irish than in English. When the total ability level in Irish is compared with English, using a method of language scores, every child is dominant in English (although two are relatively balanced; Figure 198). In the comparable linguistic features examined, the ratio between English and Irish was 7 : 3 (i.e. there was a higher ability in English for 7 variables, and a higher ability in Irish for 3).<sup>24</sup> An average difference of 15% was also found between ability in English and Irish for all pupils, with Irish disadvantaged in the case of every pupil.

English advantage in pupils' bilingual ability can be detailed as follows:

- in vocabulary
- in functional codeswitching
- in grammatical accuracy in morphology and syntax (with the exception of tense in indirect speech)
- in phonetic accuracy
- in semantic and pragmatic usage and in disfluency pauses.

Alternatively, Irish disadvantage in pupils' bilingual ability can be detailed as follows:

- in vocabulary
- in functional codeswitching
- in grammatical accuracy in morphology and syntax (with the exception of tense in indirect speech)
- in phonetic accuracy
- in semantic and pragmatic usage and in disfluency pauses.


<sup>24</sup> As follows: Number of lemmata, Comparative adjective, Indirect speech (syntax), Preposition, Discourse markers, Pauses, Gapped words (i.e. x7, English dominant) : Indirect speech (tense), Word count fluency, Hesitations (i.e. x3, Irish dominant).

Irish advantage in pupils' bilingual ability can be described as follows:

- number of words and syllables of hesitation in fluency.

In sum, pupils have greater fluency in Irish but their accuracy and competence are better in English than in Irish.<sup>25</sup>

As discussed in Section 1.2 with regard to bilingualism in general, this research demonstrates that the majority of bilingual pupils are unbalanced in their bilingual ability. Unbalanced bilingualism or dominant bilingualism is the norm. English is the dominant language since it is the language in which they exhibit greater ability. Irish is their weaker language or it is the weaker language for the majority of the pupils. This is a clear case of dominant bilingualism of the majority language and subtractive bilingualism for the minority language. Pupil ability in Irish is much lower than that which would be expected of a monolingual speaker, and the term reduced Irish accurately describes the Irish spoken by the pupils. Their dominant language, English, exerts a greater linguistic influence on their weaker language, Irish, than *mutatis mutandis*, their Irish exerts on their English. From the point of view of formal linguistics, the majority of pupils function better in English, since this is the language in which they have greater ability. This is illustrated in the figure below.



### 10.1.1 General national and international context

